*Níl seomra Mháirtín mór ach mar sin féin tá sé go deas. Tá fuinneog mhór dheas ann. Tá boird agus cupla cathaoir ann. Tá cathaoir in aice leis an bhfuinneog agus tá ceann eile in aice leis an doras. Tá bord beag in aice leis an tine. Tá an fón ar an mbord. Tá súiléal bhreá ard ann. Tá páipéar ar an mballa. Tá clog ar an mballa in aice leis an doras. Tá mapa agus peictiúir ar an doras. Ar ndóigh, tá leaba ann freisin. Níl sí mór ach tá sí compórteach mar sin féin. Tá peictiúr Mháire ar an mballa in aice leis an leaba.*

*Tá an oíche ann anois agus tá leabhartha agus páipéir Mháirtín ar an mbord beag in aice leis an bhfón. Tá an lampa ar an mbord. Tá bia agus deoch anois ar an mbord mór. Tá pláta mór agus pláta beag ann. Tá scian agus farc in aice leis an bpláta. Tá cupán ann freisin agus tá sásar faoin gcupán. Tá spúnóg bheag ar an sásar. Tá gloine ar an mbord freisin. Tá Máirtín ansin. Tá a lámh ar an ngloine agus ar ndóigh, tá sé sásta. Tá sé bliain anseo anois. Tá sé sásta leis an múinteoir Béarla ach níl sé sásta leis an múinteoir Gaeilge. Mar sin féin, tá sé sásta leis an gcoláiste.*

### TRANSLATE:

1. Bríd's room is here. It is small but all the same it is nice. 2. There is a kitchen and it is big too. 3. The books are *there* on the floor. There are a lot on the table too. 4. Máire is on the phone. Where is the phone? It is *there* near the door. 5. There is food on the plate. 6. There are a few chairs near the fire. 7. There are books and papers on the chair. 8. Máirtín's hand is on the glass. 9. Are you satisfied with the nation? 10. There is a teaspoon on the saucer. 11. They are not satisfied with the teacher at all. 12. The nice place is on the map. 13. Is there French *there*? 14. There is good French *there*.

## LESSON 6

### VOCABULARY

<b>bróig</b> <i>fem.</i>	/bro:gʲ/	pl. <i>bróga</i>	shoe
<b>bus</b>	/bus/	<i>busanna</i>	bus
<b>cabhantar</b>	/kauntəʳ/	<i>cabhantair</i>	counter
<b>carr</b>	/ka:r/	<i>carranna</i> /ka:rəNi:/	car, cart
<b>'chuile shórt</b>	/xil'ə ho:rt/		everything, every sort of
<b>crann</b>	/kra:N/	<i>croinnte</i> /kri:n'ʲə/	tree
<b>culaith</b> <i>fem.</i>	/kolə/	<i>cultacha</i>	suit (of clothes)
<b>deaide</b>	/d'æ:d'ə/		dad, daddy
<b>éadach</b>	/e:dəx/	<i>éadaí</i>	cloth, clothes
<b>geansaí</b>	/g'æ:n'si:/	<i>geansaíoch</i>	jumper, jersey
<b>gúna</b>	/gu:Nə/	<i>gúnaí</i>	dress
<b>léine</b> <i>fem.</i>	/L'e:n'ə/	<i>léinteacha</i>	shirt
<b>máime</b> <i>fem.</i>	/ma:m'ə/	/L'e:n'təxi:/	mam, mummy
<b>máthair</b> <i>fem.</i>	/ma:r' /	<i>máthaireacha</i>	mother
<b>mórán</b> <sup>1</sup>	/mo:ra:N/		many, much
<b>neart</b>	/N'æ:rt/		many, lots of
<b>sciorta</b>	/s'k'irtə/	<i>sciortaí</i>	skirt
<b>seachtain</b> <i>fem.</i>	/s'æ:xtən' /	<i>seachtainí</i>	week
<b>seaicéad</b>	/s'æ:k'e:d/	<i>seaicéid</i>	jacket
<b>siopa</b>	/s'upə/	<i>siopaí</i>	shop
<b>sráid</b> <i>fem.</i>	/sra:d' /	<i>sráideanna</i>	street
<b>stoca</b>	/stokə/	<i>stocaí</i>	sock, stocking
<b>treabhsar</b>	/t'r'ausəʳ/	<i>treabhsair</i>	pair of trousers
<b>Baile Átha Cliath</b>	/b'1'a:'k1'i:ə/	Dublin	
<b>cosúil</b> (leis an)	/kosu:l' /	like (the)	
<b>daor</b>	/di:r/	expensive, dear	
<b>saor</b>	/si:r/	cheap	
<b>tinn</b>	/t'i:N' /	sick, sore	
<b>ag</b>	/eg' /	at	
<b>amáireach</b>	/ə'ma:r'əx/	tomorrow	
<b>anuraidh</b>	/ə'noʳə/	last year	
<b>ariamh</b>	/ə'r'i:əw/	ever, never	
<b>go minic</b>	/gə m'ín'ik' /	often	
<b>inné</b>	/ə'N'e:/	yesterday	
<b>mar sin</b>	/ma:r s'in' /	so, like that	
<b>muis(e)</b>	/mus'(ə)/	indeed ! now !	
<b>nó</b>	/Nu:/	or	
<b>bhí</b>	/w'i:/	was, had been	
<b>ní/an/nach/go raibh</b>	/...ro/	(see this lesson)	
<b>beidh</b>	/b'ei/	will be, will have been	
<b>ní bheidh</b>	/N'i:w'eí/	will not be	
<b>an/nach/go mbeidh</b>	/...m'eí/	(see this lesson)	

<sup>1</sup>Mórán is used only in a negative statement, e.g. *Níl mórán...*, or in a question, e.g. *An bhfuil mórán ... ?* Otherwise *neart* etc. are used.

<b>bhíothadh</b>	/w'í:u:/	one was, people were
ní/an/nach/go <b>rabhadh</b>	/...rohu:/	(see this lesson)
<b>beifear</b>	/b'eiɑ:r/	one will be, people will be
ní <b>bheifear</b>	/w'eiɑ:r/	one will not be, people will not be
an/nach/go <b>mbeifear</b>	/...m'eiɑ:r/	(see this lesson)

## GRAMMAR

### 1. PAST TENSE OF VERB *TÁ*

#### (i) Statement

*Bhí Cáit anseo inné.*

Cáit was here yesterday.

#### (ii) Negation

*Ní raibh Cáit anseo inné.*

Cáit was not here yesterday.

#### (iii) Questions

*An raibh Cáit anseo inné ?  
Nach raibh Cáit anseo inné ?*

Was Cáit here yesterday ?  
Was Cáit not here yesterday ?

#### (iv) Summary table

	<i>Bhí</i>		<i>Cáit, mé, mise, etc.</i>	<i>anseo inné.</i>
	<i>Ní An Nach</i>	<i>raibh</i>		
<i>Deir sé</i>	<i>go nach</i>			

#### (v) Autonomous form

*Bhíothadh sásta anseo inné.*

People were content here yesterday.

Table:

	<i>Bhíothadh</i>		
	<i>Ní An Nach</i>	<i>rabhadh</i>	
<i>Deir sé</i>	<i>go nach</i>		<i>sásta anseo inné.</i>

#### (vi) Meaning of past tense

*Bhí Cáit anseo.*

Cáit was here.

In the verb *tá* there is no distinction between a preterite 'was' and a pluperfect 'had been'. A perfect meaning can be expressed by using the present, e.g. *Tá Cáit anseo seachtain anois* 'Cáit is / has been here a week now'.

2. FUTURE TENSE OF *TÁ*

## (i) Statement

*Beidh Cáit anseo amáireach.*

Cáit will be here tomorrow.

## (ii) Negation

*Ní bheidh Cáit anseo amáireach.*

Cáit will not be here tomorrow.

## (iii) Questions

*An mbeidh Cáit anseo amáireach ?*

Will Cáit be here tomorrow ?

*Nach mbeidh Cáit anseo amáireach ?*

Will Cáit not be here tomorrow ?

## (iv) Summary table:

	<i>Beidh</i>		<i>Cáit, mé mise, etc.</i>	<i>anseo amáireach.</i>
	<i>Ní</i>	<i>bheidh</i>		
	<i>An Nach</i>	<i>mbeidh</i>		
<i>Deir sé</i>	<i>go nach</i>			

## (v) Autonomous forms

*Beifear sásta anseo amáireach.*

People will be satisfied here tomorrow.

	<i>Beifear</i>		<i>sásta anseo amáireach.</i>
	<i>Ní</i>	<i>bheifear</i>	
	<i>An Nach</i>	<i>mbeifear</i>	
<i>Deir sé</i>	<i>go nach</i>		

## (vi) Meaning of future tense

*Beidh Cáit anseo seachtain amáireach.*

Cáit will be / have been here a week tomorrow.

In Irish no distinction is made between a future, e.g. 'will be' and a future perfect, e.g. 'will have been'.

## 3. LENITION AND ECLIPSIS AFTER MAIN VERBAL PARTICLES

## (i) Lenition

*Ní* always causes lenition: *ní bheidh* = *ní* + *beidh**Níl* (a contracted form of *ní fhuil*) = *ní* + *fhuil**Raibh* does not change as *r* is not affected by lenition.

## (ii) Eclipsis

*An, nach; go, nach* always cause eclipsis:*An mbeidh ... ?*= *an* + *beidh**An bhfuil ... ?*= *an* + *fuil**Nach mbeidh ... ?*= *nach* + *beidh*

<i>Nach bhfuil ... ?</i>	=	<i>nach + fuil</i>
<i>... go mbeidh</i>	=	<i>go + beidh</i>
<i>... go bhfuil</i>	=	<i>go + fuil</i>
<i>... nach mbeidh</i>	=	<i>nach + beidh</i>
<i>... nach bhfuil</i>	=	<i>nach + fuil</i>

*Raibh* does not change as *r* is not affected by eclipsis.

#### 4. INDEPENDENT AND DEPENDENT FORMS

Where there is a difference, the form used in a statement, e.g. *bhí*, is called the independent form and that after *ní*, *an*, *go*, *nach*, e.g. *raibh*, the dependent form.

#### 5. RESPONSES

There is no word corresponding to English 'yes' or 'no'. The appropriate form of the verb is repeated:

Question or statement	Response	
<i>An bhfuil Cáit anseo ?</i>	<i>Tá.</i>	Yes, she is.
Is Cáit here ?	<i>Níl.</i>	No, she is not.
<i>Beidh muid anseo amáireach.</i>	<i>Beidh.</i>	Yes, we will.
We will be here tomorrow.	<i>Ní bheidh.</i>	No, we won't.
<i>Nach bhfuiltear sásta anseo ?</i>	<i>Táthar.</i>	Yes, they are.
Are people not content here ?	<i>Níltear.</i>	No, they are not.

In normal unstressed responses, unless the subject is included in the verb form, e.g. *táthar*, there is no need to repeat it, e.g. *An bhfuil Cáit anseo ? Tá* (not *Tá Cáit.*)

#### 6. INDIRECT QUESTIONS ('IF/WHETHER ... OR NOT')

<i>Níl mé cinnte an bhfuil Cáit anseo nó nach bhfuil.</i>	I am not certain whether Cáit is here or not.
---	---

The indirect question in Irish is generally exactly the same as the indirect question, e.g. *An bhfuil Cáit anseo nó nach bhfuil ?* 'Is Cáit here (or (is she) not) ?'

#### 7. EXPRESSING 'TO HAVE'

<i>Tá teach ag an mbean.</i>	The woman has a house.
------------------------------	------------------------

'Somebody has something' is expressed by saying (literally) 'There is something at somebody'.

## TEXT

## BAILE ÁTHA CLIATH

Ní raibh Máire bheag ariamh ann. 'Tá Baile Átha Cliath mór, cinnte' a<sup>1</sup> deir máthair Mháire, 'tá neart sráideanna agus níl mórán croinnte ann ar chor ar bith.' Bhí máthair Mháire seachtain ann anuraidh, ach bhí Máire tinn agus mar sin ní raibh sí ann ariamh.

'A Mhaime, an bhfuil mórán carranna agus busanna ann?' a deir Máire.

'Tá, agus ar ndóigh, tá go leor siopaí ann freisin.'

'An bhfuil siad go deas?'

'Tá, cinnte. Tá siopa mór deas ann agus beidh muid ann amáireach.'

'An raibh tusa ansin ariamh, a Dheaide?'

'Bhí, muis, bhí mé ansin go minic. Níl sé cosúil leis an siopa anseo.'

'An bhfuil mórán éadaí ann?'

'Ar ndóigh tá 'chuile shórt ann. Tá cabhantair go leor ann. B'fhéidir go mbeidh cótaí agus seaicéid ag cabhantar amháin agus beidh treabhsair agus cultacha ag ceann eile.'

'Nach bhfuil léinteacha agus geansaíochá ann?'

'Tá cinnte. Tá 'chuile shórt mar sin ann.'

'Tá gúnaí agus sciortaí ann freisin', a deir máthair Mháire. 'Bhí bróga agus stocaí ann anuraidh in áice leis an doras.'

'Bhí', a deir Máirtín, athair Mháire, 'agus tá mé cinnte go raibh siad daor.'

'Ní raibh, muis, ní raibh siad daor ar chor ar bith. Bhí siad réasúnta saor. Bhí bróga saor ann ar aon chaoi. Níl mé cinnte an mbeidh siad ann amáireach nó nach mbeidh. Tá Baile Átha Cliath go hiontach.'

## TRANSLATE:

1. Dublin will be wonderful tomorrow. 2. I was a week there last year. 3. Were you (*pl.*) sick yesterday? 4. Will **you** be here tomorrow? **We** will be here certainly, at any rate. 5. He is not sure whether he will be here again or not. 6. The woman had a big house and there were lots of rooms. 7. Were there books and papers on the table? - Yes, indeed. 8. Máire also has a nice coat and a wonderful dress. - Yes, she has indeed. 9. Were there many people? Was one (were people) satisfied with the place? 10. There will be lots and lots (*go leor leor*) of cars and buses on the road but there won't be many trees. 11. There were a few people at the gate again, so Cáit was pleased. 12. Diarmaid has a nice shirt, hasn't he? 13. There was a street on the other side but there weren't many people. 14. Peige's father and mother were fairly pleased with the picture. 15. There were shirts and pairs of trousers and lots of other clothes on the floor near the window.

<sup>1</sup>A *deir* is used instead of *deir* after direct speech.

## LESSON 7

### VOCABULARY

<b>aimsir</b> <i>fem.</i>	/æ:m's'ər'/		weather, time
<b>an iomarca</b>	/əN' umərkə/		too much, too many
<b>asal</b>	/a:səL/	pl. <i>asail</i> /a:səl'/	donkey
<b>bainne</b>	/ba:N'ə/		milk
<b>beithíoch</b> <sup>1</sup>	/b'eix/	<i>beithígh</i> /b'ei/	cow, beast
<b>bó</b> <sup>1</sup> <i>fem.</i>	/bo:/	<i>ba</i> /ba:/	cow
<b>caora</b> <i>fem.</i>	/ki:rə/	<i>caoirigh</i> /ki:r'ə/	sheep
<b>capall</b>	/ka:pəl/	<i>caiple</i> /ka:p'l'ə/	horse
<b>cat</b> <sup>2</sup>	/kut/	<i>cait</i> /kit'/	cat
<b>cnoc</b>	/kruk/	<i>cnoic</i> /krik'/	hill
<b>créatúr</b>	/k'r'e:tu:r/	<i>créatúir</i>	poor thing, poor fellow
<b>féar</b>	/f'e:r/		grass
<b>feilm</b> <i>fem.</i>	/f'el'əm'/	<i>feilmeacha</i>	farm
<b>francach</b>	/fra:ŋkəx/	<i>francaigh</i> /fra:ŋkə/	rat
<b>geimhreadh</b>	/g'i:w'r'ə/	<i>geimhríocha</i>	winter
<b>inín</b> <i>fem.</i>	/in'in'/	<i>iníneacha</i>	daughter
<b>madadh</b>	/ma:də/	<i>madraí</i> /ma:dri:/	dog
<b>mí</b> <i>fem.</i>	/m'i:/	<i>míonna</i>	month
<b>muic</b> <i>fem.</i>	/mik'/	<i>muca</i> /mukə/	pig
<b>peata</b>	/p'æ:tə/	<i>peataí</i>	pet
<b>rifíneach</b>	/rif'i:n'əx/	<i>rifíneacha</i>	ruffian
<b>samhradh</b>	/saurə/	<i>samhraíocha</i>	summer
<b>saol</b>	/si:l/	<i>saolta</i>	life
<b>uisce</b>	/is'k'ə/		water
<b>bocht</b>	/boxt/		poor, miserable
<b>bradach</b>	/bra:dəx/		thieving, sly
<b>'chuile</b> ( <i>with len.</i> )	/xil'ə/		every
<b>dall</b>	/dɑ:l/		blind
<b>fuar</b>	/fu:ər/		cold
<b>glic</b>	/g'l'ik'/		cute, cunning
<b>íseal</b>	/i:s'əL/		low
<b>óg</b>	/o:g/		young
<b>soibhir</b>	/sew'ər'/		rich
<b>spéisiúil</b>	/sp'e:s'u:l/		interesting
<b>tábhachtach</b>	/tɑ:wəxtəx/		important
<b>uasal</b>	/u:əsəl/		noble, pertaining to gentry or upper class
<b>cé go/nach</b>	/k'e: gə.../		although
<b>chomh maith</b>	/xə ma:/		as well
<b>cineál</b> <sup>3</sup>	/k'inɑ:l/		kind of, sort of
<b>go díreach</b>	/gə d'i:r'əx/		exactly, just, directly

<sup>1</sup>Bó is normally used in the singular and *beithígh* in the plural

<sup>2</sup>Pronounced as though spelt *cut*.

<sup>3</sup>Pronounced as though spelt *cionál*.



<b>i gcónaí</b>	/ə gu:ni:/	always, still
<b>mar gheall ar</b>	/mar ɣ'ɑ:l er'/	because (of), concerning
<b>ó shin</b>	/o: xin'/	ago, since that

## GRAMMAR

### 1. THE HABITUAL TENSES OF TÁ

#### (i) Present habitual

*Bíonn Cáit anseo.*

Cáit is normally here / is wont to be here.

#### (i) Past habitual

*Bhíodh Cáit anseo.*

Cáit used to be here.

### 2. THE CONDITIONAL OF TÁ

*Bheadh Cáit anseo.*

C. would be / would have been here.

### 3. SUMMARY TABLE OF VERB TÁ

is	was	will be	normally is	used to be	would be
<i>tá mé</i>	<i>bhí mé</i>	<i>beidh mé</i>	<i>bím</i>	<i>bhínn</i>	<i>bheinn</i>
<i>tá tú</i>	<i>bhí tú</i>	<i>beidh tú</i>	<i>bíonn tú</i>	<i>bhíteá</i>	<i>bheifeá/bheitheá</i>
<i>tá sé</i>	<i>bhí sé</i>	<i>beidh sé</i>	<i>bíonn sé</i>	<i>bhíodh sé</i>	<i>bheadh sé</i>
<i>tá sí</i>	<i>bhí sí</i>	<i>beidh sí</i>	<i>bíonn sí</i>	<i>bhíodh sí</i>	<i>bheadh sí</i>
<i>tá muid</i>	<i>bhí muid</i>	<i>beidh muid</i>	<i>bíonn muid</i>	<i>bhíodh muid</i>	<i>bheadh muid</i>
<i>tá sibh</i>	<i>bhí sibh</i>	<i>beidh sibh</i>	<i>bíonn sibh</i>	<i>bhíodh sibh</i>	<i>bheadh sibh</i>
<i>tá siad</i>	<i>bhí siad</i>	<i>beidh siad</i>	<i>bíonn siad</i>	<i>bhídís</i>	<i>bheidís</i>
<i>táthar</i>	<i>bhíothadh</i>	<i>beifear</i>	<i>bítear</i>	<i>bhítí</i>	<i>bheifí</i>

The statement form in the past, habitual past and conditional is always lenited. A final *ch*-sound in verbal endings, except in autonomous forms, is replaced by a *t* /*t̪*/ sound before a slender *s*, e.g. *sé, sise, sibh, Seán*.

*Bhíodh muid anseo. /w'í:x/* We used to be here.

*Bheadh sé go deas. /w'eɿ s'e:/* It would be nice.

### 4. COMBINED FORMS

<i>bíonn + mé/mise</i>	combine as	<i>bím(se)</i>	/b'í:m'/	I (normally) am
<i>bhíodh + mé/mise</i>		<i>bhínn(se)</i>	/w'í:n'/	I used to be
<i>bheadh + mé/mise</i>		<i>bheinn(se)</i>	/w'e:n'/	I would be
<i>bhíodh + tú/tusa</i>		<i>bhíteá(sa)</i>	/w'í:t'ɑ:/	you used to be
<i>bheadh + tú/tusa</i>		<i>bheifeá(sa)</i>	/w'eɑ:/	you would be
<i>bhíodh + siad/siadsan</i>		<i>bhídís(ean)</i>	/w'í:d'í:s'/	they used to be
<i>bheadh + siad/siadsan</i>		<i>bheidís(ean)</i>	/w'ed'í:s'/	they would be

All verbs have combined forms in the above persons and tenses<sup>1</sup>. Contrast forms always add *-se* /s'ə/ (1.Sg.), *-sa* /sə/ (2. Sg.) and *-sean* /s'əN/ (3. Pl.).

The combined form is used in a response:

*An mbeifeá ansin ? - Bheinn.*

Would you be there ? - Yes.

*Bhídisean sásta. - Bhídís.*

They used to be content. - Yes, they used to.

The contrast forms, e.g. *bhídisean*, are never used in these responses.

## 5. ADJECTIVE MODIFYING NOUNS IN PLURAL

### (i) After most nouns

*fuinneogaí móra*  
*daoine glíce*

big windows  
cunning people

An unstressed vowel /ə/ is added. This is spelt *a* after a broad consonant, e.g. *mór*, and *e* after a slender consonant, e.g. *glíce*.

### (ii) After nouns with plurals spelt with a final consonant

*gasúir bheaga*  
*francaigh mhóra*

little children  
big rats

The adjective is also lenited.<sup>2</sup>

## 6. THE VOCATIVE PLURAL

*A rifíneachaí !*

(You) ruffians !

*A chearca !*

Hens !

*A dhaoine uaisle !*

Ladies and gentlemen ! (*lit.* noble people)

*A ghasúir bheaga !*

(You) little children !

*A rifíneachaí bradacha !*

You thieving ruffians !

The vocative particle *a* /ə/ always causes lenition (see Leeson 4). Adjectives follow the normal rules for the plural.

There are a few nouns which have a special vocative plural form, e.g. *créatúr* 'poor thing', *créatúir* 'poor things', *a chréatúireachaí !* '(you) poor things !'; *fear* 'man', *fíir* 'men', *a fheara !* '(you) men !'.

## TEXT

### FEILM MHUINTIR MHÁIRTÍN

*Tá feilm réasúnta mór ag muintir Mháirtín. Níl siad soibhir cé go bhfuil go leor feilmearaí soibhir agus daoine uaisle anseo. Ar ndóigh, níl siad bocht ach a oiread ! Tá beithigh bhainne go leor ag Máirtín agus neart caoirigh. Tá cnoc beag in aice leis an bhfeilm agus bíonn caoirigh Mháirtín ansin. Bíonn beithigh Mháirtín ar an talamh maith go díreach in*

<sup>1</sup>A further combined form is *bhíodar* /w'i:dər/ which can be optionally used instead of *bhí siad*.

<sup>2</sup>In certain set phrases a noun used attributively (i.e. similarly to an adjective) is lenited in the same way, e.g. *beithigh bhainne* 'milch cows'.

*aice leis an teach. Tá an féar go maith ansin. Ní bhíonn muca ann anois cé go mbíodh neart muca ann cupla bliain ó shin. Tá cearca ann chomh maith agus ar ndóigh, tá cat agus madadh ann freisin. Tá an cat tábhachtach mar gheall ar go bhfuil an iomarca francaigh mhóra anseo. Tá an cat cineál dall anois ach tá sé glic go leor mar sin féin. Bíonn cait dhall mar sin go minic. Tá cait spésiúil mar sin.*

*Tá gasúir bheaga ag Máirtín. Tá peata ag 'chuile dhuine. Tá asal ag Seáinín, mac Mháirtín, agus ar ndóigh, bíonn sé bradach anois agus aríst. Ní bhíonn mórán asail anseo anois ach cupla bliain ó shin bhíodh go leor leor asail anseo. Bíonn siad daor anois. Tá peata ag Bríd, iníon Mháirtín, freisin. Tá capall beag ag Bríd.*

*Bhí Bairbre bheag anseo cupla mí anuraidh agus bhí sí sásta leis an saol anseo. Bíonn gasúir bheaga sásta leis an saol anseo. Bhí bliain mhaith ag Máirtín anuraidh. Bhí an aimsir go maith. Bhí an samhradh go hiontach, cé nach raibh go leor uisce ann.*

*'Bíonn an samhradh go deas anseo ach bíonn an geimhreadh go dona. Bíonn muintir Bhaile Átha Cliath mar sin i gcónaí! Bheifeá sásta anseo anois ach b'fhéidir go mbeadh an geimhreadh fuar, agus an mbeifeá sásta ansin?' a deir Máirtín leis an gcailín óg.*

*'Bheinn,' a deir Bairbre Bheag.*

*'Níl mé cinnte an mbeifeá!' a deir Máirtín.*

*'Ó muiсе, an créatúr,' a deir Cáit, bean Mháirtín, 'bheadh sí sásta cinnte. Bíonn daoine óga sásta i gcónaí, nach mbíonn, a Bhairbre Bheag?'*

#### TRANSLATE:

1. Máirtín had small children. 2. There are nice big windows here. 3. There are big trees and nice fields here now but there will be houses and colleges here. 4. There used to be lots of cows and horses here but now there aren't many at all. 5. They used to be satisfied with the farm, usen't they? 6. The land usen't to be good here and there used to be too much water. 7. Would you be satisfied with the life on the farm? Yes, certainly, I would. 8. The summer and the winter would be nice here. 9. There were many rich people here. 10. I was there a few weeks last year and the weather was wonderful. 11. The woman has a son and a daughter. 12. Oh now, the poor thing! It is cold here again. 13. There are sheep and horses on the hill. 14. Ladies and gentlemen, is everybody satisfied with the place? 15. I am sure that the book wouldn't be interesting anyway.

## LESSON 8

### VOCABULARY

<b>aois</b> <i>fem.</i>	/i:s'/		age, century
<b>coicís</b> <i>fem.</i>	/kaik'í:s'/		fortnight
<b>cois</b> <i>fem.</i>	/kos'/	pl. <i>cosa</i>	leg, foot
<b>croí</b>	/kri:/	<i>croítí</i>	heart
<b>deartháir</b>	/d'r'a:r'/	<i>deartháracha</i>	brother
<b>dínnéar</b>	/d'í:N'e:r'/	<i>dínnéir</i>	dinner
<b>driofúr</b> <i>fem.</i>	/d'r'aur'/	<i>driofúracha</i>	sister
<b>eochair</b> <i>fem.</i>	/oxər'/	<i>eochracha</i>	key
<b>lá</b>	/lɑ:/	<i>laethanta</i> /lɛ:nti:/	day
<b>óige</b> <i>fem.</i>	/o:g'ə/		youth, childhood
<b>posta</b>	/postə/	<i>postaí</i>	job, post; post office
<b>scéal</b>	/s'k'e:l/	<i>scéalta</i>	story, news
<b>scoil</b> <i>fem.</i>	/skel'/	<i>scoileanna</i>	school
<b>súil</b> <i>fem.</i>	/su:l'/	<i>súile</i>	eye
<b>tráthnóna</b>	/, trɑ:'Nu:Nə/	<i>tráthnónaí</i>	evening
<b>uair</b> <i>fem.</i>	/u:ər'/	<i>uaireanta</i>	time, hour, <i>pl.</i> sometimes
<b>úlla</b>	/u:lə/	<i>úllaí</i>	apple
<b>Ruairí</b>	/ru:ər'í:/	( <i>man's name</i> )	
<b>Úna</b>	/u:Nə/	( <i>woman's name</i> )	
<b>cloisim</b>	/klos'əm'/	I hear	
<b>sílím</b>	/s'í:l'əm'/	I think	
<b>tigim</b>	/t'ig'əm'/	I understand	
<b>cantalach</b>	/ka:ntəlɔx/	bad-humoured, cranky	
<b>ceart</b>	/k'æ:rt/	right, correct	
<b>dána</b>	/dɑ:Nə/	bold	
<b>fliuch</b>	/f'l'ox/	wet	
<b>marbh</b>	/ma:ru:/	dead	
<b>sean</b>	/s'æ:N/	old	
<b>tuirseach</b>	/tors'əx/	tired	
<b>uilig</b> <sup>1</sup>	/ə'l'ug/	entire(ly), all, altogether	
<b>na</b>	/Nə/	the ( <i>pl.</i> )	
<b>arú amáireach</b>	/a:ru: mɑ:r'əx/	the day after tomorrow	
<b>arú anuraidh</b>	/a:ru: NOrə/	the year before last	
<b>arú inné</b>	/a:ru: N'e:/	the day before yesterday	
<b>go háirithe</b>	/gə hɑ:r'əd'/	especially	
<b>go hiondúil</b>	/gə hu:Ndu:l'/	usually	
<b>bí</b>	/b'í:/	be !	
<b>bfgí</b>	/b'í:g'í:/	be ! ( <i>pl.</i> )	
<b>bíodh</b>	/b'í:x/	let ... be	
<b>bídís</b>	/b'í:d'í:s'/	let ( <i>pl.</i> )... be	

<sup>1</sup>Pronounced as though spelled *uilíog*.

<b>ná</b>	/nɑ:/	(with Imp., see this lesson)
<b>má</b>	/mɑ:/	if
<b>mara</b>	/ma:rə/	if not, unless

### VOCABULARY NOTES:

1. *Tráthnóna* can be used adverbially, e.g. *Beidh sé anseo tráthnóna* 'He will be here in the evening'; *Bhí sé anseo tráthnóna* 'He was here in the evening'.

2. *seo chugainn* /s'ó hʊgən'/ and *seo caite* /s'ó ka:tə'/ are used in the expressions *an bhliain* (*an mhí, an tseachtain ...*) *seo chugainn* 'next year (month, week)'; *an bhliain* (*an mhí, an tseachtain ...*) *seo caite* 'last year (month, week)'.

## GRAMMAR

### 1. IMPERATIVE OF VERB *TÁ*

#### (i) Positive

<i>Bí anseo amáireach !</i>	Be here tomorrow !
<i>Bígí anseo amáireach !</i>	Be ( <i>pl.</i> ) here tomorrow !
<i>Bíodh Cáit anseo amáireach !</i>	Have Cáit here tomorrow !
	Let Cáit be here tomorrow !
<i>Bídís anseo amáireach !</i>	Have them here tomorrow !

*Bíodh* can also be used with *sé, sí* and *muid*; concerning pronunciation before slender *s*, see Lesson 7.

#### (ii) Negative

<i>Ná bí anseo amáireach !</i>	Don't be here tomorrow !
--------------------------------	--------------------------

*Ná* is used to negate all forms of the imperative.

### 2. 'IF' CLAUSES

#### (i) Positive

<i>Má bhíonn Máirtín ann, bíonn Cáit sásta.</i>	If Máirtín is there, Cáit is (normally) pleased.
---	--

*Má* 'if' lenites all verb forms (except *tá*, e.g. *má tá ...*)

#### (ii) Negative

<i>Mara bhfuil tusa sásta, ní bheidh mise sásta.</i>	If <b>you</b> are not satisfied, <b>I</b> will not be satisfied.
--	--

*Mara* 'if ... not, unless' causes eclipsis and is followed by the dependent form.

#### (iii) Future

<i>Má bhíonn Máirtín ann, beidh Cáit sásta.</i>	If Máirtín will be there, Cáit will be pleased.
<i>Mara mbeidh Máirtín ann, ní bheidh Cáit sásta.</i>	If Máirtín will not be there, Cáit will not be pleased.

After *má*, the future is expressed by using the habitual present, e.g. *bíonn*.

## (iv) In responses

*Ach tá mé sásta!*  
*Bhoil, má tá!*

But I am satisfied!  
Well, if that is so (that is alright).

*Má/mara* can be used in a response with the usual deletion of the subject pronoun (see Lesson 6) to express 'if that is (not) so, then that is alright'.

## 3. THE DEFINITE ARTICLE (SINGULAR)

## (i) Before a feminine noun

*Tá an chloch anseo.*  
*Tá an fhuinneog mhór ansin.*

The stone is here.  
The big window is there.

The article lenites a following feminine noun, except *t*, *d* which tend to resist lenition after *n*, e.g. *an tine* 'the fire', *an deoch* 'the drink', and *s*.

*Bhí an tseachtain go maith.*  
*Tá an tsráid bheag ansin.*

The week was good.  
The small street is there.

The article prefixes a *t* to a feminine noun beginning with *s* followed by a vowel or *l*, *n*, *r*. The *s* is then not pronounced. Any prefixed *t* takes its quality from the following vowel or consonant, e.g. slender in *an tseachtain*, broad in *an tsráid*. The *t* is prefixed even when the article follows a preposition:

*ar an tsráid*  
*faoin tsúil*

on the street  
under the eye

## (ii) Before a masculine noun beginning with a vowel

*Tá an t-úlla anseo.*  
*Tá an t-éan ansin.*

The apple is here.  
The bird is there.

The article prefixes a *t* to a masculine noun beginning with a vowel.

## (iii) Summary table

Before	with initial consonant	with initial vowel
masc. noun	<b>an</b> <i>an fear</i>	<b>an t-</b> <i>an t-úlla</i>
fem. noun	<b>an + lenition</b> <i>an bhean</i> (but <i>an tine</i> , <i>an deoch</i> )	<b>an</b> <i>an eochair</i>
fem. noun	<b>an t</b> before <i>sl</i> , <i>sn</i> , <i>sr</i> , <i>s + vowel</i> <i>an tseachtain</i>	

## 4. USAGES OF DEFINITE ARTICLE

## (i) Nouns used in a general sense

*Tá an óige go maith.*  
*Ní bhíonn an tÉireannach leisciúil.*

Youth is good.  
An Irishman is not (normally) lazy.

The article is used when speaking in a general way.

## (ii) Expressing a relationship between an entity and its parts

*Tá an teach go deas ach tá an doras go dona.*      The house is nice, but its door is bad.  
*Tá mé go maith ach tá an chois tinn.*      I am well but my foot is sore.

When there is no doubt about what or who the possessor is, the article can be used. This is usually the way of expressing possession where an inanimate noun is referred to, e.g. *teach*.

## TEXTS

## MUINTIR RUAIRÍ

*Tá teach deas compóirteach ag Ruairí agus ag Úna ar an tsráid mhór in aice leis an scoil. Tá cupla gasúr óg anois ann agus tá posta maith ag Ruairí. Bhíodh máthair Úna ann ach tá sí marbh anois. Bhí aois mhór ag an mbean agus ní raibh an croí go maith. Bíonn deartháir Ruairí, Páidín, ann anois agus aríst. Níl driofúr ar bith ag Ruairí.*

## DONNCHA

*Ní fheicim Donncha go minic anois. Ar ndóigh, tá sé sean agus bíonn sé tuirseach go minic, go háirithe tráthnóna. Go hiondúil, bíonn sé cineál cantalach leis an ngasúr anseo. 'Bí ciúin!' a deir sé i gcónaí nó 'Ná bí dána mar sin!'. Cloisim go raibh an chois tinn aríst an mhí seo caite agus bhí sé coicís ar an leaba. Sílim nach bhfuil an chois ceart ó shin. Má bhíonn sé go maith an tseachtain seo chugainn, beidh sé anseo aríst.*

## AN SCOIL

*Tá an scoil anseo. Tá sí mór go leor. Tá neart múinteoirí anseo, cé nach bhfuil mórán gasúir uilig ann. Tá posta ag athair Pháidín anseo.*

*Uaireanta, má bhíonn an aimsir go dona, bíonn an dinnéar ag na gasúir anseo. Inné agus arú inné bhí sé fliuch agus bhí na gasúir bheaga uilig tuirseach agus cantalach. Ar ndóigh, má bhíonn siad tuirseach, go hiondúil bíonn siad dána freisin. Má bhíonn an tseachtain uilig fliuch, deir na múinteoirí go mbíonn sé go dona. Tigim an scéal go maith.*

## TRANSLATE:

1. Úna's heart was never good. She is dead now, the poor thing. 2. There is one child and he is still fairly young. 3. If Páidín is here in the evening, usually he is bad-humoured, especially with the child. 4. Don't be (*pl.*) bold like that! Be (*pl.*) quiet! 5. Usually we are tired in the evening. 6. If Seánín was *there*, I am satisfied. 7. I see that the key is *there* on the table but I'm not sure where the door is. 8. If the apple is *there* tomorrow, Cáit will be pleased. 9. If the house isn't beside the school, Ruairí will be bad-humoured. 10. If you are here tomorrow, I'll be here too. 11. He was here one evening and he was sick. 12. If he is here in the evening everybody will be pleased.

## LESSON 9

### VOCABULARY

<b>bricfásta</b>	/b'ɾ'ik'fɑ:stə/	pl. <i>bricfástaí</i>	breakfast
<b>buicéad</b>	/b'ik'e:d/	<i>buicéid</i>	bucket
<b>caraid fem.</b>	/ka:rəd'/	<i>cairde</i> /ka:rd'ə/	friend
<b>dánlann fem.</b>	/dɑ:nlɔ̀n/	<i>dánlanna</i>	art gallery
<b>drama</b>	/dra:mə/	<i>dramaí</i>	drama, play
<b>dream</b>	/d'r'ɑ:m/	<i>dreamanna</i>	crowd, group
<b>earrach</b>	/æ:rɔ̀x/	/d'r'æ:məni:/	spring
<b>farraige fem.</b>	/fa:rəg'ə/	<i>farraigí</i>	sea
<b>fáth</b>	/fɑ:/	<i>fáthanna</i>	reason, cause
<b>fómhar</b>	/fu:wər/		autumn
<b>gaineamh</b>	/ga:n'ə/		sand
<b>leabharlann fem.</b>	/l'aurɫɔ̀n/	<i>leabharlanna</i>	library
<b>leitir fem.</b>	/l'et'ər'/	<i>leitreacha</i>	letter
<b>maidin fem.</b>	/ma:d'an'/	<i>maidineacha</i>	morning
<b>scáthán</b>	/skɑ:n/	<i>scátháin</i> /ska:n'/	mirror
<b>sliabh</b>	/s'l'i:əw/	<i>sléibhte</i> /sl'e:f't'ə/	mountain
<b>sneachta</b>	/s'N'æ:xtə/		snow
<b>spáid fem.</b>	/spɑ:d'/	<i>spáideanna</i>	spade
<b>spóirt fem.</b>	/spo:rt'/		sport, fun
<b>teach ósta</b>	/t'æ:x'ostə/	<i>tithe</i> /t'i:/'ostə	public house, inn
<b>teas</b>	/t'æ:s/		heat
<b>trá fem.</b>	/tra:/	<i>tránna</i>	strand
<b>Pádraig</b>	/pɑ:rək'/	( <i>man's name</i> )	
<b>creidim</b>	/k'r'ed'am'/	I believe	
<b>fairsing</b>	/fa:rs'ən'/	plentiful	
<b>glan</b>	/glɑ:n/	clean, clear	
<b>náisiúnta</b>	/nɑ:s'u:ntə/	national	
<b>te</b>	/t'e/	warm, hot	
<b>cé, cén/cé na</b>	/k'e:/	who/what is (the)	
<b>seo</b>	/s'o/	this ( <i>see this lesson</i> )	
<b>sin</b>	/s'in'/	that ( <i>see this lesson</i> )	
<b>siúd</b>	/s'u:d/	that ( <i>see this lesson</i> )	
<b>úd</b>	/u:d/	that ( <i>see this lesson</i> )	
<b>ar maidin</b>	/er' ma:d'an'/	in the morning	
<b>beagnach</b>	/b'ogNɔ̀x/	almost, nearly	
<b>fós</b>	/fo:s/	yet, still	
<b>go moch</b>	/gə mox/	early (in the morning)	
<b>i mbliana</b>	/ə m'l'i:əNə/	this year	
<b>maidir leis an</b>	/ma:d'ər'/	as for the ...	
<b>mar (go/nach)</b>	/ma:r/	as	
<b>thú, thusa</b>	/hu:/, /husə/	you	
<b>é, eisean</b>	/e:/, /es'ən/	he	



<b>í, ise</b>	/i:/, /is'ə/	she
<b>iad, iadsan</b>	/i:əd/, /i:ədsən/	they

### VOCABULARY NOTE:

The pronouns *mé, é, sé* may be pronounced short, i.e. /m'el/, /el/, /s'el/.

## GRAMMAR

### 1. PLURAL OF DEFINITE ARTICLE

*Tá na heochracha anseo ar na boird.* The keys are here on the tables.  
*Tá na héanacha beaga ansin ar na clocha.* The little birds are there on the stones.

The form *na*, which is unstressed, is used with all plural nouns. It prefixes *h* to any noun beginning with a vowel.

### 2. DISJUNCTIVE PRONOUNS

#### (i) Usage

<i>Tá tú ansin. Feicim anois thú.</i>	You are there. I see you now.
<i>Tá sé ansin. Feicim anois é.</i>	He is there. I see him now.
<i>Tá sí ansin. Feicim anois í.</i>	She is there. I see her now.
<i>Tá siad ansin. Feicim anois iad.</i>	They are there. I see them now.

When used disjunctively, that is, not as a subject directly following on a verb form, *thú, é, í, iad* or *thusa, eisean, ise, iadsan* are used. *Mé/mise, muid/muide, sibh/sibhse* remain the same.

#### (ii) Word order

<i>Cloisim anois thú.</i>	I hear you now.
<i>Tigim thusa anois ach ní thigim iad sin.</i>	I understand you now, but I don't understand those fellows.

When the ordinary form of a pronoun, e.g. *thú*, is used an adverb or adverbial phrase, e.g. *anois*, precedes it.

### 3. USE OF FÉIN 'SELF'

#### (i) For emphasis (*mé féin*)

<i>Tá mé féin sásta anseo.</i>	I myself am content here.
<i>Feicim féin an sagart anois.</i>	I myself see the priest now.

*Féin* /he:n'/ is added to the pronoun, e.g. *mé féin, tú féin*, etc., or simply to the verb, where the pronoun is combined with it, e.g. *feicim* 'I see', *feicim féin* 'I myself see'.

#### (ii) For emphasis after a contrast form or after a noun (*mise mé féin*)

<i>An bhfuil tusa thú féin sásta anseo?</i>	Are you yourself content here?
<i>Tá an múinteoir é féin anseo anois.</i>	The teacher himself is here now.

After a contrast form or after a noun, *mé féin, thú féin, é féin*, etc. are added.

(iii) Reflexive use

*Tá scáthán ansin agus feicim mé féin.* There is a mirror there and I see myself.

4. COMPOUND SUBJECT OR OBJECT

<i>Tá mé féin agus Ruairí sásta.</i>	Ruairí and I are content.
<i>Tá tú féin agus é féin anseo.</i>	You and he are here.
<i>Tá mise agus thusa agus ise anseo.</i>	<b>She and you and I</b> are here.
<i>Ní fheicim thusa ná iadsan.</i>	I see neither <b>you</b> nor <b>them</b> .

*Féin* is added to the pronoun where there are two or more subjects or objects. The first person comes first, e.g. *mé féin agus Ruairí*. As only the first part of a compound subject directly follows the verb, a disjunctive pronoun is used for the other(s), e.g. *tú féin agus é féin*. Contrast is expressed in the normal way by use of contrast pronouns, e.g. *mise agus thusa agus ise*.

5. THE ADJECTIVES *SEO, SIN, ÚD/SIÚD*

(i) Use with nouns

<i>Tá an fear seo sásta.</i>	This man is satisfied.
<i>Tá an chloch mhór sin go deas.</i>	That big stone is nice.
<i>Níl na fir úd sásta.</i>	'Those' men are not satisfied.

The definite article is used, e.g. *an fear seo* 'this man', before any common noun followed by the invariable adjectives *seo, sin*, or *úd*. Names do not normally have the article, e.g. *Máirtín sin* 'that Máirtín'. These adjectives correspond to the adverbs *anseo, ansin, ansiúd*. The form *úd* (rather than *siúd*) is most often used with a noun.

(ii) With third person

<i>Tá sé seo go maith.</i>	This (fellow/thing) is good.
<i>Bhí sí sin go deas.</i>	That (woman/thing ( <i>fem.</i> )) was nice.
<i>Ní bheidís siúd sásta.</i>	'They' would not be satisfied.

*Seo, sin, siúd* can be used with the ordinary third person pronouns to refer to people or things. Contrast forms, e.g. *seisean*, are not used. The form *siúd* (rather than *úd*) is used with a pronoun or combined form.

TEXTS

LEITIR

Baile Átha Cliath, 2

A Phádraig, a chara,<sup>1</sup>

*Tá Baile Átha Cliath go deas anois; níl fuacht ar bith ann cé go bhfuil sneachta fós ar na sléibhte. Bhí an fómhar agus an geimhreadh go hiontach anseo. Bhí dramaí nua beagnach 'chuire mhí agus peictiúir nua beagnach 'chuire sheachtain. Tá an dánlann agus an Leabharlann Náisiúnta in aice leis an teach. Maidir leis na tithe ósta, tá siad sin fairsing anseo! Deir siad go mbeidh an t-earrach agus an samhradh te anseo i mbliana. Ní*

<sup>1</sup> *Cara* /ka:rə/, the Official Standard Irish form of *caraid*, is generally used at the beginning of a letter.

*chreidim féin go mbeidh an teas go dona mar tá an fharraige ar an taobh seo agus na sléibhte ar an taobh eile. Ní bhíonn Máirtín úd anseo anois cé nach dtigim cén fáth. An bhfuil an aimsir go maith ansiúd? An bhfuil Bríd agus Cáit agus an dream uilig ann i gcónaí? Ar ndóigh, ní fheicim ar chor ar bith anois iad, cé go bhfeicim Bairbre anois is aríst. – B fhéidir go mbeifeá-sa thú féin anseo an bhliain seo chugainn?*

*Séánín.*

## AN FHARRAIGE

*Bhí na gasúir uilig ag an bhfarraige inné. Bhí an aimsir go hálainn. Bhí an fharraige go deas agus bhí an t-uisce te go leor. Bhí an trá réasúnta, cé go raibh go leor gasúir eile ann. Bhí buicéid agus spáideanna beaga ag na gasúir. Bhí an trá glan agus bhí an gaineamh go deas. Bhí spóirt go leor ann. Bhí 'chuile dhuine sásta leis an lá.*

*Beidh scoil ann aríst amáireach agus beidh bricfásta ag an dream uilig go moch ar maidin. Má bhíonn an aimsir go maith, b'fhéidir go mbeadh lá deas eile ag na gasúir an tseachtain seo chugainn.*

### TRANSLATE:

1. The teacher was tired, but the farmer himself was there also. 2. I understand it now. The door is *there* and the keys are on the table. 3. Are you *there*? I see you now. 4. She says the whole crowd will be at the sea tomorrow, but I don't believe her at all. 5. I understand *you* well, but I don't understand those (people) at all. 6. They say that the mountains are *there* but I myself don't see them at all. 7. There is a mirror here. I see myself now. 8. You and I will be satisfied with the autumn and with the spring here. 9. Were you yourself at the library yesterday? You were? That is good. Were you there early in the morning? 10. 'They' (*siúd*) would be satisfied with the public houses here. 11. The weather was good this year although there was snow on all the mountains. 12. We were a fortnight here last year but you (*pl.*) weren't there at all.

## LESSON 10

### VOCABULARY

<b>aifreann</b>	/æ:f' r' əN/	<i>aifreannacha</i>	Mass
<b>baile mór</b>	/ba:l' ə mo:r/	<i>bailteacha móra</i>	town
<b>banaltra fem.</b>	/ba:NəLtrə/	<i>banaltraí</i>	nurse
<b>béal</b>	/b'e:L/	<i>béil</i> /be:l'/	mouth, opening
<b>blas</b>	/bLə:s/		taste; good accent; anything <sup>1</sup>
<b>buidéal</b>	/bid'e:L/	<i>buidéil</i> /bid'e:l'/	bottle
<b>cáca</b>	/kɑ:kə/	<i>cácaí</i>	cake, soda bread
<b>carraig fem.</b>	/kɑ:rəg'/	<i>carraigreacha</i>	rock
<b>cárta</b>	/kɑ:rtə/	<i>cártaí</i>	card
<b>céard ?</b>	/k'e:rd/		what (is it) ?
<b>ceo</b>	/k'o:/		fog; anything <sup>1</sup>
<b>cuid fem.</b>	/kid'/		part, share, deal
<b>dath</b>	/da:/	<i>dathanna</i>	colour
<b>Dé Domhnaigh</b>	/, d' e(:) 'du:Nə/		Sunday
<b>dialann fem.</b>	/d'i:əLəN/	<i>dialanna</i>	diary
<b>dochtúr</b>	/doxtu:r/	<i>dochtúirí</i>	doctor
<b>dóthain fem.</b>	/do:n'/		sufficiency; enough
<b>focal</b>	/fokəL/	<i>focla</i>	word
<b>gaoth fem.</b>	/gi:/	<i>gaothanna</i>	wind
<b>goile</b>	/gel'ə/	<i>goileacha</i> 'guts'	stomach, appetite
<b>lóistín</b>	/lɔ:s't'i:n'/	<i>lóistíní</i>	lodging
<b>mála</b>	/mɑ:Lə/	<i>málaí</i>	bag
<b>méir fem</b>	/m'e:r'/	<i>méaracha</i>	finger
<b>oileán</b>	/il'a:N/	<i>oileáin</i> /il'a:n'/	island
<b>ospidéal</b>	/osp'əd'e:L/	<i>ospidéil</i> /osp'əd'e:l'/	hospital
<b>siúcra</b>	/s'u:krə/		sugar
<b>snáthaid fem.</b>	/sNɑ:d'/	<i>snáthadaí</i> /sNɑ:di:/	needle, injection
<b>strainséara</b>	/stræ:n's'e:rə/	<i>strainséaraí</i>	stranger, non-native
<b>tamall</b>	/tɑ:məl/	<i>tamallacha</i>	period, distance
<b>teach an phobail</b>	/, t' æ:x ə 'fobəl'/	<i>tihte pobail</i>	(Catholic) church
<b>teanga fem.</b>	/t' æ:ŋgə/	<i>teangacha</i>	tongue, language
<b>An Spidéal</b>	/ə sp'id'e:L/	(place-name)	
<b>Ó Flaithearta</b>	/o:'flɑ:rtə/	(surname)	
<b>airíim</b>	/æ:r'i:m'/	I feel, hear	
<b>'spáin dhom</b>	/spɑ:n' əm/	show me !	
<b>tháinig</b>	/hɑ:n' ək'/	came	
<b>aisteach</b>	/æ:s't' əx/	peculiar, strange, queer	
<b>deacair</b>	/d' æ:kə'r'/	difficult, hard	
<b>géar</b>	/g'e:r/	sharp, sour	
<b>gránna</b>	/grɑ:Nə/	ugly, horrible	
<b>lán</b>	/lɑ:N/	full	
<b>nua</b>	/Nu:/	new	
<b>sách</b>	/sɑ:x/	satisfied (after a meal), enough	

<sup>1</sup>In negative or conditional sentences, or in questions.

<b>mo</b>	/mə/	my
<b>do</b>	/də/, /t/, /t'/	your
<b>a</b>	/ə/	his, her, theirs
<b>ar</b>	/ə/	our
<b>'ur</b>	/ə/	your ( <i>pl.</i> )
<b>ar ais</b>	/er' æ:s'/	back (again)
<b>ar ball</b>	/er' bɑ:L/	in a while, a while ago
<b>ar lóistín</b>	/er' lɔ:s't'i:n'/	lodging, in lodgings
<b>aréir</b>	/ə 'r'e:r'/	last night
<b>dhá</b>	/ɣɑ:/, /ɑ:/	if ( <i>see this lesson</i> )
<b>i bhfad</b>	/ə wɑ:d/	a long time, far
<b>mara</b>	/marə/	if ... not, unless ( <i>see this lesson</i> )
<b>ní móide</b> (go/nach)	/N'i: mu:d'ə/	it is unlikely (that (...not))

### VOCABULARY NOTES:

1. *rud beag tinn* 'somewhat sore, a little bit sore'
2. *Céard é féin?* 'What is it?' (*cé, céard* are normally followed by the stressed personal pronouns, e.g. *mé féin, thú féin*, etc.)
3. *mo dhóthain bainne* 'enough milk (for me)'
4. *Ní raibh focal ag X* 'X hadn't a word to say for himself.'

## GRAMMAR

### 1. IF-CLAUSES TO EXPRESS A CONDITION

#### (i) Positive

*Dhá mbeadh Máirtín anseo, bheadh Cáit sásta.* If Máirtín were here, Cáit would be content.

*Dhá* 'if (... were)' causes eclipsis and is followed by the conditional.<sup>1</sup> The dependent form (see Lesson 6) is used where this distinction is made.

#### (ii) Negative

*Mara mbeadh Máirtín anseo, ní bheadh Cáit sásta.* If Máirtín were not here, Cáit would not be content.

*Mara* 'if (... were) not, unless (... were)' causes eclipsis and is followed by the conditional<sup>1</sup>. The dependent form is used where this distinction is made.

*Dhá* or similarly *mara* may be variously translated as 'if ... were', 'if ... had been', or as 'if ... should be', 'if ... should have been'. It expresses a condition or hypothesis.

<sup>1</sup>In a number of verbs where a distinction in pronunciation can be made between the conditional and a past subjunctive, older speakers may use a past subjunctive (see Lesson 36). The conditional is, however, the norm.

## 2. POSSESSIVE ADJECTIVES

## (i) Forms

Before a consonant		Before a vowel		Contrast	
<i>mo dhoras</i>	/mə/ my door	<i>m'uncaíl</i>	/m/ my uncle	<i>mo chótasa</i>	<b>my</b> coat
<i>do dhoras</i>	/də/ your door	<i>t'uncaíl</i>	/t̪/ your uncle	<i>do chótasa</i>	<b>your</b> coat
<i>a dhoras</i>	/ə/ his door <sup>1</sup>	<i>a uncaíl</i>	/ə/ his uncle	<i>a chóta seisean<sup>2</sup></i>	<b>his</b> coat
<i>a doras</i>	/ə/ her door <sup>1</sup>	<i>a huncaíl</i>	/əh/ her uncle	<i>a cóta sise<sup>2</sup></i>	<b>her</b> coat
<i>ar ndoras</i>	/ə/ our door	<i>ar n-uncaíl</i>	/əN/ our uncle	<i>ar gcóta muide</i>	<b>our</b> coat
<i>'ur ndoras</i>	/ə/ your door	<i>'ur n-uncaíl</i>	/əN/ your uncle	<i>'ur gcóta sibhse</i>	<b>your</b> coat
<i>a ndoras</i>	/ə/ their door	<i>a n-uncaíl</i>	/əN/ their uncle	<i>a gcóta siadsan<sup>2</sup></i>	<b>their</b> coat

Note that *-sa* is suffixed, e.g. *mo chótasa* 'my coat'; *seisean*, *sise* etc. are written separately, e.g. *a bhord seisean* 'his table'.

## (ii) Pronunciation

The possessive adjectives are invariable. They are all pronounced with a neutral vowel /ə/. *Mo* 'my' and *do* 'your' are written *m'*, *t'* showing the pronunciation (see Appendix I.5) before a vowel; *m'*, *t'* are pronounced broad or slender according to the following vowel. The adjectives *ar* 'our' and *'ur* 'your (pl.)', which in Official Standard Irish are spelt *ár* and *bhur*, are in pronunciation reduced to /ə/.

## (iii) Lenition / Eclipsis

In all cases *mo*, *do*, *a* 'his/its' lenite; *ar*, *'ur*, *a* 'their' cause eclipsis.

(iv) Use with *seo*, *sin*, *siúd*

*Bhí sé ag a gheata sin.*

He was at that fellow's gate.

*Seo* 'this', *sin* 'that', *siúd* 'that' can be used with *a* 'his', 'her', 'their' to mean 'this/that person's', 'these/those people's'.

(v) Use with *féin*

*Tá mo bhord féin anseo.*

My own table is here.

'Own' is expressed by *féin*.

(vi) Use of *cuid*

## (a) General use

*Tá mo chuid leabhartha anseo.*

My books are here.

*Tá do chuid bainne ansin.*

Your milk is there.

*Tá a chuid Gaeilge go maith.*

His Irish is good.

*Cuid* literally means 'a share, a portion'. It is normally used before a noun in the plural, e.g. *mo chuid leabhartha* 'my books'; a collective or mass noun, e.g. *mo chuid bainne* 'my milk'; or before an abstract noun, e.g. *mo chuid Gaeilge* 'my Irish'. It is, however, generally

<sup>1</sup>This may also mean 'its'. For use of article with inanimate nouns, see also Lesson 8.

<sup>2</sup>This is an exception to the rule given in Lesson 9 that *seisean*, *sise*, *siadsan* are only used directly after verbs.

omitted where the noun in question ‘inalienably’ belongs to the possessor, e.g. *mo chosa* ‘my legs’.

(a) Use in contrast and with *féin*

*Tá mo chuid leabharthasa anseo.*                      **My books are here.**  
*Tá do chuid Gaeilge féin go maith.*                      **Your own Irish is good.**

The contrast endings *-sa, seisean*, etc. and *féin* ‘own’, are added to the noun, not to the word *cuid*.

(a) Before a noun in genitive relation

*Tá cuid leabhartha Cháit anseo.*                      **Cáit’s books are here.**

As well as after *mo, do* etc., *cuid* can optionally be used in similar circumstances, e.g. *cuid leabhartha Cháit* ‘Cáit’s books’, *cuid Gaeilge Cháit* ‘Cáit’s Irish’, before a noun in genitive relation.

3. USE OF *CEANN/CUID* TO EXPRESS ‘MINE’, ‘YOURS’, ETC.

*Tá mo bhordsa anseo agus tá do cheannsa ansin.*                      **My table is here and yours is there.**  
*Tá do chuid leabharthasa anseo agus tá mo chuidsa ansin.*                      **Your books are here and mine are there.**  
*Tá a chuid Gaeilge seisean go maith ach tá do chuidsa go maith freisin.*                      **His Irish is good, but yours is also good.**

*Ceann* (lit. ‘head’ or ‘end’) can be used to mean ‘one’. ‘Mine, yours’ etc. when referring to a singular noun is expressed as *mo, do ... cheann* ‘my one, mine’ etc., and when referring to plurals, collective, mass or abstract nouns, as *mo, do ... chuidsa* ‘my share, mine’.

## TEXTS

### AG AN DOCHTÚR

*Bhí Máirtín Beag ag an dochtúr inné. Tá ospidéal nua anois in aice leis an mbaile mór agus tá go leor dochtúirí ann. Tá a sheomra féin ag ‘chuile dhochtúr.*

*Bhí banaltra ag bord in aice leis an doras.*

*‘Cá bhfuil do chárta?’ a deir sí.*

*‘Tá sé anseo,’ a deir Máirtín Beag.*

*‘Níl an Dochtúr Ó Flaithearta anseo go díreach anois. Ní bhíonn sé anseo ag an am seo, ach beidh sé anseo ar ball beag.’*

*Bhí an seomra go deas cé go raibh dath gránna ar na ballaí. Bhí bord in aice leis an bhfuinneog. Bhí a mhála ar an mbord agus bhí snáthaid in aice leis an mála. Ansin tháinig an dochtúr ar ais. Bhí an cárta ag an dochtúr mar bhí timpiste ag Máirtín cupla mí ó shin agus bhí a láimh go dona.*

*'Feicim anseo' a deir an dochtúr, 'go raibh do lámh fós rud beag tinn mí ó shin. 'Spáin dhom do lámh. 'Spáin dhom do mhéir thinn aríst!' Bhí an lámh ceart aríst.*

*'Bhoil, anois! Céard é féin an uair seo?'*

*'Ní airím go maith. Níl mo ghoile go maith agus tá blas aisteach ar mo bhéal,' a deir Máirtín Beag.*

*'An iomarca siúcra!' a deir an dochtúr, 'nó an iomarca cácaí b'fhéidir?'*

*Ní raibh focal ag Máirtín Beag mar uaireanta, bíonn an dochtúr sách cantalach.*

*'Tá buidéal anseo,' a deir an dochtúr, 'níl sé lán ach beidh do dhóthain ansin.'*

*Ní raibh Máirtín Beag i bhfad tinn.*

## DIALANN

Dé Domhnaigh

*Tá mé anseo in aice leis an Spidéal aríst. Tá an teach seo compóirteach. Tá cupla strainséara eile ar lóistín anseo. Tá a gcuid Gaeilge go maith. Bhí mé tamall anseo anuraidh freisin agus bhí mé sách sásta leis an áit. Bhí aifreann ann go moch ar maidin agus bhí teach an phobail lán. Mara mbeadh na strainséaraí uilig anseo, ní móide go mbeadh sé lán ar chor ar bith. Bhí ceo ann aréir agus maidin inniu, tá báisteach agus gaoth mhór ann. Dhá mbeadh aimsir bhreá ann, sllim go mbeinn sásta go leor anseo. Feicim an fharraige agus na carraigreacha ach ní fheicim na hoileáin ar chor ar bith.*

## TRANSLATE:

1. My mother and father were here last year. 2. Are your father and mother pleased with the new house? 3. **My** books are here but **yours** aren't here at all. 4. **Our** Irish is good but **yours** (*pl.*) is not good. 5. Your own milk is sour. 6. **His** room is here. **Her** room is *there*. 7. She was at 'that' fellow's house again yesterday. 8. Máirtín's clothes are always nice. 9. Unless her English was good her uncle wouldn't be at all pleased. 10. His mouth is sore and there is an ugly taste on his tongue. 11. If his finger was right, the doctor at the hospital would be pleased enough. 12. It isn't likely that I'll be long lodging here. The weather is bad. There is rain and wind and I don't see the sea or the islands at all. 13. If there was a Mass early on Sunday, the church wouldn't be full at all. 14. "The doctor isn't here but he'll be back in a little while," says the nurse. "There is fog and there was an accident on the road a while ago." His bag was on the table and there was a strange needle beside the bag. 15. The bottle isn't full but I have enough here. 16. This language isn't difficult but they say that **yours** is difficult enough.



# LESSON 11

## VOCABULARY

<b>arán</b>	/rɑ:n/	with art.: <i>an t-arán</i> /ə trɑ:n/	bread
<b>bean an tí</b> <i>fem.</i>	/b'æ:n ə t'i:/		woman of the house
<b>caife</b>	/ka:f'ə/, /ka:fi:/	pl.	coffee
<b>ceathrú</b> <i>fem.</i>	/k'æ:ru:/	<i>ceathrúnaí</i>	quarter, thigh
<b>ciseán</b>	/k'is'ɑ:n/	<i>ciseáin</i> /k'is'ɑ:n'/	basket
<b>fata</b>	/fa:tə/	<i>fataí</i>	potato
<b>feoil</b> <i>fem.</i>	/f'o:l'/		meat
<b>fiche</b> <i>fem.</i>	/f'i:/	<i>fichid</i> /f'i:d'/	twenty
<b>galún</b>	/ga:lu:n/	<i>galúin</i> /ga:lu:n'/	gallon
<b>iasc</b>	/i:əsk/		fish
<b>im</b>	/i:m'/		butter
<b>liosta</b>	/li'istə/	<i>liostaí</i>	list
<b>oifige</b> <i>fem.</i>	/ef'ig'ə/	<i>oifigí</i>	office
<b>orlach</b>	/aur'ləx/	<i>orlaí</i>	inch
<b>páiste</b>	/pa:s't'ə/	<i>páistí</i>	child
<b>pingin</b> <i>fem.</i>	/p'i:n'/	<i>pingineacha</i> /pi:n'əxi:/	penny
<b>punt</b>	/pu:n/	<i>punta</i>	pound ( <i>lb. or £</i> )
<b>saoire</b> <i>fem.</i>	/si:r'ə/		holiday
<b>scilling</b> <i>fem.</i>	/s'k'il'ə'n'/	<i>scilleacha</i>	shilling (= 5p)
<b>scíth</b> <i>fem.</i>	/s'k'i:/	<i>scítheanna</i>	rest
<b>scór</b>	/sko:r/	<i>scórtha</i> /sko:rə/	twenty, score
<b>slat</b> <i>fem.</i>	/s'lɑ:t/	<i>slata</i>	yard, rod
<b>tae</b>	/t'e:/	<i>taeanna</i>	tea
<b>tilleadh</b>	/t'il'ə/		more
<b>toradh</b>	/to:rə/	<i>torthaí</i> /to:ri:/	result, fruit, crop
<b>troigh</b> <i>fem.</i>	/tro:/	<i>troighthe</i> /tro:/:	foot ( <i>ft.</i> )
<b>uafás</b>	/u:ɑ:s/		terror, great amount
<b>ubh</b> <i>fem.</i>	/u(w)/	<i>uibheacha</i> /iw'əxi:/	egg
<b>An Cheathrú Rua</b> <i>fem.</i>		( <i>place-name</i> )	
<b>fuair</b>	/fu:ər'/	got	
<b>falamh</b>	/fa:lə/	empty	
<b>plódaithe</b>	/pl'o:di:/	crowded	
<b>pósta</b>	/po:stə/	married	
<b>trom</b>	/tru:m/	heavy	
<b>uafásach</b>	/u:ɑ:səx/	terrible	
<b>ar chúla</b>	/er'xu:lə/	behind, at the back	
<b>ar fad</b>	/er'fa:d/	altogether	
<b>cheana féin</b>	/ha:nə he:n'/	already, before	
<b>dháiríre</b>	/ɣɑ:'r'i:r'ə/	in earnest, seriously	
<b>is</b>	/əs/	is/are	
<b>ní</b>	/N'i:/	is/are not	
<b>ar</b>	/ər/	is/are?	
<b>nach</b>	/Na:x/	is/are ... not ?	
<b>gur</b>	/gər/	that ... is/are	
<b>más</b>	/mɑ:s/	if ... is/are	

## VOCABULARY NOTE:

*ar chúla an tí* 'at the back of the house'

## GRAMMAR

## 1. THE COPULA IS

## (i) Usage

<i>Tá mé anseo agus tá mé go maith.</i>	I am here and I am well.
<i>Is mé Máirtín.</i>	I am Máirtín.
<i>Is thusa an dochtúr.</i>	<b>You</b> are the doctor.
<i>Is í sin mo bhean.</i>	That woman is my wife.
<i>Is é féin an múinteoir.</i>	He himself is the teacher.

<b>saothrá</b>	/si:ru:/	<i>saothraigh</i>	earning, achieving
<b>scríobh 1</b>	/s'k'ri:w/		write
<b>scríobh</b>	/s'k'ri:w/	<i>scríobh</i>	writing
<b>tóig 1</b>	/to:g'/		take up, rear, build
<b>tóigeáil fem.</b>	/to:g'a:l'/	<i>tóig</i>	taking up, <i>etc.</i>

<sup>1</sup>The pronunciation /ko:laxt/ rather than the expected /ku:laxt/ is due to this word being recently assimilated.

<sup>2</sup>In fast speech frequently pronounced /bol', /boLə/

<sup>3</sup>*Foghlaim* is slightly exceptional in that the second syllable is not contracted, e.g. *foghlaimigf* 'learn !'



<b>tosaigh 2</b>	/tosə/		begin, start
<b>tosú, tosaí</b>	/tosu:, tosi:/	<i>tosaigh</i>	beginning, starting
<b>áirithe</b>	/ɑ:r'əd'/	certain, special	
<b>annamh</b>	/a:nə/	rare, seldom	
<b>bog</b>	/bog/	soft, easy	
<b>crua</b>	/kru:ə/	hard	
<b>cúramach</b>	/ku:rəməx/	careful	
<b>díreach</b>	/d'i:r'əx/	straight, honest	
<b>lách</b>	/Lɑ:x/	pleasant, courteous	
<b>réidh</b>	/re:/	finished, ready, easy	
<b>chúns (+ dir. rel.)</b>	/xu:ns/	while	
<b>go fóill</b>	/gə fo:L'/	for a while (yet)	
<b>sin nó ...<sup>1</sup></b>	/s'in' Nu:/	either that or ...	

## GRAMMAR

### 1. THE PREPOSITION AG WITH VERBAL NOUN

#### (i) In progressive construction

*Tá an crann ag fás.*

*Tá Cáit ag pósadh.*

*Bhí siad ag ól fíon agus ag imirt cluifí.*

*Bhí Máirtín ag moladh Cháit.*

The tree is growing.

Cáit is getting married.

They were drinking wine and playing games.

Máirtín was praising Cáit.

Ag /əg' / 'at' which is unstressed precedes all verbal nouns (excepting *bheith*) in 'progressive' constructions of the sort 'the tree is growing'.<sup>2</sup> The *g* in *ag* is pronounced only before a vowel. It is usually broad before *a, o, u*, e.g. *ag ól* /əgo:L/, and slender before *e, i*, e.g. *ag imirt* /əg'im'ərt'/.

A definite noun preceded by the verbal noun is in a genitive relation and therefore (see Lesson 3) lenites names of people or places, e.g. *ag moladh Cháit* 'praising Cáit', lit. 'at Cáit's praising'.

In some set phrases, a common noun is lenited, e.g. *ag ól bhainne* 'drinking milk', *ag imirt chártaí* 'playing cards', *ag cur fhataí* 'sowing potatoes'.

#### (ii) After certain verbs

*Feicim fear ag siúl ar an tsráid.*

*Beidh Cáit ag teacht anseo ag*

*foghlaim Gaeilge.*

*Tá Máirtín ag goil ag foghlaim Spáinnis.*

*Beidh sé ag tosaí ag foghlaim Spáinnis*

*amáireach.*

I see a man walking on the street.

Cáit will be coming here to learn Irish.

Máirtín is going to learn Spanish.

He will be starting to learn Spanish tomorrow.

<sup>1</sup>A pronoun *sin* 'that' is used in certain set phrases where it refers back to something just mentioned.

<sup>2</sup>It may help to think of the obsolete English construction 'the tree is a'growing'.

Ag + verbal noun can be used after certain verbs of perception, e.g. *feicim* 'I see', *cloisim* 'I hear'; of motion, e.g. *teacht* 'coming', *goil* 'going'; and certain verbs marking the beginning or duration of an action, e.g. *tosaí* 'beginning', *goil* 'going to', 'about to'.

## 2. USE OF A (+ LENITION) WITH VERBAL NOUN

*Cé atá Cáit a phósadh ?*  
*Tá sí ag pósadh fear óg.*

Whom is Cáit marrying ?  
She is marrying a young man.

The general rule that *a* + lenition is used before a verbal noun whose direct object precedes it (see Lesson 13) holds good, e.g. *Cé* (direct object) ... *a phósadh* ?

## 3. VERBAL NOUN WITH PRONOUN OBJECT

### (i) General usage

<i>Tá sé</i>	<i>do mo bhualadh</i>	/gə mə/	He is hitting	me.
	<i>do do bhualadh</i>	/gə də/		you
	<i>dhá bhualadh</i>	/ɣɑ:/		him/it
	<i>dhá bualadh</i>	/ɣɑ:/		her/it
	<i>dhár mbualadh</i>	/ɣɑ:/		us
	<i>dho'ur mbualadh</i>	/ɣɑ:/		you (pl.)
	<i>dhá mbualadh</i>	/ɣɑ:/		them

When a pronoun object, e.g. *mé* is required in a sentence of the sort *Tá sé ag bualadh* 'He is hitting', *do* /gə/ (a preposition meaning 'to' which is unstressed and pronounced as though spelt *go*) and the appropriate possessive adjective is used:

*Tá sé do mo bhualadh* He is hitting me. (*lit.* He is to my hitting.)

*Do* combines with *a* and *ar* to give *dhá* and *dhár*. *Dhá*, *dhár* and *dho'ur* are all pronounced as though spelt *dhá*.

Contrast and emphasis are expressed in the normal way for possessive adjectives (see Lesson 10), e.g. *tá sé do mo bhualadhsa* 'he is hitting **me**', *tá muid dhá bhualadh seisean* 'we are hitting **him**'.

### (ii) Passive construction

This construction can also be used in a passive way:

<i>Tá an teach dhá<sup>1</sup> thóigeáil.</i>	The house is being built. ( <i>lit.</i> ...is to its building)
<i>Tá an balla dhá phéinteáil.</i>	The wall is being painted.
<i>Tá an fhuinneog dhá briseadh.</i>	The window is being broken.

<sup>1</sup>When used in this reflexive or passive way *dhá* is written as *á* in Official Standard Irish. In this dialect it may alternatively be pronounced as *dhá* or *á*.

## 4. FORMATION OF ADVERBS

*Bíonn Cáit cúramach.*

*Bíonn Bríd ag obair go cúramach.*

*Bíonn Bríd anseo go hannamh.*

Cáit is (normally) careful.

Bríd works carefully.

Bríd is rarely here.

Many adjectives used adverbially are preceded by *go*, e.g. *cúramach* ‘careful’, *go cúramach* ‘carefully’. *Go* prefixes *h* to vowels, e.g. *go hannamh* ‘rarely’.

Where there are two adjectives together, *go* may be dropped, e.g. (*go*) *reasúnta cúramach* ‘reasonably carefully’

## 5. PERSONAL NUMBERS

1 person	<i>duine amháin</i> <sup>1</sup>	/d̪iːn̪ˠə w̪aːn̪ˠ/
2 persons	<i>beirt</i>	/b̪ˠeːrt̪ˠ/
3 persons	<i>triúr</i> <sup>2</sup>	/t̪ˠr̪ˠuːr̪ˠ/
4 persons	<i>ceathrar</i>	/k̪ˠæːr̪ˠ/
5 persons	<i>cúigear</i>	/kuːg̪ˠəːr̪ˠ/
6 persons	<i>seisear</i> <sup>2</sup>	/s̪ˠeːs̪ˠəːr̪ˠ/
7 persons	<i>seachtar</i>	/s̪ˠæːxt̪ˠər̪ˠ/
8 persons	<i>ochtár</i>	/ox̪ˠt̪ˠər̪ˠ/
9 persons	<i>naonúr</i>	/n̪ˠiːnuːr̪ˠ/
10 persons	<i>deichniúr</i>	/d̪ˠiːn̪ˠuːr̪ˠ/

These nouns, which are all masculine except *beirt*, e.g. *an bheirt* ‘the two people’, are used when counting people. Above ten, *duine* is used with ordinary numbers.<sup>3</sup>

With nouns denoting people, e.g. *bean*, *sagart*, *múinteoir*, ordinary numbers can be used: *dhá bhean*, *trí shagart*, *cheithre mhúinteoir*. Alternatively, personal numbers may be used followed by a plural form, e.g. *beirt mhná*<sup>4</sup>, *triúr sagairt*, *ceathrar múinteoirí*, or less frequently by the singular in such phrases as e.g. *beirt fhear*.

## TEXT

## IMNÍ

*Tá Máire pósta ag Pádraig. Is duine deas lách é Pádraig agus bhí mé sásta nuair a bhí Máire dhá phósadh. Tá siad pósta anois timpeall’s seacht mí agus sílim go bhfuil Máire sásta leis an saol. Ach deirim i gcónaí go bhfuil an-fhoighid ag Máire !*

*Bhí posta maith ag Máire agus ag Pádraig. Bhí páí mhaith ag Máire. Is clóscríobhaí í agus bíonn sí ag obair mar rúnaí. Bhí seisear ag obair ag comhlacht eicint ag díol is ag ceannacht seancharranna. Ansin lá amháin, tháinig sé abhaile agus dúirt sé go raibh sé réidh ag plé leis na carranna agus go raibh sé ag goil ag tosaí ag foghlaim ceird eicint eile.*

*‘Ach céard atá sé a dhéanamh anois,’ a deirimse, ‘nó céard atá sé ag goil a fhoghlaim ?’*

<sup>1</sup>Aon *duine amháin* /eːn̪ˠiːn̪ˠə w̪aːn̪ˠ/ ‘one person only’ is used for emphasis.

<sup>2</sup>*Beirt nó thriúr* ‘two or three people’, *cúigear nó seisear* ‘five or six people’ sometimes have lenition after *nó*.

<sup>3</sup>Note that *dháréag* /ɣaːr̪ˠeːg̪ˠ/ ‘twelve persons’ is sometimes also used.

<sup>4</sup>Note that *mná* is lenited following the feminine noun *beirt* (see Lesson 4).

'Níl mé cinnte go fóill, a athair, céard atá sé ag goil a dhéanamh,' a deir Máire. 'Tá sé ag goil ag déanamh cúrsa eicint. Beidh sé ag tosaí ag foghlaim Gearmáinis nó Spáinnis. Deir sé gur teanga mhór thábhachtach í an Spáinnis.'

'Tá sé ceart go leor a bheith ag caint ar an oideachas,' a deirimse, 'ach an mbeidh páirt ar bith ag Pádraig chúns a bheas sé ag foghlaim teangacha?'

'Ní bheidh, ach cén dochar? Nach bhfuil mé féin ag saothrú go maith? Tá muid óg agus cén mhaith a bheith ag déanamh inní?'

Ach bím ag déanamh inní. Níl mé cinnte an dtigim na cúrsaí seo ar chor ar bith. Feicim Máire ag goil ag obair 'chuile mhaidin agus ag tíocht abhaile ansin tráthnóna ag níochán soithí agus éadaí agus ag cóiriú leapacha. Bíonn saol bog ag Pádraig ansin ag léamh agus ag scríobh. Feicim go minic é ag imeacht ag imirt chártaí nó ag ól pionta. Ach bíonn Máire ag obair i gcónaí. Nuair a bhí mise óg, dhá mbeadh posta ag fear óg, bheadh sé ag iarraidh é a choinneáil, sin nó bheadh sé ag obair go crua ag iarraidh ceann níos fearr a fháil.

### EXERCISES

A. Complete these sentences using an appropriate verbal noun from among the following: foghlaim, ól, fás, briseadh.

1. Tá an crann .....
2. Bhí Cáit ..... fion ar éir.
3. Beidh muid ag tosaí ..... Fraincis amáireach.
4. Feicim na gasúir ..... fuinneogaí.

B. Complete these sentences using an appropriate verbal noun from among the following: déanamh, foghlaim, briseadh, tóigeáil, pacáil, iarraidh.

1. Céard atá tú .....
2. Seo é an teach atá siad .....
3. Cá bhfuil an fhuinneog a bhí na gasúir .....
4. Cén teanga atá sí ag tosaí .....
5. Ab 'eo é an mála atá sé ag goil .....
6. Céard atá sibh .....

C. Complete these sentences, e.g. Beidh sí do mo phósadh.

1. Beidh sí... ..(mé) (pósadh)
2. Tá siad ..... ( bualadh)
3. Bhí siad ... ..(muid) (plé)
4. Tá an balla ... ..(tóigeáil)
5. Bíonn an t-athair..... (sibh) (moladh)
6. Bhí an balla ..... (péinteáil)

### TRANSLATE

1. Máire has great patience. She is a good typist and she is a wonderful secretary. Her father is always praising Máire. 2. He was associated with buying and selling cars and he was earning well. Now he is going to learn German and Spanish. The poor fellow has no pay at all, but what harm? 3. What is the good of learning (*lit.* to be learning) another trade carefully? While he is learning it I am worrying about these matters. 4. There are certain people who are willing to do exactly what (*lit.* the thing) I say. 5. Sell (*pl.*) that car and then buy another one!

## LESSON 16

### VOCABULARY

<b>aer</b>	/e:r/		air, firmament, sky
<b>adhmaid</b>	/ɑ:məd/		timber, wood
<b>bainis fem.</b>	/ba:n'əs'/	pl. <i>bainiseacha</i>	wedding feast
<b>cead</b>	/k'æ:d/		permission, leave
<b>ciall fem.</b>	/k'i:əl/		sense, cause
<b>cláí</b>	/klai/	<i>cláíonna</i>	stone wall
<b>comhrá</b>	/ko:rɑ:/	<i>comhráití</i>	conversation
<b>comrádaí</b>	/kumrɑ:di:/	<i>comrádaithe</i> /kumrɑ:di:/	comrade, pal
<b>fios</b>	/f'is/	<i>fiosanna</i>	knowledge, information
<b>gealach fem.</b>	/g'æ:Ləx/		moon
<b>grian fem.</b>	/g'r'i:ən/		sun
<b>nóiméad</b>	/Nu:m'e:d/	<i>nóiméadacha</i>	moment
<b>píopa</b>	/p'i:pə/	<i>píopaí</i>	pipe
<b>polaitíocht fem.</b>	/pɔlɔt'i:əxt/		politics
<b>ruainne</b>	/ru:N'ə/		little bit
<b>siúinéara</b>	/s'u:n'e:rə/	<i>siúinéaraí</i>	carpenter, joiner
<b>spéir fem.</b>	/sp'e:r'/		sky
<b>tobac</b>	/tə'ba:k/		tobacco
<b>toitín</b>	/tɔt'i:n'/	<i>toitíní</i>	cigarette
<b>tús</b>	/tu:s/		beginning, start
<b>bain 1</b>	/ba:n'/		take, reap, dig, mine
<b>baint fem.</b>	/ba:N't'/	v.n. of <i>bain</i>	taking, reaping, etc.
<b>breathnaigh 2</b>	/b'r'æ:Nə/		look (at: <i>ar</i> )
<b>breathnú</b>	/b'r'æ:nu:/	<i>breathnaigh</i>	looking, look
<b>caith 1</b>	/ka:/		use up, spend, wear, throw
<b>caitheamh</b>	/ka:/	<i>caith</i>	using, etc.
<b>cas 1</b>	/ka:s/		turn, sing, play
<b>casadh</b>	/ka:sə/	<i>cas</i>	turning, etc.
<b>éirí</b>	/air'i:/	<i>éirigh</i>	rising, becoming, etc.
<b>éirigh 2</b>	/air'ə/		rise, get up, become
<b>ith 1</b>	/i/		eat
<b>ithe</b>	/i:/	<i>ith</i>	eating
<b>roinn 1</b>	/ri:N'/		divide
<b>roinnt fem.</b>	/ri:N't'/	<i>roinn</i>	dividing; division
<b>sín 1</b>	/s'i:n'/		stretch, extend, pass
<b>síneadh</b>	/s'i:n'ə/	<i>sín</i>	stretching, etc.
<b>tit 1</b>	/t'it'/		fall
<b>titim fem.</b>	/t'it'əm'/	<i>tit</i>	falling
<b>deireanach</b>	/d'er'ənəx/		late, last
<b>éasca</b>	/e:skə/		easy, speedy, supple
<b>fánach</b>	/fɑ:Nəx/		pointless, aimless
<b>nádúrthach</b>	/Nɑ:du:rəx/		natural
<b>náireach</b>	/Nɑ:r'əx/		shameful, disgraceful
<b>suaimhneach</b>	/si:m'r'əx/		peaceful, tranquil
<b>cheana</b>	/hɑ:Nə/		previously
<b>faoi cheann</b>	/fi: x'ɑ:N/		at the end of, after

## VOCABULARY NOTES

1. *Ag cur caoi ar* 'putting shape on, tidying, fixing'
2. *Níl a fhios cén t-airgead ...* 'One doesn't know what (how much) money ...'
3. *Ag baint fhataí* 'digging potatoes' (a set phrase with lenition)
4. *ag caitheamh (tobac, píopa, toitín)* 'smoking (tobacco, pipe, cigarette)'
5. *Tá sé ag éirí deireannach* 'It is getting late'; probably under the influence of English, *fáil* is sometimes used with an adjective to mean 'become': *Tá sé ag fáil deireanach.*
6. *Roinnt* is also used as an adverb meaning 'somewhat'

## GRAMMAR

## 1. PREPOSITIONAL PRONOUNS: AG

## (i) Introduction

<i>Bhí an dochtúir ag Cáit inné.</i>	The doctor was at (i.e. visited) C. yesterday.
<i>Bhí an dochtúir ag an mbean eile freisin.</i>	The doctor was at the other woman too.
<i>Bhí an dochtúir agam inné.</i>	The doctor was at me yesterday.

Ag like most prepositions combines with *mé, tú* etc. to give a set of 'prepositional pronouns':

Ordinary form (corresp. to <i>mé</i> )	Contrast (corresp. to <i>mise</i> )	Emphasis (corresp. to <i>mé féin</i> )	Emphatic contrast (corresp. to <i>mise mé féin</i> )
<i>agam</i> /a:gəm/ 'am /a:m/ 'at me'	<i>agamsa,</i> 'amsa	<i>agam féin,</i> 'am féin	<i>agamsa mé féin ,</i> 'amsa mé féin
<i>agat</i> /a:gəd/ 'ad /a:d/ 'at you'	<i>agatsa,</i> 'adsa	<i>agat féin ,</i> 'ad féin	<i>agatsa thú féin ,</i> 'adsa thú féin
<i>aige</i> /eg'ə/ 'at him'	<i>aigesan</i>	<i>aige féin</i>	<i>aigesan é féin</i>
<i>aice</i> /ek'ə/ 'at her'	<i>aicese</i>	<i>aice féin</i>	<i>aicese í féin</i>
<i>againn</i> /a:gəN'/ 'ainn /æ:N'/ 'at us'	<i>againne,</i> 'ainne	<i>againn féin ,</i> 'ainn féin	<i>againne muid féin ,</i> 'ainne muid féin
<i>agaibh</i> /a:gi:/ 'at you (pl.)'	<i>agaibhse</i>	<i>agaibh féin</i>	<i>agaibhse sibh féin</i>
<i>acu</i> /a:kəb/ 'at them'	<i>acusan</i>	<i>acu féin</i>	<i>acusan iad féin</i>

Second person plural pronouns pronounced with two syllables have a final long *i*, e.g. *agaibh* /a:gi:/; those pronounced with one syllable have a final slender *b*, e.g. *sibh* /s'ib'/.

Third person plural prepositional pronouns are pronounced with a final broad *b* which is not shown in spelling, e.g. *acu* /a:kəb/.

The forms *ag, aige, aice* have an initial *e* sound and a slender consonant as though spelt *oig, oige, oice*.

The contrast forms (corresponding to *mise*, etc., see Lesson 2) are the same for almost all prepositions. The first and second singular add *-sa* to a broad consonant, e.g. *agamsa*,

*agatsa*; *-se* is added to a final slender consonant (an example will be seen later in Lesson 22).

## (ii) Usage

*Bhí an dochtúr aige seo inné.* The doctor was at this fellow yesterday.

*Aige, aice, acu* (the ordinary form of the third person prepositional pronouns) can be used with *seo, sin, siúd*, e.g. *aige seo* 'at this fellow/thing', *acu siúd* 'at those people/things'. The choice of *aige* or *aice*, as in the case of all pronouns, follows the rules given for *sé/sí* (see Lessons 5 and 10).

*Tá carr agam féin agus ag Cáit.* Cáit and I have a car.

As is usual where there is a compound subject or object (see Lesson 9), the ordinary forms (*agam, agat*, etc.) are not used.

## (iii) Word order

*Bhí an dochtúr inné agam.* The doctor was at me yesterday.

After the verb *tá*, when the ordinary form of a prepositional pronoun is used, an adverb or short adverbial phrase may precede it, e.g. *inné agam*, but *agamsa inné, agam féin inné*, etc.

## 2. MEANINGS OF AG

### (i) Basic meaning 'at'

*Tá Cáit ag an ngeata.* Cáit is at the gate.

Idiomatically, *ag* expresses 'to have something' (see Lesson 6) or 'to have an ability, quality or knowledge':

<i>Tá Spáinnis agam.</i>	<i>literally:</i> I have Spanish.	I know Spanish.
<i>Tá caint agam.</i>	I have talk.	I can talk.
<i>Tá ceol agam.</i>	I have music.	I can make music.
<i>Tá foighid agam.</i>	I have patience.	I have patience.
<i>Tá ciall agam.</i>	I have sense.	I have sense.
<i>Tá an ceart agam.</i>	I have the right.	I am right / have the right.
<i>Tá súil agam.</i>	I have an eye.	I hope.
<i>Tá a fhios agam.</i> /ta:s a:(gə)m/	I have its knowledge.	I know.

*An bhfuil a fhios agat é ?* 'Do you know it?' – *Tá a fhios.* 'Yes, I do.' It is usual to repeat *a fhios* in a response.

*Níl a fhios cé atá ann* /N'i:l'əs .../ 'People don't know who is there'; *Tá súil go mbeidh Cáit anseo amáireach* 'People hope that Cáit will be here tomorrow'; a certain few idioms can be used without any preposition to mean 'people do...', 'one does ...', corresponding to the autonomous form of the verb; see Lesson 2.

### (ii) Some other meanings

#### (a) 'to' (a person or place)<sup>1</sup>

*Tá Cáit ag goil ag an dochtúr.* Cáit is going to the doctor.

<sup>1</sup>In this sense *ag* has supplanted an older *chuig* which survives elsewhere and is still often written.

## (a) 'of' (a person), 'for' (a person or thing)

*Tá sé go deas ag Cáit a ghoil ansin.* It is nice of Cáit to go there.  
Similarly *go dona* 'bad', *náireach* 'shameful'.

*Tá sé éasca ag Cáit a ghoil ansin.* It is easy for Cáit to go there.

Similarly *nádúrthach* 'natural', *fánach* 'pointless', *go maith* 'good'.

## (c) quantity (of persons or things)

*Tá go leor acu anseo.* There are plenty of them here.

Similarly *roinnt* 'some', *neart* 'lots of'.

3. A USE OF *SEO/SIN* WITH 'AMSA', 'ADSA', ETC.

*Tá an teach sin 'amsa go deas.* That house of mine is nice.  
*Tá an doras seo 'ainne go dona.* That door of ours is bad.  
*Tá Máirtín seo agaibhse tinn.* This Máirtín of yours is sick.

*Seo/sin* are often used with the contrast forms, e.g. 'amsa', 'adsa', to express possession. Where there is a short form, it must be used, e.g. 'ainne, not 'againne. *Seo 'ainne* /s'æ:n'ɔ/ and *seo agaibhse* /s'æ:gi:s'ɔ/ are pronounced as though spelt *seainne*, *seagaibhse*. An emphatic form may also be used with *féin*, but without the contrast suffix *-saise*: *Tá an teach seo 'ainn féin ansin* 'Our own house is there.'

## TEXTS

## OIFIGÍ NUA

*Tá oifigí nua dhá dtóigeáil ar an tsráid in aice leis an teach seo 'ainne. Tá comrádaí ag Máirtín seo 'ainne agus is siúinéara é agus tá sé ag obair ann. Bhí an bheirt acu ag bainis in éindí an lá cheana agus bhí siad ag caint faoi na hoifigí.*

*'Tá a fhios 'am go bhfuil posta maith 'adsa ansin, a Sheáinín,' a deir Máirtín, 'ach dháiríre, an bhfuil ciall ar bith ag daoine atá ag leagan seantithe breá mar sin? Nach raibh na seantithe sin sách maith acu?'*

*'Ar ndóigh, tá an ceart 'ad,' a deir Seáinín. 'Bhí na doirse agus na fuinneogaí go hiontach agus bhí an t-adhmad réasúnta maith. Bhí na horláir ag titim ruainne beag, cé go raibh cuid acu ceart go leor. Mar sin féin, is hocht an rud é tithe mar sin a leagan.'*

*'Níl a fhios 'amsa, ach sllim go mbeidís in ann caoi a chur ar na horláir?'*

*'Bheidís, cinnte,' a deir Seáinín, 'ach tá sé fánach agat a bheith ag caint leis an dream úd. Níl a fhios cén t-airgead atá ag na comhlachtaí móra agus tá siad ag iarraidh é a chaitheamh.'*

*Ach bhíothadh ag cur tús anois leis an gceol agus leis an damhsa, cé go raibh roinnt daoine fós ag ithe agus ag ól. 'Tá duine eicint ag goil ag casadh amhrán faoi cheann cupla nóiméad,' a deir bean Sheáinín, 'agus tá súil agam nach bhfuil sibhse ag goil a bheith ag*



*caint faoin bpolaitíocht aríst. Níl cead ar bith anois agaibh a bheith ag caint faoi na cúrsaí sin anseo.'*

*Bhí deireadh ansin leis an gcomhrá faoi na hoifigí nua.*

### TRÁTHNÓNA

*Bhí Ruairí agus Páidín ag obair ansin ag baint fhataí. Bhí sé ag éirí deireanach anois agus bhí an ghrian ag goil faoi. Bhí dathanna iontacha ar an spéir agus bhí an t-aer fuar. Bhí Ruairí ag éirí tuirseach agus bhí sé ag iarraidh scíth. 'Sín 'am mo phíopa agus an tobac sin! Cá bhfuil mo scian phóca?'*

*Ní raibh Páidín rothuirseach ach bhí sé sásta scíth a thóigeáil agus a ghoil abhaile ansin. Bhí seisean ag iarraidh a phíopa a dheargadh freisin. Bhí an bheirt acu ansin ag caitheamh tobac go suaimhneach in aice leis an gcláí agus ag breathnú ar an spéir. Bhí an oíche ag titim. Bhí an bhliain beagnach thart agus an geimhreadh ag tíocht. Faoi cheann píosa, bheadh an ghealach ag éirí.*

### EXERCISES

In these sentences replace the elements in brackets with the appropriate pronoun form of *ag*, e.g. *Tá a fhios agam go bhfuil Cáit anseo.*

1. *Tá a fhios (ag) (mé) go bhfuil Cáit anseo.*
2. *Bhíodh teach mór (ag) (Brid í féin).*
3. *Tá an ceart (ag) (an feilméara).*
4. *Níl ciall ar bith (ag) (é sin).*
5. *Beidh mé ag goil (ag) (an dochtúr) amáireach.*
6. *Bhí a fhios (ag) (thú féin) 'chuire shórt.*
7. *Sílím go bhfuil caint (ag) (Máirtín beag) anois.*
8. *Tá an ceart (ag) (sibhse) gan a ghoil ann.*
9. *Bheadh sé éasca (ag) (muide) a bheith ag caint.*
10. *Tá go leor leor (peanna) anseo.*

### TRANSLATE:

1. It was nice of Ruairí to come the other evening. I had another pal here and he is a carpenter who is working on the street near this one of ours.
2. It is a great pity to knock down old houses like that and to build new offices. The wood was good. Although the floors were falling a little bit, I am almost certain that one could fix up everything like that.
3. It is pointless for you to talk to 'that' crowd. There is no knowing (*lit.* one doesn't know) what money these people have. Companies like that are willing to do anything.
4. There were some people at the wedding who were eating and drinking. Others were singing songs and dancing.
5. I hope that you are right and that Cáit will be coming tomorrow.
6. It was getting cold and the night was falling. The two of them are smoking pipes peacefully near the stonewall and taking a rest.

# LESSON 17

## VOCABULARY

<b>aiféal</b>	/æ:f'e:L/		regret
<b>aimhreas</b>	/æ:w'r'əs/		doubt, suspicion
<b>aisteoir</b>	/æ:s't'ó:r'/	<i>aisteoirí</i>	actor
<b>amharc</b>	/a:frək/		sight
<b>amharclann fem.</b>	/aurkLəN/	<i>amharclanna</i>	theatre
<b>áthas</b>	/ɑ:s/		joy
<b>bás</b>	/bɑ:s/	<i>básanna</i>	death
<b>béilí</b>	/b'e:l'i:/	<i>béilíocha</i>	meal
<b>billeoig fem.</b>	/b'íl'ó:g'/	<i>billeogaí</i>	leaf
<b>brón</b>	/bru:N/		sorrow
<b>cliú</b>	/k'l'u:/		fame
<b>cloigeann</b>	/kleg'əN/	<i>cloigne /kleg'n'ə/</i>	head
<b>cosúlacht fem.</b>	/kosu:ləxt/	<i>cosúlachtaí</i>	appearance
<b>cuairt fem.</b>	/ku:ərt'/		visit
<b>cuma fem.</b>	/kumə/		shape, appearance
<b>drogall</b>	/dɾogəl/		reluctance
<b>éadan</b>	/e:dən/	<i>éadain /e:dən'/</i>	face, impertinence
<b>eolas</b>	/o:ləs/		knowledge, information
<b>fearg fem.</b>	/f'æ:rəg/		anger
<b>féasóig fem.</b>	/f'i:só:g'/	<i>féasogaí</i>	beard
<b>fonn</b>	/fu:N/		desire, inclination
<b>gáire</b>	/gɑ:r'ə/	<i>gáirí</i>	laugh(ter)
<b>gruaig fem.</b>	/gru:əg'/		hair
<b>gual</b>	/gu:əl/		coal
<b>hata</b>	/hɑ:tə/	<i>hataí</i>	hat
<b>iontas</b>	/i:ntəs/		wonder, amazement
<b>maide</b>	/ma:d'ə/	<i>maidí</i>	stick
<b>moill fem.</b>	/maiL'/	<i>moilleanna</i>	delay
<b>móin fem.</b>	/mu:n'/		turf, peat
<b>náire fem.</b>	/nɑ:r'ə/		shame
<b>ocras</b>	/ukras/		hunger
<b>slaghdán</b>	/slɑidɑ:n/	<i>slaghdáin /sl.aidɑ:n'/</i>	cold
<b>stáitse</b>	/stɑ:t's'ə/	<i>stáitsí</i>	stage
<b>strainc fem.</b>	/stræ:ŋ'k'/	<i>strainceanna</i>	grimace
<b>suíochán</b>	/si:xɑ:n/	<i>suíocháin /si:xɑ:n'/</i>	seat
<b>tart</b>	/tɑ:rt/		thirst
<b>tincéara</b>	/t'ɪŋ'k'e:rə/	<i>tincéaraí</i>	tinker
<b>fan 1</b>	/fa:N/		stay, remain
<b>gáirí</b>	/gɑ:r'i:/		laugh(ing)
<b>scrúdaigh 2</b>	/skru:də/	v.n. of <i>scrúdaigh</i>	examine, scrutinize
<b>scrúdú</b>	/skru:du:/		examining, examination
<b>tóraigh 2</b>	/to:rə/		look / search for
<b>tóraíocht fem.</b>	/to:ri:əxt/	<i>tóraigh</i>	looking / searching for
<b>bán</b>	/bɑ:n/	white	
<b>buí</b>	/bi:/	yellow, tanned	
<b>dearg</b>	/d'æ:rəg/	red	

<b>donn</b>	/daʊN/	brown
<b>dorcha</b>	/dɔrɔxə/	dark
<b>glas</b>	/glɑ:s/	green ( <i>of plants</i> ), grey
<b>gorm</b>	/gɔrəm/	blue
<b>liath</b>	/lʲi:ə/	grey
<b>rua</b>	/ru:ə/	reddish brown
<b>uaine</b>	/wen'ə/	green
<b>nó (go/nach)</b>	/Nu:/	until (... not)

## GRAMMAR

### 1. THE PREPOSITION *AR*

#### (i) Introduction

*Tá bainne ar an mbord.*

*Bhí cóta ar chathaoir anseo inné.*

*Bhí hata orm inné.*

There is milk on the table.

There was a coat on a chair here yesterday.

I had a hat on yesterday.

*Ar* /er'/ 'on' causes lenition to a directly following noun, e.g. *ar chathaoir* 'on a chair', except in certain adverbial phrases, e.g. *ar fad* 'all together', *ar cuairt* 'visiting', *ar ball* 'in a while'.

#### (ii) Prepositional pronouns

Ordinary forms		Pronunciation
<i>orm</i>	on me	/ɔrəm/
<i>ort</i>	on you	/ort/
<i>air</i>	on him/it	/er'/
<i>uirthi</i>	on her/it	/ɔrə/
<i>orainn</i>	on us	/ɔrɔN'/
<i>oraibh</i>	on you ( <i>pl.</i> )	/ori:/
<i>orthu</i>	on them	/ɔrəb/

Both *ar* and *air* are pronounced with an e-sound and palatalized *r*, as though spelt *oir*.

The contrast forms and general usage is the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *orm*, *ormsa*, *orm féin*, *ormsa mé féin* (see Lesson 15).

#### (iii) Meanings of *ar*

Basic meaning 'on':

*Tá bainne ar an mbord.*

There is milk on the table.

Idiomatically *ar* expresses:

#### (a) to wear, have on:

*Tá hata agus fáinní orm.*

I am wearing a hat and rings.

Similarly: *cóta* 'a coat', and any other item of dress.

(b) to have a natural aspect, feature or appearance:

*Tá féasóg, lámha fada agus cuma  
thuirseach ar an múinteoir.*

The teacher has a beard, long arms  
and a tired appearance.

Similarly: *éadan deas* 'a nice face', *strainc* 'a grimace', *dath buí* 'a yellow colouring', *droch-chosúlacht* 'a bad appearance'. Also *tá báisteach*, *sneachta* etc. *air* 'it looks like rain (snow etc.)'.

(c) an emotional or physical state (incl. disease) or estimation:

<i>Céard atá orm ?</i>	<i>literal meaning:</i> What is on me ?	What is the matter with me ?
<i>Tá brón orm (go/nach)</i>	There is sorrow on me.	I am sorry (that ... (not))
<i>Tá áthas orm (go/nach)</i>	joy	I am glad (that ... (not))
<i>Tá inní orm (go/nach)</i>	worry	I am worried (that ... (not))
<i>Tá faitíos orm (go/nach)</i>	fear	I am afraid (that ... (not))
<i>Tá náire orm (go/nach)</i>	shame	I am ashamed (that ... (not))
<i>Tá aiféal orm (go/nach)</i>	regret	I regret (that ... (not))
<i>Tá iontas orm (go/nach)</i>	wonder	I am amazed (that ... (not))
<i>Tá aimhreas orm (go/nach)</i>	doubt	I am doubtful / suspicious ...
<i>Tá ocras orm.</i>	hunger	I am hungry.
<i>Tá tart orm.</i>	thirst	I am thirsty.
<i>Tá fonn orm</i>	a desire	I desire to ...
<i>Tá drogall orm</i>	reluctance	I am reluctant to ...
<i>Tá deifir orm.</i>	a hurry	I am in a hurry.
<i>Tá moill orm.</i>	a delay	I am delayed.
<i>Tá fearg orm.</i>	anger	I am angry.
<i>Tá cliú orm.</i>	fame	I am famous.
<i>Tá slaghdán (etc.) orm.</i>	a cold	I have a cold.

Note that a certain few idioms can be used impersonally (corresponding to the autonomous form of the verb).

*Tá faitíos nach mbeidh Cáit ann.  
Tá aimhreas go mbeidh sé tinn.  
Níl a fhios cé mhéad atá ansin.*

People are afraid that Cáit won't be there.  
People suspect that he will be sick.  
People don't know how much there is there.  
There is a great deal there.

(d) to have a name, a price:

*Máirtín atá orm.  
Punt atá ar an leabhar seo.*

Máirtín is my name.  
(It is) a pound that book costs.

(The word order here will be explained in Lesson 34). – Somewhat similarly: *Tá Máirtín sásta é a dhéanamh ar phunt*. 'Máirtín is willing to do it for a pound.'

(e) to have to do something:

*Tá orm bainne a ól.*

I have to drink milk.

(f) to have or do something to someone's disadvantage:

*Tá sé ag briseadh fuinneogaí orm.  
Tá airgead ag Cáit orm.*

He is breaking windows 'on me'.  
I owe Cáit money. ('C. has money to my disadvantage')

*Bhí spóirt ag Cáit orm.*

Cáit had fun at my expense.

(g) (adverbially) to describe a state:

*Tá sé ar cuairt anseo.*  
*Tá sí ar an gcoláiste.*

He is visiting here.  
She is attending the college.

(h) to strengthen the imperative of verbs expressing continued action:

*Fan ort !*  
*Foighid ort !*

Wait (will you) !  
Have patience !

A few verbs expressing continued action (and the quasi-imperatives of the sort in the second example above) use *ort/oraibh* to strengthen an imperative.

## 2. AG CUR AR 'CAUSING'

(i) Introduction

*Tá ocras ar Cháit.*  
*Tá sé ag cur ocras ar Cháit.*

Cáit is hungry.  
It is causing Cáit to be hungry.  
'It is putting hunger on C.'

*Cur* 'to put' can be used with most idioms containing the preposition *ar* to mean 'to cause to ...'

## TEXT

### AN AMHARCLANN

*Tráthnóna Dé hAoine seo caite, bhí cuma thuirseach ar mo bhean Cáit. Bhí faitíos uirthi go raibh slaghdán ag tíocht uirthi; ach mar sin féin, bhí fonn uirthi a ghoil ag an amharclann. Bhí áthas orm féin mar bionn drogall orm fanacht sa mbaile ag an deireadh seachtaine. I dtosach, bhí muid ag breathnú ar an bpáipéar ag tóraíocht drama eicint a bheadh go maith. Ansin dúirt Cáit go raibh fonn uirthi an drama nua Gaeilge 'An Tincéara Rua' a fheiceáil, cé go raibh aimhreas orm nach mbeadh sé go maith. Bhí sé ag éirí deireannach cheana féin. Bhí deifir orainn mar bhí faitíos orainn go mbeadh an amharclann lán.*

*Fuair muid suíocháin, cé nach raibh siad romhaith. Bhí aiféal orainn nach raibh muid in aice leis an stáitse mar tá an t-amharc go dona ag an mbeirt againn. Ní raibh sé i bhfad nó go raibh an áit plódaithe.*

*Ní raibh an drama é féin romhaith, ach bhí na haisteoirí go hiontach, cé nach bhfuil mórán cliú orthu ar chor ar bith. Mar sin féin, bhí an chosúlacht air go raibh go leor daoine sásta. Bhí 'chuile dhuine ag gáirí faoin tincéara rua. Bhí gruaig rua air agus féasóig mhór liath. Bhí hata buí ar a chloigeann agus treabhsar beag dearg air. Ní raibh bróga ar bith air agus bhí maide mór fada aige. Bhí iontas orm nach raibh sé fuar ag siúl thart mar sin !*

*Nuair a bhí an drama thart, bhí ocras orainn agus chuaigh muid ar cuairt ag cairde. Bhí béilí beag againn in éindí.*

## EXERCISES

A. Complete these sentences using an appropriate noun from among the following: *drogall, tart, fonn, brón, fearg, faitíos, deifir, áthas, ocras, imní, e.g. Fuair m'athair bás anuraidh. Bhí brón mór orm.*

1. *Fuair m'athair bás anuraidh. Bhí ..... mór orm.*
2. *Fuair mé airgead inné. Bhí .....orm.*
3. *Tá máthair Cháit tinn. Tá .....uirthi a ghoil ag na peictiúir.*
4. *Tá an seomra seo dorcha. An bhfuil .....oraibh ?*
5. *Tá go leor bia ann. An bhfuil .....ort ?*
6. *Tá na gasúir ag briseadh fuinneogaí orm. Tá .....orm.*
7. *Beidh peictiúr maith anocht. Deir Máirtín go bhfuil .....air a ghoil aige.*
8. *Beidh scrúdú acu agus tá .....orthu.*
9. *Bhí an lá uafásach te agus bhí .....orainn.*
10. *Tá mé ag iarraidh a ghoil abhaile anois mar tá .....orm.*

B. Complete these sentences using an appropriate colour from among the following: *dearg, bán, dubh, buí, liath, donn, glas, rua, gorm, uaine.*

1. *Tá an sneachta ..... .*
2. *Bhí an aimsir go hálainn. Bhí an spéir uilig ..... .*
3. *Tá an mháistréas sean agus tá a cuid gruaige ..... .*
4. *Tá an t-earrach ann aríst. Tá billeogaí ..... ar na croinnte.*
5. *Tá an fhuil ..... .*
6. *Tá an fómhar ann. Tá na billeogaí dearg agus ..... .*
7. *Tá an gual ..... agus tá an mhóin ..... .*
8. *Bhíodh an clár dubh i gcónaí dubh . Anois bíonn cuid acu ..... .*
9. *Bhí 'chuile dhuine ag gairí faoin tincéara. Bhí a chuid gruaige ..... .*

## TRANSLATE:

1. She was wearing a blue skirt and a yellow coat. 2. She was looking (*ag breathnú*) well although she had a tired appearance. 3. He is looking at the paper looking for information about the new play, the one I think will be good. 4. The theatre was crowded. All the same, we got seats near the stage for a pound. The play was wonderful but the actors were bad even though they are famous. 5. I had a pair of trousers and a shirt on. **You** had a skirt and jumper on. **He** was wearing a coat and cap as he had a cold. 6. We were hungry and thirsty and so we went visiting them. We felt like a good meal. 7. Look (*pl.*) everywhere ! Search (*pl.*) for the ring !

## LESSON 18

### VOCABULARY

<b>aithne</b> <i>fem.</i>	/æ:n'ə/		knowing, recognition
<b>árasán</b>	/ɑ:rəsɑ:n/	<i>árasáin</i> /ɑ:rəsɑ:n'/	flat, apartment
<b>baladh</b>	/bɑ:lə/		smell
<b>buíochas</b>	/bɪ:əxəs/		gratitude
<b>ceimic</b> <i>fem.</i>	/k'em'ək'/		chemistry
<b>cion</b>	/k'ɪN/		affection, fondness
<b>cor</b>	/kɔr/	<i>coranna</i>	stir, movement, twist
<b>deis</b> <i>fem.</i>	/d'es'/	<i>deiseanna</i>	opportunity, means
<b>eolaíocht</b> <i>fem.</i>	/o:li:əxt/		science
<b>fisic</b> <i>fem.</i>	/f'is'ək'/		physics
<b>Francach</b>	/fra:ŋkəx/	<i>Franciaigh</i> /fra:ŋkə/	Frenchman
<b>gráin</b> <i>fem.</i>	/grɑ:n'/		hatred, detestation
<b>léacht</b>	/l'e:xt/	<i>léachtanna</i>	lecture
<b>léachtóir</b>	/l'e:xtɔ:r'/	<i>léachtóirí</i>	lecturer
<b>mac léinn</b>	/mɑ:k'l'e:n'/	<i>mic léinn</i>	student
<b>marc</b>	/mɑ:rk/	<i>marcanna</i>	mark, target
<b>meabhair</b> <i>fem.</i>	/m'aur'/		intelligence, mind
<b>meas</b>	/m'æ:s/		respect, esteem
<b>raidió</b>	/ra:d'io:/		radio
<b>Rúisis</b> <i>fem.</i>	/ru:s'əs'/		Russian (language)
<b>scoláireacht</b> <i>fem.</i>	/skɔlɑ:r'əxt/	<i>scoláireachtaí</i>	scholarship
<b>spraoi</b>	/spri:/		spree, playing
<b>tóir</b> <i>fem.</i>	/to:r'/		pursuit
<b>torann</b>	/tɔrən/		noise
<b>údar</b>	/u:dət/	<i>údaracha</i>	cause, ground
<b>Albain</b> <i>fem.</i>	/ɑ:ləbən'/	Scotland	
<b>Frainc</b> <i>fem.</i>	/fræ:ŋ'k'/	France	
<b>Rúis</b> <i>fem.</i>	/ru:s'/	Russia	
<b>Spáinn</b> <i>fem.</i>	/spɑ:n'/	Spain	
<b>athraigh</b> 2	/ɑ:rə/	change	
<b>athrú</b>	/ɑ:ru:/	changing, change	
<b>codail</b> 2 <sup>1</sup>	/kɔdəl'/	sleep	
<b>codladh</b>	/kɔlə/	sleeping, sleep	
<b>goid</b> 1	/ged'/	steal	
<b>goid</b>	/ged'/	stealing	
<b>las</b> 1	/lɑ:s/	light	
<b>lasadh</b>	/lɑ:sə/	lighting	
<b>snámh</b> 1	/snɑ:w/	swim	
<b>snámh</b>	/snɑ:w/	swimming	
<b>paiteanta</b>	/pɑ:t'əntə/	perfect, patient	
<b>as a chéile</b>	/ɑ:s ə x'e:l'ə/	in a row, consecutively	
<b>aníos</b>	/ə'n'ɪ:s/	from below	

<sup>1</sup> *Codl* /kɔl/ before any ending

## VOCABULARY NOTES

1. *ar feadh píosa* /er' f'æ: p'í:sə/ 'for a while'

2. *ag baint spóirt as* 'getting fun out of'

3. *go maith as* 'well off'

4. *ag déanamh spraoi* 'playing'

5. The article is generally used with the names of countries, e.g. *an Fhrainc*, *an Rúis*, *an Spáinn*; but *Sasana*, *Meireacá* never have the article. *Éirinn* and *Albain* only take the article in the genitive (which is dealt with in Lessons 31 and 33).

## GRAMMAR

## 1. INDIRECT RELATIVE CLAUSES

<i>Feicim an bord atá ansin.</i>	I see the table which is there.
<i>Feicim an bord a bhfuil an leabhar air.</i>	I see the table which the book is on.
<i>Feicim an bhean atá ansin.</i>	I see the woman who is there.
<i>Feicim an bhean a bhfuil an teach aici.</i>	I see the woman who has the house.

Unstressed *a /ə/*, which causes eclipsis and is followed by the dependent form of the verb (see Lesson 2), is used when the noun which the relative clause refers to is not the topic of the clause, e.g. *an bord a bhfuil an leabhar air* 'the table which the book is on'; where *an leabhar* 'the book' and not *an bord* 'the table' is the topic of the relative clause. In practice, this indirect relative is required:

(i) if the clause contains a preposition: *an bord a bhfuil an leabhar air*!

(ii) if the clause is in genitive relation ('whose'): *an fear a bhfuil a mhac anseo* 'the man whose son is here'.

(iii) if the clause refers to:

(a) time:

*Sin é an t-am a raibh Cáit anseo.* That is the time that (at which) Cáit was here.

Similarly: *an lá* 'the day', *an tseachtain* 'the week', *an uair*<sup>2</sup> 'the occasion', etc.

(b) a reason:

*Sin é an fáth a mbeidh Cáit anseo.* That is (the reason) why Cáit will be here.

Similarly: following *an t-údar* 'the grounds for, the reason'.

(c) the word *áit* 'place':

*Sin é an áit a bhfuil Cáit.* That is where (the place at which) Cáit is.

In the same way *cén t-am* 'at what time', *cén fáth* 'why', *cén áit* 'where', are followed by an indirect relative, e.g. *Cén t-am a raibh tú anseo?* 'What time were you here at?'

<sup>1</sup>An older construction *an bord ar a bhfuil an leabhar* 'the table on which the book is' is still often used in writing, and more rarely in speech.

<sup>2</sup>*An uair* 'the occasion, the time' may take either a direct or indirect clause: *an uair a bhí tú anseo* or *an uair a raibh tú anseo* 'the time you were here'.



## 2. DOUBLE INDIRECT RELATIVE

*An bhfuil an leabhar ar an mbord a sílim a bhfuil sé air ?* Is the book on the table which I think it is on ?

In an indirect relative clause, verbs which are normally followed by *go/nach*, e.g. *sílim go bhfuil ...* 'I think ...', are followed by another indirect relative, e.g. *an bord a sílim a bhfuil sé air* 'the table which I think it is on'.

## 3. SOME IDIOMS COMBINING AG AND AR

<i>Tá meas agam ar Cáit.</i>	I have respect for Cáit.
<i>Tá buíochas agam ar Cáit.</i>	I am grateful to Cáit.
<i>Tá aithne agam ar Cáit.</i>	I am acquainted with Cáit; I know Cáit.
<i>Tá cion agam ar Cáit.</i>	I am fond of Cáit.
<i>Tá ceist agam ar Cáit.</i>	I have a question for Cáit.
<i>Tá an ghráin agam ar Cáit.</i>	I detest Cáit.
<i>Tá eolas agam ar an áit seo.</i>	I have a knowledge of (am familiar with) this place.
<i>Tá an-tóir agam ar an áit seo.</i>	I am very keen on this place.
<i>Tá seans agam ar phosta.</i>	I have a chance of a job.

## 4. THE PREPOSITION AS

## (i) Introduction

*Tóg leabhar as bosca.* Take a book out of a box !  
*Tóg an leabhar as an mbosca.* Take the book out of the box !

When used with the singular article *as* causes eclipsis to a following noun, e.g. *as an mbosca* 'out of the box'.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>asam</i>	out of me	/a:səm/
<i>asat</i>	out of you	/a:səd/
<i>as</i>	out of him/it	/a:s/
<i>aisti</i>	out of her	/æ:s'ɪ'ə/
<i>asainn</i>	out of us	/a:səN'/
<i>asaibh</i>	out of you (pl.)	/a:si:/
<i>astu</i>	out of them	/a:stəb/

The contrast forms and general usage is the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *asam, asamsa, asam féin, asamsa mé féin* (see Lesson 16).

*Asat, asainn, asaibh* have an alternative pronunciation /a:sdəd/, /a:sdəN'/, /a:sdi:/ resp.

(iii) Meaning of *as*

Basic meaning 'out of'

*Tóg leabhar aníos as an mála !* Take a book (up) out of the bag !

More idiomatically *as* is used:

(a) to denote 'out of a material'

*Tá Cáit ag déanamh sciorta as an éadach.* Cáit is making a skirt out of the cloth.

(b) to express 'out of', as a result of a state of mind:

*Bíonn Cáit dhá dhéanamh as fearg.* Cáit (normally) does it out of anger.  
Similarly: *as taghd /taid/* 'in a fit of temper'.

(c) to express 'from' (a town, county, country, island):

*Beidh Cáit ag teacht as Meireacá amáireach.* Cáit will be coming from America tomorrow.

Similarly: *as Baile Átha Cliath* 'from Dublin', *as an Spáinn* 'from Spain', etc.

(d) to express 'off, from, out of' (smell<sup>1</sup>, noise, movement):

*Tá baladh as an madadh sin.* That dog smells; there is a smell off that dog.  
Similarly: *torann as* 'noise from', *cor as* 'movement from'.

(e) to express 'out, off' (of fire, machines, etc.):

*Tá an tine as.* The fire is out.  
*Cas as an raidió!* Turn off the radio!

(f) with *féin* to mean 'alone'

*Tá Máirtín as féin anois.* Máirtín is alone now.

(g) in certain adverbial expressions:

*Tá sé as cuma.* It is out of shape.  
Similarly: *as marc* 'off target, wrong'.

(h) with *a chéile* to express 'consecutive', 'in a row', 'asunder', 'apart':

*Bhí Cáit anseo trí lá as a chéile.* Cáit was here three days in a row.  
*Tá an teach ag titim as a chéile.* The house is falling apart.

(iv) Idiomatic use of *a* with copula:

*Cé as Cáit? Is as Gaillimh í.* Where is Cáit from? She is from Galway.

The copula (*is, ní, ar, nach*, etc., see Lesson 11) is used with *as* to mean 'is from', 'comes from', e.g. *Is as Baile Átha Cliath é* 'He is from Dublin'.

## 5. QUESTIONS WITH PREPOSITIONS

*Cé air a bhfuil an leabhar?* On what is the book?  
*Cé aige a bhfuil an teach?* Who has the house?

*Cé* is used with the third person singular masculine form of the preposition, e.g. *air, aige*, and is followed by an indirect relative clause.

<sup>1</sup>Also *ar* in case of smell.

## TEXT

## MAC LÉINN

Tá Bríd beagnach trí bliana ar an ollscoil anois. I dtosach, bhí sí ag plé leis an gceimic. Bhí meas mór aice ar an múinteoir eolaíocht a bhí aice ar an meánscoil agus bhí eolas maith aice ar an gceimic agus ar an bhfisic. Ag an am céanna, bhí an-tóir aice ar theangacha. Ansin fuair sí seans ar athrú. Bhí deis aice Fraincis agus Rúisis a dhéanamh. Ní raibh Fraincis ná Rúisis aice mar ábhair ar an meánscoil agus mar sin, bhí sé an-deacair uirthi. Bhí sí ag goil ag cúrsa speisialta aisti féin ar feadh píosa agus ansin fuair sí cead a ghoil ag na léachtanna a raibh mic léinn eile ag goil acu.

Bhí sé fíordheacair an dá theanga a fhoghlaim in éindí. Ní raibh sé éasca na léachtanna a thiscint. Ansin, lá amháin, dúirt an léachtóir go mbeadh uirthi a ghoil ag an bhFrainc agus sé mhí as a chéile, nó b' fhéidir bliain féin, a chaitheamh ag foghlaim Fraincis.

Fuair Bríd scoláireacht anuraidh agus bhí sí in ann beagnach bliain a chaitheamh ar ollscoil Fhrancach. Ní raibh sí i bhfad ag cur eolas ar an gcoláiste sin ná ní raibh sé i bhfad go raibh aithne aice ar go leor mic léinn eile. Bhíodh na Francaigh i gcónaí ag cur ceisteanna uirthi: 'Cé as thú?' – 'Cén áit a bhfuil Gaillimh?' – 'Cén fáth a bhfuil tú anseo?' Ach bhí sí sách sásta leis an áit ach amháin go raibh an ghráin aice ar an mbia! Nuair a tháinig sí abhaile bhí Fraincis phaiteanta aice.

I mbliana bíonn timpeall's deich léacht ag Bríd 'chuile sheachtain. Uaireanta bíonn sí an-tuirseach. Ní bhíonn fonn uirthi rud ar bith a dhéanamh ach a ghoil abhaile agus an tine a lasadh agus an raidió a chasadh air. Uaireanta eile, deir sí go mbíonn sé níos fearr an raidió a chasadh as agus a ghoil a' chodladh tamall.

Cé go bhfuil muintir Bhríd go maith as agus go bhfuil teach mór acu in aice leis an bhfarraige, tá árasán aice féin. Tá an t-árasán in aice leis an ollscoil. Deir sí nach mbíonn sí in ann léamh sa mbaile. Bíonn na gasúir óga ag déanamh torann agus ag goid leabhartha uirthi. Mar sin féin, tá cion aice orthu. Bíonn sí ar cuairt acu ag an deireadh seachtaine. Bíonn fonn uirthi a bheith ag déanamh spraoi leis na gasúir agus a bheith ag baint spóirt astu. Bíonn siad uilig ag goil ag snámh in éindí.

Nach iontach an saol a bhíonnas ag mic léinn!

## EXERCISES

Make one sentence of the following, e.g. *Tá crann ansin. Tá billeogaí glasa air: Tá crann ansin a bhfuil billeogaí glasa air.*

1. *Tá crann ansin. Tá billeogaí buí air.*
2. *Féicim an bhean. Bhí cóta gorm uirthi.*
3. *Tá an fear anseo. Tá a mhac tinn.*
4. *Sin é an lá. Bhí Cáit anseo.*
5. *Sin é an fáth. Beidh mé sásta.*
6. *Sin é an uair. Ní raibh tú sásta.*
7. *Sin é an buachaill. Silim go mbeidh an leabhar aige.*

## TRANSLATE

1. She was fond of the science teacher but she was very keen on languages. 2. The lecturers and the lectures were very bad. As for the exams, they were terrible! 3. I was

alone. Were you alone too ? It is hard to get to know people at the university. 4. I know Máirtín, but I don't know where he is now. 5. Where are those people from ? I am not sure whether they are from France or Spain. 6. I got a letter from America on two consecutive days. 7. There wasn't any noise from them for a while. 8. Turn (*pl.*) off the radio ! Light (*pl.*) the fire and change your clothes ! There are people coming visiting us. I don't know why they are coming now. 9. On what is the book ? On the table. 10. Take the book up out of the bag !

## LESSON 19

## VOCABULARY

<b>aill</b> <i>fem.</i>	/ɑ:l' /	<i>alltracha</i> /ɑ:l'træxi:/	cliff
<b>ainm</b>	/æ:n'əm' /	<i>ainmneacha</i>	name
<b>céad</b>	/k'e:d/	<i>céadtha</i> /k'e:tə/	hundred(weight)
<b>céibh</b> <i>fem.</i>	/k'e:w' /	<i>céibheanna</i>	pier, quay
<b>cósta</b>	/ko:stə/	<i>cóstaí</i>	coast
<b>curach</b> <i>fem.</i>	/ko:rəx/	<i>curacha</i>	curragh ( <i>canvas boat</i> )
<b>domhan</b>	/daun/		world
<b>fad</b> <i>fem.</i> <sup>1</sup>	/fa:d/		length
<b>halla</b>	/ha:lə/	<i>hallaí</i>	hall
<b>leac</b> <i>fem.</i>	/l'æ:k/	<i>leacracha</i>	slab, large flat stone
<b>leath</b>	/l'æ:/	<i>leathacha</i>	half
<b>leathcéad</b>	/l'æ'x'e:d/		fifty
<b>leithead</b>	/l'e:d/		width
<b>ní</b>	/N'i:/		thing ( <i>in set phrases</i> )
<b>séipéal</b>	/s'e:p'e:l /	<i>séipéil</i> /s'e:p'e:l' /	chapel
<b>staighre</b>	/stair'ə/	<i>staighrí</i>	(sets of) stairs
<b>teilifís</b> <i>fem.</i>	/t'el'f'i:s' /		television
<b>cas</b> 1	/ka:s/	meet	
<b>castáil</b> <i>fem.</i>	/ka:stá:l' /	meeting	
<b>gabh</b>	/gə/	go ! come !	
<b>iascach</b>	/i:əskəx/	fishing	
<b>loigh</b> <sup>2</sup> 1	/lɔ/	lie down, land	
<b>loighe</b>	/l.ai/	lying down, inclination, landing	
<b>mair</b> 1	/ma:r' /	live, survive	
<b>maireachtáil</b> <i>fem.</i>	/ma:r'əxtá:l' /	living	
<b>tarlaigh</b> 2	/tɑ:rLə/	happen	
<b>tarlú</b>	/tɑ:rLɔ:/	happening	
<b>beo</b>	/b'o:/	alive, quick	
<b>blasta</b>	/blɑ:stə/	tasty	
<b>briste</b>	/b'r'is't'ə/	broken	
<b>domhain</b>	/daun' /	deep	
<b>fíor</b>	/f'i:ər/	true	
<b>furasta</b>	/frustə/	easy, simple	
<b>míshásta</b>	/m'i:ha:stə/	dissatisfied	
<b>péinteáilte</b>	/p'e:n't'ɑ:l't'ə/	painted	
<b>scioptha</b>	/s'k'upi:/	quick	
<b>tanaí</b>	/tɑ:ni:/	thin, shallow	
<b>tirim</b>	/t'ir'əm' /	dry	
<b>tiubh</b>	/t'u(w)/	thick, dense	

<sup>1</sup> Although *fad* is feminine, a following adjective is not lenited, e.g. *fad mór* 'a great length'.

<sup>2</sup> When *loigh* /Lɔ/ is followed by an ending pronounced with an initial vowel, e.g. *-(a)igf* /ig'i:/, it combines with the ending to give /ai/, e.g. *loighif* /Laig'i:/ 'lic (pt.) down !'.

<b>a chéile</b> <sup>1</sup>	/ə x'e:l'ə/	one another
<b>ach amháin</b>	/a:x ə'wɑ:n'/	except
<b>amach is amach</b>	/ə'ma:x əs ə'ma:x/	completely, extremely
<b>ar éigin</b>	/er' e:g'an'/	just
<b>ar fhad</b>	/er' æ:d/	in length
<b>ar leithead</b>	/er' L'e:d/	in width
<b>chomh</b>	/xə/	as ( <i>see this lesson</i> )
<b>go leith</b>	/gə L'el/	and a half
<b>ná</b>	/nɑ:/	than

#### VOCABULARY NOTES:

1. *ag goil isteach ag an oileán* 'going to the island', *lit.* into, (similarly 'out of')
2. *má tá féin* 'even if it is'; *féin* may be used, mainly in an if-clause or negative sentence, to mean 'even'.
3. *tugaim faoi deara* 'I notice'
4. *(a) mh' anam (golnách)* 'indeed'

### GRAMMAR

#### 1. COMPARATIVE DEGREES OF ADJECTIVE

##### (i) Comparative

*Tá an seomra seo níos dorcha.*                      This room is darker.  
*Is dorcha an seomra seo.*                              This room is darker.

A comparison is expressed:

(a) by *níos* (*lit.* 'a thing which is'; *ní* 'a thing' written together with *is*, the relative form of the copula, 'which is') before a form of the adjective, e.g. *dorcha* 'dark', *níos dorcha* 'darker'.

(b) by the copula *is* (see 'Lesson 11) before the adjective, e.g. *Is dorcha* 'is darker'.

##### (ii) Superlative

*Tá an seomra is dorcha anseo.*                      The darkest room is here.  
*Sin í an deoch is blasta.*                              (*lit.* The room which is darkest is here)  
That is the tastiest drink.

To form a superlative, *is* (relative form of the copula) is used before the adjective.

##### (iii) Form of adjective

The form of the adjective (or adverb) used in the comparative and in the superlative is always the same.

Two-syllable adjectives which end in a vowel, e.g. *dorcha*, *blasta*, and all verbal adjectives, e.g. *briste* 'broken', *péinteáilte* 'painted', do not change.

---

<sup>1</sup>When used with prepositions ending in a vowel, *n* /N/ may optionally be inserted: *le a chéile* or *lena chéile* 'with each other'. Normally when *n* is not inserted, the actual pronunciation is shown by omitting the *a*: *le chéile*, *ó chéile* (see Appendix I.5).

One-syllable adjectives pronounced with a final vowel add *-(o)cha /xə:l*<sup>1</sup>

<i>beo</i>	live, quick	<i>níos/ís beocha</i>
<i>buí</i>	yellow	<i>níos/ís buíocha</i>
<i>breá</i>	fine	<i>níos/ís breácha</i>
<i>crua</i>	hard	<i>níos/ís cruacha</i>
<i>rua</i>	reddish brown	<i>níos/ís ruacha</i>
<i>luath</i>	early	<i>níos/ís luathcha</i>
<i>liath</i>	grey	<i>níos/ís liathcha</i>
<i>réidh</i>	ready, easy	<i>níos/ís réacha</i>

In two or three adjectives the syllable is lengthened:

<i>tiubh</i>	thick	<i>níos/ís tiúcha</i>	also <i>tibhe /t'iw'ə/</i>
<i>dubh</i>	black	<i>níos/ís dúcha</i>	<i>duibhe /diw'ə/</i>
<i>te</i>	hot	<i>níos/ís teocha /t'ɔ:xə/</i>	

Other regular types will be dealt with in later lessons.

(iv) Adjectives with irregular comparative form

<i>maith</i>	good	<i>(níos/ís) fearr</i>	<i>/f'ɑ:r/</i>	better, best
<i>dona</i>	bad	<i>measa</i>	<i>/m'æ:sə/</i>	worse, worst
<i>mór</i>	big	<i>mó</i>	<i>/mu:/</i>	bigger, biggest
<i>beag</i>	small	<i>lú</i>	<i>/l.u:/</i>	smaller, smallest
<i>álainn</i>	beautiful	<i>áille</i>	<i>/ɑ:l'ə/</i>	more/most beautiful
<i>gránna</i>	ugly	<i>gráinne</i>	<i>/grɑ:n'ə/</i>	uglier, ugliest
<i>fada</i>	long	<i>foide</i>	<i>/fed'ə/</i>	longer, longest
<i>tanaí</i>	thin	<i>tanaíocha</i>	<i>/ta:ní:xə/</i>	thinner, thinnest
<i>minic</i>	often	<i>minicí</i>	<i>/m'in'ək'i:/</i>	more/most often
<i>tirim</i>	dry	<i>trioma</i>	<i>/t'r'umə/</i>	drier, driest
<i>furasta</i>	easy	<i>fusa</i>	<i>/fusə/</i>	easier, easiest

All these forms are pronounced regularly in accordance with the table in Appendix I (with the exception of *furasta /frustə/* in which the first syllable is dropped).

The forms *níos dona*, *níos beige*, *níos furasta* are also used, though probably less frequently than the forms given above.

## 2. USE OF *CHOMH* WITH ADJECTIVES

### (i) With *le*

*Tá Cáit chomh mór le Máirtín.* Cáit is as big as Máirtín.

*Chomh ... le* is used before a noun to express 'as ... as', e.g. *chomh mór le* 'as big as'.

### (ii) With *is* followed by a direct relative

*Níl Cáit chomh sásta is a bhí Máirtín.* Cáit is not as pleased as Máirtín was.

<sup>1</sup>This *-(o)cha /xə/* (or alternative form *-chte /xt'ə/*) is a feature of this dialect and is not written in Official Standard Irish.

*Chomh ... is followed by a direct relative (see Lesson 13) is used before a verb to express 'as ... as', e.g. chomh sásta is a bhí 'as pleased as ... was'. This is can be taken to be the shortened form of agus, which may also occur in this construction.*

(iii) With *sin*

*Níl sé chomh maith sin.* He is not all that good.  
*Bhí Máirtín chomh sásta sin go mbeidh Cáit sásta freisin.* Máirtín was so pleased that Cáit will also be pleased.

*Chomh ... sin (go/nach) is used to express 'all that ...', 'so that ...', e.g. chomh maith sin 'all that good', chomh sásta sin 'so pleased that ...'.*

(iv) With *céanna*

*Tá Máirtín chomh beag céanna.* Máirtín is just as small.

*Chomh ... céanna is used to express 'just as ...', e.g. chomh beag céanna 'just as small'.*

## (v) As exclamation

*Chomh ard le Cáit!* How tall Cáit is!

*Chomh ... le can be used to express 'how ... !'*

## (vi) In questions

*Cé chomh ard le Cáit?* How tall is Cáit?

*Cé chomh ... can be used to express 'how ... is?'*

## 3. ADVERBS OF DIRECTION AND POSITION

## (i) Introduction and table

*Tá Cáit ag goil suas.* Cáit is going up(wards).  
*Tá Cáit thuas.* Cáit is up (above).  
*Tá Cáit ag teacht anuas.* Cáit is coming down (from above).

The use of these adverbs depends on the position of the speaker. *Suas* 'up, upwards' implies motion or direction away from the speaker, *thuas* 'up, above', a position above, while *anuas* 'down from above' indicates movement or direction downwards from above the speaker.

Here is a table of these adverbs:

Motion or direction to	Stationary	Motion or direction from
<i>Tá Cáit ag goil ...</i>	<i>Tá Cáit ...</i>	<i>Tá Cáit ag teacht ...</i>
<i>suas</i> /su:əs/ up, upwards	<i>thuas</i> /hu:əs/ up, above	<i>anuas</i> /ə'nu:əs/ down from above
<i>síos</i> /s'í:s/ down, downwards	<i>thíos</i> /hi:s/ down, below	<i>aníos</i> /ə'ní:s/ up from below
<i>soir</i> /ser'/ east, eastwards	<i>thoir</i> /her'/ in the east	<i>anoir</i> /ə'ner'/ from the east



*siar* /s'i:əɾ/  
west, westwards  
back, backwards

*thiar* /hi:əɾ/  
in the west  
back (there)

*aniar* /ə'N'i:əɾ/  
from the west  
from back (there)

*sall* /sɑ:l/  
*anonn* /ə'Nu:N/  
over, across

*thall* /hɑ:l/  
over there,  
across there

*anall* /ə'Nɑ:l/    *i bhfus* /ə'wus/  
from over there,    over here  
from across there

*isteach* /ə's't'æ:x/  
in, inwards

*istigh* /ə's't'í/  
in, within

*amach* /ə'ma:x/  
out, outwards

*amuigh* /ə'mu/  
out, without

(ii) The adverbs *ó thuaidh* and *ó dheas*

*Ó thuaidh* /o: hu:ə/ 'northwards, in the north, from the north', and *ó dheas* southwards, in the south, from the south' normally have only one form, e.g. *Tá Cáit ag goil ó thuaidh*; *Tá Cáit ó thuaidh*; *Tá Cáit ag tíocht ó thuaidh*. However, when they function as adjectives in set phrases, *aduaidh* /ə'du:ə/ and *aneas* /ə'N'æ:s/ are used:

<i>siar/thiar/aniar aduaidh</i>	'northwestward, in the northwest, from the northwest'
<i>siar/thiar/aniar aneas</i>	'southwestward' etc.
<i>soir/thoir/anoir aduaidh</i>	'northeastward' etc.
<i>soir/thoir/anoir aneas</i>	'southeastward' etc.

Also: *an ghaoth aduaidh* 'the north wind', *an ghaoth aneas* 'the south wind'.

(iii) Usage

(a)

*Tá Cáit ag goil síos an bóthar.*  
*Tá Cáit ag goil soir an bóthar.*

Cáit is going down the road.  
Cáit is going eastwards on the road.

In local directions *soir*, etc. 'east ...', *siar*, etc. 'west ...', *síos*, etc. 'down ...' (geographically north) and *suas*, etc. 'up ...' (geographically south) are used where English loosely employs 'up' or 'down'.

(b)

*an fear istigh*  
*na fir thall*  
*an fear isteach*

the man inside  
the men over there  
the man who is just coming/going in

In this type of phrase the relative of the verb *tá*, as well as the notion of movement ('going/coming'), can be understood, e.g. *an fear (atá) istigh* 'the man (who is) inside', *an fear (atá ag goil/teacht) isteach* 'the man (who is coming/going) in'.

(c)

*Tá Cáit ag goil siar amach.*  
*Tá Cáit thiar amach.*

Cáit is going away off to the west.  
Cáit is away in the west.

*Amach/amuigh* can be combined with *siar/thiar* to indicate greater distance.

(d)

*Beidh mé aniar amáireach.*

I will be (coming) from the west tomorrow.

When an adverb implying motion or direction is used, a verb of motion can be understood.

- (e) *an taobh istigh* the inside  
*an taobh ó thuaidh* the northside

*Taobh* /tʲi:w/ 'side' can be used with stationary forms of these adverbs. When so used the final /w/ is not pronounced.

- (f) *Tá sé in ann Cáit a bhualadh amach.* He can completely beat (= surpass) Cáit.  
*Tá sé ag glanadh suas.* He is cleaning up.

*Amach* and *suas* can be used with certain verbs to express the completion of an action.

#### 4. NUMBERS ABOVE 10

	'x boats'	'x coats'	'x years'
11	<i>aon bhád déag</i>	<i>aon chóta dhéag</i>	<i>aon bhliain déag</i>
12	<i>dhá bhád déag</i>	<i>dhá chóta dhéag</i>	<i>dhá bhliain déag</i>
13	<i>trí bhád déag</i>	<i>trí chóta dhéag</i>	<i>trí bliana déag</i>
14	<i>cheithre bhád déag</i>	<i>cheithre chóta dhéag</i>	<i>cheithre bliana déag</i>
15	<i>chúig bhád déag</i>	<i>chúig chóta dhéag</i>	<i>chúig bhliana déag</i>
16	<i>sé bhád déag</i>	<i>sé chóta dhéag</i>	<i>sé bliana déag</i>
17	<i>seacht mbád déag</i>	<i>seacht gcóta dhéag</i>	<i>seacht mbliana déag</i>
18	<i>ocht mbád déag</i>	<i>ocht gcóta dhéag</i>	<i>ocht mbliana déag</i>
19	<i>naoi mbád déag</i>	<i>naoi gcóta dhéag</i>	<i>naoi mbliana déag</i>
20	<i>fiche bád</i>	<i>fiche cóta</i>	<i>fiche bliain</i>
40	<i>dhá fhichead bád</i>	<i>dhá fhichead cóta</i>	<i>dhá fhichead bliain</i>
50	<i>leathchéad bád</i>	<i>leathchéad cóta</i>	<i>leathchéad bliain</i>
60	<i>trí fichid bád</i>	<i>trí fichid cóta</i>	<i>trí fichid bliain</i>
80	<i>cheithre fichid bád</i>	<i>cheithre fichid cóta</i>	<i>cheithre fichid bliain</i>
100	<i>céad bád</i>	<i>céad cóta</i>	<i>céad bliain</i>
200	<i>dhá chéad bád</i>	<i>dhá chéad cóta</i>	<i>dhá chéad bliain</i>
300	<i>trí chéad bád</i>	<i>trí chéad cóta</i>	<i>trí chéad bliain</i>
1000	<i>míle bád</i>	<i>míle cóta</i>	<i>míle bliain</i>
2000	<i>dhá mhíle bád</i>	<i>dhá mhíle cóta</i>	<i>dhá mhíle bliain</i>
1,000,000	<i>milliún bád</i>	<i>milliún cóta</i>	<i>milliún bliain</i>

The numbers from eleven to nineteen are similar to those from one to nine (see Lesson 11). They are, for the most part, formed by adding *déag* /d'ɛ:ɡ/.

The lenited form *dhéag* /y'ɛ:ɡ/ is used (i) from eleven to nineteen after a final vowel, e.g. *dhá chóta dhéag* '12 coats', *sé dhuine dhéag* '16 people'; (ii) after *scóir* 'scores', e.g. *trí scóir dhéag* '13 scores'.

After *fiche* /f'i:/ '20', *dhá fhichead* /ɣɑ: i:d/ '40', *trí fichid* /t'r'i: f'i:d/ '60', *cheithre fichid* /x'ɛr'ɛ f'i:d/ '80', and following *céad* /k'ɛ:d/ '100', *míle* /m'i:l'ɛ/ '1000' and *milliún* /m'ɪL'u:N/ 'million' the singular is always used, e.g. *míle bád* 'a thousand boats', *milliún bliain* 'a million years'.

## NOTES:

1. *Scór* /sko:r/ 'a score' often replaces *fiche* 'twenty', e.g. *dhá scór* '40', *trí scóir* '60'. *Scór* may be followed by a plural, e.g. *scór bliain* or *scór blianta* '20 years'. The word *doiséinne* 'a dozen' is followed by the plural, e.g. *doiséinne uibheacha* 'a dozen eggs'.
2. *Punta* /punta/ is generally used in place of *punt* /punt/ 'a pound' in numbers between eleven and nineteen, e.g. *seacht bpunt* 'seven pounds', *seacht bpunta dhéag* 'seventeen pounds'.
3. *Na céadtha*, *na mílte* are normally followed by the plural, e.g. *na céadtha leabhartha* 'hundreds of books', *na mílte mná* 'thousands of women'. However, in the case of certain nouns, the singular is used, e.g. *na céadtha fear* 'hundreds of men'. The latter may be regarded as set phrases (see also Lesson 15.5 Note 3).

## TEXTS

## AN tOILEÁN

*Is oileán beag é seo. Tá timpeall's sé mhíle farráige idir é agus an cósta. Tá an t-oileán é féin timpeall's trí mhíle ar leithead agus míle ar fhad. Tá an talamh go dona amach is amach. Tá níos mó carraigreacha agus leacracha ann ná rud ar bith eile. Ar ndóigh, deir daoine gurb é an áit is áille ar an domhan é. Tá sé go hiontach an fharráige agus na halltracha a fheiceáil. Bíonn an fharráige an-domhain agus an-ghorm.*

*Níl níos mó ná dhá chéad nó dhá chéad go leith duine ann. Ach cén chaoi a bhfuil na daoine in ann maireachtáil ann? 'Ar éigin' a deir go leor daoine agus tá sé sin fíor. Mar sin féin, bíonn siad in ann na clocha a bhriseadh agus garranta beaga a dhéanamh. B'éigean claíocha a dhéanamh leis na clocha briste. Tá beithígh agus caoire agus cearca acu. Bítear ag obair leis na caiple agus leis na hasail atá acu. Bítear ag cur fhataí agus ag fás torthaí. Bhíodh na daoine go hiontach ag obair in éindí agus bhídís in ann saol a bhaint as an oileán.*

*Ar ndóigh, bhídís i gcónaí in ann maireachtáil ar an iasc, cé nach mbíonn an oiread céanna daoine óga ag iascach anois is a bhíodh. Tá bád beag áirithe acu. 'Curach' an t-ainm atá uirthi. Tá an churach coitianta thart ar Chonamara agus ar an gcósta thiar uilig.*

*Ach bhíodh an saol i bhfad níos cruacha leathchéad nó fiche bliain féin ó shin. Tá sé i bhfad níos fusa orthu anois. Bíonn bád ag tíocht acu go minic ach amháin nuair a bhíonnns farráigí móra ann. Is é an rud is measa nach mbíonn an bád in ann a ghoil isteach ag an gcéibh mar nach bhfuil sí sách fada. Bíonn eitleán ag loighe ann anois cupla uair 'chuile sheachtain.*

*Ach céard a bhíonnns na daoine a dhéanamh nuair nach mbíonn siad ag obair? Bíonn na fir ag goil ag an teach ósta. Bíonn na fir agus na mná in éindí ag an séipéal Dé Domhnaigh. Tá halla in aice leis an scoil. Uaireanta, bíonn an dream óg thiar ansin ag damhsa nó ag imirt chártaí, nó go díreach ag castáil ar a chéile.*

*Ach nach bhfuil athrúintí móra ar an saol anois? Tá, cinnte. Bíonn an dream óg ag goil ar an meánscoil taobh amuigh. Tugaim faoi deara go mbíonn na gasúir ag breathnú ar pheictiúir as Meireacá ar an teilifís. Níl an oiread sin daoine óga ag pósadh agus ag fanacht ann. Céard atá ag goil ag tarlú anois? Níl an saol chomh crua is a bhíodh sé ach an bhfuil sé ag athrú rosciobtha? An mbeidh na daoine óga ag éirí míshásta? Sin í an cheist.*

## COMHRÁ

Bhí cupla bean ag siúl soir ag an bposta in éindí. Bhí siad ag caint mar seo:

'Is breá an lá é!'

'Muise, má tá féin, bhí an lá inné níos breácha!'

'B'fhéidir go raibh.'

'Tháinig an samhradh an-luath i mbliana.'

'Tháinig.'

'Tá sé níos teócha agus níos trioma ná a bhí sé anuraidh.'

'Mh'anam go bhfuil.'

'Tá sé sách te ar aon chaoi.'

Bíonn muid ag síorchaint ar an aimsir anseo!

## EXERCISES

A. Rewrite these sentences as comparatives using *is*, e.g.: *Is dorcha an seomra seo ná an ceann eile.* Then write them as superlatives using *sin ...*, e.g. *Sin é an seomra is dorcha.*

1. Tá an seomra seo níos dorcha ná an ceann eile.
2. Tá an t-adhmad seo níos tiúcha ná an cineál eile.
3. Beidh an ubh seo níos cruacha ná do cheannsa.
4. Tá an leabhar seo níos fusa.
5. Beidh an peictiúr eile níos measa.
6. Tá an aimsir níos fearr.
7. Tá an bóthar eile níos foide.
8. Tá an teach seo níos lú.

B. Complete the following :

1. Tá Cáit ag goil amach. Anois beidh sí \_\_\_\_\_.
2. Tá sí ag goil síos an staighre. Beidh sí \_\_\_\_\_ aríst ar ball.
3. Bhí Bríd thuas an staighre. Anois tá sí ag teacht \_\_\_\_\_ an staighre.
4. Tá Máirtín thiar. Beidh sé \_\_\_\_\_ amáireach.
5. Bhí an bád ag goil soir. Anois tá sí \_\_\_\_\_.
6. Tá muid ag goil suas ann. Tá na daoine eile \_\_\_\_\_ ann cheana féin.
7. Tá an teach go deas ar an taobh amuigh ach tá sé go dona ar an taobh \_\_\_\_\_.
8. Gabh isteach agus cuir ceist ar an bhfear \_\_\_\_\_.

C. Write in words:

1. 600 duine
2. 18 bád
3. 13 punt
4. 14 orlach
5. 16 pingin
6. 15 seomra
7. 13 cupán
8. 12 pláta
9. 40 bliain
10. 20 pingin
11. 10 uair
12. 15 cathaoir
13. 14 crann
14. 13 pingin
15. 80 míle
16. 19 cupán
17. 800 teach
18. 11 bord
19. 15 bliain
20. 3000 bliain.

TRANSLATE:

1. Life is not that hard now. I am sure that it is not as hard as it used to be.
2. I notice that the winter used to be harder years ago and it was drier too.
3. Bríd is smaller than Cáit.
4. Bairbre is just as small.
5. Poor Máirtín will have to go away to the west. He is so dissatisfied that Bríd will have to go too.

## LESSON 20

### VOCABULARY

<b>aird</b> <i>fem.</i>	/ɑ:rdʲ/		heed, notice
<b>bua</b>	/bu:ə/		victory
<b>cogadh</b>	/kɔgə/	<i>cogaíocha</i>	war
<b>comhrialtas</b>	/ku:ri:əltəs/		coalition government
<b>droim</b>	/dri:mʲ/	<i>dramanna</i> /dra:məni:/	back
<b>éad</b>	/e:d/		jealousy
<b>lucht</b>	/lɔxt/		people (connected with)
<b>máistir</b>	/mɑ:sʲtʲərʲ/	<i>máistrí</i> /mɑ:sʲtʲrʲi:/	(school) master
<b>nuaíocht</b> <i>fem.</i>	/Nu:i:əxt/		news
<b>páirtí</b>	/pa:rtʲi:/	<i>páirtithe</i> /pa:rtʲi:/	(political) party
<b>rialtas</b>	/ri:əltəs/		government
<b>sáile</b>	/sɑ:lʲə/		brine, sea water
<b>sruth</b>	/srud/	<i>sruthanna</i>	current, flow
<b>toghachán</b>	/tauxɑ:n/	<i>toghacháin</i> /tauxɑ:nʲ/	election
<b>tuirse</b> <i>fem.</i>	/tursə/		tiredness, fatigue
<b>vóta</b>	/wo:tə/	<i>vótaí</i>	vote

<b>Fianna Fáil</b>	/iʲfʲi:əNə ʲfa:lʲ/	<i>(name of political party)</i>
<b>Fine Gael</b>	/iʲfʲinʲə ʲge:l/	<i>(name of political party)</i>
<b>Mícheál</b>	/mʲiɑ:l/	<i>(man's name)</i>
<b>Páirtí an Lucht Oibre</b>	/pa:rtʲi: N lɔxt aibʲrʲə/	<i>(name of political party)</i>

<b>aontaigh</b> 2	/i:ntə/	agree, unite
<b>aontú</b>	/i:ntu:/	agreeing, uniting
<b>cuidigh (le)</b> 2	/kidʲə/	help, giving aid (to)
<b>cuidiú</b>	/kidʲu:/	helping
<b>cuimhnigh (ar)</b> 2	/ki:mʲrʲə/, /ki:wʲrʲə/	recollect, remember, think (about)
<b>cuimhniú</b>	/ki:mʲrʲu:/, /ki:wʲrʲu:/	recollecting <i>etc.</i>
<b>éist (le)</b> 1	/e:sʲtʲ/	listen (to), keep quiet, not to interfere
<b>éisteacht</b>	/e:sʲtʲəxt/	listening <i>etc.</i>
<b>rá</b>	/ra:/	saying
<b>sáraíocht</b>	/sɑ:ri:əxt/	disputing, arguing
<b>seas</b> 1	/sʲæ:s/	stand
<b>seasamh</b>	/sʲæ:sə/	standing
<b>súil (le)</b>	/su:lʲ/	expecting, looking forward (to)
<b>tabhairt</b> <i>fem.</i>	/to:rtʲ/	giving
<b>contráilte</b>	/ku:Ntra:Lʲtʲə/	wrong
<b>gnaoiúil</b>	/gri:u:lʲ/	decent, generous
<b>mímhúinte</b>	/mʲi:wu:Nʲtʲə/	rude
<b>múinte</b>	/mu:Nʲtʲə/	polite
<b>spalptha</b>	/spa:lpi:/	parched
<b>go gairid</b>	/gə ga:rʲədʲ/	shortly
<b>sa gcaoi go/nach</b> <sup>1</sup>	/sə gi:/	so that ... (not), in order that ... (not)
<b>thar sáile</b>	/ha:r sɑ:lʲə/	overseas, abroad

<sup>1</sup>Optionally also *sa gcaoi is go/nach*. There is a general tendency for *is* to be used after subordinating conjunctions.

## VOCABULARY NOTES:

1. *le seachtain (anuas)* 'for a week (now)'
2. *ag baint as duine* 'teasing, egging on someone'
3. *Is deacair a rá ...* 'It is difficult to say.'
4. *ag tabhairt aird ar rud* 'heeding'
5. *lucht oifige* 'office people'

## GRAMMAR

## 1. RELATIVE OF COPULA

## (i) Direct relative

## (a) Positive

*Sin é an rud is féidir a dhéanamh.* That is the thing that can be done.

The positive direct relative is the same as the statement form, e.g. ... *is féidir...* 'that/who can ...'

## (b) Negative

*Sin é an rud nach féidir a dhéanamh.* That is the thing that cannot be done.

The negative direct relative is expressed by using *nach* 'that ... not', e.g. ... *nach féidir...* 'that/who cannot ...'

## (ii) Indirect relative

## (a) Positive

*Sin é an fear ar maith leis an bord.* That is the man who likes the table.

The positive indirect relative is expressed by using *ar* 'that, who', e.g. ... *ar maith le ...* 'that likes ...', ... *ar leis ...* 'that owns ...'.

## (b) Negative

*Sin é an fear nach maith leis an bord.* That is the man who does not like the table.

The negative indirect relative is expressed by using *nach* 'that ... not', e.g. ... *nach maith le ...* 'that does not like ...'.

## 2. FUTURE OF COPULA

*Is fiú airgead mór amach anseo é.* It will be worth big money sometime in the future.  
*Is deacair fanacht anseo amáireach.* It will be hard to stay here tomorrow.

These forms of the copula (*is, ar, nach*, etc.) can be used with a future meaning.

3. THE PREPOSITION *LE*

## (i) Introduction

*Tá Cáit anseo leis an mbosca.*  
*Tá mé ag scríobh le peann mór.*  
*Níl Cáit sásta le hÚna.*

Cáit is here with the box.  
 I am writing with a big pen.  
 Cáit is not satisfied with Úna.

*Le* ‘with’ prefixes a *h* (which is not normally pronounced) to a directly following noun which begins with a vowel, e.g. *le hÚna* /l’u:Nə/ ‘with Úna’. Before the singular article *le* takes the form *leis* (see Lesson 5).

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>liom</i>	with me	/l’um/
<i>leat</i>	with you	/l’æ:t/
<i>leis</i>	with him/it	/l’es’/
<i>léi</i>	with her	/l’e:/
<i>linn</i>	with us	/l’iN’/
<i>libh</i>	with you (pl.)	/l’ib’/
<i>leo</i>	with them	/l’o:b/

The preposition *le* and all its forms are pronounced with an initial lenited /l’/. (Prepositions tend to be permanently lenited.)

The contrast forms and general usage are the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *liom*, *liomsa*, *liomsa mé féin* (see Lesson 16). Note, however, that *leis* has the contrast form *leisean*, i.e. *-sean* rather than *-san* is added.

## (iii) Basic meaning ‘with’

The basic meaning of *le* is accompaniment or instrumentality.

*Tá Cáit anseo le Máirtín.*  
*Tá Máirtín ag obair le spáid.*

Cáit is here with Máirtín.  
 Máirtín is working with a spade.

More idiomatically *le* expresses:

## (a) ‘with the motion of’

*Tá an bád ag imeacht le sruth.*

The boat is going with the current.

Similarly: *leis an gaoth* ‘with the wind’

## (b) ‘at the same time as’

*Bhí Cáit anseo leis an lá.*

Cáit was here at daybreak.  
 (*lit.* ‘with the day’)

Similarly: *leis an oíche* ‘at nightfall’

## (c) ‘with’, ‘as a result of’

*Tá Cáit tinn leis an tuirse.*

Cáit is sick with the tiredness.

Similarly: *tinn le himní / le hól* ‘sick with worry / drink’, *spalptha leis an tart* ‘parched with the thirst’.

## (d) 'away', 'continuing'

*Iá Cáit ag obair léi.*

Cáit is working away / working on / continuing to work.

Similarly: any verbal noun.

## (iv) Secondary meaning: 'to'

## (a) 'to', 'for the purpose'

*Tá Cáit anseo le balla a phéinteáil.  
Tá Cáit anseo le é a phéinteáil.*Cáit is here to paint a wall.  
Cáit is here to paint it.

## (b) 'to', 'due to be'

*Tá balla ansin le péinteáil.*

There is a wall there to paint.

In this usage *le* normally prefixes *n* /*N*<sup>(?)</sup> to an initial vowel, e.g. *Tá neart le n-ithé agus le n-ól*. 'There is plenty to eat and to drink.'

More idiomatically it expresses:

## (a) 'to', 'towards'

*Bhí Cáit go deas le Máirtín.  
Tá fearg ar Cháit le Máirtín.  
Tá foighid ag Cáit le Máirtín.*Cáit was nice to Máirtín.  
Cáit is angry with Máirtín.  
Cáit has patience with Máirtín.

Similarly: *go dona* 'bad', *múinte* 'polite', *lách* 'pleasant', *gnaoiúil* 'decent, generous', *gránna* 'horrible'; *Tá deifir* ('hurry') *ar Cháit le ...*; *Tá loighe* ('an inclination')/ *súil* ('is expecting')/ *éad* ('jealousy') *ag Cáit le ...*

## (b) 'to', 'against'

*Tá droim Cháit leis an mballa.*

Cáit's back is to the wall.

Similarly: *leis an doras* 'to the door', *leis an gcláí* 'to the ditch / stonewall'.

## (c) duration

*Tá Cáit anseo le seachtain.*

Cáit is here a week.

Similarly: *mí* 'month', *bliain* 'year', *cupla lá* 'a few days'.4. IDIOMATIC USES OF COPULA AND *LE*

## (i) To express 'it seems'

*Is maith le Cáit bainne.  
Ní miste liom é.*Milk seems good to Cáit. / C. likes milk.  
I don't mind it.

The copula is used with *le* in certain idiomatic expressions and has the general meaning of 'it seems'. Further examples are:

*Is cuma /kumə/ le Cáit.  
Ní fearr f'α:rl le Cáit.*It seems all the same to Cáit.  
It does not seem better to Cáit.  
Cáit doesn't prefer.



<i>Ar/ab' ionadh /i:Nəl/ le Cáit ?</i>	Did it seem amazing to Cáit ? Was Cáit amazed ?
<i>Nach fíú /f'u:l/ le Cáit ?</i>	Does it not seem worthwhile to Cáit ?
<i>Deir sé gurl/gurb' /dóigh /do:l/ le Cáit.</i>	He says that it seems likely to Cáit. ...that Cáit supposes
<i>Deir sé nach cuimhne le Cáit.</i>	He says that Cáit doesn't remember.
<i>Más féidir /f'e:d'ər'/ le Cáit ...</i>	If Cáit can.
<i>Maral/marab' /miste /m'is't'ə/ le Cáit ...</i>	If Cáit doesn't mind.

*Is cuma le ...* 'it seems all the same to ...' is generally only used positively, e.g. *is cuma le ...*, *ar cuma le ...*, *gur cuma le ...*

To a limited extent *is ... le* can be used with other adjectives, e.g. *is deacair liom é a chreistiúint* 'I find it hard to believe'. These are generally adjectives implying a relative estimation, e.g. *réidh*, 'easy', *ard* 'high', *íseal* 'low'.

Some of these idioms can be used impersonally (with no prepositional pronoun): *Is fearr a bheith sásta* 'it is better to be satisfied'. Similarly: *is cuma faoi* 'it seems all the same about it', 'it doesn't matter about it'; *is dóigh go mbeidh tú anseo* 'it is probable that you will be here', 'you will probably be here'; *is féidir Gaeilge a fhoghlaim* 'it is possible to learn Irish'. Note also: *is deacair a rá* 'it is difficult to say'.

## (ii) To express ownership

<i>Is le Cáit an teach seo.</i>	Cáit owns this house.
<i>Ar leatsa an leabhar sin nó cé leis í ?</i>	Do <b>you</b> own this book or who owns it ?
<i>Ní liom. Níl a fhios agam cé leis í.</i>	No. I don't know who owns it.

The copula is used with *le* to express ownership. In responses the ordinary form of the prepositional pronoun (*liom*, *leat*, etc.) is repeated with the copula.

## 5. USE OF É IN RESPONSES

<i>Is dóigh go mbeidh Cáit ag teacht.</i>	Cáit will probably be coming.
Responses: <i>Is dóigh go mbeidh.</i>	Yes, she probably will.
<i>Is dóigh é.</i>	Yes, probably so.
<i>B'fhéidir go mbeadh Máirtín ann.</i>	Perhaps Máirtín would be there.
Responses: <i>B'fhéidir go mbeadh.</i>	Yes, perhaps he would.
<i>B'fhéidir é.</i>	Yes, perhaps so.

*É* can be used in responses to stand for indirect speech.

## 6. USE OF DIRECTIONAL ADVERBS WITH LE

<i>Siar leat !</i>	Back you go !
<i>Anuas libh !</i>	Down (from up there) you (pl.) come !
<i>Síos an bóthar liom !</i>	I went on down the road.

Adverbs expressing direction (see Lesson 19) can be used with the preposition *le* and the verb is understood. When used as a plural imperative the verbal ending *-aigí* (see Lesson 12) is sometimes added, e.g. *amach(aigí) libh* 'out you (pl.) go !'.

<sup>1</sup> *Ab*, *gurb*, *marab* before vowels, see Lesson 11.

## TEXT

## LEITIR

A Phádraig, a chara,

Is dóigh liom go bhfuil a fhios agat go mbeidh toghachán eile againn faoi cheann cupla seachtain. Le seachtain anuas, ní féidir gan aird a thabhairt ar chúrsaí polaitíocht. Má bhíonn tú ag éisteacht leis an raidió nó ag breathnú ar pháipéar nó ar an teilifís bíonn 'chuile dhuine ag caint faoin toghachán. Ní féidir linn cuimhniú ar thada eile ! Bíonn muid uilig ag sáráíocht faoin bpolaitíocht sa gcaoi go bhfuil sé cosúil le cogadh anseo ! Is mór an truaí go bhfuil tú thar sáile mar níl a fhios cén spóirt atá muid a bhaint as.

Tá Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre ag seasamh le chéile aríst an uair seo. Deir Úna gurb é an comhrialtas a bhí againn le cheithre bliana anuas an rialtas is fearr a bhí ariamh againn. Bíonn Tomás ag aontú le hÚna ach bíonn Cáit agus Bríd ag rá go bhfuil Fianna Fáil níos fearr ná an dá pháirtí eile. Bíonn Ruairí ag baint astu uilig. Deir seisean gur cuma leis faoin bpolaitíocht agus nach fiú leis vóta a chaitheamh ar chor ar bith. Deir Deaide gur cuma leisean freisin faoin bpolaitíocht chúns atá a dhóthain le n-ithe agus le n-ól ag 'chuile dhuine.

Is deacair a rá cé aige a mbeidh an bua. Bíonn na páipéir ag rá gur dóigh go mbeidh an bua ag an gcomhrialtas. Mar sin féin, is cuimhne liom go raibh siad contráilte an uair dheireannach.

Tá an teach le péinteáil aríst an samhradh seo agus tá go leor le déanamh. Tá Maime ag obair léi ag glanadh agus ag péinteáil. Bím féin agus Ruairí ag cuidiú léi. Bíonn Cáit ag cuidiú linn freisin (anois agus aríst !)

Is dóigh go bhfuil teas mór thall ansiúd anois. Deir siad go mbíonn an Spáinn an-te ag an am seo. Ar ndóigh, is maith leatsa an teas. Is fearr liomsa an fuacht ná an teas !

Beidh muid ag súil le leitir eile go gairid,

Mícheál.

## EXERCISES

A. Use a relative clause to make one sentence of the following, e.g. *Sin í an fhuinneog nach féidir a oscailt.*

1. *Sin í an fhuinneog. Ní féidir í a oscailt.*
2. *Sin é an doras. Is féidir é a oscailt.*
3. *Tá gloine nua anseo. Ní féidir í a bhriseadh.*
4. *An bhfuil aithne agat ar an gcaillín ? Is maith léi ceol.*
5. *Feicim an máistir thall. Ní maith leis gasúir bheaga.*
6. *Cá bhfuil an bhean sin ? Is maith léi a bheith ag foghlaim teangacha.*

B. Complete these sentences (replacing the elements in brackets) by using the appropriate prepositional pronoun, e.g. *Ní cuimhne leisean an focal sin.*

1. *Ní cuimhne (le) (seisean) an focal sin.*
2. *Is cuma (le Ruairí) faoin bpolaitíocht.*
3. *Bhí Mícheál mímhúinte (leis na daoine sin).*

4. *Siar (le) (muid) ansin ag an bpost.*
5. *Nach cuimhne (le) (thusa) an lá sin ?*
6. *Ar fearr (le) (sibh) fanacht anseo ?*
7. *Ní dóigh (le) (mé) go mbeidh an aimsir go maith amáireach.*
8. *Bhí muid ag iarraidh an doras a bhriseadh (leis an spáid).*
9. *Bhí fearg orm (leis an bhfear eile).*
10. *Ní maith (le) (Cáit) an teas.*

TRANSLATE:

1. For a month now everybody is thinking about the election and talking about politics. I don't like any party. I am not going to cast a vote. 2. We are listening to the radio and looking at the news on the television almost every day. It is hard to say who will win (*lit.* who will have the victory). 3. All the walls and doors and windows are to be cleaned and painted again this year. 4. I don't remember the night you were here. 5. We don't like the heat. We prefer the cold. 6. Ruairí was horrible to Mícheál. He is jealous of him. 7. Máirtín's back was to the gate and he was smoking a cigarette. 8. Where are you from ?

## LESSON 21

### VOCABULARY

<b>amadán</b>	/a:mədə:n/	<i>amadáin</i> /a:mədə:n'/	fool
<b>Bealtaine</b> <i>fem.</i>	/b'a:lTən'ə/		May
<b>bláth</b>	/blɑ:/	<i>bláthanna</i>	bloom
<b>braon</b>	/bri:n/	<i>braonacha</i>	drop
<b>Cáisc</b> <i>fem.</i>	/kɑ:s'k'/		Easter
<b>cíteal</b>	/k'ítl/	<i>cítealacha</i>	kettle
<b>clampar</b>	/kLɑ:mpər/		commotion, quarrel
<b>fuadar</b>	/fu:ədər/		flurry
<b>gabáiste</b>	/gubɑ:s't'ə/		cabbage
<b>mairg</b> <i>fem.</i>	/ma:r'əg'/		trouble, sorrow, regret
<b>méid</b> <sup>1</sup>	/me:d'/		amount, size, volume
<b>píosa aráin</b>	/p'í:sə rɑ:n'/	<i>píosaí aráin</i>	bit of bread
<b>póg</b> <i>fem.</i>	/pɔ:g/		kiss
<b>Samhain</b> <i>fem.</i>	/saun'/		Hallowtide
<b>scuab</b> <i>fem.</i>	/sku:əb/	<i>scuabanna</i>	broom
<b>seol</b>	/s'ɔ:l/	<i>seolta</i>	sail
<b>siopadóireacht</b> <i>fem.</i>	/s'ɔpədɔ:r'əxt/		shopping
<b>smacht</b>	/sma:xt/		control
<b>bearr</b> 1	/b'a:r/	shave, trim	
<b>bearradh</b>	/b'a:rə/	shaving	
<b>caill</b> 1	/kɑ:l'/	lose, miss	
<b>cailleadh</b>	/kɑ:l'ə/	losing	
<b>dúin</b> 1	/du:n'/	shut, close	
<b>dúnadh</b>	/du:nə/	shutting	
<b>dúiseacht</b>	/du:s'əxt/	waking, awakening	
<b>dúisigh</b> 2	/du:s'ə/	wake, awaken	
<b>gearr</b> 1	/g'a:r/	cut	
<b>gearradh</b>	/g'a:rə/	cutting	
<b>lig</b> 1	/l'íg'/	let	
<b>ligean</b>	/l'íg'ən/	letting	
<b>mothaigh</b> 2	/mu:/	feel	
<b>motháim</b>	/mu:i:m'/	I feel	
<b>mothú</b>	/mu:/	feeling, perception	
<b>póg</b> 1	/pɔ:g/	kiss	
<b>pógadh</b>	/pɔ:gə/	kissing	
<b>réiteach</b>	/re:t'əx/	preparing, clearing up, solving	
<b>réitigh</b> 2	/re:t'ə/	prepare, etc.	
<b>rith</b> 1	/ru/	run	
<b>rith</b>	/ru/	running	
<b>scuab</b> 1	/sku:əb/	sweep (away)	
<b>scuabadh</b>	/sku:əbə/	sweeping	
<b>stócáil</b> 1	/sto:kɑ:l'/	prepare, get ready	
<b>stócáil</b> <i>fem.</i>	/sto:kɑ:l'/	preparing	
<b>suí</b>	/si:/	sitting	
<b>suigh</b> 1	/su/	sit	

<sup>1</sup>An adjective is lenited following *méid* e.g. *méid mhór* 'a great volume'.

<b>tarraing 2</b>	/ta:rən'/	draw, pull
<b>tarraingt fem.</b>	/ta:rən't'/	drawing, pulling
<b>gruama</b>	/gru:mə/	gloomy
<b>slán</b>	/slɑ:n/	sound, safe, whole and entire
<b>amú</b>	/ə'mu:/	astray, wasted
<b>faoi láthair</b>	/fi: lɑ:r'/	at present
<b>thar éis</b>	/he:s'/	after

## VOCABULARY NOTES:

1. *Cuir síos an cíteal* 'put on (*lit.* down) the kettle'
2. *ag fágáil slán ag duine* 'taking leave of a person' (*slán agat !* is said by the leaver, *slán leat !* by the person remaining).
3. *caithfidh mé* 'I will have to, I must'
4. *Tarraing agat ...* 'get a hold of ...'

## GRAMMAR

## 1. FUTURE TENSE OF REGULAR VERB

(i) Form used with noun or pronoun (corresponding to *beidh*)

<i>Glanfaidh Cáit an bord agus nífidh sí na soithí.</i>	Cáit will clear the table and she will wash the dishes.
<i>Léifidh Cáit an leabhar ach ní bhrisfidh sí an chathaoir.</i>	Cáit will read the book but she will not break the chair.
<i>Coinneoidh sé an cóta agus salóidh sé é.</i>	He will keep the coat and he will dirty it.
<i>Osclóidh tusa an geata agus imreoidh muide cluifi.</i>	<b>You</b> will open the gate and <b>we</b> will play games.

Type 1  
(root with one syllable)  
adds-*f(a)idh* /ə/

<i>glan</i> + <i>faidh</i>	<i>glanfaidh</i>
<i>bris</i> + <i>fidh</i>	<i>brisfidh</i>
<i>léi(gh)</i> + <i>fidh</i>	<i>léifidh</i>
<i>ni(gh)</i> + <i>fidh</i>	<i>nífidh</i>

A final *gh* is dropped and a short syllable is lengthened; see Lesson 12.

Type 2  
(root with two syllables)  
adds-*óidh, -eoidh* /o:/

<i>sal(aigh)</i> + <i>óidh</i>	<i>salóidh</i>
<i>coinn(igh)</i> + <i>eoidh</i>	<i>coinneoidh</i>
<i>osc(ai)l</i> + <i>óidh</i>	<i>osclóidh</i>
<i>im(i)r</i> + <i>eoidh</i>	<i>imreoidh</i>

The last syllable is always lost before an ending with an initial vowel; see Lesson 12.

All verbal endings are spelt with a 'broad' vowel, e.g. *-faidh/-óidh* after a broad consonant, e.g. *glan-*, *sal-*, *oscl-*, and with a 'slender' vowel, e.g. *-fidh/-eoidh* after a slender consonant, e.g. *bris-*, *coinn-*, *imr-* (see Lesson 12).

(ii) Autonomous form (corresponding to *beifear*)

Type 1		Type 2	
adds <i>-f(e)ar</i> /ɑ:r/		adds <i>-ófar, -eofar</i> /ɑ:r/	
<i>glan</i> + <i>far</i>	<i>glanfar</i>	<i>sal(aigh)</i> + <i>ófar</i>	<i>salófar</i>
<i>bris</i> + <i>fear</i>	<i>brisfear</i>	<i>coinn(igh)</i> + <i>eofar</i>	<i>coinneofar</i>
<i>léi(gh)</i> + <i>fear</i>	<i>léifear</i>	<i>osc(ai)l</i> + <i>ófar</i>	<i>osclófar</i>
<i>ni(gh)</i> + <i>fear</i>	<i>nífear</i>	<i>im(i)r</i> + <i>eofar</i>	<i>imreofar</i>

Although in pronunciation the ending is /ɑ:r/ in all cases, type 1 and type 2 are spelt differently. The pronunciation /(:)fɑ:r/ is, however, usually heard in neighbouring and other dialects.

(iii) Pronunciation of verbs with roots ending in *b, d, g, bh, mh*

## A root-final

<i>b</i> ( <i>scuab</i> )	is pronounced as	<i>p</i> ( <i>scuabfaidh, scuabfar</i> )
<i>d</i> ( <i>goid</i> )		<i>t</i> ( <i>goidfidh, goidfear</i> )
<i>g</i> ( <i>póg</i> )		<i>c</i> ( <i>pógfaidh, pógfar</i> )
<i>bh</i> ( <i>scríobh</i> )		<i>f</i> ( <i>scríobhfaidh, scríobhfear</i> )
<i>mh</i> ( <i>snámh</i> )		<i>f</i> ( <i>snámhfaidh, snámhfear</i> )

before any verbal ending spelt with an initial *f*.

## (iv) Direct relative

Type 1 Future	Future relative (‘that will ...’)	Type 2 Future	Future relative (‘that will ...’)
<i>glanfaidh</i>	<i>a ghlánfas</i>	<i>salóidh</i>	<i>a shalós</i>
<i>brisfidh</i>	<i>a bhrisfeas</i>	<i>coinneoidh</i>	<i>a choinneós</i>
<i>léifidh</i>	<i>a léifeas</i>	<i>osclóidh</i>	<i>a osclós</i>
<i>nífidh</i>	<i>a nífeas</i>	<i>imreoidh</i>	<i>a imreós</i>

In type 1 verbs, *-(a)idh* is dropped and *-(e)as* is added to any uncombined form; in type 2 verbs, *-idh* is dropped and *-s* is added to any uncombined form.

2. THE PREPOSITION *FAOI*

## (i) Introduction

*Tá an pota faoin mbord.*  
*Tá an leabhar faoi bhosca.*  
*Tá an chathaoir fúm.*

The pot is under the table.  
 The book is under a box.  
 The chair is under me.

*Faoi* ‘under’ causes lenition to a directly following noun, e.g. *faoi chathaoir* ‘under a chair’.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>fúm</i>	under me	/fu:m/
<i>fút</i>	under you	/fu:t/
<i>faoi</i>	under him/it	/fi:/
<i>fúithi</i>	under her	/fu:/
<i>fúinn</i>	under us	/fu:N'/
<i>fúibh</i>	under you (pl.)	/fu:b'/
<i>fúthu</i>	under them	/fu:b/

The contrast forms and general usage are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *fúm, fúmsa, fúm féin, fúmsa mé féin*; see Lesson 16.

(iii) Meanings of *faoi*

*Tá leabhar faoin gcathaoir.*                      There is a book under the chair.

Idiomatically *faoi* is used:

(a) to express intent

*Tá fúm Cáit a phósadh.*                      I intend to marry Cáit.

(b) (with *bualadh*) to express impact

*Bíonn na carranna ag bualadh faoi bhallaí.*                      The cars (as a rule) (are) hit(ting) against walls.

(c) to express motion (in certain phrases)

<i>Tá siúl faoi.</i>	<i>lit.</i> There is motion under him.	He is going fast.
<i>Tá fuadar faoi.</i>	There is a flurry under him.	He is in a hurry.
<i>Tá fás faoi.</i>	There is growth under him.	It is growing.

(d) in some common adverbial phrases

<i>faoi smacht</i>	under control
<i>faoi bhláth</i>	in bloom, flourishing
<i>faoi lántseol</i>	under full sail, in full swing
<i>faoi bhealach</i>	under way

(iv) secondary meaning 'around, about'

In some particular usages, *faoi* has taken over the function of an older preposition *um* meaning 'around, about, concerning'.

*Tá mé ag caint faoin mbean sin.*                      I am talking about that woman.

Similarly: *Tá imní/áthas/brón/aiféal orm faoi* 'I am worried/glad/sorry/regretful about it', and in the adverbial phrases:

<i>faoi Nollaig</i>	around Christmas	<i>faoi seo</i>	by now
<i>faoi Cháisc</i>	around Easter	<i>faoi láthair</i>	at present
<i>faoi Bhealtaine</i>	around May	<i>faoi dheireadh</i>	at last
<i>faoi Shamhain</i>	around Hallowtide	<i>faoi tír</i>	in the country

### 3. THE PREPOSITION *GO* / *GO DTÍ*

<i>Tá Cáit ag goil go dtí an áit chéanna.</i>	Cáit is going to the same place.
<i>Beidh Cáit anseo go dtí an lá sin.</i>	Cáit will be here until that day.
<i>Tá Máirtín ag goil go Sasana.</i>	Máirtín is going to England.

*Go dtí* /gə'd'i:/ 'to, as far as, up to' is used with definite nouns, e.g. *go dtí an áit* 'to the place', *go dtí Déardaoin* 'until Thursday', *go dtí Máirtín* 'to Máirtín'. However, *go* (which prefixes *h* to a following vowel) is used with place-names without the article, e.g. *go Sasana* 'to England', *go Meireacá* 'to America', *go hÉirinn* 'to Ireland', *go hAlbain* 'to Scotland', and in certain adverbial phrases, e.g. *go maidin* 'until morning', *lán go béal* 'full to the (*lit.* mouth) brim'.

*Go* is generally omitted before certain place-names beginning with a consonant, e.g. *ag goil Baile Átha Cliath* 'going to Dublin', *ag goil Gaillimh* 'going to Galway'.

## 4. PREPOSITIONS NOT COMBINING WITH PERSONAL PRONOUNS

*Gan* /gən/, 'without', *go dtí* /gə'd'i:/ 'to', *seachas* /s'æ:xəs/ 'besides, except for' do not combine with following personal pronouns, e.g. *gan mé*, *gan mise*, *gan mise mé féin* 'without me'.

Generally these prepositions cause no change to a noun following directly, e.g. *gan bróga* 'without shoes', *seachas Cáit* 'besides Cáit'. Used following these prepositions, the article follows its normal rules, e.g. *gan an bhean* 'without the woman', *go dtí an fhuinneog* 'to the window', *seachas an bord* 'besides the table'.

*Gan* 'without' normally lenites a directly following abstract noun which does not begin with *d, t, s, f*, e.g. *gan mhoill* 'without delay', *gan mhaith* 'without good, no good', *gan mhairg* 'without regret', *gan mhothú* 'without feeling, unconscious', *gan phósadh* 'unmarried'.

*Gan* sometimes prefixes a *t* to a following *s*, e.g. *dall gan tsúil* 'blind without an eye'.

## TEXT

## MAIDIN DÉ LUAIN

*Bíonn sé go hiontach ag an deireadh seachtaine. Is féidir codladh amach ar maidin. Ach amáireach Dé Luain agus beidh ar 'chuile dhuine éirí go moch aríst.*

*Éireoidh Pádraig i dtosach. Osclóidh sé an doras agus ligfidh sé amach an madadh. Cuirfidh sé síos an cíteal. Déanfaidh sé braon tae agus gearrfaidh sé cupla píosa aráin agus cuirfidh sé im orthu. Eistfidh sé leis an nuáocht ar an raidió chúns a bheas sé ag ithe a bhricfásta. Nuair a bheas an nuáocht thart, nífidh sé é féin agus bearrfaidh sé é féin agus cuirfidh sé air a chuid éadaí. Ansin, nuair a chloisfeas Cáit Pádraig ag imeacht, éireoidh sí féin agus dúiseoidh sí na gasúir. Réiteoidh sí an bricfásta chúns a bheas na gasúir ag éirí.*

*Ní maith leis na gasúir éirí maidin Dé Luain. Ní éireoidh siad go dtí go mbeidh an bricfásta réidh agus beidh fuadar fúthu ag tóraíocht a gcuid éadaí agus ag stócáil le a ghoil ar scoil. Beidh rud eicint amú ar dhuine eicint. Ansin tosóidh an clampar: 'Cá bhfuil mo chuid bróga?'*

*'Caillfidh an t-amadán sin rud eicint i gcónaí!'*

*'Éist do bhéal thusa!'*

*'Tarraing 'ad do chuid stocaí ar aon chaoi! Cén áit a raibh siad 'ad aréir?'*

*'Ní féidir liom siúl go dtí an bus gan bróga.'*

*'Breathnaigh ansin faoin gcathaoir iad!'*

*'Ó an t-amadán!'*

*Ansin, tar éis bricfásta, pógfaidh na gasúir Cáit agus fágfaidh siad slán aice. 'Caithfidh sibh deifir a dhéanamh nó caillfidh sibh an bus!' a deir Cáit i gcónaí.*

*'Caithfidh muid rith!' a deir na gasúir.*

*Dúinfidh Cáit an doras. Suífidh sí síos agus ólfaidh sí cupán caife. 'Bíonn an geimhreadh chomh dorcha agus chomh gruama sin,' a deir Cáit léi féin i gcónaí, 'chomh deas is a bheas sé amach anseo faoi Bhealtaine nuair a bheas na croinnte faoi bhláth aríst. B'fhéidir i mbliana go mbeadh muid in ann a ghoil ar saoire go hAlbain ...'*

*Ach tá éadaí le níochnán agus caithfear / an teach ar fad a ghlanadh agus a scuabadh. Tá an tsiopadóireacht le déanamh. Bíonn an méid sin le déanamh maidin Dé Luain!*

<sup>1</sup>'One must sweep and clean the entire house'; sometimes the autonomous form is more naturally translated by the English passive construction: 'The entire house must be swept and cleaned.'



## EXERCISES

A. In the following sentences replace the imperative with the future tense, e.g. *Imreoidh tú cluife eile amáireach.*

1. *Imir cluife eile amáireach.*
2. *Oscail an doras seo agus dúin an doras eile.*
3. *Breathnaigh ar an leabhar sin agus léigh an ceann seo.*
4. *Coinnigh an mála. Pacáil ar ball é.*
5. *Athraigh do chuid éadaí agus glan an teach.*
6. *Nigh na soithí; ansin fág ar an mbord iad.*

B. In the following sentences replace the future tense, e.g. *Nífidh sé soithí.* 'He will wash dishes', by the progressive future, e.g. *Beidh sé ag níochnán soithí.* 'He will be washing dishes'.

1. *Glanfaidh sé agus scuabfaidh sé na seomraí uilig.*
2. *Léifidh siad leabhartha agus foghlaimoidh siad teangacha.*
3. *Éistfidh muid leis an raidió agus cuideoidh muid libh ag an am céanna.*
4. *Nuair a dhéanfas mé cupán tae breathnóidh mé ar an bpáipéar.*
5. *Nuair a chóireos sí na leapacha beidh sí sásta.*

C. Complete these sentences using the appropriate prepositional pronoun, e.g. *Tá fúmsa teach a thóigeáil anseo.*

1. *Tá (faoi) (mise) teach a thóigeáil anseo.*
2. *Faoi dheireadh, fuair muid na bróga (faoin mbord).*
3. *Tá fás anois (faoi na torthaí) uilig seachas an gabáiste.*
4. *Tá (faoi) (muide) fanacht anseo go dtí Déardaoin.*
5. *Mh'anam go raibh siad ag caint faoi 'chuile dhuine seachas (faoi) (sibhse).*
6. *Caith (faoi) (thú) ar an gcathaoir sin !*
7. *Bhí mé ag caint le Máirtín (faoi Cháit); beidh sí ag imeacht go Sasana amáireach.*

TRANSLATE:

1. I will get up early tomorrow. I will wake the children and prepare the breakfast. I am afraid that they will miss the bus again tomorrow. 2. Pádraig was here at Eastertime and she will be here shortly. 3. Let out that water ! I will wash myself and shave myself now. Then I will put on my clothes. 4. Máirtín intended to go to Dublin yesterday. I suppose he will be there now. I will be staying until Sunday. 5. I must go now without delay but put on the kettle and we will drink a drop of tea first. 6. Everybody was satisfied besides you.

## LESSON 22

### VOCABULARY

<b>bean rialta</b> <i>fem.</i>	/b'æ:n ri:əɪtə/	pl. <i>mná rialta</i>	nun
<b>binse</b>	/b'i:n's'ə/	<i>binsí</i>	bench
<b>bolg</b>	/boɫəg/		belly
<b>broinn</b> <i>fem.</i>	/bri:n'/		breast, womb
<b>cogar</b>	/kogaɾ/		whisper
<b>compóirt</b> <i>fem.</i>	/ku:mpo:rt'/		comfort
<b>Dia</b>	/d'i:ə/		God
<b>droichead</b>	/dre:d/, /draid/	<i>droichid</i>	bridge
<b>dúchas</b>	/du:xəs/		background, quality
<b>fál</b>	/fa:l/	<i>fálta</i>	fence, hedge
<b>fascadh</b>	/fa:skə/		shelter, shade
<b>lacha</b> <i>fem.</i>	/la:xə/	<i>lachain</i>	duck
<b>loch</b> <i>fem.</i>	/lox/	<i>lochanna</i>	lake
<b>oibri</b>	/aib'r'i:/	<i>oibríthe</i> /aib'r'i:/	worker
<b>paidir</b> <i>fem.</i>	/pa:d'ər'/	<i>paidreacha</i> /pa:d'r'əxi:/	prayer
<b>páirc</b> <i>fem.</i>	/pa:r'k'/	<i>páirceanna</i>	park, large field
<b>pinsinéara</b>	/p'in's'ən'e:rə/	<i>pinsinéaraí</i>	pensioner
<b>rath</b>	/ra:/		prosperity
<b>scaitheamh</b>	/ska:/	<i>scaití</i> /ska:t'i:/	period, <i>pl.</i> sometimes
<b>scamall</b>	/ska:məl/	<i>scamaill</i>	cloud
<b>sruthán</b>	/sra:n/	<i>srutháin</i>	stream
<b>tom</b> <i>fem.</i>	/tu:m/	<i>tomacha</i> /tuməxi:/	bush
<b>aithneachtáil</b> <i>fem.</i>	/æ:n'əxtəl'/		recognising
<b>aithnigh</b> 2	/æ:n'ə/		recognise
<b>bac</b> 1	/ba:k/		hinder, bother
<b>bacadh</b>	/ba:kə/		hindering
<b>beir</b> 1	/b'er'/		bear, give birth; catch ( <i>ar</i> )
<b>breith</b>	/b'r'e/		bearing, etc.
<b>braith</b> 1	/bra:/		depend
<b>brath</b>	/bra:/		depending
<b>cogarnaíl</b> <i>fem.</i>	/kogaɾni:l'/		whispering
<b>féad</b> 1	/f'e:d/		can, is able
<b>féadachtáil</b> <i>fem.</i>	/f'e:dəxtə:l'/		being able
<b>fiafraí</b>	/f'i:əri:/		enquiring, asking
<b>fiafraigh</b> 2	/f'i:ərə/		enquire, ask
<b>fiuch</b> 1	/f'ɪ'ox/		wet
<b>fiuchadh</b>	/fl'oxə/		wetting
<b>gnóthachtáil</b> <i>fem.</i>	/gru:xtə:l'/		winning, gaining
<b>gnóthaigh</b> 2	/gru:/		win, gain
<b>labhair</b> 2	/Laur'/		speak
<b>labhairt</b>	/Laurt'/		speaking
<b>lean</b> 1	/l'æ:n/		continue, follow
<b>leanacht</b>	/l'æ:nəxt/		continuing
<b>samhlaigh</b> 2	/sauLə/		imagine
<b>samhlú</b>	/sauLu:/		imagining
<b>scairt</b> 1	/ska:rt'/		shine
<b>scairteadh</b>	/ska:rt'ə/		shining
<b>siúlóid</b> <i>fem.</i>	/s'u:Lo:d'/		taking a walk

<b>taithneachtáil</b> <i>fem.</i>	/tæ:N'əxtɑ:l'/	pleasing
<b>taithnigh</b> 2	/tæ:N'ə/	please
<b>tastaigh</b> 2	/ta:stə/	need
<b>tastáil</b> <i>fem.</i>	/ta:stɑ:l'/	needing
<b>clí</b>	/k'l'i:/	left
<b>corr</b> <sup>1</sup>	/kaur/	occasional, odd
<b>deas</b>	/d'æ:s/	right
<b>rialta</b>	/ri:əltə/	regular
<b>sínte</b>	/s'i:N't'ə/	stretched

## VOCABULARY NOTES:

1. *ag breathnú uaim* 'looking (idly) around me'
2. *ag ligean mo scíth* 'resting, relaxing'
3. *ag déanamh bolg-le-gréin* 'sunbathing'
4. *ar mo chompóirt* 'at my ease'
5. *Tá sé ag tastáil uaim* 'I need it'
6. *Thaithneodh sé liom* 'It would please me, I would like ...'
7. *Níl a fhios agam beo* 'I don't know for the life of me (at all)'
8. *ar thaobh na láimhe deise/clí* 'right/left'
9. *Go ngnóthaí Dia dhuit!* (*lit.* 'may God gain for you') 'Goodbye!' This is a reply to *lá maith* 'good day', *tráthnóna maith* 'good evening', *oíche mhaith* 'good night'

## GRAMMAR

## 1. CONDITIONAL OF REGULAR VERB

(i) Form used with noun or pronoun (corresponding to *bheadh*)

<i>Ghlanfadh Cáit an bord agus nífeadh sí na soithí.</i>	Cáit would clear the table and she would wash the dishes.
<i>Léifeadh Cáit an leabhar agus ní bhrisfeadh sí an chathaoir.</i>	Cáit would read the book but she would not break the chair.
<i>Choinneodh sé an cóta agus shalódh sé é.</i>	He would keep the coat and he would dirty it.
<i>D'osclódh sibhse an geata ach ní imreodh muide cluife.</i>	<b>You</b> ( <i>pl.</i> ) would open the gate but <b>we</b> wouldn't play games.

Type 1  
(root with one syllable)

<i>glan + fadh</i>	<i>ghlanfadh</i>
<i>bris + feadh</i>	<i>bhrisfeadh</i>
<i>léi(gh) + feadh</i>	<i>léifeadh</i>
<i>ni(gh) + feadh</i>	<i>nífeadh</i>
<i>fliuch + fadh</i>	<i>d'fhliuchfadh</i>

The verb is lenited and adds *-f(e)adh ləx/*. A final *gh* is dropped and a short syllable is lengthened; see Lesson 12.Type 2  
(root with two syllables)

<i>sal(aigh) + ódh</i>	<i>shalódh</i>
<i>coinn(igh) + eodh</i>	<i>choinneodh</i>
<i>osc(ai)l + ódh</i>	<i>d'osclódh</i>
<i>im(i)r + eodh</i>	<i>d'imreodh</i>

The verb is lenited and adds *-ódh, -eodh ləx/*. The last syllable is always lost before an ending with an initial vowel; see Lesson 12.All verbal endings are spelt with a 'broad' vowel, e.g. *-fadh, -ódh*, after a broad<sup>1</sup>*Corr* is a prefixed adjective, e.g. *corrduine* /'kaur, yin'ə/ 'the odd person'.

consonant, e.g. *glan-*, *sal-*, *oscl-*, and with a 'slender' vowel, e.g. *-fidh*, *-eodh*, after a slender consonant, e.g. *bris-*, *coinn-*, *imr-*; see Lesson 12.

The basic form is always lenited, e.g. *ghlanfadh sé* 'he would clean'<sup>1</sup>; where a verb has an initial vowel or *f*, *d*' is prefixed, e.g. *d'osclódh sé* 'he would open', *d'fhliuchfadh sé* 'he would wet'. The *d'* is normally pronounced broad or slender according to the following vowel.

Concerning the pronunciation of endings with a final *-dh*, see Lesson 7.

(ii) Combined forms (corresponding to *bheinn*, *bheifeá*, *bheidís*)

(a) First person singular

Type 1		Type 2	
adds <i>-f(a)inn</i> /əN'ʲ/		adds <i>-óinn, -eoinn</i> /o:N'ʲ/	
<i>ghlanfainn</i>	I would clean	<i>shalóinn</i>	I would dirty
<i>bhrisfinn</i>	I would break	<i>choinneoinn</i>	I would keep
<i>léifinn</i>	I would read	<i>d'osclóinn</i>	I would open
<i>nífinn</i>	I would wash	<i>d'imreoinn</i>	I would play
<i>d'fhliuchfainn</i>	I would wet		

(b) Second person singular

Type 1		Type 2	
adds <i>-f(e)á</i> /a:/		adds <i>-ofá, -eofá</i> /a:/	
<i>ghlanfá</i>	you would clean	<i>shalófá</i>	you would dirty
<i>bhrisfeá</i>	you would break	<i>choinneofá</i>	you would keep
<i>léifeá</i>	you would read	<i>d'osclófá</i>	you would open
<i>nífeá</i>	you would wash	<i>d'imreofá</i>	you would play
<i>d'fhliuchfá</i>	you would wet		

NOTE:

Although in pronunciation the ending is /a:/ in all cases, type 1 and type 2 are spelt differently.

(c) Third person plural

Type 1		Type 2	
adds <i>-f(a)idís</i> /əd'í:s'ʲ/		adds <i>-óidís, -eoidís</i> /o:d'í:s'ʲ/	
<i>ghlanfaidís</i>	they would clean	<i>shalóidís</i>	they would dirty
<i>bhrisfidís</i>	they would break	<i>choinneoidís</i>	they would keep
<i>léifidís</i>	they would read	<i>d'osclóidís</i>	they would open
<i>nídís</i>	they would wash	<i>d'imreoidís</i>	they would play
<i>d'fhliuchfaidís</i>	they would wet		

(iii) Autonomous form (corresponding to *bheifí*)

Type 1		Type 2	
adds <i>-f(a)í</i> /í:/		adds <i>-ófaí, -eofaí</i> /í:/	
<i>ghlanfaí</i>	one would clean	<i>shalófaí</i>	one would dirty
<i>bhrisfí</i>	one would break	<i>choinneofaí</i>	one would keep
<i>léifí</i>	one would read	<i>d'osclófaí</i>	one would open
<i>nífí</i>	one would wash	<i>d'imreofaí</i>	one would play
<i>d'fhliuchfaí</i>	one would wet		

<sup>1</sup>For the lenition of *l*, *n*, see Lesson 1, phonetic exercise 1 (c).

## NOTE:

Although in pronunciation the endings are usually /i:/ in all cases, type 1 and type 2 are spelt differently. (A less common pronunciation of type 2 endings is, in fact, /o:f'i:/.)

(iv) Pronunciation of verbs with roots ending in *b, d, g, bh, mh*

## A root-final

<i>b</i> ( <i>scuab</i> )	is pronounced as	<i>p</i> ( <i>scuabfadh</i> )
<i>d</i> ( <i>goid</i> )		<i>t</i> ( <i>goidfeadh</i> )
<i>g</i> ( <i>póg</i> )		<i>c</i> ( <i>pógfadh</i> )
<i>bh</i> ( <i>scríobh</i> )		<i>f</i> ( <i>scríobhfadh</i> )
<i>mh</i> ( <i>snámh</i> )		<i>f</i> ( <i>snámhfadh</i> )

before any verbal ending spelt with an initial *f*.

2. THE PREPOSITION *Ó*

## (i) Introduction

*Tá leitir anseo ó Mháirtín.*  
*Tá bainne ansin ón mbó.*

There is a letter here from Máirtín.  
There is milk there from the cow.

The preposition *ó* 'from' lenites a directly following noun, e.g. *ó Mháirtín* 'from Máirtín'. When used with the singular article it causes eclipsis to a following noun, e.g. *ón mbó* 'from the cow'<sup>1</sup>.

## (ii) Prepositional Pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>uaim</i>	from me	/wem'/
<i>uait</i>	from you	/wet'/
<i>uaidh</i>	from him/it	/wai/
<i>uaithe</i>	from her/it	/wo:/
<i>uainn</i>	from us	/wen'/
<i>uaibh</i>	from you (pl.)	/web'/
<i>uathu</i>	from them	/wo:b'/

The contrast forms and general usage are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *uaim, uaimse, uaim féin, uaimse mé féin*; see Lesson 16.

(iii) Meanings of *ó*

Basic meaning 'from, since':

*Tá Cáit ar an mbealach ar ais ón hposta.* Cáit is on the way back from the post office.  
*Tá Cáit anseo ón Nollaig.* Cáit is/has been here since Christmas.

More idiomatically *ó* is used:

## (a) to express desire

*Níl uaidh ach spóirt.* He only wants fun.

<sup>1</sup>Sometimes *ó* may be replaced by *uaidh*, e.g. *uaidh Mháirtín* 'from Máirtín'.

(b) as a conjunction, to express 'from the time, since'

*Níl Cáit go maith ó bhí sí tinn.*

Cáit is not well since she was sick.

(c) in some common adverbial phrases

<i>ó dhúchas</i> 'from nature'	<i>Tá Fraincis ó dhúchas ag Cáit.</i>	Cáit has French as a mother tongue.
<i>ó bhroinn</i> 'from (the) womb'	<i>Tá marc ó bhroinn ar Cháit</i>	Cáit has a mark from birth.
<i>ó rath</i> 'from prospering'	<i>Tá na fataí ó rath.</i>	The potatoes are ruined.
<i>ó shin</i> 'since that'	<i>Tá Cáit anseo ó shin.</i>	Cáit is here since.
<i>ó mhaidin</i> 'since morning'	<i>Tá Cáit anseo ó mhaidin.</i>	Cáit is here since morning.

### 3. USE OF A + LENITION BEFORE CERTAIN VERBAL NOUNS

<i>Bhí Cáit ag iarraidh</i>	<i>a fháil amach</i>	to find out	
<i>Cáit was trying</i>	<i>a dhéanamh amach</i>	to make out	<i>cé a bhí ann aréir.</i>
	<i>a shamhlú</i>	to imagine	who was there last night.
	<i>a fhiafraí</i>	to ask	
	<i>a thiscint</i>	to understand	

The particle *a* /ə/, which causes lenition, is used before verbs when they are followed by a sentence, or subordinate clause, which is syntactically complete in itself, e.g. *cé a bhí ann aréir?* 'Who was there last night?'; *go bhfuil Bríd tinn* 'that Bríd is sick'.

## TEXTS

### AN PHÁIRC

*Níl a fhios cé chomh deas leis an bpáirc atá anseo. Is aoibhinn liom a bheith ag siúlóid anseo, go háirithe nuair atá na croinníte agus na tomacha faoi bhláth. Scaití, is fearr liom go díreach sui ar bhinse agus breathnú uaim. Bíonn 'chuile shórt duine anseo, idir sean agus óg. D'fheicfeá gasúir ag gáirí agus ag déanamh spraoi nó pinsinéaraí ag cogarnaíl agus ag comhrá lena chéile; d'fheicfeá mná rialta ag rá a gcuid paidreacha nó oibríthe óga sínte ar an bhféar ag ligean scíth agus ag déanamh bolg-le-gréin.*

*Tá loch bheag agus sruthán ann agus tá droichead beag thar an sruthán. Tá fála deasa ar thaobh na láimhe deise agus tá binse deas compóirteach ar thaobh na láimhe clé. Seo é an áit is fearr liom. Dhá mbeadh gaoth ann, bheadh fiascadh anseo agat.*

*Aithním corrdhuine thall is i bhfus ach is fearr liom gan labhairt le duine ar bith. Seo anois daoine ag caitheamh seanphíosaí aráin ag na lachain! Is mór an spóirt a bheith ag breathnú ar na lachain ag breith ar an arán.*

*Nach mór an truaí go mbíonn an aimsir ag síorathrú! D'fhéadfadh an ghrian a bheith ag scairteadh mar seo anois ar maidin agus gan scamall ar bith le feiceáil, ach ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh tráthnóna. D'fhéadfadh sé a bheith ag báisteach nó b'fhéidir ag cur shneachta! Dhá bhféadfaí brath ar an aimsir anseo cé a bhacfadh le a ghoil ar saoire thar sáile? Ní thastódh áit ar bith eile uainn. Ní bheadh uainn ach suí anseo ar ar gcompóirt. Ní bheadh áit ar bith ar an domhan a thaitheodh níos fearr liom ná an pháirc seo.*

## COMHRÁ FAOIN bPOSTA

'Níl a fhios 'am beo cén áit a bhfuil an posta. Beidh muid in ann ceist a chur ar an bhfear seo atá ag tócht aníos an bóthar.'

'An bhfuil a fhios 'ad cá bhfuil an posta ?'

'Tá a fhios. Gabh síos an bóthar seo agus cas ar thaobh na láimhe deise. Lean ort soir an bóthar sin agus feicfidh tú an posta ar thaobh na láimhe clí.'

'Cén dath atá air ?'

'Tá sé bán agus tá doras uaine air.'

'An bhfuil a fhios 'ad cén t-am a mbeidh an posta ag imeacht ?'

'Níl a fhios; féadfaidh tú a fháil amach ón mbean ansin cén t-am a mbeidh sé ag imeacht.'

'Go raibh maith agat !'

'Lá maith anois agat !'

'Go ngnóthaí Dia dhuit !'

## EXERCISES

A. Rewrite the following sentences in the conditional:

1. Ní phósfaidh sé Cáit an bhliain seo chugainn.
2. Osclóidh siad an doras.
3. Ní bhacfaidh tú leis an leabhar sin go fóill.
4. Féadfaidh mé fanacht anseo ar feadh cupla seachtain.
5. Caillfidh sé an bus, mara ndéanfaidh sé deifir.
6. Ní scuabfaidh sí ná ní nífidh sí éadaí go deo aríst.
7. An osclófar na doirse ?
8. Labhróidh mé leis aríst amáireach.
9. Sufidh siad síos.
10. Fliuchfaidh tú an tae.
11. Brisfear an t-adhmad .
12. Salófar an cóta.

B. Complete these sentences using the appropriate prepositional pronoun, e.g. *An mbeidh na leabhartha seo ag tastáil uainn aríst ?*

1. An mbeidh na leabhartha seo ag tastáil (ó) (muid) aríst ?
2. Níl (ón bhfear) seo ach spóirt ó tháinig sé abhaile.
3. Mh'anam go bhfuair tú leitir (ón mbean rialta) inné.
4. An dtaihníonn sé libh suí ar an mbinse mar sin ag breathnú (ó) (sibh) ?
5. Bhí mé ag iarraidh a dhéanamh amach an dtastódh an carr (ó) (í).
6. Tastáíonn deoch (ó) (mise); an dtastáíonn ceann (ó) (thusa) ?
7. Tá fonn orm a fháil amach (ó) (é) cén teanga atá ó dhúchas ag an strainséara sin.

## TRANSLATE:

1. Máirtín is here since morning. 2. I need to ask where the house is. 3. You might (would) see almost every sort of person here; nuns and pensioners, and students and workers, and priests and children. 4. If the weather were warm, I would like (i.e. it would please me) to relax and to sunbathe. 5. All he wanted was to find out where the post office was and what time would the post be going at. 6. The sun might be shining and tomorrow it could be raining or snowing. You wouldn't know what would happen. 7. I got a letter from **you** last week and one from **them** yesterday. 8. I must eat an apple every day since I was sick.



## LESSON 23

### VOCABULARY

<b>búistéara</b>	/bu:s'í'e:rə/	<i>búistéaraí</i>	butcher
<b>casúr</b>	/ka:su:r/	<i>casúir</i>	hammer
<b>céir fem.</b>	/k'e:r'/		wax
<b>ceirnín</b>	/k'ern'i:n'/	<i>ceirníní</i>	record, disc
<b>críoch fem.</b>	/k'ri:əx/		finish
<b>cúnamh</b>	/ku:Nə/		help
<b>dusta</b>	/dustə/		dust
<b>geall</b>	/g'ɑ:l/	<i>geallta</i>	bet
<b>iascaire</b>	/i:əskər'ə/	<i>iascairí</i>	fisherman
<b>miosúr</b>	/m'isu:r/		(tape) measure
<b>poll</b>	/pau/	<i>poill /pai'l'/</i>	hole
<b>rása</b>	/ra:sə/	<i>rástaí /ra:sti:/</i>	race
<b>sábh</b>	/sɑ:w/	<i>sábhanna</i>	saw
<b>salachar</b>	/sa:ləxər/		dirt
<b>scriú</b>	/s'k'r'u:/	<i>scriúanna</i>	screw
<b>seilp fem.</b>	/s'el'p'/	<i>seilpeanna</i>	shelf
<b>siúinéarach</b> fem.	/s'u:n'e:rəxt/		carpentry, joinery
<b>slainte fem.</b>	/slɑ:n't'ə/		health
<b>spás</b>	/spɑ:s/		space, period, respite
<b>stól</b>	/sto:l/	<i>stólta</i>	stool
<b>táirne</b>	/tɑ:rN'ə/	<i>tairní</i>	nail
<b>tiarna</b>	/t'i:ərnə/	<i>tiarnaí</i>	lord
<b>Muire</b>	/mir'ə/	(The Virgin) Mary	
<b>Peadar</b>	/p'æ:dər/	(man's name)	
<b>ceap 1</b>	/k'æ:p/	think	
<b>ceapadh</b>	/k'æ:pə/	thinking	
<b>clamhsán</b>	/klaʊsɑ:n/	grumbling, complaining	
<b>cleacht 1</b>	/k'l'æ:xt/	be accustomed to, practice	
<b>cleachtadh</b>	/k'l'æ:xtə/	practicing, experience	
<b>críochnaigh 2</b>	/k'ri:əxNə/	finish	
<b>críochnú</b>	/k'ri:əxNu:/	finishing	
<b>geall 1</b>	/g'ɑ:l/	promise	
<b>gealladh</b>	/g'ɑ:lə/	promising	
<b>gortaigh 2</b>	/gortə/	hurt, injure	
<b>gortú</b>	/gortu:/	hurting	
<b>magadh</b>	/ma:gə/	mocking, joking	
<b>meas<sup>1</sup> 1</b>	/m'æ:s/	think, reckon, estimate	
<b>meas</b>	/m'æ:s/	thinking	
<b>seachain 2</b>	/s'æ:xən'/	avoid	
<b>seachaint</b>	/s'æ:xən't'/	avoiding	
<b>(ta)spáin<sup>2</sup> 1</b>	/(tə)spɑ:n'/	show	
<b>(ta)spáint<sup>2</sup> fem.</b>	/(tə)spɑ:n't'/	showing	

<sup>1</sup>*Meas tú?* 'do you think?' (as well as the regular *measam tú*) is very common.

<sup>2</sup>The first syllable is very frequently dropped..

<b>tomhais 1</b>	/tes'/	measure
<b>tomhais</b>	/tes'/	measuring, measurement
<b>déanta</b>	/d'í:ntə/	made, done
<b>feiliúnach</b>	/f'el'ú:NəX/	suitable, appropriate
<b>hóbair</b>	/ho:bər'/	almost ( <i>see this lesson</i> )

## VOCABULARY NOTES:

1. *tabhair* /to:r'/ 'give !' (Also pronounced with a short /o/ in *tabhair dhom* /to:rəm/ 'give me !')
2. *Dia dhuit !* (or *Dia dhaoibh !*) are used to greet a person (or people).
3. *Cén chaoi a bhfuil tú ?* /k'e: xi: wil' tu:/ 'How are you ?'
4. *A dheartháir !* 'Brother !' *A dhriofúr !* 'Sister !' *A mhac !* 'Son !' are used as general forms of address.
5. *Slainte !* 'Your health !'

## GRAMMAR

## 1. HABITUAL PRESENT OF REGULAR VERB

(i) Form used with noun or pronoun (corresponding to *bíonn*)

<i>Glanann Cáit an bord agus níonn sí na soithí</i>	<i>Cáit</i> clears the table and she washes the dishes.
<i>Léann Cáit an leabhar ach ní bhriseann sí an chathaoir.</i>	<i>Cáit</i> reads the book but she does not break the chair.
<i>Coinníonn sé an cóta agus salaíonn sé é.</i>	He keeps the coat and he dirties it.
<i>Osclaíonn tusa an geata agus imríonn muide cluifí.</i>	<b>You</b> open the gate and <b>we</b> play games.

Type 1  
(root with one syllable)  
adds *-(e)ann, -onn* /əN/

<i>glan + ann</i>	<i>glanann</i>
<i>bris + eann</i>	<i>briseann</i>
<i>lé(igh) + eann</i>	<i>léann</i>
<i>ni(gh) + onn</i>	<i>níonn</i>

After a long vowel *gh* is dropped;  
after a short vowel *gh* is dropped  
and the syllable is lengthened;  
see Lesson 12. After *í*, the ending is  
spelt *-onn*, cf. *bí + onn: bíonn*.

Type 2  
(root with two syllables)  
adds *-(a)íonn /i:N/*

<i>sal(aigh) + aíonn</i>	<i>salaíonn</i>
<i>coinn(igh) + íonn</i>	<i>coinníonn</i>
<i>osc(aí)l+ aíonn</i>	<i>osclaíonn</i>
<i>im(i)r + íonn</i>	<i>imríonn</i>

The last syllable is always lost  
before an ending with an initial vowel;  
see Lesson 12.

All verbal endings are spelt with an initial 'broad' vowel, e.g. *-ann, -aíonn*, after a broad consonant, e.g. *glan-*, *sal-*, *oscl-*, and with an initial 'slender' vowel, e.g. *-eann, -íonn*, after a slender consonant, e.g. *bris-*, *coinn-*, *imr-*; see Lesson 12.

(ii) Combined form (corresponding to *bím*)

First person singular

Type 1

adds *-(a)im /əm' /*

<i>glanaim</i>	I clean, clear
<i>brisim</i>	I break
<i>léim</i>	I read
<i>ním</i>	I wash

Type 2

adds *-(a)im fí:m' /*

<i>salaím</i>	I dirty
<i>coinním</i>	I keep
<i>osclaím</i>	I open
<i>imrím</i>	I play

(iii) Autonomous form (corresponding to *bítear*)

Type 1

adds *-t(e)ar /təɾ/, /t'əɾ/*

<i>glantar</i>	one cleans, clears
<i>bristear</i>	one breaks
<i>léitear</i>	one reads
<i>nítear</i>	one washes

Type 2

adds *-(a)ítear /i:t'əɾ/*

<i>salaítear</i>	one dirties
<i>coinnítear</i>	one keeps
<i>osclaítear</i>	one opens
<i>imrítear</i>	one plays

Before an ending with an initial consonant a short syllable can optionally remain short, e.g. *nítear* .

The last syllable is always lost before an ending with an initial vowel; see Lesson 12.

## (iv) Direct relative

*S* is added to any non-combined form (see Lesson 13): *a ghlananns* 'that cleans', *a shalaionns* 'that dirties', etc.

2. THE PREPOSITION *DO*

## (i) Introduction

*Tá muid ag tabhairt airgead do Cháit.*  
*Tá muid ag tabhairt airgead don bhean eile.*

We are giving money to Cáit.  
We are giving money to the other woman.

*Do /gə/* causes lenition to a directly following noun, e.g. *do Cháit* 'to Cáit'. Before a vowel it is written *d'*, e.g. *d'Úna* 'to Úna'. When used with the singular article it is written as *don /gəN/* and a following noun is lenited, e.g. *don bhean* 'to the woman'.

As normal after a preposition, the singular article prefixes *t* to feminine nouns beginning with *s* and followed by a vowel or *l, r, n*, e.g. *don tsúil* 'to the eye'; see Lesson 8. After *don*, *t* may be optionally prefixed to similar masculine nouns, e.g. *don tsagart* 'to the priest'.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form

<i>dhom</i>	to me
<i>dhuit</i>	to you
<i>dhó</i>	to him/it
<i>dhi</i>	to her/it
<i>dhúinn</i>	to us
<i>dhaoibh</i>	to you (pl.)
<i>dhóibh</i>	to them

Pronunciation

<i>/ɣum/</i>
<i>/ɣit' /</i>
<i>/ɣo:/</i>
<i>/ɣ'í/, /ɣi:/</i>
<i>/ɣu:N' /</i>
<i>/ɣi:b' /</i>
<i>/ɣo:b' /</i>

The contrast forms and general usage are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *dhom*, *dhomsa*, *dhom féin*, *dhomsa mé féin*; see Lesson 16. Often the initial *dh* is dropped in pronunciation, e.g. *'om /uml/*, *'uit lit'/*, *'ó /o:/*, and less frequently it is unlenited, e.g. *dom /dum/*, *duit /dít'/*, *dó /do:/*. We have already seen in Lesson 15 how *do* is used with *mo*, *do*, etc. (*do mo*, *do do*, *dhá*, *dho'ur*).

### (iii) Meaning of *do*

#### Basic meaning 'to' or 'for'

*Tá mé ag tabhairt leabhar do Cháit.* I am giving a book to Cáit.

*Tá mé ag scríobh leitir do Cháit.* I am writing a letter for Cáit.

*Do* is used in a giving or dative sense; *ag* (see Lesson 16) is in most cases used of 'direction to' or 'movement to', e.g. *Tá mé ag scríobh leitir ag Cáit* 'I am writing a letter to Cáit.' Exceptionally *do* expresses motion with certain place-names which are used with the article, e.g. *don Lochán Bheag* 'to Lochán Beag'.

More idiomatically *do* is used in:

#### (a) *Thar éis do*:

*Thar éis do na daoine imeacht, ghlan Cáit an bord.* After the people had gone, Cáit cleared the table.

#### (b) *Hóhair do*:

*Hóhair do Cháit titim.* Cáit almost fell.

In both these idioms the subject, e.g. *na daoine*, *Cáit*, follows *do* and a verbal noun is used.

### 3. IDIOMATIC USES OF *DO* WITH THE COPULA

*Is fiú dhuít imeacht.* It is worth it for you to go off.  
*Ní gá dhuít fanacht.* It is not necessary for you to stay.

The copula (see Lesson 11) is used with *do* in certain idiomatic expressions. Further examples are:

<i>Is</i>	<i>breá</i>	/b'ɾ'ɑ/	<i>do Cháit ...</i>	It is fine	for Cáit ...
<i>Ní</i>	<i>gá</i>	/gɑ:/		It isn't necessary	
<i>Ar</i>	<i>leor</i>	/l'ɔ:r/		Is it enough	
<i>Nach</i>	<i>furasta</i>	/fʁʊstə/		Isn't it easy	
<i>Deir sé gur</i>	<i>fearr</i>	/f'ɑ:r/		He says that it is better	
<i>Deir sé nach</i>	<i>ceart</i>	/k'æ:rt/		He says that it isn't right	
<i>Más</i>	<i>fíor</i>	/f'i:ɔ:r/		If it is true	
<i>Mara</i>	<i>cuma</i>	/kumə/		If it is not all the same	

There are some idioms which are only used in a negative, e.g. *ní foláir /f'l'ɑ:r/ do Cháit imeacht* 'Cáit must go off'.

Some of these idioms can be used impersonally (with no prepositional pronoun), e.g. *ní gá imeacht* 'it is not necessary to go off', *is fiú a theacht* 'it is worth coming', *is leor sin* 'that is enough', *is fíor sin* 'it is true'.

## TEXTS

## SIÚINÉARACHT

Ní thaitníonn sé le Peadar a bheith ag obair sa mbaile. Bíonn sé tuirseach tráthnóna agus bíonn fonn air a scíth a ligean. Taithníonn sé leis leabhar a léamh nó éisteacht le ceol. Is fearr leis an obair a sheachaint, más féidir leis. Bíonn a bhean i gcónaí ag magadh faoi. Deir sí go mbíonn sise ag obair i bhfad níos cruacha ná eisean. Scaití, tosaíonn sí ag clamhsán.

*'Nach aoihbhinn dhuitse é atá in ann suí ansin ag éisteacht le ceirníní ! Breathnaigh an méid a chaithfeas mise a dhéanamh. Réitím na béiltocha agus ním na soithí agus glanaim an chisteanach. Cóirím na leapacha agus coinnim an teach ar fad glan. Ní bhíonn tusa ag tabhairt cúnamh ar bith dhom ! Caithfidh tú seilpeanna a dhéanamh do do chuid leabhartha uilig !'*

*'Ach tabhair spás dhom, tá mé tuirseach anocht,' a deir Peadar, 'ach geallaim dhuit go ndéanfaidh mé amáireach iad.'*

*Is siúinéara maith é Peadar. Tá cleachtadh aige ar an tsiúinéarach. Má thosaíonn sé ar an obair, ní bhíonn sé i bhfad dhá críochnú.*

*'Cá bhfuil an casúr agus an sábh ?' a deir sé lena bhean. 'Tá siad ansin ar an stól.'*

*'An bhfuil táirní agus scriúanna ann freisin ? Tabhair dhom iad !'*

*'An bhfuil do dhóthain ansin ?'*

*'Is leor sin. Ní gá an oiread sin. 'Spáin dhom an t-adhmad anois !'*

*Ní raibh na cláracha feiliúnach don bhalla. Bhí siad rofhada. B'éigean dhó iad a ghearraadh leis an sábh. Fuair sé míosúr le iad a thomhais. Bhí siad ceart an uair seo.*

*Bhí sé deacair poill a dhéanamh do na scriúanna. Hóibair dó a mhéir a ghortú leis an gcasúr. Mar sin féin, ní raibh sé i bhfad nó go raibh an obair déanta. Bhí a bhean sásta, cé go raibh dusta agus salachar 'chuile áit. B'éigean dhi an t-orklár a scuabadh agus an seomra a ghlanadh arís.*

## AN TEACH ÓSTA (CÓMHRÁ)

*'Dia dhuit, a Mháirtín !'*

*'Dia is Muire dhuit ! Cén chaoi a bhfuil tú ?'*

*'Tá mé réasúnta,' a deir Seáinín, 'cén chaoi a bhfuil tú féin ?'*

*'Tá mé go maith, a dheartháir. Céard a ólfas tú ?'*

*'Ólfaidh mé pionta mar sin.'*

*Fuair siad pionta an duine. 'Slainte !' a deir Seáinín. 'Beidh mé ag goil Gaillimh amáireach,' a deir Máirtín. 'Tá mé ag goil ag na rástaí. Meas tú cé a ghnóthós an rása mór ?'*

*'Bláth an Iascaire, sin nó An Tiarna.'*

'B'fhéidir é,' a deir Máirtín, 'ach sílim' gur fearr an t-airgead a chur ar Scian an Bhúistéara.'

'Muise, ní fiú dhuit geall a chur ar an seanchapall sin !' a deir Seánín ag gáirí.

'Feicfidh muid,' a deir Máirtín.

### EXERCISES

A. In the following sentences replace *anois* by '*chuile lá*' and replace the verbal noun constructions by the habitual present of the corresponding verbs, e.g. *Scairteann an ghrian 'chuile lá*.

1. Tá an ghrian ag scairteadh *anois*.
2. Tá sé ag cleachtadh a chuid Gaeilge *anois*.
3. Tá mé ag níochán soithí agus ag cóiriú leapacha *anois*.
4. Tá sí ag breathnú go maith *anois*.
5. Tá siad ag oscailt fuinneogaí agus ag dúnadh doirse *anois*.
6. Tá mé ag léamh leabhartha ach níl mé dhá salú *anois*.
7. Tá mé ag seachaint Bhaile Átha Cliath *anois*.

B. Complete these sentences using the appropriate prepositional pronoun, e.g. *Hóhair dhúinn titim ar an mbealach abhaile*.

1. *Hóhair (do) (muid) titim ar an mbealach abhaile*.
2. *Ní fiú (do) (mise) a ghoil ann anois*.
3. *An scríobhfá leitir eile (don fhear) sin ?*
4. *Ní gá (do) (sibh) airgead a thabhairt do Cháit*.
5. *Bhí muid ag iarraidh an seomra a 'spáint (do Cháit)*.
6. *Sin é an rud is ceart (do) (thusa) a dhéanamh*.
7. *Mh 'anam nach mbíonn sé ag tabhairt cúnamh (do na daoine iad) féin*.
8. *Is fíor (do) (thú). Níl an tairne feiliúnach (don bhalla)*.

### TRANSLATE:

1. I like being (i.e. it pleases me to be) here. I need to read and listen to records. I can avoid people from Dublin. 2. If you start writing a letter, it is not difficult to finish it. 3. Show me the saw and the hammer ! Where are the nails and the screws ? Are they suitable for this hole ? 4. If you are going to the big race, put a bet on 'The Butcher's Knife' (*Scian an Bhúistéara*). 5. After the public house shut, he came home. 6. He almost fell on the road. The road was very wet. 7. It is easy for you to (be) joke(ing) about him.

<sup>1</sup>*Sílim* 'I (am) think(ing), I am (wont to be) of the opinion' like other 'stative' verbs (e.g. *breathnaím, measaim, cloisim, feicim, tigim, airim, mothaím*) can be either habitual or progressive. *Ceapaim* 'I think' can be also used progressively: *Tá mé ag ceapadh*.

## LESSON 24

### VOCABULARY

<b>ádh</b>	/ɑ:/		luck
<b>bráillín</b> <i>fem.</i>	/brɑ:L'í:n'/	<i>bráillíní</i>	sheet
<b>buille</b>	/biL'ə/	<i>buillí</i>	blow, stroke
<b>ceacht</b>	/k'æ:xt/	<i>ceachtanna</i>	lesson
<b>ceathrú uaire</b> <i>fem.</i>	/k'æ:ru: u:ər'ə/		a quarter of an hour
<b>ciumhais</b> <i>fem.</i>	/k'u:s'/	<i>ciumhaiseanna</i>	blanket
<b>ginn</b> <i>fem.</i>	/g'i:n'/	<i>geanntreacha</i> /g'ɑ:ntrəxi:/	wedge
<b>gliogar</b>	/g'l'igət/		crock, sth. unstable
<b>leathuair</b> <i>fem.</i>	/L'æ:u:ər'/		half hour
<b>peiliúr</b>	/p'el'u:r'/	<i>peiliúrach</i>	pillow, cushion
<b>pluid</b> <i>fem.</i>	/pl'id'/	<i>pluideanna</i>	double blanket
<b>plump</b>	/pl.ump/	<i>plumpaíl</i>	bang, thunder
<b>scoil chónaí</b> <i>fem.</i>	/skel'xu:ni:/	<i>scoileanna cónaí</i>	boarding school
<b>seafóid</b> <i>fem.</i>	/s'æ:fo:d'/	<i>seafóideacha</i>	nonsense
<b>suipéar</b>	/sip'e:r/	<i>suipéir</i>	supper, evening meal
<b>ceangail 2</b>	/k'æ:ŋgəl'/		tie, bind
<b>ceangal</b>	/k'æ:ŋgəl/		tying
<b>guidh 1</b>	/giw'/		pray
<b>guidhe</b>	/giw'ə/		praying
<b>iompaigh 2</b>	/u:mpə/		turn
<b>iompú</b>	/u:mpu:/		turning
<b>léim 1</b>	/L'e:m'/		jump
<b>léimt</b> <i>fem.</i>	/L'e:m't'/		jumping
<b>múch 1</b>	/mu:x/		extinguish, quench
<b>múchadh</b>	/mu:xə/		extinguishing
<b>múin 1</b>	/mu:n'/		teach
<b>múnadh</b>	/mu:nə/		teaching
<b>scanraigh</b> <sup>1</sup> 2	/skɑ:nʃrə/		take fright, frighten
<b>scanrú</b>	/skɑ:nʃru:/	pl. <i>scanraíocha</i>	taking fright, frightening
<b>socraigh 2</b>	/sokrə/		settle, arrange
<b>socrú</b>	/sokru:/	pl. <i>socraíocha</i>	settling, settlement
<b>stop 1</b>	/stop/		stop
<b>stopadh</b>	/stopə/		stopping
<b>bréan</b>	/b'r'e:n/		rotten (smelling)
<b>pointeáilte</b>	/pi:n't'ɑ:L't'ə/		punctual, precise, punctilious
<b>a chlog</b>	/ə xLog/		... o' clock
<b>a chodladh</b>	/ə xOLə/		asleep
<b>ina dhiaidh sin</b>	/əNə ɣ'i:ə s'in'/		after that
<b>ceachtar (de)</b>	/k'æ:xtər/		either/any (of)

#### VOCABULARY NOTES:

1. *déanamh ar* 'making for'
2. *taobh amuigh de* 'outside of, apart from, besides'
3. *a leithéide de ... (is a ...)* 'such ... as ...'
4. *dhá dtaspáint féin* 'showing off' (*lit.* 'showing themselves')

<sup>1</sup>The sound /t/ (and in certain cases /d/) is frequently (though optionally) inserted between *n* and *r*.

## GRAMMAR

## 1. HABITUAL PAST OF REGULAR VERB

(i) Form used with noun or pronoun (corresponding to *bhíodh*)

<i>Ghlanadh Cáit an bord agus níodh sí na soithí.</i>	Cáit used to clean the table and she used to wash the dishes.
<i>Léadh Cáit an leabhar agus ní bhriseadh sí an chathaoir.</i>	Cáit used to read the book and she used not to break the chair.
<i>Choinníodh sé an cóta agus shalaíodh sé é.</i>	He used to keep the coat and he used to dirty it.
<i>D'osclaíodh sibhse an geata ach ní imríodh muide cluifi.</i>	<b>You (pl.)</b> used to open the gate but <b>we</b> used not to play games.

Type 1  
(root with one syllable)  
is lenited and adds *-(e)adh* /əx/

<i>glan + adh</i>	<i>ghlanadh</i>
<i>bris + eadh</i>	<i>bhriseadh</i>
<i>lé(igh) + adh</i>	<i>léadh</i>
<i>ni(gh) + odh</i>	<i>níodh</i>
<i>fliuch + adh</i>	<i>d'fhliuchadh</i>

After a long vowel *gh* is dropped; after a short vowel *gh* is dropped and the syllable is lengthened; see Lesson 12. After *l*, the ending is spelt *-odh*, cf. *bhíodh*.

Type 2  
(root with two syllables)  
is lenited and adds *-(a)íodh* /i:xl/

<i>sal(aigh) + aíodh</i>	<i>shalaíodh</i>
<i>coinn(igh) + íodh</i>	<i>choinníodh</i>
<i>osc(ai)l + aíodh</i>	<i>d'osclaíodh</i>
<i>im(i)r + íodh</i>	<i>d'imríodh</i>

The last syllable is always lost before an ending with an initial vowel; see Lesson 12.

The basic form is always lenited, e.g. *ghlanadh sé* 'he used to clean'<sup>1</sup>; where a verb has an initial vowel or *f*, *d'* is prefixed, e.g. *d'osclaíodh sé* 'he used to open', *d'fhliuchadh sé* 'he used to wet'. The *d'* is normally pronounced broad (/d/) or slender (/d'/) according to the following vowel.

Concerning the pronunciation of final *dh*, see Lesson 7.

All verbal endings are spelt with an initial 'broad' vowel, e.g. *-adh*, *-aíodh*, after a broad consonant, e.g. *glan*, *fliuch*, *sal-*, *oscl-*, and with an initial 'slender' vowel, e.g. *-eadh*, *-íodh*, after a slender consonant, e.g. *bris*, *coinn*, *imr-*; see Lesson 12.

(ii) Combined forms (corresponding to *bhínn*, *bhíteá*, *bhídís*)

## (a) First person singular

Type 1  
adds *-(a)ínn* /əN'/

<i>ghlanainn</i>	I used to clean
<i>bhrisinn</i>	I used to break
<i>léinn</i>	I used to read
<i>nínn</i>	I used to wash
<i>d'fhliuchainn</i>	I used to wet

Type 2  
adds *-(a)ínn* /i:N'/

<i>shalaínn</i>	I used to dirty
<i>choinnínn</i>	I used to keep
<i>d'osclaínn</i>	I used to open
<i>d'imrínn</i>	I used to play

<sup>1</sup>For the lenition of *l*, *n*, see Lesson 1, phonetic exercise 1 (c).



## (b) Second person singular

## Type 1

adds *-(e)á /ta:/, /t'á:/*

<i>ghlantá</i>	you used to clean
<i>bhristeá</i>	you used to break
<i>léiteá</i>	you used to read
<i>níteá</i>	you used to wash
<i>d'fhliuchtá</i>	you used to wet

## Type 2

adds *-(a)íteá /i:t'á:/*

<i>shalaíteá</i>	you used to dirty
<i>choinníteá</i>	you used to keep
<i>d'osclaíteá</i>	you used to open
<i>d'imríteá</i>	you used to play

## (c) Third person plural

## Type 1

adds *-(a)ídís /əd'i:s'/*

<i>ghlanaidís</i>	they used to clean
<i>bhrisidís</i>	they used to break
<i>léidís</i>	they used to read
<i>nídís</i>	they used to wash
<i>d'fhliuchaidís</i>	they used to wet

## Type 2

adds *-(a)ídís /i:d'i:s'/*

<i>shalaídís</i>	they used to dirty
<i>choinnídís</i>	they used to keep
<i>d'osclaídís</i>	they used to open
<i>d'imrídís</i>	they used to play

## (iii) Autonomous form

## Type 1

adds *-(a)í /ti:/, /t'i:/*

<i>ghlantaí</i>	one used to clean
<i>bhristí</i>	one used to break
<i>léití</i>	one used to read
<i>nítí</i>	one used to wash
<i>d'fhliuchtaí</i>	one used to wet

## Type 2

adds *-(a)ítí /i:t'i:/*

<i>shalaítí</i>	one used to dirty
<i>choinnítí</i>	one used to keep
<i>d'osclaítí</i>	one used to open
<i>d'imrítí</i>	one used to play

Before an ending pronounced with an initial consonant a short syllable can remain, e.g. *nítí*.

2. THE PREPOSITION *DE*

## (i) Introduction

*Bain an caipín de Mháirtín.  
Tóig do chois den chathaoir.*

Take the cap off Máirtín !  
Lift your leg off the chair !

*De /gə/*<sup>1</sup> causes lenition to a directly following noun, e.g. *de Cháit* 'off Cáit'. Before a vowel it is written *d'*, e.g. *d'Úna* 'off Úna'. When used with the definite article it is written as *den /gəN/* and a following noun is lenited, e.g. *den chathaoir* 'off the chair'.

As normal after a preposition, the singular article prefixes *t* to feminine nouns beginning with *s* and followed by a vowel or *l, r, n*, e.g. *den tsráid* 'off the street'; see Lesson 8. After *den* (or *don*, see Lesson 23) *t* may be optionally prefixed to similar masculine nouns, e.g. *den tsagart* 'off the priest'.

<sup>1</sup>Pronounced as though spelt *go*. (In pronunciation, before nouns, *de* is exactly like *do*.)

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>dhíom</i>	off me	/ɣ' i:m/
<i>dhíot</i>	off you	/ɣ' i:t/
<i>dhe</i>	off him/it	/ɣ' e/
<i>dhi</i>	off her/it	/ɣ' i/
<i>dhínn</i>	off us	/ɣ'i:n/
<i>dhíbh</i>	off you (pl.)	/ɣ' i:b/
<i>dhíobh</i>	off them	/ɣ' i:b/

The contrast forms and general usage are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *dhíom*, *dhíomsa*, *dhíom féin*, *dhíomsa mé féin*; see Lesson 16.

Similarly to *do* (see Lesson 23) the initial *dh* is often dropped in pronunciation, e.g. '*íom* /i:m/, *íot* /i:t/, and less frequently it is unlenited, e.g. *díom* /d'i:m/, *díot* /d'i:t/. On account of its general similarity with the preposition *do*, the third person pronouns may often be replaced by those of *do*, e.g. *dho* for *dhe*.

*Do* is used with *mo*, *do*, etc. in a similar way to *do*, e.g. *de mo* 'off my', *de do* 'off your', *dhá* 'off his, her, its, their', *dhár* /ɣa:/ 'off our', *dhe* 'ur /ɣa:/ 'off your (pl.)'.

(iii) Basic meaning of *de* 'off'

<i>Tá an cóta ag titim den chathaoir.</i>	The coat is falling off the chair.
<i>Bain dhíot do chóta.</i>	Take off your coat !

(iv) Secondary meaning of *de* 'of'

<i>Tá cuid de na daoine sásta.</i>	Some of the people are content.
------------------------------------	---------------------------------

After certain words used partitively *de* corresponds to 'of', e.g. *cuid* den bhalla 'a part of the wall', *píosa de lá* 'a portion (bit) of a day', *go leor de na rudaí* 'a lot of the things', *ceachtar den bheirt* 'either of the two people', *níos mó den am* 'more of the time'. Somewhat similarly: *buille de mhaide* 'a blow of a stick', *peictiúr de dhuine* 'a picture of a person', *a leithéide de dhuine* 'his type of a person, such a person'.

*Ag* is usually used instead of *de* to refer to the plural, e.g. *go leor dhe* 'a lot of it', but *go leor acu* 'a lot of them'; see Lesson 16.

(b) <i>Níl ann ach amadán de dhuine.</i>	He is a fool-like person. (lit. <sup>2</sup> a fool of a person).
--	--

Similarly: *ginn d'fhear* 'a wedge of a man, i.e. a stocky, well-built man', *gliogar de chathaoir* 'a crock of a chair, i.e. a rickety, unstable chair'.

(c) <i>Níl sé d'am agam caint léi</i>	I have not (the amount of) time (required) to talk to her.
---------------------------------------	--

*De* is used with certain abstract nouns to express 'the required amount of, the necessary, by way of'. Similarly: *d'fhoighid* 'the necessary patience', *de spás* 'the necessary period of time', *d'ádh* 'the necessary luck'.

<sup>1</sup>In this usage *cuid* /kid/ often takes the form *cuide* /kid'ɔ/.

<sup>2</sup>This type of sentence is common in English as spoken in Ireland.

- (d) *Tá mé tuirseach den chaint.* I am tired of the talk.

*De* corresponds to 'of' after certain adjectives. Similarly: *bréan de* 'fed up', *cinnte de* 'certain of', *lán de* 'full of'.

- (e) *Tá siad ag déanamh amadán de Mháirtín.* They are making a fool of Máirtín.

*De* corresponds to 'of' after certain verbs. Similarly: *Síleann siad a domhan de Mháirtín* 'they think the world of Máirtín'

- (f) *Bhí sé ag goil ag pósadh de léim.* He was going to marry suddenly.  
(lit. 'of a jump').

*De* is used in some adverbial phrases to express a sudden movement or sound. Similarly: *de phlump* 'with a bang', *d'iarraidh amháin* 'in one go'.

### 3. COUNTING: INDEPENDENT NUMBERS

1	<i>a haon</i>	/hi:N/	11	<i>a haon déag</i>	/hi:N'e:g/
2	<i>a dó</i>	/do:/	12	<i>a dó dhéag</i>	/do:y'e:g/
3	<i>a trí</i>	/t'ri:/	13	<i>a trí déag</i>	/t'ri:d'e:g/
4	<i>a ceathair</i>	/k'æ:r'/	14	<i>a ceathair déag</i>	/k'æ:r d'e:g/
5	<i>a cúig</i>	/ku:g'/	15	<i>a cúig déag</i>	/ku:g' d'e:g/
6	<i>a sé</i>	/s'e:/	16	<i>a sé déag</i>	/s'e:d'e:g/
7	<i>a seacht</i>	/s'æ:xt/	17	<i>a seacht déag</i>	/s'æ:x d'e:g/
8	<i>a hocht</i>	/hox't/	18	<i>a hocht déag</i>	/hox d'e:g/
9	<i>a naoi</i>	/ni:/	19	<i>a naoi déag</i>	/ni:d'e:g/
10	<i>a deich</i>	/d'e/			

These numbers are written with a /ə/ (which prefixes *h* to vowels), although *a* is not normally pronounced, except between two consonants.

#### Usage:

(a) For counting, e.g. *a haon*, *a dó*, *a trí...* 'one, two, three ...', or where numbers are used abstractly, e.g. *a dó agus a dó*, *sin a ceathair* 'two and two are four', or in a telephone number.

*Dhó /yo:/* is used in expressions of the sort *leabhar nó dhó* 'a book or two', *bord nó dhó* 'a table or two'.

(b) With *de /gə/*, often reduced to /ə/ (which causes lenition, see above) to express an approximate number, e.g. *a sé nó a seacht de sheachtainí* 'six or seven (of) weeks'.

(c) After a noun, e.g. *cuid a haon* 'part 1', *seomra a dó* 'room 2'.

(d) After a noun to express a time, e.g. *bus a hocht* 'the eight o'clock bus', *Aifreann a deich* 'ten o'clock Mass'.

(e) With the article *an* replacing *a* to express the time of day, e.g. *tá sé an dó (a chlog) /ta: s'e: N do:/* 'it is two (o'clock)', *tá sé an haon déag /ta: s'e: N 'hi:'N'e:g/* 'it is eleven (o'clock)'.

Although the article is used *h* is prefixed to a vowel, e.g. *tá sé an haon* 'it is one'. In this case *déag*, in *haon déag* 'eleven', is also stressed: /'hi:'N'e:g/.

<sup>1</sup>*lán le* is also used.

## TEXT

## AN SCOIL CHÓNAÍ

*Bhí mé cúig nó sé de bhlianta ar scoil chónaí. Scaití, nuair a éirím ar maidin, cuimhním aríst ar an scoil úd.*

*Bhuailtí an clog agus lastaí na soilse ag deich nóiméad don seacht 'chuile mhaidin. I dtosach, scanraíodh an clog thú. Ar ndóigh, ní bhíodh fonn ar bith ort éirí. Bhíodh na bráillíní agus na ciúmhaiseanna chomh compóirteach sin agus bhíodh an saol taobh amuigh den leaba chomh fuar sin! Dhá bhféadfá go dtéach do pheiliúr a shocrú agus iompú thart agus titim a chodladh aríst! Ach b'éigean dúinn éirí. B'éigean duit do chuid éadaí a chur ort is do chuid bróga a cheangal agus déanamh ar an séipéal.*

*Bhíodh an bricfásta againn ag an hocht a chlog. Thar éis bricfásta, bhíodh orainn ceathrú uaire a chaitheamh ag siúl thart amuigh faoin aer agus ansin chóiríodh muid na leapacha. D'fhoghlaimíodh muid ceachtanna ansin go dtí go dtosaíodh na ranganna ag fiche nóiméad thar éis an naoi. Bhíodh na ranganna ar bun uaidh sin go dtí leathuair thar éis an dó dhéag, taobh amuigh de cheathrú uaire nuair a bhíodh cead againn ar gcuid leitreacha a léamh.*

*Bhíodh an dinnéar againn ag an haon. A leithéide d'ocras is a bhíodh orainn! Ach ní raibh cead agat rith. B'éigean dhuit siúl go deas múinte. Dhá rithfeá, bheadh múinteoir pointeáilte eicint ag an doras a stopfadh thú. Chuirfeadh sé ar ais thú agus chaithefeá siúl aríst go deas réidh.*

*Mhúintí aríst muid idir an dó agus an ceathair. D'imríodh muid cluifí idir an ceathair agus an cúig. Ansin d'óladh muid cupán tae agus d'itheadh muid píosa aráin, sol má thosaíodh muid ag déanamh ar gcuid ceachtanna.*

*Bhíodh an suipéar againn ag leathuair thar éis an seacht. Ina dhiaidh sin, bhíodh beagnach uair an chloig againn dhúinn féin. A leithéide de spóirt is a bhíodh againn ag caint agus ag sáraíocht! Bhíodh cead ag rang a sé tobac a chaitheamh. Thaitníodh sé go mór leo sin a bheith ag deargadh a gcuid píopaí agus a bheith dhá 'spaint féin!*

*Ag ceathrú don naoi bhíodh orainn a ghoil ag guidhe aríst. Ansin, nuair a bhíodh na paidreacha thart, bhíodh cead againn a ghoil a chodladh. Bhínnse chomh tuirseach sin nach mbíodh fonn ar bith orm mo chuid éadaí a bhaint dhíom ar chor ar bith. D'fhéadfainn go dtéach síneadh siar ar an leaba agus titim a chodladh! Mhúchtáí na soilse ag leathuair thar éis an deich.*

## EXERCISES

A. In the following sentences, replace the progressive construction, e.g. *Bhínn ag ól bainne 'chuile lá*, with the past habitual of the verb, e.g. *D'ólainn bainne 'chuile lá*.

1. *Bhíodh muid ag caitheamh píosa den lá ag foghlaim Gaeilge.*
2. *Bhíodh cuid de na daoine ag léamh leabhartha, ach bhíodh cuid acu nach mbíodh ag léamh rud ar bith.*
3. *Ní bhíodh ceachtar acu ag breathnú ar an teilifís.*
4. *Bhíodh an t-amadán úd de dhuine ag éirí de léim 'chuile nóiméad ag caint agus ag sáraíocht.*
5. *An mbíteá ag ól tae nó bainne?*
6. *Bhínnse ag ceangal mo chuid bróga féin cuid mhaith den am.*
7. *Cé a bhíodh ag níochnán na soithí, nó an mbítí dhá níochnán ar chor ar bith?*
8. *Mh'anam go mbídís ag imirt cluifí 'chuile lá!*

B. Complete these sentences using the appropriate prepositional pronoun, e.g. *Bhí an caipín ag titim dhíom.*

1. *Bhí an caipín ag titim (de) (mé).*
2. *Bhíodh na gasúir ag magadh fút agus ag déanamh amadán (de) (thú).*
3. *Bíonn sé ag baint airgead (de) (muide).*
4. *Tóig do chois (den chathaoir) !*
5. *Bainigí (de) (sibh) na cótaí !*
6. *Ná bain an t-éadach (den bhord) !*
7. *Tá an scoil í féin réasúnta ach d'éireofá tuirseach (de na muinteoirt) sin.*
8. *Tá mé bréan (den tseafóid) seo.*

C. Write in words the following times, e.g. 8.40: *Tá sé fiche nóiméad don naoi.*

- |         |           |
|---------|-----------|
| 1. 3.30 | 6. 3.05   |
| 2. 8.45 | 7. 12.15  |
| 3. 7.20 | 8. 9.20   |
| 4. 1.00 | 9. 10.00  |
| 5. 5.40 | 10. 11.30 |

TRANSLATE:

1. I used not to feel like raising my head off the pillow. 2. The sheets and blankets are falling off the bed. 3. The teacher wanted to give the boy a good blow of a stick. 4. We hadn't the (required) time to jump down off the wall before the teacher came. 5. I am tired of everything ! 6. Have you a picture of her ? 7. Take off your coat, put on your jacket and tie your shoes. 8. Put off the big light and light the lamp. 9. I used always take fright when the car used to stop at the lights. 10. Máirtín used to teach children here too. 11. He used to be very punctilious. Everyone was fed up with him. 12. One (*lit.* a person) of his sons was at school here too.

## LESSON 25

### VOCABULARY

<b>acra</b>	/a:krə/	<i>acraí</i>	acre
<b>cainteoir</b>	/ka:n't'ɔ:r'/	<i>cainteoirí</i>	talker, speaker
<b>cathaoirleach</b>	/kairL'əx/	<i>cathaoirligh</i>	chairman
<b>céilí</b>	/k'e:l'i:/	<i>céiliocha</i>	dance
<b>cíos</b>	/k'i:s/	<i>cíosanna</i>	rent
<b>coiste</b>	/kos't'ə/	<i>coistí</i>	committee
<b>contúirt fem.</b>	/ku:ntu:rt'/	<i>contúirteacha</i>	danger
<b>costas</b>	/kostəs/	<i>costaisí</i>	cost, expense
<b>cruinniú</b>	/kriN'u:/	<i>cruinníocha</i> /kriN'i:əxi:/	meeting
<b>cuisliméara</b>	/kis'l'əm'e:rə/	<i>cuisliméaraí</i>	customer
<b>cumann</b>	/kumən/		society
<b>dearmad</b>	/d'æ:rəməd/	<i>dearmadacha</i>	mistake
<b>druncaera</b>	/druŋke:rə/	<i>druncaeraí</i>	drinker
<b>glac fem.</b>	/glɑ:k/		handful, grasp
<b>intinn fem.</b>	/i:n't'ən'/		mind, intention
<b>leas</b>	/L'æ:s/		benefit, use
<b>paráiste</b>	/pura:s't'ə/	<i>paráistí</i>	parish
<b>sáibhéara</b>	/sɑ:w'e:rə/	<i>sáibhéaraí</i>	sawyer
<b>úinéara</b>	/u:n'e:rə/	<i>úinéaraí</i>	owner
<b>coisin 2</b>	/kos'an'/		cost, protect
<b>coisint fem.</b>	/kos'an't'/		costing, protecting
<b>cruinneál fem.</b>	/kriN'ɑ:l/	pl. <i>cruinneálacha</i>	gathering, collecting
<b>cruinnigh 2</b>	/kriN'ə/		gather, collect
<b>glac 1</b>	/glɑ:k/		take, seize, accept
<b>glacadh</b>	/glɑ:kə/		taking
<b>innis<sup>1</sup> 2</b>	/in'əs'/		tell, relate
<b>inseacht</b>	/i:n's'əxt/		telling
<b>íoc 1</b>	/i:k/		pay ( <i>ar:</i> for)
<b>íoc</b>	/i:k/		paying
<b>líon 1</b>	/L'i:N/		fill
<b>líonadh</b>	/L'i:Nə/		filling
<b>sábháil 1</b>	/sɑ:wɑ:l'/		save
<b>sábháilt fem.</b>	/sɑ:wɑ:l't'/		saving
<b>togh 1</b>	/tau/		choose, elect
<b>togha</b>	/tau/		choosing
<b>túin 1</b>	/tu:n'/		urge, put pressure on
<b>túint fem.</b>	/tu:n't'/		urging
<b>úsáid fem.</b>	/u:sɑ:d'/		using, usage
<b>contúirteach</b>	/ku:ntu:rt'əx/		dangerous
<b>costasach</b>	/kostəsəx/		costly, expensive
<b>'chuile sheans (go/nach)</b>	/xil'ə hae:ns/		it is most probable (that) <sup>2</sup>
<b>drochsheans (go/nach)</b>	/'drox, hae:ns/		it is most unlikely (that) <sup>2</sup>

<sup>1</sup>Pronounced as though spelt *inis*.

<sup>2</sup>lit. 'every chance (that), a bad chance (that)'

<b>ar shon</b>	/er' huN/ (with gen.)	for the sake of, on behalf of
<b>i lár</b>	/ə lɑ:r/ (with gen.)	in the middle of
<b>in aghaidh</b>	/ə Nai/ (with gen.)	against
<b>le aghaidh</b>	/l'ai/ (with gen.)	for (the purpose of)
<b>os<sup>1</sup> cionn</b>	/a:s k'i:N/ (with gen.)	above
<b>os<sup>1</sup> comhair</b>	/a:s ku:r'/ (with gen.)	opposite
<b>treasna</b>	/t'r'æ:SNə/ (with gen.)	across

## VOCABULARY NOTES:

1. *caint ar* 'talking of'
2. *glacadh le* 'accepting, assuming'
3. *leas a bhaint as rud* (lit. 'to get benefit out of'), 'to use'
4. *éirí le* 'succeed'
5. *Tá sé ar intinn ag X* 'X intends'
6. *ar cíos* 'on hire, rented'

## GRAMMAR

## 1. THE GENITIVE

## (i) Masculine nouns

## (a)

<i>Tá an bhúistéara anseo.</i>	The butcher is here.
<i>Tá mac an bhúistéara anseo.</i>	The butcher's son is here.
<i>Tá an t-iascaire anseo.</i>	The fisherman is here.
<i>Tá mac an iascaire anseo.</i>	The fisherman's son is here.

When the article is used with a masculine noun in the genitive, the initial consonant of that noun is lenited, e.g. *an bhúistéara* 'the butcher', *an bhúistéara* 'of the butcher'. Initial *t* and *d* resist lenition, e.g. *mac an tincéara* 'the tinker's son', *mac an druncaera* 'the drunkard's son'. Initial vowels are unaffected, e.g. *mac an iascaire* 'the fisherman's son', as opposed to the nominative *an t-iascaire* 'the fisherman'; see Lesson 8.

(b) Masculine nouns beginning with *s*

<i>Tá an siúinéara anseo.</i>	The carpenter is here.
<i>Tá mac an tsiúinéara anseo.</i>	The carpenter's son is here.

A *t* is prefixed to a masculine noun beginning with *s* followed by a vowel, *l*, *n*, or *r*. It takes its quality from the following vowel or consonant, e.g. slender in ... *an tsiúinéara* /ə t'u:N'e:rə/ '... of the carpenter', broad in ... *an tsáibhéara* /ə ta:w'e:rə/ '... of the sawyer'.

## (ii) Feminine nouns

## (a)

<i>Tá an Ghaeltacht anseo.</i>	The Gaeltacht is here.
<i>Tá muintir na Gaeltacht anseo.</i>	The people of the Gaeltacht are here.

<sup>1</sup>Pronounced as though spelt *as*.

Before a feminine noun the genitive of the article takes the form *na*, which is unstressed and causes no change to a consonant.

*Muintir na Gaeltacht* could also be translated as 'the Gaeltacht people'. Similarly: *fean an bhainne* 'the man of the milk, the man (associated) with the milk, the milkman'.

(b) Feminine nouns beginning with a vowel

<i>Tá an oifige anseo.</i>	The office is here.
<i>Tá doras na hoifige anseo.</i>	The door of the office is here.

*Na* prefixes *h* to a feminine noun with an initial vowel.

(iii) Plural nouns

<i>Tá na tithe anseo.</i>	The houses are here.
<i>Tá úinéaraí na dtithe anseo.</i>	The owners of the houses are here.
<i>Tá na hiascairí anseo.</i>	The fishermen are here.
<i>Tá bád na n-iascairí anseo.</i>	The fishermen's boat is here.

In the genitive plural *na* causes eclipsis, e.g. ... *na dtithe* '... of the houses', *na n-iascairí* 'of the fishermen'.

(iv) Summary table

	Before: an initial consonant	an initial vowel
masculine nouns	<i>an</i> + lenition <i>mac an bhúistéara</i> <i>an t</i> (before <i>s</i> ) <i>mac an tsiúinéara</i>	<i>an</i> <i>mac an iascaire</i>
feminine nouns	<i>na</i> <i>muintir na Gaeltacht</i>	<i>na h</i> <i>doras na hoifige</i>
plural nouns	<i>na</i> + eclipsis <i>úinéara na dtithe</i>	<i>na n-</i> <i>báid na n-iascairí</i>

(v) No special genitive form

Except for the effects of the article (lenition, eclipsis, or prefixed *h*), the form of the noun in the above examples is substantially the same in the genitive. This is so in the case of:

- the large majority of nouns with a final */s/*, e.g. *siúinéara*, *oifige*;
- two-syllable nouns ending in *-acht*,<sup>1</sup> e.g. *Gaeltacht*;
- nouns ending in *-ín*, e.g. *cailín*, *caipín*;
- nouns ending in *-(a)í*, e.g. *scéalai*;
- personal numbers *triúr* to *deichniúr* (see Lesson 15);
- several other nouns ending in a consonant.

## 2. TWO NOUNS IN GENITIVE RELATION TREATED AS A PROPER NOUN

*Tá teach an bhúistéara anseo.*                      The house of the butcher is here.

Although this sentence can be translated as 'the house of the butcher', in Irish there is only one article: *teach an bhúistéara*. *Teach an bhúistéara* is felt to be a proper noun exactly like *Cáit*, *Brid*, etc. and behaves accordingly:

<i>Cáit sin</i> (see Lesson 9)	<i>teach an bhúistéara sin</i> 'that butcher's house'
<i>geata Cháit</i> (see Lesson 3)	<i>geata theach an bhúistéara</i> 'the gate of the butcher's house'

<sup>1</sup> These are in Official Standard Irish written with a final *a b/*, e.g. *Raidió na Gaeltachta*.



## 3. MAIN USAGES OF GENITIVE

## (i) Genitive after verbal noun

<i>Tá sé ag moladh Máirtín.</i>	He is praising Máirtín.
<i>Tá sí ag pósadh mhac an bhúistéara.</i>	She is marrying the butcher's son.
<i>Ta sí ag moladh an bhúistéara.</i>	She is praising the butcher.
<i>Tá sí ag glanadh na hoifige.</i>	She is cleaning the office.

A verbal noun is in genitive relation with a following noun. Proper nouns are lenited, e.g. *ag pósadh mhac an bhúistéara* 'marrying the butcher's son' (see Lesson 15), and definite nouns are in the genitive, e.g. *ag moladh an bhúistéara* 'praising the butcher'.

## (ii) Genitive after certain prepositions

<i>Tá Cáit anseo ar shon Máirtín.</i>	Cáit is here on behalf of Máirtín.
<i>Tá fuinneog os cionn bhord an bhúistéara.</i>	There is a window above the butcher's table.
<i>Tá Máirtín anseo ar shon na n-iascairí.</i>	Máirtín is here on behalf of the fishermen.
<i>Tá seomra eile os cionn na hoifige.</i>	There is another room above the office.

After certain prepositions (originally containing nouns) nouns are in a genitive relation and therefore proper nouns are lenited, e.g. *os cionn bhord an bhúistéara* 'above the butcher's table', and definite nouns are in the genitive, e.g. *ar shon an tsáibhéara* 'on behalf of the sawyer'.

Possessive pronouns (*mo, do, a* etc.) are used with these prepositions to express pronominal objects: *Tá Cáit anseo ar mo shon* 'Cáit is here on my behalf'; *Tá seomra eile os do chionn* 'There is another room above you'.

## 4. NUMBERS ABOVE TWENTY

x	boats	years
20	<i>fiche bád</i>	<i>fiche bliain</i>
21	<i>bád is fiche</i>	<i>bliain is fiche</i>
22	<i>dhá bhád fhichead</i>	<i>dhá bhliain fhichead</i>
23	<i>trí bhád fhichead</i>	<i>trí bliana fhichead</i>
	etc.	etc.
30	<i>deich mbád fhichead</i>	<i>deich mbliana fhichead</i>
31	<i>aon bhád déag is fiche</i>	<i>aon bhliain déag is fiche</i>
32	<i>dhá bhád déag is fiche</i>	<i>dhá bhliain déag is fiche</i>
33	<i>trí bhád déag is fiche</i>	<i>trí bliana déag is fiche</i>
	etc.	etc.
40	<i>dhá fhichead bád</i>	<i>dhá fhichead bliain</i>
41	<i>bád is dá fhichead</i>	<i>bliain is dá fhichead</i>
42	<i>dhá bhád is dá fhichead</i>	<i>dhá bhliain is dá fhichead</i>
43	<i>trí bhád is dá fhichead</i>	<i>trí bliana is dá fhichead</i>
	etc.	etc.
51	<i>aon bhád déag is dá fhichead</i>	<i>aon bhliain déag is dá fhichead</i>
	etc.	etc.
60	<i>trí fichid bád</i>	<i>trí fichid bliain</i>
61	<i>bád is trí fichid</i>	<i>bliain is trí fichid</i>
62	<i>dhá bhád is trí fichid</i>	<i>dhá bhliain is trí fichid</i>
63	<i>trí bhád is trí fichid</i>	<i>trí bliana is trí fichid</i>
	etc.	etc.

70	<i>deich mbád is trí fichid</i>	<i>deich mbliana is trí fichid</i>
71	<i>aon bhád déag is trí fichid</i> etc.	<i>aon bhliain déag is trí fichid</i> etc.
80	<i>cheithre fichid bád</i>	<i>cheithre fichid bliain</i>
81	<i>bád is cheithre fichid</i>	<i>bliain is cheithre fichid</i>
82	<i>dhá bhád is cheithre fichid</i>	<i>dhá bhliain is cheithre fichid</i>
83	<i>trí bhád is cheithre fichid</i> etc.	<i>trí bliana is cheithre fichid</i> etc.
90	<i>deich mbád is cheithre fichid</i>	<i>deich mbliana is cheithre fichid</i>
91	<i>aon bhád déag is cheithre fichid</i> etc.	<i>aon bhliain déag is cheithre fichid</i> etc.
100	<i>céad bád</i>	<i>céad bliain</i>
101	<i>céad is bád</i>	<i>céad is bliain</i>
102	<i>céad is dhá bhád</i> etc.	<i>céad is dhá bhliain</i> etc.

The use of numbers between twenty and a hundred can be seen in the above table. Directly following a noun, *fichead* is lenited, e.g. *trí bád fhichead* '23 boats', *cheithre cinn fhichead* '24 (ones)', except where a plural, or special form ending in a vowel (see Lesson 11) is used, e.g. *trí bliana fichead* '23 years'.

*Fiche* '20' is pronounced /f'i:/, but after *is*, e.g. *bád is fiche* '21 boats' it is pronounced with a short vowel: /f'i/. *Scór* may optionally replace *fiche*, e.g. *dhá scór is aon cheann déag* '51'.

An older system based on tens has a certain currency: *fiche*, *triocha*, *daichead*, *caoga*, *seasca*, *seachtó*, *ochtó*, *nócha* '20 ... 90'. It has been reintroduced through the school system.

## TEXT

### AN CRUINNÍÚ

*Tá mná an bhaile seo ag iarraidh halla a chur ar bun, áit a d'fhéadfadh muintir an bhaile a úsáid le haghaidh dramaí nó céilíocha. Tá Cumann na bhFeilméaraí agus Cumann an Pharáiste ag caint ar a leithéide le chúig bhliana fichead ach ní raibh toradh ar bith ar an gcaint uilig. Le gairid, tháinig bean an tsiopa agus bean an bhúistéara le chéile leis an scéal a phlé. Anois tá siad ag túint ar mhná an bhaile rud eicint a dhéanamh faoin scéal. Bhí cruinniú acu an oíche cheana.*

*Ní raibh an seomra i bhfad ag líonadh. Ag an hocht a chlog, bhí trí dhuine dhéag is fiche ann. B'éigean dhúinn cathaoirleach a thogha. Bhí cuid de na mná ag moladh bhean an bhúistéara, ach ní raibh 'chuile dhuine sásta glacadh léi. Bhí an mháistreás ag moladh bhean an phosta. Faoi dheireadh, bhí 'chuile dhuine sásta glacadh le bean an tsiopa mar chathaoirleach. Ansin, bhí muid in ann tosaí ag plé chúrsaí an halla.*

*Bhí daoine áirithe ag iarraidh leas a bhaint as an tseanscoil mar halla. Dúirt siad go mbeadh sé rochostasach halla nua a thóigeáil. Choisneodh an talamh é féin an iomarca. B'éigean don mháistreás a inseacht dhóibh go bhfuil an tseanscoil contúirteach agus go mbíonn clocha ag titim de na ballaí. Ní bheadh an tseanscoil feiliúnach ar chor ar bith.*

*Bhí an cruinniú seo mar a bhíonn cruinniú ar bith eile. Bhí go leor leor daoine ag iarraidh caint. 'Seans go bhféadfaí teach a thóigeáil ar cíos?' a deir cainteoir amháin, 'd'fhéadfaí costas a shábháil mar sin.'*

*'Ach cén áit a bhféadfaid muid teach a fháil?' a deir cainteoir eile, 'sílim gur dearmad é teach a thóigeáil ar cíos agus gur fearr halla nua a thóigeáil.'*

'Ach cén áit a bhféadfadh muid an talamh a cheannacht?' a deir bean eile.  
'Cé mhéad a d'íocfaí anois ar acra? Drochsheans go mbeadh an t-airgead againn.'

'Chuide sheans nach mbeadh duine ar bith sásta an talamh a dhíol linn,' a deir duine eicínt eile.

Ansin dúirt bean an tsiopa go mbeadh sí féin agus a fear sásta an garraí atá os comhair an tsiopa nua a dhíol. An mbeadh 'chuide dhuine sásta leis sin? Ní bheadh. Bhí bean an phosta ina aghaidh. Bhí sí ag déanamh amach go raibh bean an tsiopa ag iarraidh tilleadh cuisilméaraí a tharraingt ar a siopa féin. Dúirt sise go mbeadh an garraí atá os comhair na dtithe nua níos fearr.

Ní raibh an cruinniú thart go dtí an haondéag. Ní raibh ag éirí linn tada a shocrú. Faoi dhreathadh, b'éigean dhúinn coiste a thogha leis an scéal a scrúdú.

Tá faitíos orm go mbeidh muid féin níos measa ná Cumann na bhFeilméaraí nó Cumann an Pharáiste.

### EXERCISES

A. Complete these sentences, using the appropriate form of the words in brackets.

(a)

1. Bhí Máirtín ag doras (an oifige).
2. Tá scian (an búistéara) ansin ar an mbord.
3. An bhfuil muintir (an Ghaeltacht) sásta?
4. Bhí muid ag caint le bean (an tincéara) ina dhiaidh sin.
5. Tá báid (na hiascairí) ansin ag an gcéibh.
6. Níl lucht (na tithe) nua sásta faoin halla.

(b)

1. Beidh Cáit ag pósadh (an búistéara).
2. Tá Bríd ag glanadh (an oifige).
3. Bíonn Úna i gcónaí ag moladh (Seáinín).
4. Bhí muid ag moladh (muintir na Gaeltacht).

(c)

1. Tá fear eile atá os cionn (an búistéara) seo.
2. Tá seomra os comhair (an seomra) seo.
3. Leag do mhála ansin in aghaidh (an balla).
4. Bhí an bord i lár (an oifige).
5. Bíonn na báid ag goil treasna (an fharraige).
6. Tá an halla nua dhá thóigeáil os comhair (na tithe) nua.
7. Beidh muintir Chiarraí ag imirt in aghaidh (muintir Chonamara).

B. Complete the following using the appropriate possessive pronoun.

1. Tá an máistir eile os cionn (mé).
2. Bhí an bhean eile os comhair (muid).
3. Tá oifige eile os cionn (na hoifige) seo.
4. Bíonn Bríd i gcónaí os comhair (Mháirtín).
5. Tá siad ag tóigeáil teach le haghaidh (thú).
6. Cé atá anois os cionn (thusa)?

## C. Write out fully in words:

- |                     |                        |
|---------------------|------------------------|
| 1. 63 <i>bád</i>    | 10. 40 <i>peann</i>    |
| 2. 51 <i>leaba</i>  | 11. 27 <i>punt</i>     |
| 3. 21 <i>bliain</i> | 12. 88 <i>crann</i>    |
| 4. 90 <i>úlla</i>   | 13. 30 <i>cathaoir</i> |
| 5. 70 <i>punt</i>   | 14. 46 <i>duine</i>    |
| 6. 20 <i>bád</i>    | 15. 99 <i>ceann</i>    |
| 7. 35 <i>seomra</i> | 16. 46 <i>pingin</i>   |
| 8. 71 <i>éan</i>    | 17. 102 <i>bád</i>     |
| 9. 80 <i>duine</i>  | 18. 60 <i>bliain</i>   |

## TRANSLATE:

1. It is most unlikely that the proprietress (i.e. woman) of the shop will agree with the postmistress. 2. They are building the new hall opposite the new houses. 3. Land is very expensive now. How much would you pay for an acre ? 4. The committee will accept the butcher's wife as chairman. There will be no election. 5. Everything costs too much now. 6. I intend to hire a car. 7. The office door is opposite the post office.

## LESSON 26

### VOCABULARY

<b>arm</b>	/a:rəm/	<i>airm</i> /æ:r'əm'/	army, weapon
<b>barr</b>	/bɑ:r/		top
<b>coirnéal</b>	/kaurN'e:l/	<i>coirnéil</i>	corner
<b>cúinne</b>	/ku:N'ə/	<i>cúinni</i>	internal corner, nook
<b>cúirtín</b>	/ku:rt'i:n'/	<i>cúirtíní</i>	curtain
<b>foireann</b> <i>fem.</i>	/fer'ən/		crew, team, staff, set
<b>gaisce</b> <i>fem.</i>	/gɑ:s'g'ə/		feat, boast
<b>galaoireach</b> <i>fem.</i>	/gɑ:lɪ:r'əx/		soap
<b>garda</b>	/gɑ:rdə/	<i>gardaí</i>	guard, policeman
<b>grá</b>	/grɑ:/		love
<b>gunna</b>	/gʊNə/	<i>gunnaí</i>	gun
<b>íochtar</b>	/i:əxtər/		bottom part
<b>meisce</b> <i>fem.</i>	/m'is'k'ə/		drunkenness
<b>peileadóir</b>	/p'el'ədo:r'/	<i>peileadóirí</i>	footballer
<b>pointe</b>	/pi:N't'ə/	<i>pointí</i>	point, point of time
<b>praiseach</b> <i>fem.</i>	/præs'əx/		mess
<b>saighdiúr</b>	/said'u:r/	<i>saighdiúirí</i>	soldier
<b>scór</b>	/sko:r/	<i>scóranna</i>	score (in game)
<b>túáille</b>	/tu:ɑ:l'ə/	<i>túáillí</i>	towel
<b>tuarastal</b>	/tu:ərəstəl/		salary
<b>uachtar</b>	/u:əxtər/	<i>uachtairí</i>	upper part, cream
<b>bailigh</b> 2	/ba:l'ə/		collect, pass
<b>bailiú</b>	/ba:l'u:/		collecting
<b>caoin</b> 1	/ki:n'/		cry, lament
<b>caoineadh</b>	/ki:n'ə/		crying
<b>cónaí</b>	/ku:Ni:/		residing
<b>cónaigh</b> 2	/ku:Nə/		reside
<b>dó</b>	/do:/		burning
<b>dóigh</b> 1	/do:/		burn
<b>mill</b> 1	/m'i:L'/		destroy, ruin
<b>milleadh</b>	/m'i:L'ə/		destroying
<b>réab</b> 1	/re:b/		tear, smash, act violently
<b>réabadh</b>	/re:bə/		tearing, upheaval
<b>scóráil</b> 1	/sko:rɑ:l'/		score
<b>scóráil</b> <i>fem.</i>	/sko:rɑ:l'/		scoring
<b>troid</b> <i>fem.</i>	/tred'/	pl. <i>troideanna</i>	fighting, fight
<b>bodhar</b>	/baur/		deaf
<b>geal</b>	/g'æ:l/		bright, white
<b>lag</b>	/lɑ:g/		week
<b>reamhar</b>	/raur/		fat, thick
<b>ar meisce</b>	/er' m'is'k'ə/		drunk, intoxicated
<b>i ndiaidh</b>	/ə N'i:ə/		after, following
<b>thré thine</b>	/hri: hin'ə/		( <i>lit.</i> through fire). on fire

## VOCABULARY NOTES:

1. *ag deanamh gaisce* 'boasting'
2. *mar bharr ar an gclampar* 'to make matters worse, to top everything'
3. *fios a chur ar* 'to send for'
4. *marach é sin* 'only for that'
5. *Bhailigh 'chuile dhuine leis.* 'everybody cleared off'
6. *D'éirigh mé aniar.* (*lit.* 'I rose from (lying) backwards'), 'I sat up'

## GRAMMAR

## 1. PAST TENSE OF REGULAR VERB

(i) Form used with noun or pronoun (corresponding to *bhí*)

<i>Ghlan Cáit an bord agus nigh sí na soithí</i>	Cáit cleaned the table and she washed the dishes.
<i>Léigh Cáit an leabhar agus bhris sí an chathaoir.</i>	Cáit read the book and she broke the chair.
<i>Choinnigh siadsan an cóta agus shalaight seisean é.</i>	<b>They</b> kept the coat and <b>he</b> dirtied it.
<i>D'oscail tusa an geata agus d'imir muidé cluifí.</i>	<b>You</b> opened the gate and <b>we</b> played games.

Type 1  
(root with one syllable)  
is lenited

<i>ghlan</i>	cleaned
<i>bhris</i>	broke
<i>léigh<sup>1</sup></i>	read
<i>nigh<sup>1</sup></i>	washed
<i>d'fhliuch</i>	wet

Type 2  
(root with two syllables)  
is lenited

<i>shalaight</i>	dirtied
<i>choinnigh</i>	kept
<i>d'oscail</i>	opened
<i>d'imir</i>	played

Where the verb has an initial vowel or *f*, *d'* is prefixed, e.g. *d'oscail sé* 'he opened', *d'fhliuch sé* 'he wet'. The *d'* is normally pronounced broad (/d/) or slender (/d'/) according to the following vowel.

(ii) Optional combined forms (corresponding to *bhíodar*)

Type 1  
adds *-(a)dar*, *-odar* /ɔdər/

<i>ghlanadar</i>	they cleaned
<i>bhriseadar</i>	they broke
<i>léadar</i>	they read
<i>níodar</i>	they washed
<i>d'fhliuchadar</i>	they wet

Type 2  
adds *-(a)fodar* /i:dər/

<i>shalaíodar</i>	they dirtied
<i>choinníodar</i>	they kept
<i>d'osclaíodar</i>	they opened
<i>d'imríodar</i>	they played

After a long vowel *gh* is dropped;  
after a short vowel *gh* is dropped  
and the syllable is lengthened;  
see Lesson 12. After *í*, the ending is  
spelt *-odar*, cf. *bhíodar*, see Lesson 7.

The last syllable is always lost  
before an ending with an initial vowel;  
see Lesson 12.

<sup>1</sup>For the lenition of *l*, *n*, see Lesson 1, phonetic exercise 1 (c).

(iii) Autonomous form (corresponding to *bhíothadh*)

Type 1  
adds *-(e)adh /u:/*

*glanadh*      one cleaned  
*briseadh*      one broke  
*léadh*          one read  
*níodh*          one washed  
*fliuchadh*      one wet

Type 2  
adds *-(a)íodh /i:w/*

*salaíodh*      one dirtied  
*coinníodh*      one kept  
*hosclaíodh*      one opened  
*himríodh*      one played

After *t*, the ending is spelt *-odh*.

The past tense autonomous form is never lenited (even after particles) and no *d'* is prefixed. Where the verb has an initial vowel, *h* is prefixed (even after particles).

## (iv) Use of particles

A regular verb in the past uses *níor* /N'í:r/ (in place of *ní*), *ar* /ɔ:r/ (in place of *an*), *nar* /Nɑ:r/ (in place of *nach*), *gur* /gʊ:r/ (in place of *go*), *marar* /mɑ:rɔ:r/ (in place of *mar*), and *ar* /ɔ:r/ (in place of the indirect relative particle *a*). All of these particles cause lenition as shown in this table:

	<i>Ghlan</i> <i>D'oscail</i>	
	<i>Níor</i> <i>Ar</i> <i>Nar</i>	<i>Cáit an geata.</i>
<i>Deir sé</i>	<i>ghlan</i> <i>oscail</i>	
	<i>gur</i> <i>nar</i>	
	<i>Marar</i> <i>Má</i>	<i>Cáit an geata léi.</i> <i>an geata.</i>
<i>Sin í an scian</i>	<i>ghlan</i> <i>d'oscail</i>	
	<i>ar</i>	
	<i>ghlan</i> <i>oscail</i>	
	<i>a</i>	
	<i>ghlan</i> <i>d'oscail</i>	

As pointed out in (iii) above the autonomous form is not lenited after particles, e.g. *níor glanadh*, *ar glanadh*?, and *h* is prefixed to a vowel irrespective of particles, e.g. *hosclaíodh*, *níor hosclaíodh*, *ar hosclaíodh*?

## (v) Meaning of past tense

*Léigh sé an leabhar.*

He (had) read the book.

*Léigh sé an leabhar an lá sin.*

He (had) read the book that day.

Generally in Irish no distinction is made between a preterite, e.g. 'he read', a perfect, e.g. 'he has read', and a pluperfect, e.g. 'he had read'. (The verb *tá* is slightly exceptional, see Lesson 6).

<sup>1</sup> *Nár* /Nɑ:r/, which is the Official Standard Irish form, is also used, though, it would seem, less frequently.

2. THE PREPOSITION *I*

## (i) Introduction

*Tá na leabhartha i mbosca.*  
*Tá na leabhartha sa mbosca.*

The books are in a box.  
 The books are in the box.

The preposition *i* /ə/ causes eclipsis to a directly following noun, e.g. *i mbosca* ‘in a box’. Before a vowel it is written *in*, e.g. *in Éirinn* ‘in Ireland’. When used with the article it combines with it and is *sa* /sə/ before a consonant, and *san* /sən/ before a vowel. *Sa* causes eclipsis to a following noun, e.g. *sa mbosca* ‘in the box’. *Sna* /snə/, causing no change, is used in the plural.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>ionam</i>	in me	/ʉNəm/
<i>ionat</i>	in you	/ʉNəd/
<i>ann</i>	in him/it	/ɑ:n/
<i>inti</i>	in her/it	/i:nʹtʹə/
<i>ionainn</i>	in us	/ʉNənʹ/
<i>ionaibh</i>	in you (pl.)	/ʉni:/
<i>iontu</i>	in them	/ʉntəb/

The contrast forms and general usage are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *ionam*, *ionamsa*, *ionam féin*, *ionamsa mé féin*; see Lesson 16.

3. MEANING OF *I*

## (i) Basic meaning ‘in’

*Tá uisce sa bpota.* There is water in the pot.

More idiomatically *i* is used:

## (ii) to express ‘to’ (an indefinite place)

*Tá Cáit ag goil in áit eicint.* Cáit is going somewhere.

Somewhat similarly: *ag goil sna sagairt* ‘going to (join) the priests, to become a priest’.

## (iii) to express possession of a quality or power

*Tá slainte sa ngrian.* The sun has a healthgiving quality.  
 (‘There is health in the sun.’)  
*Nil maith ar bith sa leabhar seo.* This book is no good.  
 (‘There is no good in this book.’)

## (iv) in some common adverbial phrases:

<i>in ann</i>	/əN a:n/	able, capable of
<i>in am</i>	/əN a:m/	in time
<i>i bhfad</i>	/ə wa:d/	far, a long way
<i>i gcónaí</i>	/ə gu:ni:/	always



<i>i bhfalach</i>	/ə wa:ləx/	in hiding, hidden
<i>i gceist</i>	/ə g'es'ɪ/	in question, under consideration
<i>i ngrá</i>	/ə ŋrɑ:/	in love
<i>in éindí</i>	/əN e:N'd'i:/	together, suddenly
<i>in aonturas</i>	/əN e:ntorəs/	on purpose
<i>in áirde</i>	/əN a:rd'ə/	(high) up
<i>in uachtar</i>	/əN u:əxtər/	on top
<i>in íochtar</i>	/əN' i:əxtər/	at the bottom
<i>i dteannta</i>	/ə d'ɑ:Ntə/	in a fix/dilemma

(v) with possessive pronouns (*mo, do, etc.*) to express a state

<i>Tá an seomra ina phraiseach.</i>	The room is in a mess. ( <i>lit. 'in its mess'</i> )
<i>Tá Cáit ina múinteoir anois.</i>	Cáit is a teacher now. ( <i>lit. 'in her teacher'</i> )
<i>Tá sé ina shamhradh.</i>	It is summer; summer has arrived. ( <i>lit. 'in its summer'</i> )

This idiom, at least to a certain extent, emphasised the state of having become something; 'I am a teacher' can be expressed by *Is múinteoir mé* (see Lesson 11) or by *Tá mé i mo mhúinteoir*. On the other hand, 'I am an Irishman' is normally *Is Éireannach mé*, as this is felt as a permanent state.

*Tá sé ina mhúinteoir mhaith* 'he is a good teacher'; in this construction after the third person singular masculine an adjective may be lenited after a masculine noun.

(vi) an alternative way of expressing this idiom

<i>Múinteoir atá ionam.</i>	I am a teacher. ( <i>lit. 'it is a teacher that is in me'</i> <sup>1</sup> )
-----------------------------	---

In this construction *in* (causing no change) may be used with personal names, e.g. *Múinteoir atá in Bríd* 'Bríd is a teacher'. Also *ansin* is used, e.g. *Siúinéara atá ansin* 'that fellow is a carpenter', rather than *ann sin*.

(vii) with possessive pronouns, instead of *ag* before a certain few verbal nouns to describe a state:

<i>Tá mé i mo chodladh.</i>	I am sleeping/asleep. ( <i>lit. 'in my sleep'</i> )
-----------------------------	---

Similarly: *i mo dhúiseacht* 'awake', *i mo sheasamh* 'standing', *i mo loighe* 'lying', *i mo shuí* 'sitting up, out of bed', *i mo chónaí* 'living, standing idle', *i mo rith* 'running'.

## TEXT

### CLAMPAR

*Bhí cluife againn inné. Bhí muid ag imirt in aghaidh an choláiste nua. Ghnóthaigh muid an cluife agus scóráil mé féin dhá phointe.*

*Tháinig go leor den fhoireann ar ais anseo ag an árasán i ndiaidh an chluife. Bhí dream mic léinn as an gcoláiste nua in éindí linn. Bhí an-chraic againn. Bhí cuid de na daoine ina suí sa gcúinne ag casadh amhráin. Bhí tilleadh acu ag damhsa i lár an tseomra. Bhí dream mic léinn ina seasamh ar an taobh eile den tseomra ag sáraíocht faoin gcluife. Bhí duine*

<sup>1</sup>This word-order is further dealt with in Lesson 34.

acu ar meisce agus thosaigh sé ag déanamh gaisce. Dúirt sé gur imir sé féin níos fearr ná duine ar bith eile. Dúirt duine eicint eile leis nar imir sé go maith ariamh agus nach raibh maith ar bith ann mar pheileadóir. Thosaigh siad ag troid. Mar bharr ar an gclampar, nar chuir duine de na comharsannaí fios ar na gardaí! (Bhí sé ina chodladh nó gur dhúisigh an torann é.) Ansin nuair a bhí an bheirt acu ag réabadh leo, dhóigh duine eicint poll sa gcúirtín le toitín. Hóibair dhó an teach ar fad a chur thrí thine.

D'éirigh linn an troid a stopadh go díreach in am, nuair a d'airigh muid carr na ngardaí ag tíoct thart ar an gcoirnéal. Marach é sin, bheadh muid i dteannta. D'aithin na gardaí cuid de na daoine agus scríobh siad síos ainmneacha na ndaoine uilig.

Nuair a d'imigh na gardaí, bhailigh 'chuile dhuine leis abhaile.

Bhí sé ina lá gheal nuair a dhúisigh mé. Is dóigh liom go raibh sé thart ar an deich a chlog. Ní raibh mé i bhfad i mo dhúiseacht nuair a chuimhnigh mé ar an oíche aréir. D'éirigh mé aniar sa leaba agus bhreathnaigh mé thart orm féin. Bhí an seomra ina phraiseach. Bheadh fonn ar dhuine a ghoil ag caoineadh. Milleadh 'chuile shórt sa réabadh.

Nuair a d'éirigh mé, chuir mé orm mo chuid éadaí. Níor nigh mé mé féin ná níor bhearr mé mé féin mar níor éirigh liom túbáil ná galaoireach ná rásúr a fháil sa bpraiseach. D'oscail mé an fhuinneog agus thosaigh mé ag glanadh an tseomra.

## EXERCISES

A. Turn the following statements into questions, e.g. *Ar shalaigh tú do léine aríst?*

1. *Shalaigh tú do léine aríst.*
2. *Nigh tú aríst ansin í.*
3. *Níor léigh tú an leabhar sin ariamh.*
4. *D'oscail tú an fhuinneog.*
5. *Níor bhris tú an chathaoir.*
6. *D'imir tú go maith ach tá tú ag éirí roeamhar.*
7. *D'fhoghlaim tú do chuid Gaeilge thall i Meireacá.*
8. *Tóigeadh in Éirinn thú.*
9. *hOscailodh an geata aríst.*
10. *Níor glacadh le bean an tsiopa mar chathaoirleach mar tá sí rud beag bodhar.*

B. Prefix *deir siad* to the above sentences and make the necessary adjustments, e.g. *Deir siad gur shalaigh tú do léine aríst.*

C. Complete the following sentences, using the appropriate pronominal pronoun, e.g. *Múinteoir maith a bhí inti; bhí tuarastal maith aice.*

1. *Múinteoir maith a bhí (in Bríd); bhí tuarastal maith aice.*
2. *Peileadóirí maith atá (i) (muide); gnóthaíonn muid 'chuile chluife.*
3. *Mac léinn iontach a bhí (i) (tusa); léigh tú 'chuile leabhar ar an gcúrsa.*
4. *Drochleachtóir a bhí (i) (é) sin; bhíodh sé ag tíoct deireanach ag na léachtanna in aonturas.*
5. *Siúinéaraí a bhí (i) (iad); bhí páí mhór acu ag déanamh cathaoireacha i mBaile Átha Cliath.*
6. *Dochtúir atá (i) (mé); tá mé ag obair sna hospidél i nGaillimh.*
7. *Saighdiúirí san arm atá (i) (sibh); tá 'ur gcuid gunnaí i bhfalach.*
8. *Tincéara atá (in Seáinín); ar ndóigh, bíonn an fear lag in íochtar i gcónaí.*
9. *Banaltra atá (in)(í) siúd; deir siad go bhfuil sí i ngrá le dochtúir san ospidéal.*

## TRANSLATE:

1. The doctor is in love with a nurse who resides in the hospital. 2. I am a student. I am living in this flat now for six years. 3. I hid (*lit.* put in hiding) the bottles on purpose. 4. Some of the people were sitting in the corners playing cards. More of them were standing in the middle of the room boasting about the match. 5. Somebody burned a hole in the curtain. To top everything, a neighbour was awake and he sent for the guards. 6. I was up at six yesterday morning. I was so tired that I couldn't find my towel or the soap. 7. When the soldiers and the guards go away, we will clear off home. 8. The child was ruined (*lit.* one ruined the child).

## LESSON 27

### VOCABULARY

<b>achar</b>	/a:xət/		distance, period
<b>allas</b>	/a:ləs/		sweat
<b>aonach</b>	/i:nəx/	<i>aontá</i> /i:nti:/	fair
<b>beagán</b>	/b'ogɑ:n/		a little
<b>binn</b> <i>fem.</i>	/b'i:n'/	<i>beanna</i> /b'æ:nə/	gable wall
<b>caiptín</b>	/ka:p't'i:n'/	<i>caiptíní</i>	captain
<b>ceantar</b>	/k'æ:ntət/	<i>ceantracha</i> /k'æ:ntɾəxi:/	district, area
<b>cliabh</b>	/k'l'i:əw/	<i>cléibh</i> /kl'e:w'/	pannier basket
<b>comhlódar</b>	/ku:lɔ:dət/	<i>comhlódair</i>	family, company
<b>corp</b>	/kɔrp/	<i>coirp</i> /ker'p'/	corpse
<b>cró</b>	/kro:/	<i>cróit</i>	outhouse
<b>cúirt</b> <i>fem.</i>	/ku:rt'/	<i>cúirteanna</i>	court
<b>cúram</b>	/ku:rəm/		care, responsibility
<b>dlí</b>	/d'l'i:/	<i>dlíonna</i>	law
<b>dlíodóir</b>	/d'l'i:do:r'/	<i>dlíodóirí</i>	lawyer
<b>donacht</b> <i>fem.</i>	/du:nəxt/		badness, illness
<b>faisean</b>	/fa:s'ən/		fashion, habit
<b>geard</b>	/g'ɑ:rd/	<i>geardanna</i>	yard
<b>gob</b>	/gɔb/		beak, spout, prow
<b>luach</b>	/Lu:əx/		value, price
<b>misneach</b>	/m'is'n'əx/		courage
<b>nead</b> <i>fem.</i>	/N'æ:d/	<i>neadracha</i> /N'ɑ:drəxi:/	nest
<b>pórtar</b>	/po:rtət/		stout, porter
<b>scoilteann</b> <i>fem.</i>	/skel't'/	<i>scoilteanna</i>	split, crack
<b>seanfhocal</b>	/s'æ:nokəl/	<i>seanfhocla</i>	proverb
<b>stór</b>	/sto:rl/	<i>stóir</i>	storey
<b>amhdachtáil</b> <i>fem.</i>	/audəxtɑ:l'/	admitting	
<b>amhdaigh</b> 2	/audə/	admit	
<b>ardaigh</b> 2	/ɑ:rdə/	raise, rise	
<b>ardú</b>	/ɑ:rdu:/	raising	
<b>comhair</b> 1	/ku:r'/	count	
<b>comhaireamh</b>	/ku:r'ə/	counting	
<b>corraí</b>	/kɔri:/	stirring	
<b>corraigh</b> 2	/kɔrə/	stir, move	
<b>feil</b> 1	/f'eil'/	suit, be appropriate ( <i>do:</i> for)	
<b>feiliúint</b>	/f'eil'u:n't'/	suiting	
<b>lobh</b> 1	/Lau/, /Low/	rot	
<b>lobhadh</b>	/Lau/, /Lowə/	rotting	
<b>oibrigh</b> 2	/aib'r'ə/	work (up), use	
<b>oibriú</b>	/aib'r'u:/	working (up)	
<b>scar</b> 1	/ska:rl/	separate, part, spread out	
<b>scaradh</b>	/ska:rə/	separating	
<b>scoilt</b> 1	/skel't'/	crack, split	
<b>scoilteadh</b>	/skel't'ə/	cracking	
<b>beag bídeach</b>	/b'og b'i:d'əx/	tiny little	
<b>cliste</b>	/k'l'is't'ə/	clever	

<b>congarach</b>	/kuŋgərəx/	adjacent ( <i>do:</i> to)
<b>láidir</b>	/lɑ:d'ər'/	strong
<b>(ar)<sup>1</sup> feadh</b>	/(er') f'æ:/	during, for the duration of
<b>de bharr</b>	/gə wɑ:r/	on account of, as a result of
<b>de réir</b>	/gə r'e:r'/	according to

## VOCABULARY NOTES:

1. *ó aimsir an chogaidh amach* 'from wartime onwards'
2. *gan mórán achair* 'before long, in a short time'
3. *d'fhéadfá a rá (golnách)* 'you could say ..., to be sure ...'

## GRAMMAR

## 1. VERBAL ADJECTIVE OF REGULAR VERB

## (i) Formation

<i>Tá an bord glanta agus tá na soithí nite.</i>	The table is cleared and the dishes are washed.
<i>Tá an leabhar léite agus tá an chathaoir briste.</i>	The book is read and the chair is broken.
<i>Beidh an cóta coinnithe go maith agus ní bheidh sé salaithe.</i>	The coat will be kept well and it will not be dirtied.
<i>Bhí an geata osclaithe agus an cluife imrithe.</i>	The gate was opened and the game played.

Type 1  
(root with one syllable)  
adds *-ta/-te* /tə/, /t'ə/

<i>glanta</i>	cleaned
<i>briste</i>	broken
<i>léite</i>	read
<i>nite</i>	washed

Type 2  
(root with two syllables)  
adds *-(a)ithe* /i:/

<i>salaithe</i>	dirtied
<i>coinnithe</i>	kept
<i>osclaithe</i>	opened
<i>imrithe</i>	played

A final *gh* is dropped;  
see Lesson 12.

Verbs with roots in *l, n, r* may alternatively add *-te* /t'ə/: *oscailte, imirte*. In this case the second syllable of the root is not dropped as the ending does not have an initial vowel; see Lesson 12.

Type 1  
adds *-tha/the* /i:/ to roots ending in *b, p, t, d, g, c, bh, mh*

<i>scuabtha</i>	swept	
<i>ceaptha</i>	thought	
<i>fágtha</i>	left	
<i>goite, goidthe</i>	stolen	
<i>scríobhtha</i>	written	(now spelt <i>scríofa</i> )
<i>snámhtha</i>	swum	(now spelt <i>snáfa</i> )

<sup>1</sup>*Ar* is often dropped.

All verbal endings are spelt with a 'broad' vowel, e.g. *-ta*, *-aithe*, after a broad consonant, e.g. *glan*, *sal-*, *oscl-*, and with a 'slender' vowel, e.g. *-te*, *-ithe*, after a slender consonant, e.g. *brís*, *coinn-*, *imr-*; see Lesson 12.

Some type 1 verbs with roots ending in *r*, e.g. *bearr* 'shave', *gearr* 'cut', *scar* 'separate', *comhair* 'count', add *-tha*, *-the* /ə/, e.g. *bearrtha* 'shaved', *gearrtha* 'cut', *scartha* 'separated', *comhairthe* 'counted'.

(ii) Pronunciation of verbs with roots ending in *b*, *d*, *g*, *bh*, *mh*

<i>b</i>	<i>scuab</i>	is pronounced	<i>p</i>	<i>scuabtha</i>
<i>d</i>	<i>goid</i>		<i>t</i>	<i>goíte</i> , <i>goidthe</i>
<i>g</i>	<i>fág</i>		<i>c</i>	<i>fágtha</i>
<i>bh</i>	<i>scríobh</i>		<i>f</i>	<i>scríobhtha/scríofa</i>
<i>mh</i>	<i>snámh</i>		<i>f</i>	<i>snámhtha/snáfa</i>

(iii) Meaning of verbal adjective

The verbal adjective describes a state resulting from an action.

*Tá an bord briste.* The table is (in the state of having been) broken.

Usually, it can be used attributively like any other adjective:

*Tá an bord briste thall ansin.* The broken table is over there.

2. THE PREFIXES *SO-*, *DO-*, *IN-*

<i>Tá an ghloine sobhriste.</i>	The glass is easily breakable.
<i>Tá an obair sin dodhéanta.</i>	That work is impossible to do.
<i>Níl sé sin inite.</i>	That is not edible.

The prefixes *so-* 'easily possible', *do-* 'impossible' and *in-* 'possible' are prefixed to a form of the verb which is the same as the verbal adjective, e.g. *briste*, *déanta*, *ite*. *So* is pronounced /su/ before a broad consonant or vowel, and /sí/ before a slender consonant. Similarly, *do* is pronounced /du/ or /dí/. *In* is pronounced /əN/. *So-* and *do-* are given primary stress while the verbal form takes the secondary stress, e.g. *sobhriste* /'sɪ,w'ɾ'is'ɾ'ə/ 'breakable', *so-ólta* /'su,ɔ:ltə/ 'easily drinkable', *dobhriste* /'dɪ,w'ɾ'is'ɾ'ə/ 'unbreakable', *dothóigthe* /'du,hɔ:k'ɪ:l'ə/ 'impossible to raise'. *In* is not stressed, e.g. *inite* /əNɪ'ɾ'ə/ 'edible'.

3. GENITIVE WITH SLENDER CONSONANT

<i>bád</i>	boat	<i>caiptín an bháid</i>	the captain of the boat
<i>Peadar</i>	Peadar	<i>cóta Pheadair</i>	Peadar's coat
<i>doras lol</i>	door	<i>láimh an doiris le/</i>	the door handle
<i>éan</i>	bird	<i>nead an éin<sup>1</sup></i>	the bird's nest
<i>airgead</i>	money	<i>mála an airgid<sup>2</sup></i>	the money bag
<i>aonach</i>	fair	<i>lá an aonaigh</i>	the fair day
<i>cogadh</i>	war	<i>aimsir an chogaidh<sup>3</sup></i>	the time of war
<i>clog lol</i>	clock	<i>éadan an chloig le/</i>	the face of the clock
<i>poll laul</i>	hole	<i>béal an phoill lail</i>	the mouth of the hole

<sup>1</sup>By spelling convention *éa* is written *éi* before a slender consonant.

<sup>2</sup>By spelling convention *ea* is replaced by *i* before a slender consonant.

<sup>3</sup>From the point of view of pronunciation, nouns ending in *-(e)adh* have no special form in the genitive, e.g. *cogadh* /kɔgə/: *aimsir an chogaidh* /... ə xɔgəl/. From the point of view of spelling, however, they belong here.

<i>poll</i> /aʊ/	hole	<i>béal an phoill</i> /ai/	the mouth of the hole
<i>cnoc</i> /ʌ/	hill	<i>barr an chnoic</i> /i/	the top of the hill
<i>arm</i> /a:/	army	<i>lucht an airm</i> /æ:/	the people of the army
<i>iasc</i> /i:ə/	fish	<i>mála an éisc</i> /e:/	the fish bag

In pronunciation all these forms are in accordance with the rules in Appendix I. Where the vowel changes, this is shown in the table above.

The majority of masculine nouns ending in a broad consonant are made slender in the genitive singular, e.g. *bád* – *an bháid* /bɑ:d/ – /wɑ:d'/ 'boat – of the boat'.<sup>1</sup> In a few words, e.g. *doras*, *arm*, the medial consonant is also made slender, e.g. *doras* – *an doiris* /dɔrəs/ – /der'əs'/ 'door – of the door', *arm* – *an airm* /a:rəm/ – /æ:r'əm'/ 'army – of the army'. When the final consonant is made slender, *ia* /i:ə/ becomes *éi* /e:/, e.g. *iasc* – *éisc* /i:əsk/ – /e:s'k'/ 'fish – of the fish'. A final (*e*)*ach* /əx/ becomes *-(a)igh* /ə/, *aonach* – *aonaigh* /i:Nəx/ – /i:Nə/ 'fair – of the fair'.

#### 4. GENERAL SUMMARY OF THE USE OF GENITIVE<sup>2</sup>

##### (i) Usage with definite noun

		Definite noun i.e. a noun following the article, or a possessive pronoun; or a proper noun
noun	<i>ainm ...</i>	<i>... na hoifige</i>
verbal noun	<i>(ag) moladh ...</i>	<i>... mo bháid</i>
genitive preposition	<i>ar shon ...</i>	<i>... Cháit, Pheadair</i> <i>... theach an bhúistéara</i>

After a noun, verbal noun or genitive preposition, (a) a definite noun, e.g. *an bhúistéara*, *mo bhád*, *Peadar*, *Cáit*, in the genitive, (b) all proper nouns, e.g. *Peadar*, *Gaillimh*, *teach an bhúistéara*, are lenited.<sup>3</sup>

##### (ii) Usage with indefinite noun

		Indefinite noun
noun	<i>ainm ...</i>	<i>... gasúr</i>
verbal noun	<i>(ag) moladh ...</i>	
genitive preposition	<i>ar shon ...</i>	

Generally after a noun, verbal noun or genitive preposition, the nominative is used with an indefinite noun (one which neither comes after *an*, *na*; *mo*, *do* etc. nor is a proper noun). However, a genitive is used in certain set expressions:

- (a) after a noun<sup>4</sup>, e.g. *éadach boird* 'tablecloth', *deoch phórtair*<sup>3</sup> 'a drink of stout';
- (b) after a verbal noun, e.g. *ag cur allais* 'sweating', *ag fáil bháis*<sup>3</sup> 'dying';
- (c) after a preposition taking the genitive, e.g. *ar feadh tamaill* 'for a while'.

<sup>1</sup>We have already seen examples of this genitive formation after *Dé* in *Dé Domhnaigh* (*Domhnach* /dʉ:Nəx/), *Dé Luain* (*Luan* /lʉ:N/), *Dé Sathairn* (*Satharn* /sɑ:rən/). Less frequently *Dé* can be dropped and the article used with the days of the week, e.g. *ar an Domhnach* 'on Sunday(s)'; or in certain phrases without the article, e.g. *ó Dhéardaoin go Domhnach* 'from Thursday to Sunday'.

<sup>2</sup>In certain cases, the use of the genitive is optional, particularly among younger speakers of the dialect. However, it is felt that the rules given here are a reasonable compromise.

<sup>3</sup>Concerning the lenition see Lessons 9 and 15.

<sup>4</sup>Particularly where the second noun is used as an adjective ('attributively') and the two nouns felt as one lexical unit.

(iii) Usage following *chun* or partitive words

- (a) *Tá sé ag goil chun feabhais.* He is improving  
(*lit.* going towards excellence).

*Chun* /uN/ is generally followed by a genitive, e.g. nom. *feabhas*, gen. *feabhais*. Other examples are: *chun báis* 'to death', *chun deiridh* 'backwards', *chun bealaigh* 'away'.

- (b) *Tá neart airgid anseo.* There is plenty of money here.

Partitive nouns such as *neart* 'plenty of' (in statements), *mórán* 'much of' (in questions or negatives), *go leor* 'lots of', *beagán* 'little of', *roinnt* 'some', *leath* 'half', *ceathrú* 'quarter', *cuid* 'share/portion of' etc., are normally followed by a genitive.

## 5. USE OF ADJECTIVE WITH GENITIVE OF MASCULINE NOUNS

<i>barr an gheata bhúí</i>	the top of the yellow gate
<i>muintir an bhaile mhóir</i>	the people of the town
<i>ainm an leabhair bháin</i>	the name of the white book

An adjective following a masculine noun in the genitive is lenited and in the case of adjectives having one syllable in spelling (and not ending in *ll*, *nn*, *rr*, *m*), the final consonant is made slender, e.g. *mór* 'big', ... *an bhaile mhóir* 'of the town'. Adjectives ending in *-(e)ach* /əx/ change to *-(a)igh* /əl/, e.g. *obair an duine bhradaigh* 'the work of the dishonest person'. The following forms are somewhat exceptional: *uasal* 'noble', *mac an duine uasail* 'the gentleman's son'; *beag* 'little', *mac Shéamaís Bhig* 'Séamas Beag's son'.

## TEXT

## PEADAR AGUS A THEACH

*Tá teach Pheadair i lár an bhaile mhóir. Níl ann ach 'teach beag bídeach' mar a deir sé féin. Tá dhá stór ann. Tá seomra amháin agus cisteanach bheag thíos an staighre. Tá dhá sheomra codlata thuas an staighre. Tá geard ar chúla an tí. Tá cró beag sa ngeard le haghaidh an ghuail.*

*Níor choisín an teach mórán airgid. Bhí sé i gceantar a raibh na tithe ligthe chun donacht ann. Ó aimsir an chogaidh amach, bhí muintir an bhaile mhóir ag fágáil ceantracha mar seo ar shon na dtithe nua, atá tamall amach ón mbaile mór. Ansin, gan mórán achair, ní raibh mórán comhlódaracha fanta ann. De réir mar a bhí na seandaoine ag fáil bháis, bhí an ceantar uilig ag goil chun donacht. Ach le bliain nó dhó anuas, tá sé go mór sa bhfaisean ag daoine óga tithe mar sin a cheannacht.*

*Níor thig Peadar nó go raibh sé ceannaithe cé chomh dona is a bhí an teach. Bhí an t-orklár thuas an staighre lofa. Go deimhin, bhí an staighre é féin ag tosaí ag lobbhadh. Bhí ceann de na ballaí sa gcisteanach scoilte<sup>1</sup>. Sílim féin go raibh scoilt i mbinn an tí. Bhí 'chuile dhuine ag rá leis gur dearmad é seanteach a cheannacht. 'Ceannaigh seanrud agus bí gan aon rud' a bhí daoine a rá. Bíonn seanfhocla mar sin i gcónaí ag daoine cliste i gcás mar sin.*

*D'amhdaigh Peadar go raibh droch-chaoi ar an teach. Ach ní raibh neart anois air ach tosaí ag obair. Ní bhíonn obair ar bith dodhéanta má choinníonn tú do mhisneach.*

<sup>1</sup>Exceptionally *scoilte* is normally pronounced /skel'tʲi:/. The pronunciation of the verbal adjective with a final /i:/ is optional, though rare, in case of verbs of type 1 whose roots end in *t*.



D'fhéadfá a rá nar chaill Peadar a mhisneach. D'fheicfeá ansin é 'chuile oíche den tseachtain ag obair agus ag cur allais. Siúinéara iontach atá ann agus tá sé breá láidir. Tá sé go maith ag oibriú an chasúir nó ag plé leis an sábh. Ní raibh sé i bhfad nó go raibh adhmaid nua curtha in áit an tseanadhmaid agus an staighre agus na doirse uilig péinteáilte. Gan mórán achair, bhí caoi curtha ar na ballaí uilig.

Is dlíodóir é Peadar agus is maith leis cónaí i lár an bhaile mhóir. Tá an teach congarach do na cúirteanna agus feileann sé sin dhó. Ar ndóigh, tá luach an tí ag ardú de réir mar atá daoine óga ag ceannacht agus ag socrú suas seantithe eile sa gceantar. Is fiú slam airgid amach anseo é. 'Ach ní hé an t-airgead a chomhaireann,' a deir Peadar, 'tá mé sásta anseo agus níl sé ar intinn agam corraí as seo ar shon an airgid.'

### EXERCISES

A. Complete the following, e.g. *Tá mé ag glanadh an tseomra. Beidh sé glanta gan mórán achair.*

1. *Tá mé ag glanadh an tseomra. Beidh sé ..... gan mórán achair.*
2. *Tá mé ag péinteáil an doiris. Beidh sé ..... gan mórán achair.*
3. *Bhí sé ag athrú a sheaicéid. Anois tá an seaicéad .....*
4. *Bhí siad ag níochnán a gcuid éadaí. Tá siad ..... anois.*
5. *Oscail an fhuinneog. Nuair a bhéas an fhuinneog ....., ní bheidh an seomra rothe.*
6. *Tá sé ag dúnadh an phoill. Tá sé beagnach ..... cheana féin.*
7. *Bhí leidir agat le cur chun bealaigh. An bhfuil sí ..... chun bealaigh fós ?*
8. *Bhí siad ag caint ar theach nua a cheannacht. Anois, faoi dheireadh tá sé .....*
9. *Bhíodh na seandaoine ag ligean tithe chun donacht. Anois tá siad uilig ..... chun donacht.*
10. *Bhí sibh ag dó na seanpháipéir. An bhfuil siad uilig .....?*
11. *Bhí an t-orklár le scuabadh, ach tá sé ..... faoi dheireadh.*
12. *Níl an obair dodhéanta. Má choinníonn tú do mhisneach, beidh sí ..... anocht.*

B. In the following, write out the nominative singular of the nouns which are in the genitive, e.g. *casúr*.

1. *ag oibriú an chasúir, ainm an ghasúir, mála an dochtúir, gunna an tsaighdiúir*
2. *i lár an orlóir, ag gearradh an chláir, doras an chairr*
3. *deoch phórtair, teach Pheadair, ar bharr an chabhantair, treasna an bhóthair, póca mo threabhsair*
4. *ag baint an fhéir, ag léamh an pháipéir, ag ithe mo shuipéir*
5. *i mbéal an doiris, in áit an tsolais, de bharr an turais*
6. *leaba mo bháis, cóta Thomáis*
7. *barr mo bhéil, geata an tséipéil, deireadh an scéil, gob an éin*
8. *ar feadh tamail, cloigeann an chapail, in áit an tuarastail, teach an phobail*
9. *ag casadh an cheoil, cois an stóil*
10. *tilleadh aráin, lá an amadáin, muintir an oileáin, treasna an tsrutháin*
11. *mála an airgid, treasna an droichid*
12. *ag socrú an chloig, ag leagan amach an choirp*
13. *súil an chait, barr an chnoic*
14. *i lár an aonaigh, chun bealaigh, teanga an tSasanaigh*
15. *aimsir an chogaidh, ar feadh an tsamhraidh, i lár an gheimhridh, chun deiridh*
16. *mála an éisc, béal an chléibh*
17. *cois an bhoird, mo chuid neairt, teach an tsagairt, os comhair an tsaol*

## TRANSLATE:

1. Tomás admitted that the bottom of the door was rotten and that the wall was cracked. He didn't know it until the house was bought. 2. He kept his courage and the house was washed and cleaned and painted before long. 3. According as the families were leaving the district and the old people were dying, the whole district was going to the bad. 4. They say that it is courage which counts. If you keep your courage, no work will be impossible. 5. The priest's car was across the road from me at the chapel gate. 6. Don't stir ! Stay where you are ! I won't be staying long.

## LESSON 28

## VOCABULARY

<b>baintreach</b> <i>fem.</i>	/ba:n't' r' əx/	<i>baintreacha</i>	widow
<b>bairille</b>	/ba:r' əL' ə/	<i>bairillí</i>	barrel
<b>ball</b>	/bɑ:L/		part, spot, member
<b>breac</b>	/b' r' æ:k/		fish
<b>cluasánach</b>	/kLu:əsɑ:Nəx/		fat-head
<b>col ceathar</b>	/,kɔL'k' æ:r/	<i>col ceathracha</i>	cousin
<b>cónra</b> <sup>1</sup> <i>fem.</i>	/ku:nɾə/	<i>cónraíocha</i>	coffin
<b>contae</b>	/ku:nde:/	<i>contaecha</i>	county
<b>diabhal</b>	/d' auL/	<i>diabhala</i>	devil
<b>dúil</b> <i>fem.</i>	/du:l'/		desire
<b>fainic</b> <i>fem.</i>	/fa:n' ək'/	<i>fainiceacha</i>	warning
<b>feall</b>	/f' a:L/		treachery, shame
<b>glas</b>	/gLa:s/	<i>glasanna</i>	lock
<b>grásta</b>	/grɑ:stə/		grace(s), mercy
<b>greann</b>	/g' r' a:N/		fun
<b>greim</b>	/g' r' i:m'/	<i>greamanna</i>	grip, bite, stitch
<b>iasacht</b> <i>fem.</i>	/i:əsəx/	<i>iasachtaí</i>	loan
<b>leanbh</b> <sup>2</sup>	/l' æ:nə(w)/		young child
<b>muineál</b>	/min' a:L/	<i>muineáil</i> /min' a:l'/	neck
<b>mullach</b>	/muLəx/	<i>mullaí</i>	top, summit
<b>roilig</b> <sup>3</sup> <i>fem.</i>	/riL' ək'/	<i>roiligeacha</i>	graveyard
<b>rópa</b>	/ro:pə/	<i>rópaí</i>	rope
<b>sac</b>	/sa:k/		sack
<b>sochraide</b> <i>fem.</i>	/soxrəd' ə/	<i>sochraidí</i>	funeral
<b>stócach</b>	/stɔ:kəx/	<i>stócaí</i>	youth
<b>stór</b>	/stɔ:r/	<i>stórtha</i> /stɔ:rə/	store, treasure
<b>tórramh</b>	/to:rə/	<i>torraíocha</i>	wake
<b>trioblóid</b> <i>fem.</i>	/t' r' i' bLɔ:d' i:/	<i>trioblóidí</i>	trouble, illness
<b>tumálaí</b>	/tuma:Li:/	<i>tumálaithe</i> /tuma:li:/	driver
<b>uaigh</b> <i>fem.</i>	/u:ə/	<i>uaigheanna</i>	grave
<b>Contae Mhaigh Eo</b>	/kunde: ,fi:' o:/	Co. Mayo	
<b>Seán</b>	/s' a:N/	( <i>man's name</i> )	
<b>Séamas</b>	/s' e:məs/	( <i>man's name</i> )	
<b>Tomás</b>	/tuma:s/	( <i>man's name</i> )	
<b>báigh</b> 1	/bɑ:/	drown	
<b>bá</b>	/bɑ:/	drowning	
<b>brionglóidí</b> <i>fem.</i>	/b' r' i: ŋLɔ:d' i:/	dreaming	
<b>croch</b> 1	/krox/	lift, hang	
<b>crochadh</b>	/kroxə/	lifting	
<b>fuagair</b> 2	/fu:əgər'/	call out, announce	
<b>fuagairt</b> <i>fem.</i>	/fu:əgərt'/	calling out	
<b>glasáil</b> 1	/gLa:sɑ:l'/	lock	
<b>glasáil</b> <i>fem.</i>	/gLa:sa:l'/	locking	

<sup>1</sup> See note to vocabulary of Lesson 24.

<sup>2</sup> *Páiste* is normally used. *Leanbh* has only a limited use.

<sup>3</sup> Pronounced as though spelt *rillig*.

<b>iompair 2</b>	/u:mpərˠ/	carry
<b>iompar</b>	/u:mpər/	carrying
<b>maraigh 2</b>	/ma:rə/	kill
<b>marú</b>	/ma:ru:/	killing
<b>scaoil 1</b>	/ski:lˠ/	loosen, free
<b>scaoileadh</b>	/ski:lˠə/	loosening
<b>tumáil 1</b>	/tumɑ:lˠ/	drive
<b>tumáilt fem.</b>	/tumɑ:Lˠtˠ/	driving
<b>cam</b>	/kɑ:m/	crooked, bent
<b>cúng</b>	/ku:ŋg/	narrow
<b>cúthal</b>	/ku:l/	shy
<b>mór millteach</b>	/mo:r mˠi:Lˠtˠəx/	huge
<b>sleamhain</b>	/sˠlˠaunˠ/	slippery, smooth
<b>teann</b>	/tˠɑ:n/	taut, firm
<b>tobann</b>	/toβən/	sudden
<b>ar fud</b>	/erˠ fud/ (with gen.)	around about, among
<b>ar iasacht</b>	/erˠ i:əsəxt/ (with gen.)	on loan
<b>i dtaobh</b>	/ə di:w/ (with gen.)	concerning, about

## VOCABULARY NOTES:

- san oíche Dé Máirt* 'on Tuesday night'      2. *ag tabhairt faoi deara* 'noticing'
- Grásta ó Dhia ar a anam / a hanam!* (lit. 'grace from God on his/her soul'), 'God rest him/her' (said when speaking of the dead).
- Fainic (thú féin)!* 'Beware!', 'Watch out!' (can also be followed by indirect relative: *fainic a dtuífé!* 'Beware lest you fall!')
- teacht as.* (lit. 'come out of'), survive, recover'
- le cúnamh Dé* (lit. 'with the help of God'), 'please God' (*Dé* is the irregular genitive of *Dia*).
- Ní maith liom do thrioblóid* (lit. 'I don't like your trouble'), 'I am sorry for your trouble' (said when sympathising with persons recently bereaved).

## GRAMMAR

## 1. SIX IRREGULAR VERBS

	Imperative Singular	Verbal Noun	Habitual Tenses	Future/ Conditional	Past Tense	Verbal Adjective
'hear'	<i>clois</i> /klosˠ/	<i>cloisteáil</i> /klosˠtˠɑ:lˠ/	<i>clois-</i>	<i>clois-</i>	<i>chuala</i> /xu:əɫə/	<i>cloiste</i> /klosˠtˠə/
'eat'	<i>ith</i> /i/	<i>ithe</i> /i:/	<i>ith-</i>	<i>fos-</i> /i:s/	<i>d'ith</i> /dˠi/	<i>ite</i> /itˠə/
'give'	<i>tabhair</i> /to:rˠ/	<i>tabhairt</i> /to:rˠ/	<i>tug-</i> /tug/	<i>tabhar-</i> /tˠu:rˠ/	<i>thug</i> /hug/	<i>tugtha</i> /tuki:/
'give birth'	<i>beir</i> /bˠerˠ/	<i>breith</i> /bˠrˠe/	<i>beir-</i>	<i>béar-</i> /bˠe:r/	<i>rug</i> /rug/	<i>beirthe</i> /bˠerə/
'say'	<i>abair</i> /a:bərˠ/	<i>rá</i> /rɑ:/	<i>deir-</i> /dˠerˠ/	<i>déar-</i> /dˠe:rˠ <sup>1</sup> /	<i>dúirt</i> /du:rˠtˠ/	<i>ráite</i> /rɑ:tˠə/
'come'	<i>teara</i> /tˠæ:rə/	<i>teacht</i> /tˠæ:xt/	<i>teag-</i> /tˠæ:g/	<i>tioc-</i> /tˠuk/	<i>tháinig</i> /hɑ:nˠəkˠ/	<i>teagtha</i> /tˠæ:ki:/

<sup>1</sup>Also /dˠi:ərˠ/.

The above table contains six of the ten (excluding the verb *tá*) irregular verbs. Generally, irregular verbs are lenited or eclipsed just like any verb and take the same endings as Type 1 regular verbs, e.g. *an dteagann tú?* 'do you come?', *ní thiocfaidh mé* 'I won't come', *nar tháinig siad?* 'did they not come?', *ní thiocfainn* 'I would not come'.

The verb *abair* 'say' is somewhat exceptional:

(i) When lenition would normally be expected, the initial *d* is omitted, e.g. *ní 'éarfainn* /N'í: e:ɾɔN'/' 'I wouldn't say', *ar 'úirt sé* /ə r u:ɾt'/' 'did he say?'.

(ii) Initial *d* is not lenited after *a* in a direct relative, e.g. *sin é an fear a déarfás é* 'that is the man who will say it', or after *má* in the past tenses, e.g. *má dúirt sé* 'if he said'.

(iii) There is an alternative direct relative form (*a deir* 'says') with a present or past meaning, e.g. *cé a deir tú* 'what are you saying?', *tá mé sásta, a deir sé* 'I am content, says he'.

Somewhat less frequently *ní, nach, go, mara* may be used in the past tense (similarly to the verb *tá*) instead of *níor, ar, gur, marar*; e.g. *ar tháinig sé? / an dtáinig sé?* 'did he come?'.

## 2. THE PREPOSITION *IDIR*

### (i) Introduction

*Tá spás idir an bord agus an balla.* There is a space between the table and the wall.

*Idir* /'led'ər'/ causes no change to a following noun, alone or with the article. The article affects the noun as normal, e.g. *an bord* 'the table', *idir an bord ...* 'between the table ...'; *an bhean* 'the woman', *idir an bhean ...* 'between the woman ...'; see Lesson 8.

### (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>idir mé ...</i>	between me ...	
<i>idir thú ...</i>	between you ...	
<i>idir élf ...</i>	between him/her/it ...	
<i>eadrainn</i>	between us	/a:trɔN'/'
<i>eadrai bh</i>	between you (pl.)	/a:tri:/
<i>eadar thu</i>	between them	/a:trɔb/

*Idir* does not combine with the singular personal pronouns, e.g. *idir mé, idir mise, idir mé féin, idir mise mé féin*. The contrast forms and general usage of plural forms are the same as those of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *eadrainn, eadrainne, eadrainn féin, eadrainne muid féin*; see Lesson 16.

### (iii) Meaning of *idir*

#### (a) Basic meaning 'between'

*Beidh Cáit anseo idir an dó agus an trí.* Cáit will be here between two and three.

#### (b) Secondary meaning 'both'

*Bhí idir sean agus óg ann.* There were both old (people) and young (people) there.  
*Tá idir balla agus ceann briste.* Both wall(s) and roof are broken.

No article is required after *idir* 'both' and the singular can be used in a general sense. Also *idir* 'both' may lenite following nouns (though not usually those with initial *t* or *s*),

<sup>1</sup>*Idir* is pronounced as though spelt *eidir*.

e.g. *idir fhear agus bhean* ‘both men and women’, *idir bheithigh agus chaoirigh* ‘both cows and sheep’, *idir mhagadh is dháiríre* ‘half in mocking (*lit.* both joking and serious)’.

### 3. GENITIVE WITH SLENDER CONSONANT AND IRREGULAR VOWEL CHANGE

The genitive form of some dozen or so masculine nouns is formed by making the final consonant slender and by changing in spelling:

#### (i) *ea* to *i*

<i>leanbh</i>	/æ:/	child	<i>caipín an linbh</i>	/i/	the child’s cap
<i>ceann</i>	/ɑ:/	head	<i>mullach mo chinn</i>	/i:/	the top of my head

Similar to *leanbh* are: *fear* ‘man’, *cóta an fhir* ‘the man’s coat’, *breac* ‘fish’, *ag marú an bhric* ‘catching (*lit.* killing) the fish’. Similar to *ceann* is *greann* ‘humour’, *údar grinn* ‘a source of humour’.

Note also *feall* /ɑ:/, *buille feill* /ai/ ‘a treacherous blow’, in which *ea* changes to *ei*.

#### (ii) *a* to *o*

<i>glas</i>	/a:/	lock	<i>poll an ghlois</i>	/e/	the key ( <i>lit.</i> lock) hole
<i>crann</i>	/ɑ:/	tree	<i>barr an chroinn</i>	/i:/	the top of the tree
<i>ball</i>	/ɑ:/	place	<i>i lár boill</i>	/ai/	right in the middle ( <i>lit.</i> in the middle of the place)

Similar to *glas* are: *tarbh* ‘bull’, *cloigeann an toirbh* ‘the bull’s head’, ‘*sac* ‘sack’, *béal an tsoic* ‘the mouth of the sack’.

The following nouns are entirely irregular: *muineál* ‘neck’, *greim cúl muinil* ‘a grip of (the) back of (the) neck’, *Micheál: cóta Mhíchíl* ‘Micheál’s coat’, *mac son*, *bean mo mhic* ‘my son’s wife’.

### 4. THE VOCATIVE SINGULAR

<i>A Pheadair !</i>	<i>Peadar !</i>
<i>A Cháit Mhór !</i>	<i>Cáit Mhór !</i>
<i>A Thomáis Mhóir !</i>	<i>Tomás Mór !</i>
<i>A shaighdiúir !</i>	<i>Soldier !</i>
<i>A dheabhail bhraidaigh !</i>	<i>You sly devil !</i>

After the vocative particle *a* /ɑ/, which is not stressed, all nouns and adjectives are lenited (see Lesson 4). In the case of masculine nouns, the noun and adjective change exactly as in the genitive singular<sup>1</sup> (see Lesson 27), with the following exceptions:

#### (i) Nouns ending in *-(e)ánach*

<i>A chluasánaí !</i>	<i>You fat-head !</i>
-----------------------	-----------------------

Nouns ending in *-(e)ánach*, (and *stócach* ‘young man’, *madadh* ‘dog’) have *-aí* /i:/ in place of the final syllable.

<sup>1</sup>*Mac, leanbh, Micheál* have two forms: *a mhac, a mhic; a leana, a linbh; a Mhícheáil, a Mhíchíl*.

(ii)

*A stór !**A bhéal mór !**A chloigeann pota !*Oh darling ! (*lit.* treasure)

You big-mouth !

You pothead !!

When inanimate nouns are used as terms of endearment or abuse, the final consonant is not made slender and a following adjective is not lenited.

## 5. THE DIMINUTIVE SUFFIX

<i>bád</i>		<i>báidín</i>		a little boat
<i>fuinneog</i>		<i>fuinneogín</i>		a little window
<i>cró</i>		<i>cróin</i>		a little shed
<i>geata</i>		<i>geaitín</i>		a little gate
<i>gob</i>	/o/	<i>goibín</i>	/e/	a little beak
<i>siopa</i>	/u/	<i>sipín</i>	/i/	a little shop
<i>hata</i>	/a:/	<i>haitín</i>	/æ:/	a little hat
<i>teach</i>		<i>teacháin</i>		a little house
<i>coileach</i>		<i>coileacháin</i>		a little cock

The suffix *-ín* is used to express smallness, e.g. *bád* 'a boat', *báidín* 'a little boat'. It may also be used to express endearment, or in a pejorative sense.

The suffix *-ín* may be added to all nouns. A final unstressed vowel /ə/ is dropped; see Appendix I, 5(i). Final broad consonants (except *ch*, e.g. *teach*: *teacháin*) become slender. The gender of a noun remains the same when the basic meaning of the noun is unaltered.

The pronunciation of all these forms is regular and in accordance with the tables in Appendix I. Examples of how the vowel changes are shown in the above table.

### NOTES:

1. *doras*, *doirisín* 'a little door'; in a few words the medial consonant is also made slender (see Lesson 27).
2. *coileach*, *coileacháin*, *coilín*; two-syllable words with the ending /əx/ can optionally drop it before the *-ín*. In this case a broad medial consonant is made slender.
3. *cliabh*, *cliabhín*, *cléibhín*; *fear*, *feairín*, *firín*; *glas*, *glaisín*, *gloisín*; *ia* may optionally become *é* (see Lesson 27) and similarly where there is an irregular vowel change (see 3. above) the change may optionally take place.

## TEXT

### AN TIMPISTE

*Maraíodh Tomás Mór san oíche Dé Máirt. Tharla<sup>1</sup> sé chomh tobann sin. Ní raibh súil ag duine ar bith leis. (Cé go gcaithfidh mé a rá go raibh brionglóidí aisteacha 'am i dtaobh an bháis san oíche Dé Luain.)*

*Fear mór millteach a bhí in Tomás. Duine cuthal a bhí ann; an fear bocht - grásta ó Dhia ar a anam.*

<sup>1</sup>Although *tarlaigh* is a type 2 verb, a more historical spelling *tharla* is preserved in the past tense (where we might expect *tharlaigh*).

*Bhí sé ar saoirse thús i gContae Mhaigh Eo nuair a tharla an timpiste. Bhí an-dúil aige san inscúch agus bhí sé ag goil ag caitheamh coicís ag iascach ar fud Chontae Mhaigh Eo in éindí le Seán. Is col ceathar dhó é Seán.*

*Tráthnóna Dé Máirt, bhí sé ag iarraidh a ghoil ar cuairt ag bean a mhic i nGaoth Sáile. (Bhí leanbh aici le gairid.) Bóthar cam cúng a bhí ann. Bhí sé sleamhain freisin mar gheall ar go raibh sé ag báisteach. Bhí leoraí mór trom i lár an bhóthair a raibh bairillí ceanglaithe le rópaí uirthi. Ní raibh na rópaí uilig sách teann. Go tobann, thug Seán faoi deara go raibh ceann acu scaoilte sa gcaoi nach raibh greim ceart aige ar cheann de na bairillí. Thosaigh sé ag fuagairt ar thumálaí an leoraí. Fainic! Fainic!*

*Bhí sé romhall. Thit an bairille anuas i mullach an chairr. D'imigh sí ó smacht. Crochadh den bhóthar í agus buaileadh faoin gcláí í. Caitheadh Tomás Mór amach i mullach a chinn. Eadrainn féin, is mór an feall nach raibh an doras glasáilte.*

*Tháinig tumálaí an leoraí slán as. Níor gortaíodh ar chor ar bith é. Tugadh Tomás Mór agus Seán ag Ospidéal an Chontae. Bhí muineál Thomáis Mhóir briste agus fuair sé bás uair an chloig ina dhiaidh sin. Bhí cosa Sheáin briste ach tiocfaidh seisean as, le cúnamh Dé.*

*Tugadh corp Thomáis Mhóir abhaile anseo mar rugadh agus tóigeadh sa bparáiste seo é. Bhí an tórramh ann san oíche Dé Máirt agus bhí an tsochraide ann maidin Déardaoin. Cuireadh é thar éis Aifreann a dó dhéag.*

*Bhí sochraide mhór ann. Bhí idir sean agus óg ann. Bhí isteach is amach le céad carr taobh amuigh den roilig. Bhí na daoine anonn is anall ag caint leis an mbaintreach. 'Ní maith liom do thrioblóid,' a deir siad (sin é a deireann 'chuile dhuine anseo). 'Tá a fhios agam é, a stór,' a dúirt an bhaintreach. 'Muise, an creatúr, d'imigh sé go tobann,' a bhí na daoine a rá. D'iompair na fir an chónra go dtí an uaigh. Ansin dúirt an sagart na paidreacha.*

*Cuireadh Tomás Mór san uaigh ar cuireadh a athair inti fiche bliain ó shin nuair a bádh<sup>1</sup> é.*

## EXERCISES

A. Complete these sentences using the appropriate irregular verb.

1. Cloiseann an bhean úd an iomarca scéalta..... sí inné go raibh Máirtín ag ól aríst.
2. Ithim 'chuile shórt. Is cuma céard a thabharfas tú dhom, ..... mé é.
3. Tháinig Francach inné ..... Sasanach amáireach ..... go leor strainséaraí anseo 'chuile bhliain.
4. Cé ..... fá leis an mbean sin? Deireann Séamas i gcónaí gur bean an-bhreá í.
5. Eadrainn féin, abair liom cé dúirt tú leis ansin? Nar ..... tú rud ar bith leis? Nach mbeadh sé níos fearr rud eicint a ..... ?
6. Beireann an bhó ag an am seo 'chuile bhliain ..... sí aréir.
7. Cén áit ar tóigeadh thú? Ar ..... agus tóigeadh anseo thú?
8. .... ar ais anseo aríst amáireach agus beidh mé in ann airgead a thabhairt dhuit.
9. An síleann tú go dtiocfaidh sé? Ní ..... é.
10. Teara aríst gan mórán achair. Ná bíodh sé i bhfad nó go ..... tú ar ais aríst.
11. Beir thusa ar mo mhála ar feadh nóiméad agus féadfaidh tusa ..... ar mo mhaide.

<sup>1</sup>Although the ending of the autonomous form in the past tense is *-(e)adh* for type 1 verbs (see Lesson 20), when the root ends in *a* the second *a* is omitted in spelling, e.g. *bádh* rather than *báadh* (see Appendix 1).



12. *Rugús<sup>1</sup> ar an bhfear a ghoid an t-airgead. Is mór an feall nach féidir ..... ar an bhfear eile.*

B. Write out the nominative singular of the bracketed nouns in the following sentences.

1. *Tá nead ag an éan i mbarr (an chroinn).*

2. *Ní raibh béal (an tsoic) sách mór.*

3. *Thit mé ar chúl (mo chinn).*

4. *Bhí cóta (an linbh) bán.*

5. *Croch suas cóta (an fhir).*

6. *Tá bean (mo mhic) tinn.*

C. Add the diminutive suffix *-ín* to the following words.

1. *cóta*

5. *leabhar*

2. *teach*

6. *saighdiúr*

3. *maide*

7. *bróg*

4. *deoch*

8. *doras*

TRANSLATE:

1. I was dreaming again last night about death. I was sweating with (the) fear. 2. Watch out ! There is a rope loose. It has no grip on the barrel. Watch out lest it might fall ! 3. I was calling out to the driver of the lorry. 4. Although the barrel fell suddenly down on top of the car, nobody was hurt. 5. Tomás Mór's wife was born and raised in this parish. She was buried in the same grave. There was a big funeral. 6. Seán is very fond of the cars. He is a dangerous driver. Is the car door locked ?

<sup>1</sup>*Breith ar* means 'to take, catch hold of'. In this sense of 'catch' *rugús* replaces *rugadh*.

## LESSON 29

### VOCABULARY

<b>babhal</b>	/bauL/	<i>babhalanna</i>	bowl
<b>bagún</b>	/ba:gu:N/		bacon
<b>beainc fem.</b>	/b'æ:ŋ'k'/	<i>beainceanna</i>	bank ( <i>money</i> )
<b>bille</b>	/b'il'ə/	<i>billí</i>	bill
<b>blaosc fem.</b>	/bLi:sk/	<i>blaoscanna</i>	skull, eggshell
<b>bonn</b>	/bu:N/	<i>boinn</i> /bi:N'/	coin
		<i>bonnúcha</i> /buNu:xi:/	sole
<b>cill fem.</b>	/k'i:L'/		churchyard
<b>cluais fem.</b>	/kLu:əs'/	<i>cluasa</i>	ear
<b>clúdach</b>	/kLu:dəX/	<i>clúdaí</i>	cover
<b>cócaireacht fem.</b>	/ko:kə'əxt/		cooking
<b>coill fem.</b>	/kaiL'/	<i>coillte</i>	wood, forest
<b>coinneal fem.</b>	/ki'n'əL/	<i>coinnle</i> /ki:n'L'ə/	candle
<b>corc</b>	/kork/	<i>coirc</i> /ker'k'/	cork, plug
<b>cré fem.</b>	/K'r'e:/		earth
<b>cuireadh</b>	/kir'ə/	<i>cuiríocha</i>	invitation
<b>cúis fem.</b>	/ku:s'/	<i>cúiseanna</i>	cause, case
<b>cuntas</b>	/ku:ntəs/	<i>cuntaisí</i>	account
<b>jug</b>	/dʒug/	<i>juganna</i>	jug
<b>leathanach</b>	/L'æ:NəX/	<i>leathanaí</i>	page
<b>leictreachas</b>	/L'ek't'r'əXəs/		electricity
<b>meall</b>	/m'ɑ:L/	<i>mealltracha</i>	lump, mess
<b>meán lae</b>	/m'ɑ:NLe:/		midday
<b>oinniún</b>	/i'n'u:N/	<i>oinniúin</i> /i'n'u:n'/	onion
<b>peain</b>	/p'æ:n'/	<i>peaineanna</i>	pan
<b>pros</b>	/pros/, /pres/	<i>prosanna</i>	press, cupboard
<b>robar</b>	/rɔbər/	<i>robair</i>	dishcloth
<b>salann</b>	/sa:LəN/		salt
<b>sáspan</b>	/sɑ:spən/	<i>sáspain</i> /sɑ:spən'/	saucepan
<b>slinn fem.</b>	/s'l'i:N'/	<i>sleantracha</i> /s'l'ɑ:Ntrəxi:/	roof slate
<b>sluasaid fem.</b>	/sLu:əsəd'/	<i>sluaiste</i> /sLu:əs't'ə/	shovel
<b>suim fem.</b>	/si:m'/		interest, amount
<b>taepait</b>	/tæ:pa:t'/	<i>taepaiteacha</i>	teapot
<b>taithneamh</b>	/tæ:N'ə/		enjoyment, pleasure
<b>téarma</b>	/t'e:rmə/	<i>téarmaí</i>	term
<b>tóin fem.</b>	/tu:n'/	<i>tóineanna</i>	bottom, rump
<b>bog 1</b>	/bog/		soften, move
<b>bogadh</b>	/bogə/		softening
<b>brú</b>	/bru:/		pressing, <i>etc.</i>
<b>brúigh 1</b>	/bru:/		press, bruise, push, mash
<b>glaoch</b>	/gLi:X/		calling
<b>gluigh 1</b>	/gLu/		call
<b>iarnáil 1</b>	/i:ərnɑ:l'/		iron
<b>iarnáil fem.</b>	/i:ərnɑ:l'/		ironing
<b>measc 1</b>	/m'æ:sk/		mix
<b>meascadh</b>	/m'æ:skə/		mixing
<b>róst 1</b>	/rɔ:st/		fry, roast

<b>róstadh</b>	/ro:stə/	frying
<b>rósta</b> <i>v.adj.</i>	/ro:sti:/	fried
<b>triomaigh</b> 2	/tʳʰumə/	dry
<b>triomú</b>	/tʳʰumu:/	drying
<b>buíoch</b>	/bi:əx/	grateful ( <i>de: to</i> )
<b>cothrom</b>	/korəm/	level, equal
<b>dílís</b>	/dʲi:lʲəsʲ/	faithful, dear
<b>gann</b>	/gɑ:N/	scarce
<b>garr</b>	/gʰɑ:ɾ/	short
<b>leathan</b>	/l.ʰæ:N/	broad, wide
<b>lom</b>	/Lu:m/	bare
<b>milis</b>	/mʲilʲəsʲ/	sweet
<b>salach</b>	/sa:ləx/	dirty
<b>ar aghaidh</b>	/erʰ ai/ (with gen.)	in front of, forward
<b>i gcaitheamh</b>	/ə ga:/ (with gen.)	during
<b>i measc</b>	/ə mʰæ:sk/ (with gen.)	among
<b>in aice</b>	/əN æ:kʲə/ (with gen.)	beside
<b>timpeall</b>	/tʲi:mpə/ (with gen.)	around

#### VOCABULARY NOTES:

1. *obair tí* 'housework'
2. *Buíochas le Dia !* 'thanks (be) to God!'
3. *Is gearr go/nach ...* 'it will be only a short time until ... (not ...)'
4. *ag cur glaoch ar* 'calling up, telephoning'
5. *ar bogadh* 'steeping'
6. *Cré na Cille* (title of well-known novel by Máirtín Ó Cadhain)

## GRAMMAR

### 1. FOUR MORE IRREGULAR VERBS

As is the case with all irregular verbs, those below take the endings of Type 1 regular verbs. As can be seen from the table, three of these verbs employ different roots for the 'dependent' forms (as is the case with the verb *tá*).

Exceptionally, in the spelling of the future and conditional of *faigh*, the *f* of the ending is omitted, e.g. *gheobhaidh* /ɣʰau/ 'will get', *ní bhfaigheadh* /Nʲi: waix/ 'would not get'.

Similarly to the verb *tá*, in the past tense these verbs use the particles *ní*, *an*, *go*, *nach*, *mara*, and are lenited or eclipsed in the regular way. However the following points must be noted:

(i) the forms *bhfaighidh* and *bhfuair* are used after all particles, e.g. *ní bhfaighidh sé* 'he will not get', *nach bhfuair sé* 'didn't he get?'

(ii) the form *gheobh* is permanently lenited;

(iii) the form *fuair* has no prefixed *d'*, e.g. *fuair sé* 'he got' (cf. *fliuch: d'fhliuch sé* 'he wet').

	Imperative Singular	Verbal Noun	Habitual Tenses	Future / Conditional	Past Tense	Verbal Adjective
'do'	<i>déan</i> /d'í:N/	<i>déanamh</i> /d'í:Nə/	<i>déan-</i>	<i>déan-</i>	<i>rinne</i> /rɪN'ə/	<i>déanta</i> /d'í:Ntə/
					<i>ní dhearna</i> /ɣ'ɑ:rNə/	
					<i>an</i>	
					<i>go</i>	
					<i>nach</i>	
					etc.	
					<i>ndearna</i> /N'ɑ:rNə/	
'see'	<i>feic</i> /f'ek'/	<i>feiceáil</i> /f'ek'ɑ:l'/	<i>feic-</i>	<i>feic-</i>	<i>chonaic</i> <sup>1</sup> /xan'ək'/	<i>feicthe</i> /f'ek'i:/
					<i>ní fhaca</i> /a:kə/	
					<i>an</i>	
					<i>go</i>	
					<i>nach</i>	
					etc.	
					<i>bhfaca</i> /wa:kə/	
'go'	<i>gabh</i> /go/	<i>goil</i> /gel'/	<i>té-</i> /t'ai/	<i>gabh-</i> /go:/	<i>chuaigh</i> <sup>2</sup> /xu:ə/	<i>goite</i> /get'ə/
					<i>ní dheachaigh</i> /ɣ'æ:xə/	
					<i>an</i>	
					<i>go</i>	
					<i>nach</i>	
					etc.	
					<i>ndeachaigh</i> /N'æ:xə/	
'get'	<i>faigh</i> /fa:/	<i>fáil</i> /fa:l'/	<i>faigh-</i> /fa:/	<i>gheobh</i> <sup>-3</sup> /ɣ'au/	<i>fuair</i> <sup>2</sup> /fu:ər'/	<i>faighte</i> /fa:t'ə/
			<i>ní</i>		<i>ní</i>	
			<i>an</i>		<i>an</i>	
			<i>go</i>		<i>go</i>	
			<i>nach</i>		<i>nach</i>	
			etc.		etc.	
					<i>bhfaigh</i> <sup>-4</sup> /wai/	
					<i>bhfuair</i> /wu:ər'/	

The particular pronunciation of *té-* as /t'ai/, e.g. *téann sé* /t'ain s'e:/ 'he goes', of *faigh* as /fa:/, e.g. *fhaignean sé* /fa:n s'e/ 'he gets', and of *chonaic* as /xan'ək'/ should be carefully noted.

## 2. GENITIVE WITH SLENDER CONSONANT AND -E

<i>blaosc</i>	eggshell	<i>lán na blaoisce</i>	the full of the eggshell
<i>seachtain</i>	week	<i>deireadh na seachtaine</i>	the end of the week
<i>bróig</i>	shoe	<i>bonn mo bhróige</i>	the sole of my shoe
<i>fuinneog</i>	window	<i>dúnadh na fuinneoige</i>	closing the window

<sup>1</sup>Pronounced as though spelt *chainic*.

<sup>2</sup>In fast speech and followed by a subject, *chuaigh* may be pronounced as /xo/ and *fuair* as /fɔr'/.

<sup>3</sup>Alternative pronunciation /ɣ'ɔf/.

<sup>4</sup>Alternative pronunciation /wi:/.

<i>muic</i>		pig	<i>cloigeann na muice</i>		the pig's head
<i>ubh</i>	/u/	egg	<i>blas na huibhe</i>	/i/	the taste of the egg
<i>grian</i>	/i:ə/	sun	<i>solas na gréine</i>	/e:/	the light of the sun
<i>Gaillimh</i>	/ə/	Galway	<i>muintir na Gaillimhe</i> <sup>1</sup>	/əw'ə/	the people of Galway
<i>bainis</i>		wedding	<i>lucht na bainse</i>		those associated with the wedding

The genitive singular of the majority of feminine nouns<sup>2</sup> (if they have a special genitive case, see Lesson 25) is formed by making the final consonant slender and by adding *e* /ə/, e.g. *blaosc* 'eggshell', *na blaoisce* 'of the eggshell'. When the final consonant is already slender, it simply takes *e* /ə/, e.g. *seachtain* 'week', *na seachtaine* 'of the week'. Before a slender consonant *ia* becomes *é*, e.g. *grian* 'sun', *na gréine* 'of the sun'.

In a few words the middle syllable is dropped, e.g. *bainis* 'wedding', *na bainse* 'of the wedding'; *sluasaí* 'shovel', *lán na sluaiste* 'the full of the shovel (i.e. shovelful)'.

All these forms are pronounced in accordance with the tables in Appendix I. Where there is a vowel change or consonant addition this is shown in the table above.

Some of these nouns had originally a final broad consonant in the nominative, e.g. *bróg* for *bróig*. This older form is in use in other dialects (and in some few cases either optionally or in set phrases in this dialect) and is the Official Standard Irish form.

#### (ii) Further examples with regular vowel changes

<i>im</i>	/i:/	butter	<i>punt ime</i>	/i/	a pound of butter
<i>coill</i>	/ai/	wood	<i>lár na coille</i>	/e/	the middle of the wood
<i>aill</i>	/a:/	cliff	<i>barr na haille</i>	/æ:/	the top of the cliff

Similar to *im* are: *suim* 'interest', *an iomarca suime* 'too much interest'; *slinn* 'slate', *ceann slinne* 'a roof of slate'; *binn* 'gable', *barr na binne* 'the top of the gable'; *cill* 'churchyard', *cré na cille* 'the clay of the churchyard'.

Similar to *coill* are: *moill* 'delay', *ag déanamh moille* 'delaying'; *soill* 'fat', *an iomarca soille* 'too much fat'. In some few words the middle syllable is dropped with resulting regular vowel changes:

<i>obair</i>	/o/	work	<i>mo chuid oibre</i>	/ai/	my work
<i>coinneal</i>	/i/	candle	<i>solas na coinnle</i>	/i:/	the light of the candle

All these forms are pronounced in accordance with the tables in Appendix I.

### 3. SOME ADJECTIVES WITH SPECIAL COMPARATIVE FORMS

#### (i) Formation

<i>bán</i>		white	<i>(níos/is) báine</i>		whiter
<i>glic</i>		cunning	<i>glíce</i>		more cunning
<i>bog</i>	/o/	soft	<i>boige</i>	/e/	softer
<i>gorm</i>	/o/	blue	<i>goirme</i>	/e/	bluer
<i>tobann</i>		sudden	<i>tobainne</i>		more sudden
<i>fairsing</i>		plentiful	<i>fairsinge</i>		more plentiful
<i>bodhar</i>		deaf, dumb	<i>bodhaire</i>		deafier, dumber

<sup>1</sup>The article is used with *Gaillimh* only in the genitive.

<sup>2</sup>All the nouns which form their genitive in this way are feminine except *im* 'butter', *taobh* 'side' and *sliabh* 'mountain'.

<i>sleamhain</i>	slippery	<i>sleamhaine</i>	more slippery
<i>láidir</i>	strong	<i>láidire</i>	stronger
<i>dílis</i>	faithful	<i>dílse</i>	more faithful
<i>cothrom</i>	level	<i>coithrime</i>	leveller

The comparative of adjectives whose basic form is pronounced with a final consonant (except those ending in *-ch* or *-úil*, which are dealt with later), is made by making the final consonant slender and adding *-e /ə/*, e.g. *bán* 'white', *níos báine* 'whiter'. When the final consonant is already slender, it simply takes *-e /ə/*, e.g. *glic* 'cunning', *níos glíce* 'more cunning'.

In a few adjectives the middle syllable is dropped, e.g. *dílis* 'faithful', *níos dílse* 'more faithful'; *uasal* 'noble', *níos uaisle* 'nobler'; *íseal* 'low', *níos ísle* 'lower'. In *cothrom* 'level' the medial *r* also becomes slender: *níos coithrime* 'leveller'.

All these forms are pronounced in accordance with the tables in Appendix I. Where there is a vowel change or consonant addition this is shown in the table above.

(ii) Further examples with regular vowel changes

<i>tinn</i>	/i:/	sick	<i>níos tinne</i>	/i/	sicker
<i>cam</i>	/ɑ:/	crooked	<i>níos caime</i>	/a:/	more crooked
<i>trom</i>	/u:/	heavy	<i>níos troime</i>	/i/	heavier

Similar to *trom* is *lom* 'bare', *níos loime* 'barer'; *cúng* 'narrow', *níos cuinge* 'narrower'.

In some few adjectives the middle syllable is dropped with resulting regular vowel changes:

<i>domhain</i>	/au/	deep	<i>níos doimhne</i>	/ai/	deeper
<i>soibhir</i>	/e/	rich	<i>níos soibhre</i>	/ai/	richer
<i>milis</i>	/i/	sweet	<i>níos milse</i>	/i:/	sweeter

Similar to *domhain* is *reamhar* 'fat', *níos reimhre* 'fatter'.

All these forms are pronounced in accordance with the tables in Appendix I.

Exceptionally, the vowel does not change in *donn* /daʊN/ 'brown', *níos doinne* /daʊN˚ə/ 'brownier', and *teann* /t˚ɑ:N/ 'firm', *níos teáinne* /t˚ɑ:N˚ə/ 'firmer'.

## TEXT

### OBAIR TÍ

*Bhí lá saoire inné agus buíochas le Dia, ní raibh scoil ar bith againn. Is dóigh go mbíonn 'chuile mhúinteoir tuirseach mar sin ag deireadh an téarma. Is gearr go mbeidh an Nollaig ann agus tóigfidh mé an saol níos boige ansin.*

*Bhí sé ar intinn agam éirí go moch mar bhí neart oibre le déanamh agam sa teach. Níor dhúisigh mé nó gur airigh mé fear an phosta ag an doras. D'éirigh mé agus chuaigh mé síos an staire le breathnú ar na leitreacha.*

*Ní raibh cuma rospéisiúil ar na leitreacha. Ní raibh ann ach bille an leictreachais agus cuntas ón mbeainc.*

Bhí meall soithí salacha sa gcisteanaigh le níos. Ghlan mé an bord agus leag mé babhal an tsiúcra agus jug an bhainne ar ais sa bpros. Ansin, thosaigh mé ag níos éadaí. Nigh mé na túallí uilig agus robair na soithí. Ansin, nigh mé an dá bhráillín agus clúdach an pheiliúir. Chuir mé éadaí eile ar bogadh. Bhí go leor gréine ann thart ar mheán lae agus d'éirigh liom iad a chrochadh amuigh sa ngeard ar chúla an tí. Ní raibh siad i bhfad ag triomú. Níor bhac mé le iad a iarnáil mar bhí mé rothuirseach.

Ansin, chuir mé glooch ar Mhícheál agus thug mé cuireadh dhó le haghaidh a shuipéir. Bhí sé buíoch dhíom mar dúirt sé nach raibh fonn cócaireacht ar bith air féin. Dháiríre, mí suim ar bith sa gcócaireacht aige, más féidir leis í a sheachaint. Lig mé mo scíth ansin ar feadh uair an chloig nó dhó. D'éist mé le ceirníní. Léigh mé an páipéar agus léigh mé cupla leathanach as 'Cré na Cille.'

Ag an seacht a chlog, thosaigh mé ag réiteach an tsuipéir. Ghlan mé na fataí agus chuir mé síos iad. Nuair a bhí siad bruite, bhrúigh mé iad. Ghearr mé oinniún. Ansin chuir mé an t-oinniún agus ruainne beag ime agus salann ar na fataí bruite agus mheasc mé sa sásan iad. Bhrúigh mé bagún agus gabáiste i bpota mór leathan. Bíonn blas níos fearr orthu mar sin ach caithfidh tú an clár a choinneáil ar an bpota nó beidh an baladh ar fud na háite.

Ag ceathrú don hocht, leag mé an bord in aice na fuinneoige. Bhain mé leas as an éadach boird nua a cheannaigh mé i gcathair na Gaillimhe le gairid agus las mé coinneal ar an mbord.

Tháinig Mícheál ar bhuille an hocht, go díreach nuair a bhí an suipéar réidh, agus tharraing sé an corc as an mbuidéal fion dhom. Tá seisean i bhfad níos láidre ná mise !

Bhain muid an-taithneamh as an mbéilí le chéile. Is aoibhinn liom a bheith ag ithe agus ag ól agus ag comhrá mar sin le solas na coinnle. Beidh béilí eile againn le chéile ag deireadh na seachtaine seo chugainn.

## EXERCISES

A Rewrite these sentences (a) in the negative and (b) as positive questions.

1. Rinne siad poll níos doimhne i lár na páirce.
2. Téann muintir na tíre ansin ar feadh seachtaine.
3. Chuaigh lucht na bainse ar fud na háite.
4. Gheobhaidh tú feoil níos láidre treasna na sráide.
5. Gabhfaidh muintir na Gaillimhe ann le haghaidh na hoíche.
6. Fuair seisean bean níos soibhre.
7. Chonaic mé bóithrí níos caime agus níos cuinge i lár na tíre.
8. Faigheann tú daoine mar sin i measc do mhuintire féin.

B. Write out the nominative singular of the nouns which are in the genitive, e.g. *caint*.

- |                        |                             |
|------------------------|-----------------------------|
| 1. an iomarca cainte   | 15. geata na roilige        |
| 2. ag plé na ceiste    | 16. ag foghlaim na ceirde   |
| 3. mo chuid gruaige    | 17. ar shon na cúise        |
| 4. ar fud na háite     | 18. de bharr na haoise      |
| 5. i lár na tíre       | 19. ag craitheadh mo láimhe |
| 6. teach na scoile     | 20. méaracha mo choise      |
| 7. ar feadh seachtaine | 21. babhal an ime           |
| 8. poll mo chluaise    | 22. de bharr na haimsire    |
| 9. bun na spéire       | 23. ag déanamh moille       |

10. *ag ceangal na bróige*
11. *timpeall na pairce*
12. *i gcaitheamh na hoíche*
13. *treasna na sráide*
14. *i measc a mhuintire*

24. *go leor suime*
25. *ag foghlaim na Fraincise*
26. *barr na fuinneoige*
27. *doras na leabharlainne.*

C. Complete these sentences using the genitive of an appropriate noun among the following: *coill, ciall, áit, sráid, muic, aill, grian, sliabh.*

1. *Chonaic mé neart croinnte óga ag fás i lár na .....*
2. *Tá an feilméara ag díol na ..... leis an mbúistéara.*
3. *Rinne sé teachaín beag ceann slinne ar thaobh an .....*
4. *Cheannaigh muid taepait agus peain agus soithí eile sa siopa a bhí treasna na ..... uainn.*
5. *Níl mórán ..... agat ag imeacht gan cóta nuair atá an aimsir chomh fuar seo.*
6. *Tá solas na ..... go maith ag rud ar bith atá ag fás.*
7. *Ná bí ag róstadh uibheacha anseo, beidh baladh agat ar fud na .....*
8. *Tá an t-éan ar bharr na ..... ag breathnú anuas ar an bhfarraige.*

D. Write out the comparative forms of:

- |                   |                   |
|-------------------|-------------------|
| 1. <i>gorm</i>    | 6. <i>soibhir</i> |
| 2. <i>bodhar</i>  | 7. <i>trom</i>    |
| 3. <i>reamhar</i> | 8. <i>teann</i>   |
| 4. <i>cothrom</i> | 9. <i>íseal</i>   |
| 5. <i>milis</i>   |                   |

TRANSLATE:

1. I didn't go downstairs to get the letters. I knew that I would only get bills or an account from the bank. 2. I gave an invitation to three or four last night. 3. The milk jug and the sugar bowl are on the table. Where is the teapot and the cups and saucers? 4. I will put on (*síos*) the potatoes. If you feel like cooking, cut up the cabbage and the onion. Mix them on the pan. 5. I like fried eggs and bacon. 6. Pass me the butter, please! 7. I never before in my life saw more crooked or narrower roads than the ones I saw in the centre of the country. 8. There is only a drop of milk in (*ar*) the bottom of the bottle. I will go to the shop and buy another bottle. 9. The sugar and the tea are scarce. 10. I wash my own shirts and I hang them in the yard. They dry very quickly.



# LESSON 30

## VOCABULARY

<b>básta</b>	/bɑ:stə/	<i>bástaí</i>	waist
<b>beilt</b> <i>fem.</i>	/b'el't'/	<i>beilteanna</i>	belt
<b>cadás</b>	/kudɑ:s/		cotton
<b>cáil</b> <i>fem.</i>	/kɑ:l'/		fame, renown
<b>carabhata</b>	/,kɑ:rə'wɑ:tə/	<i>carabhataí</i>	(long) scarf
<b>cnaipe</b>	/kræ:p'ə/	<i>cnaipí</i>	button
<b>An tAontas Eorpach</b> /ə ti:ntəs o:rpəx/			The European Union
<b>cóta mór</b>	/ko:tə mo:r/	<i>cótaí móra</i>	great coat
<b>craiceann</b>	/kræ:k'ən/	<i>craicne</i> /kræ:k'n'ə/	skin
<b>craiceann caorach</b> /kræk'ən ki:rəx/			sheepskin
<b>cuach</b> <i>fem.</i>	/ku:əx/	<i>cuacha</i>	cuckoo
<b>glúin</b> <i>fem.</i>	/glu:n'/	<i>glúine</i>	knee
<b>gualainn</b> <i>fem.</i>	/gu:ələn'/	<i>guaillí</i> /gu:əl'í:/	shoulder
<b>leathar</b>	/l'æ:r/	<i>leatharacha</i>	leather
<b>margadh</b>	/mɑ:rəgə/	<i>margaí</i>	market
<b>miotóig</b> <i>fem.</i>	/m'itə:g'/	<i>miotógaí</i>	glove
<b>ola</b> <i>fem.</i>	/olə/		oil
<b>olann</b> <i>fem.</i>	/olən/		wool
<b>pinsean</b>	/p'ins'ən/	<i>pinsineacha</i>	pension
<b>rusta</b>	/rustə/	<i>rustaí</i>	wrist, cuff
<b>rúitín</b>	/ru:t'ín'/	<i>rúitíní</i>	ankle
<b>sáil</b> <i>fem.</i>	/sɑ:l'/	<i>sálta</i> /sɑ:l'tə/	heel
<b>sceach</b> <i>fem.</i>	/s'k'æ:x/	<i>sceacha</i>	bush
<b>seic</b>	/s'ek'/	<i>seiceanna</i>	cheque
<b>siopadóir</b>	/s'upədə:r'/	<i>siopadóirí</i>	shopkeeper
<b>slua</b>	/slu:ə/	<i>sluaite</i>	crowd, hoard
<b>speal</b> <i>fem.</i>	/sp'æ:l/	<i>spealta</i>	scythe
<b>tuath</b> <i>fem.</i>	/tu:ə/		country(side)
<b>uachta</b> <i>fem.</i>	/u:əxtə/		will, legacy
<b>fuaigh</b> 1	/fu:ə/	sew	
<b>fuáil</b> <i>fem.</i>	/fu:ɑ:l'/	sewing	
<b>lúb</b> 1	/lu:b/	bend	
<b>lúbadh</b>	/lu:bə/	bending	
<b>traoiáil</b> 1	/tri:ɑ:l'/	try	
<b>traoiáil</b> <i>fem.</i>	/tri:ɑ:l'/	trying; trial, experiment	
<b>amplúch</b>	/ɑ:mplu:x/	greedy	
<b>caol</b>	/ki:l/	slender	
<b>ciallmhar</b>	/k'í:əlwər/	sensible	
<b>éadrom</b>	/e:drəm/	light	
<b>fadbhreathnaíoch</b>	/fɑ:dw'r'æ:Ni:əx/	farseeing, long term ...	
<b>faillíoch</b>	/fɑ:l'í:əx/	neglectful	
<b>fiáin</b>	/f'í:ɑ:n'/	wild	
<b>gar</b>	/gɑ:r/	near ( <i>do: to</i> )	
<b>garbh</b>	/gɑ:ru:/	rough, harsh, coarse	
<b>mall</b>	/mɑ:l/	slow, late	

<b>mín</b>	/m'í:n'/	fine, smooth
<b>seafóideach</b>	/s'æ:fo:d'əx/	nonsensical
<b>searbh</b>	/s'æ:ru:/	sour, bitter
<b>seasmhach</b>	/s'æ:su:x/	lasting
<b>ar thoib</b>	/er' heb'/	on the point of, about to
<b>caideó</b>	/ka:d'ó:/	how long is it since ?
<b>'chaon</b>	/xe:N (+ len.)	each, both
<b>go deo</b>	/gə d'ó:/	(for) ever
<b>í láthair</b>	/ə l.ɑ:r'/ (with gen.)	present, in the presence of
<b>í láthair na huaire</b>	/ə l.ɑ:r Nə hu:ə'r'ə/	at present
<b>í mbun</b>	/ə muN/ (with gen.)	in charge of
<b>le hais</b>	/l'æ:s'/ (with gen.)	beside ( <i>mar</i> : how)
<b>le teann</b>	/l'e t'ɑ:N/ (with gen.)	out of, from sheer ...

## VOCABULARY NOTES:

1. *Tá baint agam le* 'I am connected with'
2. *le fada an lá* 'for many a day'
3. *ag déanamh iontas* 'wondering'
4. *is iontach go deo an margadh é* (*lit.* it is a wonderful for ever bargain), 'it is really a wonderful bargain'
5. *ar aon dath* (*lit.* on one colour), 'the same colour'
6. *ag tabhairt Seán ar X* 'calling X Seán'
7. *Bail ó Dhia ort!* (*lit.* a blessing from God to you), 'God bless you!' (usually said after passing a compliment).

## GRAMMAR

## 1. USE OF AG 'BY, AS A RESULT OF'

*Tá an fear tinn ag an ngrian.*

*Tá an bord scoilte ag an ngrian.*

*Tá an bord scoilte ag Máirtín.*

*Tá an bord briste agam*

*Tá an teach dhá thóigeáil agam.*

The man is sick as a result of the sun.

The table is split as a result of the sun.

The table is split as a result of M.'s action.

The table is broken as a result of my action.

(= I have the table broken.)

The house is being built as a result of my action.

(= I am in the process of building the house.)

Ag can be used with adjectives to express the idea 'as a result of someone's action, or of some active force'. It can also be used with a passive construction of the sort *tá an teach dhá thóigeáil* 'the house is being built' (see Lesson 15) to indicate the agent.

## 2. GENITIVE WITH SLENDER CONSONANT AND -E (CTD.)

## (i) Formation and examples

<i>cloch</i>	/kl.ox/	stone	<i>ceathrú cloiche</i>	/kLo:i:/	a quarter stone
<i>sceach</i>	/s'k'æ:x/	bush	<i>bláth na sceiche</i>	/s'k'e:i:/	the blossom of the bush
<i>cuach</i>	/ku:əx/	cuckoo	<i>ubh na cuaiche</i>	/ku:əi:/	the cuckoo's egg
<i>tuaithe</i>	/tu:ə/	country	<i>muintir na tuaithe</i>	/tu:əi:/	the country people
<i>uaigh</i>	/u:ə/	grave	<i>dúnadh na huaighe</i>	/u:əi:/	closing the grave

<i>cisteanach</i> /...əx/	kitchen	<i>bord na cisteanaí</i> /...i:/	the kitchen table
<i>baintreach</i> /...əx/	widow	<i>mac na baintrí</i> /...i:/	the widow's son

All these forms are pronounced regularly according to the table in Appendix I. In nouns of more than one syllable, a final *-(e)ach* /əx/ is replaced by *-(a)í* /i:/, e.g. *cisteanach* 'kitchen', *bord na cisteanaí* 'the kitchen table'.

### (ii) Slender consonant with *-e* /ə/ and irregular vowel change

The genitive of some few feminine nouns is formed by making the final consonant slender, by adding *-e* /ə/ and by changing the spelling from:

#### (a) *ea* to *i*

<i>cearc</i> /æ:/	hen	<i>ubh na circe</i> /i/	the hen's egg
-------------------	-----	-------------------------	---------------

#### (b) *ea* to *e*

<i>fearg</i> /æ:/	anger	<i>le teann feirge</i> /e/	out of sheer anger
-------------------	-------	----------------------------	--------------------

Similar to *fearg* are: *nead* 'nest', *ubh neide* 'nest egg'; *leac* 'flat stone, slab', *faoi bhun na leice* 'underneath the slab'; *speal* 'scythe', *cois na speile* 'the scythe handle'.

#### (c) *a* to *o*

<i>slat</i> /a:/	rod	<i>lúbadh na sloite</i> /e/	bending the rod
<i>clann</i> /ɑ:/	family	<i>ag iompar cloinne</i> /i/	pregnant (lit. carrying family)

Similar to *slat* is: *glac* 'a fist(ful)', *as cúl mo ghloice* (lit. out of the back of my fist), 'out of my hand'. Note also the noun *scian* 'knife', *cois na scine* 'the knife handle', which is irregular.

All these forms are pronounced regularly according to the table in Appendix I.

## 3. USE OF ADJECTIVE WITH GENITIVE OF FEMININE NOUNS

Often when an adjective follows a feminine noun the use of the genitive is avoided or ignored:

<i>barr an fhuinneoig mhór</i>	the top of the big window
--------------------------------	---------------------------

In certain set phrases (and normally in writing) the noun and adjective are in the genitive. The form of the adjective is similar to the comparative:

<i>oíche na gaoithe móire</i>	the night of the big wind
<i>le haghaidh na coise tinne</i>	(lit. for the sore leg), for a rainy day, for an emergency
<i>ar thaobh na láimhe deise</i>	on the right-hand side

## 4. MORE ADJECTIVES WITH SPECIAL COMPARATIVE FORM

### (i) Formation and examples

<i>moch</i> /mox/	early	( <i>níos/is</i> ) <i>moiche</i> /moi:/	earlier
<i>fliuch</i> /f'l'ox/	wet	<i>flíche</i> /f'l'ehi:/	wetter
<i>huíoch</i> /'bi:x/	grateful	<i>buiche</i> /bi:i:/	more grateful

<i>aisteach</i>	/...ɔx/	peculiar	<i>aistí</i>	/...i:/	more peculiar
<i>faillíoch</i>	/... i:ɔx/	neglectful	<i>faillí</i>	/...i:/	more neglectful
<i>seasmhach</i>	/...u:x/	lasting	<i>seasmhaí</i>	/...u:i:/	more lasting

All these forms are pronounced regularly according to the table in Appendix I. In adjectives of more than one syllable, final *-(e)ach*, *-(a)íoch* /*(i:)ɔx/* is replaced by *-(a)í /i:/*, e.g. *aisteach* ‘peculiar’, *níos aistí* ‘more peculiar’.

*Salach* ‘dirty’ and *amplúch* ‘greedy’ are somewhat irregular: *níos soilche* /s’el’i:/, *níos ampláí* /a:mpLi:/.

## (ii) Special comparative forms with irregular vowel change

The comparative forms of a limited number of adjectives is formed by making the final consonant slender, by adding *-e /ɔ/*, and by changing the spelling from:

### (a) *ea* to *i*

<i>sean</i>	/æ:/	old	<i>níos sine</i>	/i/	older
<i>gearr</i>	/ɑ:/	short	<i>níos girre</i>	/i/	shorter

Similar to *sean* is *geal* ‘bright’, *níos gile* ‘brighter’.

### (b) *ea* to *ei*

<i>deas</i>	/æ:/	nice	<i>níos deise</i>	/el/	nicer
<i>leathan</i>	/æ:/	broad	<i>níos leithne</i>	/il/	broader

Similar to *deas* are: *ceart* ‘right’, *níos ceirte* ‘righter’; *dearg* ‘red’, *níos deirge* ‘redder’; *searbh* ‘sour’, *níos seirbhe* ‘sourer’.

### (c) *a* to *o*

<i>lag</i>	/a:/	weak	<i>níos loige</i>	/el/	weaker
<i>glan</i>	/a:/	clean	<i>níos gloine</i>	/il/	cleaner
<i>mall</i>	/ɑ:/	slow	<i>níos moille</i>	/el/	slower
<i>gann</i>	/ɑ:/	scarce	<i>níos goinne</i>	/il/	scarcer

Similar to *lag* are: *gar* ‘near’, *níos goire* ‘nearer’; *glas* ‘green’, *níos gloise* ‘greener’; *garbh* ‘rough’, *níos goirbhe* ‘rougher’; *dall* ‘blind’, *níos doille* ‘blinder’.

## TEXTS

### AN SEIC

*Tá 'chuile shórt i bhfad níos daoire anois le hais mar a bhíodh sé roinnt blianta ó shin sol má chuaigh muid isteach san Aontas Eorpach. Ar ndóigh, tá baint ag luach na hola leis an scéal seo freisin. Tá sé deacair ar dhaoine pósta a bhfuil cúram orthu nó ar dhaoine níos sine atá ag brath ar an bpinsean.*

*Fuair uncail Pheige bás sé mhí ó shin. D'fhag sé suim airgid le huachta. Fuair sí féin seic ón dlíodóir an lá cheana. Ní raibh sí níos buíche de dhuine ar bith ariamh ná a bhí sí dhá huncail bocht! Ní raibh airgead le caitheamh aici le fada an lá. Bhí fonn uirthi roinnt éadaí a cheannacht.*

*D'éirigh sí inné níos moiche ná a éiríonn sí go hiondúil. Bhí sí ina seasamh taobh amuigh den tsiopa sol má hosclaíodh é. Dhá mbeadh sí ann mórán níos moille bheadh na siopaí plódaithe. Tá na sluaite de mhuintir na tuaithe ar saoire i bhfus anseo i láthair na huaire.*

*Bhí sé chomh deacair sin uirthi a hintinn a dhéanamh suas. Bhí sí ag déanamh iontas céard a cheannódh sí. Is fearr léi gúnaí cadáis. Bíonn siad níos éadroime agus go hiondúil bíonn siad níos gile. Ach tá an fómhar ann anois agus tá na gúnaí samhraidh ag éirí níos goinne. Bíonn na ceanna is deise d'folta acu faoi seo.*

*Bhí gúna amháin a thaithnigh go mór le Peige. Níor tháinig an gúna seo anuas ach go dtí na glúine sa gcaoi go raibh sé ruainne beag níos girre ná na gúnaí a bhí sa bhfaisean i mbliana. Bhí básta deas cúng air, bhí an t-íochtar níos leithne agus bhí muineál ard air. Thraoíáil sí an gúna uirthi ach bhí sé robheag. Bhí sé rochúng thart ar na guaillí.*

*Ansin chuaigh sí treasna na sráide ag siopa mór a bhfuil cáil mhór air. Bhí sí ag ceapadh go mbeadh sé níos fadbhreathnaí agus níos ciallmhaire éadaí geimhridh a cheannacht. Tá na siopadóirí ag stócáil cheana féin le haghaidh an gheimhridh agus ar aon chaoi, is gearr go mbeidh an aimsir ag éirí níos goirbhe.*

*Bhí cótaí craiceann caorach an-saor acu agus cótaí móra a rinneadh as olann. 'Tá na cuisliméaraí fiáin ag na cótaí craiceann caorach i mbliana,' a dúirt cailín an tsiopa léi, 'is iontach go deo an margadh iad!'*

*Cheannaigh Peige cóta a raibh beilt dheas air agus cnaipí beaga fuaite 'chaon taobh air. Ina dhiaidh sin, cheannaigh sí bróga donna a raibh bonnúcháí leathair agus sálta arda orthu. Bhí sí go díreach ar thoib imeacht as an siopa nuair a chonaic sí péire miotógaí álainn agus carabhata a bhí ar aon dath leis an gcóta. Sin é an rud is measa i dtaobh éadaí: má cheannatonn tú ball amháin is deacair gan ceann eile a cheannacht!*

## COMHRÁ

'Dia dhuit!'

'Dia is Muire dhuit!'

'Cé as thú féin mara miste leat mé a bheith ag fiafraí dhíot?'

'Is as an bhFrainc mé.'

'Cén t-ainm atá ort?'

'Pierre. Cén t-ainm atá ort féin?'

'Seán Ó Flaithearta. Séáinín Thomáis a thugtar orm. Caideó tháinig tú anseo?'

'Tá mé anseo le cupla seachtain. Tá mé ag foghlaim Gaeilge.'

'Meas tú an bhfuil an Ghaeilge deacair?'

'Níl sí chomh deacair sin.'

'Muide, tá togha na Gaeilge 'ad, bail ó Dhia ort! Cá bhfuil tú ag fanacht?'

'Sa teach sin ar thaobh na láimhe deise.'

'Tá a fhios agam; tigh Mháirtín Mhóir. Cén chaoi a dtaitníonn an áit seo leat?'

'Taitníonn sé go maith liom ach níl an aimsir romhath faoi láthair.'

'Bhoil, lá maith anois agat!'

'Go ngnóthaí Dia dhuit!'

## EXERCISES

A. Write out the nominative of the nouns which are in the genitive, e.g. *báisteach*.

1. *Bhí scamail bháistí go leor ann ar maidin ach chroch an lá ina dhiaidh sin.*
2. *Tá cois na scine briste ag an ngasúr sin.*
3. *Cheannaigh muid ceathrú cloiche inné.*
4. *Bíonn iascairí ag caint go minic ar ghob na curaf.*
5. *Thosaigh Máirtín ag bualadh buillí air le teann feirge.*
6. *Bhí an triúr acu thiar sa roilig ag déanamh na huaighe.*
7. *Tugtar 'muintir na tuaithe' freisin ar mhuintir na tíre.*
8. *Cheannaigh muid bord cisteanáí nua anuraidh agus anois tá sé scoilte ag an ngrian.*
9. *Níor thug muid pláta ar bith dó ach d'ith sé píosa aráin as cúl a ghloice.*
10. *Bhítí ag caint i gcónaí sna seanscéalta faoi mhac na baintrí.*
11. *Tá daoine ann a deireann nach bhfuil ubh ar bith chomh blasta le ubh na circe.*
12. *Deir na seandaoine go mbriseann an aimsir le ceathrú gealaí.*

B. In these sentences use the appropriate possessive adjective to replace the nouns which follow the prepositions, e.g. *os a chionn*.

1. *Tá an eochair os cionn an doiris.*
2. *Cé atá i mbun na scoile ?*
3. *Bhí sé ag caint i dtaobh na dtithe sin.*
4. *Ní bhfuair sé tada de bharr a chuid oibre.*
5. *Ní tada é Pádraig le hais Mháirtín.*
6. *Tá an rusta go díreach os cionn na láimhe.*
7. *Bhí muid cupla seachtain i measc na ndaoine úd.*
8. *Tá Cáit fiáin i ndiaidh Phádraig.*

C. Complete the following sentences using the appropriate possessive adjective.

1. *Tá fear eile (os cionn) (mé)*
2. *Tá go leor daoine (in aghaidh) (muid)*
3. *Chuaigh mé síos an bóthar (i ndiaidh) (thusa).*
4. *Bhí an fear eile go díreach (os comhair) (mé) amach.*
5. *Beidh Cáit ag caint ar shon Bhríd.*

D. Use *níos* with the following pairs of adjectives changing them where necessary.

- |                             |                                   |
|-----------------------------|-----------------------------------|
| 1. <i>salach, glan</i>      | 9. <i>lag, láidir</i>             |
| 2. <i>fliuch, tirim</i>     | 10. <i>mall, scioptha</i>         |
| 3. <i>moch, deireanach</i>  | 11. <i>gann, fairsing</i>         |
| 4. <i>sean, óg</i>          | 12. <i>garbh, mín</i>             |
| 5. <i>gearr, fada</i>       | 13. <i>mór, beag</i>              |
| 6. <i>geal, dorcha</i>      | 14. <i>ard, íseal</i>             |
| 7. <i>leathan, caol</i>     | 15. <i>ciallmhar, seafóideach</i> |
| 8. <i>ceart, contráilte</i> | 16. <i>milis, searbh</i>          |

TRANSLATE:

1. I got up yesterday earlier than usual. I thought that if I waited the shops would be crowded.
2. Often cotton is brighter than wool but cotton gets dirtier more quickly. Wool is usually more lasting.
3. I tried on the suit. The jacket was too narrow around the shoulders. The trousers was shorter than the one I had on. It only came down to my ankles.
4. It would be more correct to keep your money 'for a rainy day'.
5. I never saw a more peculiar kitchen table ! It is cleaner than **ours** but the sun has it split.
6. We call that man Máirtín.
7. Who is in charge of the place ?

## LESSON 31

### VOCABULARY

<b>agallamh</b>	/a:gəLə/		interview
<b>alt</b>	/a:l/	<i>altanna</i>	article
<b>anachain fem.</b>	/a:nəxən'/		misfortune
<b>árachas</b>	/a:rəxəs/		insurance
<b>bruach</b>	/bru:əx/	<i>bruachanna</i>	bank, edge
<b>buatais fem.</b>	/bu:ətəs'/	<i>buataisí</i>	boot
<b>ceamara</b>	/k'æ:mərə/	<i>ceamaráí</i>	camera
<b>comhdháil fem.</b>	/k'o:ɣa:l'/	<i>comhdháileanna</i>	conference
<b>creideamh</b>	/k'r'ed'ə/	<i>creidiócha</i> /k'r'ed'i:xi:/	religion, belief
<b>cumha</b>	/ku:/		sentimental feeling
<b>dréimire</b>	/d'r'e:m'ər'ə/	<i>dréimírí</i>	ladder
<b>eaglais fem.</b>	/a:gləs'/		church ( <i>institution</i> )
<b>easpag</b>	/æ:spək'/	<i>easpaig</i>	bishop
<b>gadaí</b>	/ga:di:/	<i>gadaithe</i> /ga:di:/	thief
<b>innealtóir</b>	/ɪn'əlt'o:r'/	<i>innealtóirí</i>	engineer
<b>iriseoir</b>	/ir'əs'ɔ:r'/	<i>iriseoirí</i>	journalist
<b>iriseoireacht fem.</b>	/ir'əs'ɔ:r'əxt/		journalism
<b>ministéara</b>	/m'in'əs'ɛ:rə/	<i>ministéaraí</i>	clergyman, Minister
<b>spéacláirí pl.</b>	/sp'e:k.lɑ:r'i:/		spectacles, glasses
<b>tórainn fem.</b>	/t'o:rən'/	<i>tórainneacha</i>	boundary, limit
<b>trácht</b>	/trɑ:xt/		trade, traffic; mention
<b>tuairisc fem.</b>	/tu:ər'əs'k'/	<i>tuairisceacha</i>	account, report
<b>Árainn fem.</b>	/ɑ:rən'/	<i>Árainneacha</i>	Aran islands
<b>Cois Fhairrge</b>	/k'os' a:rəg'ə/		( <i>place-name</i> )
<b>Liam</b>	/L'i:əm/		( <i>man's name</i> )
<b>craith 1</b>	/kra:/		shake (something)
<b>craitheadh</b>	/kra:/		shaking
<b>creath 1</b>	/k'r'æ:/		shake, tremble
<b>creathadh</b>	/k'r'æ:/		shaking, trembling
<b>eitigh 2</b>	/et'ə/		refuse
<b>eiteachtáil fem.</b>	/et'əxta:l'/		refusing
<b>faiseanta</b>	/fa:s'əntə/		fashionable
<b>ar siúl</b>	/er s'u:l/		on, in progress
<b>go ceann</b>	/gə k'ɑ:n/ ( <i>with gen.</i> )		for (a space of time)
<b>thrína chéile</b>	/hri:nə x'e:l'ə/		upset, messed about

#### VOCABULARY NOTES:

1. *ag cur síos ar rud* 'describing'
2. *atá ceaptha* 'who is supposed to'
3. *ag craitheadh láimh le* 'shaking hands with'

4. *ag cur agallamh ar* 'interviewing'
5. *gan trácht ar* 'without mentioning, not to mention'
6. *ag fiafraí de dhuine* 'asking a person'

## GRAMMAR

### 1. PAST/CONDITIONAL OF COPULA

*Ba chuma le Cáit faoin mbainne.*      Cáit didn't/wouldn't mind about the milk.

The copula has only a present (*is, ní, ar*, etc., see Lesson 11) and a past or conditional. The forms of the past and conditional are the same.

	<i>Ba</i> <i>Ní ba</i>		<i>mé/mise</i> <i>t(h)ú/t(h)usa</i> etc.	<i>an dochtúr</i>
	<i>An</i> <i>Nach</i>		<i>'eol'in/iúd é</i>	
<i>Deir sé</i>	<i>go</i> <i>nach</i>	<i>mba</i>	<i>mhaith leis</i> <i>chuma leis</i> etc.	
	<i>Dhá</i> <i>Mara</i>			
	<i>Má ba</i>			

It will be noticed that the verbal particles *ní, an, go* etc. used with *ba* are those used before the conditional of any verb. aber 1.3). *Ba*, however, is not lenited.

The Official Standard Irish forms are:

<i>níor</i>	/N'í:t/ (+ lenition)	rather than	<i>ní ba</i>
<i>ar</i>	/ə:r/		<i>an mba</i>
<i>nár</i>	/Nɑ:t/		<i>nach mba</i>
<i>gur</i>	/gə:r/		<i>go mba</i>

Although these forms do occur in the dialect, they are, with the exception of *nar*<sup>1</sup>, probably less frequent than those in the table above.

*Ba* generally causes lenition, e.g. *ba chuma le ...* 'it would be all the same for ...'. A following *d, t, g, or s*, however, is very often not lenited, e.g. *ba dochtúr é* 'he was a doctor'.

There is a strong tendency for a *dh* /ɣ/ to be pronounced before *é/eisean, ílise, iadliadsan, ea*, and before *'eo, 'in, 'iúd*, e.g. *ba é sin an dochtúr* /bəɣ'e: .../ 'that was the doctor'.

*Dhá mba* is used in the conditional, e.g. *dhá mba chóir dhuit ...* 'if you should ...', but *má ba* is used in the past, e.g. *má ba chuma leat ...* 'if it was all the same to you ...'.

<sup>1</sup>*Nar* /Nɑ:t/ rather than *nár* /Nɑ:t/ in this dialect.



## 2. RELATIVE OF PAST/CONDITIONAL OF COPULA

## (i) Direct relative

## (a) Positive

*Sin é an rud ba cheart a dhéanamh.*

That is the thing which should be done / should have been done.

The positive direct relative is the same as the statement form, e.g. ... *ba cheart* ... '... that should ...'.

## (b) Negative

*Sin é an rud nach mba cheart a dhéanamh.*

That is the thing which should not be done / should not have been done.

The negative direct relative is expressed in the same way as in the conditional of the regular verb (see Lesson 12) by using *nach* 'that not' which causes eclipsis, e.g. ... *nach mba cheart* ... '... that should not ...'.

Alternatively *nar* /Na:r/ which lenites may be used, e.g. ... *nar cheart* ... '... that should not ...'.

## (ii) Indirect relative

## (a) Positive

*Sin é an fear a mba mhaith leis an bord.*

That is the man who would like the table.

The positive indirect relative is expressed in the same way as in the conditional of the regular verb by using *a* 'that not' which causes eclipsis, e.g. ... *a mba mhaith leis* ... '... who (masc.) would like ...'.

Alternatively *ar* /a:r/ which lenites may be used, e.g. ... *ar mhaith leis* ... '... who would like ...'.

## (b) Negative

*Sin é an fear nach mba mhaith leis an bord.*

That is the man who would not like the table.

The negative indirect relative is expressed in the same way as in the conditional of the regular verb by using *nach* 'that not' which causes eclipsis, e.g. ... *nach mba mhaith leis* ... '... who would not like ...'.

Alternatively *nar* /Na:r/ which lenites may be used, e.g. ... *nar mhaith leis* ... '... who would not like ...'.

3. PAST/CONDITIONAL OF COPULA WITH *FEARR* ETC.

## (i) Forms

	<i>B'</i>	/b'/	<i>fhéarr</i>	<i>le Cáit, do Cháit</i>
	<i>Níorbh</i>	/N'í:rw'/	<i>fhéidir</i>	
	<i>Arbh</i>	/ərw'/	<i>fhíú</i>	
	<i>Narbh</i>	/Na:rw'/	<i>fhólaír</i>	<i>do Cháit</i>
<i>Deir sé</i>	<i>gurbh</i>	/gərw'/	<i>fhíor</i>	
	<i>narbh</i>	/Na:rw'/	<i>fhurasta</i>	
	<i>Dhá mb'</i>	/ya:m'/	<i>éigean</i>	
	<i>Mara mb'</i>	/ma:rəm'/		

## (ii) Relative

## (a) Direct positive

*Sin é an rud a b'fhearr le Cáit.* That is the thing that Cáit would prefer.

## (b) Direct negative

*Sin é an rud narbh fhearr le Cáit.* That is the thing that Cáit would not prefer.

## (c) Indirect positive

*Sin é an fear arbh fhearr leis imeacht.* That is the man who would prefer to go off.

## (d) Indirect negative

*Sin é an fear narbh fhearr leis imeacht.* That is the man who would not prefer to go off.

The examples (a) - (d) show the past conditional forms of the copula when used in idioms of the sort *is fiú liom* 'it seems worthwhile to me' (see Lesson 20), or *is fiú dhom* 'it is worthwhile for me' (see Lesson 23), before a word beginning with *f*, or before *éigean*. Although very frequent, these forms are optional in this dialect.

## 2. GENITIVE WITH BROAD CONSONANT

<i>abhainn</i>	river	<i>bruach na habhann</i>	the bank of the river
<i>athair læ:/</i>	father	<i>teach m'athar la:/</i>	my father's house

There are a limited number of nouns (all feminine except *athair*) which form the genitive by making the final consonant broad, e.g. *abhainn* 'river', *bruach na habhann* 'of the river'.

Similar to *abhainn* are: *tórainn* 'border', *cláí na tóran* 'boundary wall'; *Árainn* 'Aran', *muintir Arann* 'the people of Aran'; *anachain* 'misfortune', *in aghaidh na hanachan* 'against misfortune'; *Albain* 'Scotland', *muintir na hAlban*<sup>1</sup> 'the people of Scotland'; *Nollaig* 'Christmas', *aimsir na Nollag* 'Christmastime'; *máthair* 'mother', *teach mo mháthar* 'my mother's house'.

All these forms are pronounced according to the tables in Appendix I. Where the vowel changes it is shown above.

## TEXTS

## IRISEOIREACHT

*Iriseoir atá in Liam. Tá sé ag plé leis an iriseoireacht ó d'fhág sé an scoil. Tá baint aige leis an bpáipéir céanna anois le a sé nó a seacht de bhlianta. Tá suim mhór aige i gcúrsaí polaitíocht. Scríobhann sé cupla alt 'chuile sheachtain faoin bpolaitíocht. Tá suim aige freisin sa spóirt agus scaití, má bhíonn cluife mór eicint ar siúl, scríobhann sé tuairisc air.*

*Uaireanta sa samhradh, nuair a bhíonn cuid de na hiriseoirí eile ar saoire, bíonn ar Liam tuairisceacha eile a scríobh. Arú anuraidh, cuir i gcás, cuireadh ceist air an mba mhiste leis cur síos ar chúrsaí fuisean. B'éigean dhó é a dhéanamh mar ní raibh sé ag iarraidh an*

<sup>1</sup>The article is used with *Albain* (and *Éirinn*) in the genitive only.

*fear a bhí os a chionn a eiteachtáil. Scríobh sé alt faoin gcineál buataisí agus spéacláirí a bheadh faiseanta sa bhfómhar !*

*Ansin, anuraidh, bhí an fear atá ceaptha plé le cúrsaí creidimh tinn, hlarradh ar Liam tuairisc a thabhairt ar chomhdháil a bhí ar bun ag lucht na heaglaise. Dúirt sé nach raibh mórán eolais aige faoi na cúrsaí sin ach dúradh leis go mba chuma faoi sin. B'éigean do Liam cupla lá a chaitheamh ag craitheadh láimh le ministéaraí agus ag cur agallaimh ar easbaig. Ach d'éirigh leis cupla alt a scríobh. Deirtear gurbh fhiú iad a léamh.*

## AN GADAÍ

*Is innealltóir é Tomás. Chaith sé cupla seachtain le gairid ag obair thiar i gCois Fhairrge. Táthar ag tóigeáil monarcha ann. Thaitnigh an cupla seachtain go mór leis agus bhí cumha air nuair a bhí sé ag fágáil. Bhí sé ag rá le muintir na háite gurbh fhearr leis cónaí i gCois Fhairrge ná i mBaile Átha Cliath.*

*Nuair a tháinig sé abhaile, scanraigh sé nuair a chonaic sé an teach. Briseadh isteach ann nuair a bhí sé thiar. Goideadh teilifís agus ceamara gan trácht ar a chuid ceirníní uilig. Bhí an teach ina phraiseach. Bhí go leor dhá chuid leabhartha caite ar fud an tseomra ag an ngadaí. Bhí Tomás uafásach thrína chéile.*

*Chuir sé fios ar na gardaí ar an bpointe. Bhí sé ag creathadh nuair a tháinig siad. Bhreathnaigh na gardaí ar an teach ach ba deacair a dhéanamh amach cén chaoi ar tháinig an gadaí isteach. D'fhiafraigh garda de Thomás an raibh an doras glasáilte. Dúirt Tomás go raibh. Rinne siad amach go mb'fhéidir gur bhain an gadaí leas as dréimire agus gur tháinig sé isteach thuas an staighre.*

*Ní bhfuair Tomás aon cheo ar ais ach tá súil aige go bhfaighidh sé airgead ó lucht an árachais. B'fhéidir nach bhfaigheadh sé an t-airgead go ceann cupla mí.*

## EXERCISES

A. Give positive responses to the following sentences, e.g. *Ba chuma ...*

1. *An mba chuma leat dhá mbeadh an aimsir go dona ?*
2. *An mba mhaith leat cupán tae ?*
3. *An mba deacair muintir Árann a thiscint ?*
4. *Arbh éigean dhuit teach do mháthar a dhíol ?*
5. *Meas tú arbh fhiú a ghoil ann ?*
6. *Arbh fhearr leat cupán bainne ?*
7. *Dhá mba'in é an dochtúr, an mba chóir dhom caint leis ?*
8. *An mba'in é an ministéara ?*

B. Rewrite the following positive sentences (a) as negative ones, e.g. *Níorbh éigean ...*, (b) with *deir sé* prefixed, e.g. *Deir sé gurbh éigean ...*

1. *B'éigean dhom seasamh ar bhruach na habhann.*
2. *B'fhearr le muintir na hAlban an ola a dhíol.*
3. *B'fhiú an leabhar sin a léamh.*
4. *Ba deacair an fear sin a thiscint.*
5. *Ba chóir dhuit leitir a scríobh.*
6. *B'fhurasta dhuitse a bheith ag caint.*

C. Rewrite the following in the conditional, e.g. *Ba mhaith liom ...*

1. *Is maith liom suí ar bhruach na habhann.*
2. *Is cuma liom faoi.*
3. *Ní fiú dhuit é.*
4. *Sin é an rud is ceart dhuit a dhéanamh.*
5. *Sin é an leabhar nach gá dhuit a léamh.*
6. *Is fearr liom snámh.*
7. *Is furasta dhuitse a bheith ag gáirí.*
8. *Ar fearr leat teach t'athar nó teach do mháthar ?*
9. *Is fiú a ghoil ann.*
10. *Sin é an ministéara ar fearr liom caint leis.*
11. *Más 'in é an dochtúir, níl mé sásta caint léi.*
12. *Seo é an fear nach maith leis an bord.*

## TRANSLATE:

1. I spent the week shaking hands with ministers and talking to bishops. 2. He is a good journalist. He wrote a few fine articles concerning the big match last week. 3. He was telling the local people that he would prefer to live in Cois Fhairrge. 4. He hadn't got his glasses on so he shook hands with his sister instead of the bishop. 5. All his records were stolen, not to mention his books. 6. Would it be all the same to you if I smoked a cigarette ? 7. I am sure it would be worthwhile for you to hear the people of Aran talking. 8. Would it be difficult to understand them ? 9. Was that the doctor over there ? I should talk to him. 10. I got an invitation to visit her father's house. I did not want to refuse her. 11. You couldn't describe the house. 12. I was supposed to go back last week but I was sick.

## LESSON 32

### VOCABULARY

<b>bádóir</b>	/bɑ:do:rʲ/	<i>bádóirí</i>	boatman
<b>bainrion<sup>1</sup> fem.</b>	/bɑ:nʲrʲi:əNʲ/	<i>bainrionacha</i>	queen
<b>céim fem.</b>	/k'e:mʲ/	<i>céimeanna</i>	step, stile, degree
<b>cnáimh fem.</b>	/kra:wʲ/	<i>cnámha</i> /kra:wə/	bone
<b>comhairle fem.</b>	/ku:rL'ə/	<i>comhairleacha</i>	advice
<b>cuan</b>	/ku:əNʲ/	<i>cuanta</i>	bay
<b>cuan mara</b>	/ku:əN ma:rə/	<i>cuanta mara</i>	sea urchin
<b>fáilte fem.</b>	/fɑ:L't'ə/		welcome
<b>gleann</b>	/g'l'ɑ:Nʲ/	<i>gleannta</i>	valley
<b>leaid</b>	/l'æ:dʲ/	<i>leaid</i>	lad
<b>leann</b>	/l'ɑ:Nʲ/		ale
<b>maitheas fem.</b>	/ma:sʲ/		goodness, prosperity
<b>muir fem.</b>	/mirʲ/		sea
<b>pian fem.</b>	/p'i:əNʲ/	<i>pianta</i>	pain
<b>pluiméara</b>	/plim'e:rə/	<i>pluiméaraí</i>	plumber
<b>rí</b>	/ri:/	<i>rítí</i>	king
<b>sioc</b>	/s'ukʲ/		frost
<b>táilliúr</b>	/tɑ:L'u:rʲ/	<i>táilliúirí</i>	tailor
<b>traein fem.</b>	/tre:nʲ/	<i>traentacha</i>	train
<b>Colm</b>	/koLəNʲ/	<i>(man's name)</i>	
<b>candáil 1</b>	/ka:ndɑ:lʲ/	auction	
<b>candáil fem.</b>	/ka:ndɑ:lʲ/	auctioning	
<b>crom 1</b>	/kromʲ/	stoop, bend	
<b>cromadh</b>	/kromə/	stooping	
<b>cuartaigh 2</b>	/ku:ərtə/	look for, search	
<b>cuartú</b>	/ku:ərtu:/	looking for	
<b>fill 1</b>	/f'i:Lʲ/	return ( <i>ar:</i> to), fold	
<b>filleadh</b>	/f'i:L'ə/	returning	
<b>géill 1</b>	/g'e:Lʲ/	yield, submit, give in	
<b>géilleadh</b>	/g'e:L'ə/	yielding	
<b>tairg 1</b>	/tæ:r'əgʲ/	offer ( <i>do:</i> to, <i>ar:</i> for)	
<b>tairiscint fem.</b>	/tæ:r'əs'k'əN'tʲ/	offering	
<b>barúil</b>	/ba:ru:lʲ/	drole, comical, peculiar	
<b>cóir</b>	/ko:rʲ/	fair, generous	
<b>gach</b>	/gɑ:xʲ/	every	
<b>meabhrach</b>	/m'aurəxʲ/	intelligent	
<b>socair</b>	/sokərʲ/	quiet, settled, stable	

### VOCABULARY NOTES:

1. *ag baint amach* '(finally) taking, reaching, achieving'
2. *as an mbaile* 'from home'
3. *ag cuimhniú air féin* 'considering one's position, thinking it over'
4. *níos socra ann féin* 'more at ease with oneself'
5. *Tá sé chomh maith dhuit ...* 'you would be as well ..., you might as well ...'
6. *ag tairiscint ar* 'bidding for'

<sup>1</sup>See note to Vocabulary of Lesson 24.

## GRAMMAR

1. THE PREPOSITION *ROIMH*

## (i) Introduction

*Beidh Cáit anseo roimh Mháirtín.* Cáit will be here before Máirtín.  
*Beidh Cáit anseo roimh an gCéadaoin.* Cáit will be here before Wednesday.

*Roimh* /riw'/ causes lenition to a directly following noun, e.g. *roimh Mháirtín* 'before Máirtín'. When used with the singular article it causes eclipsis to a following noun, e.g. *roimh an gCéadaoin* 'before Wednesday'.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>romham</i>	before me	/ru:m/
<i>romhat</i>	before you	/ru:t/
<i>roimhe</i>	before him/it	/riw'ə/
<i>roimpi</i>	before her/it	/ri:m'p'ə/
<i>romhainn</i>	before us	/ru:N'/
<i>romhaibh</i>	before you (pl.)	/ru:b'/
<i>rompu</i>	before them	/ru:mpəb/

The contrast forms and general usage are the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *romham*, *romhamsa*, *romham féin*, *romhamsa mé féin*; see Lesson 16.

*Rompu* /ru:mpəb/ 'before them' has an alternative form *romhab* /ru:b/ which is not normally written.

(iii) Meaning of *roimh*

The basic meaning is 'before, ahead of, in front of'.

*Bhí Máirtín anseo roimh na daoine eile.* Máirtín was here before the other people.  
*Bí ag breathnú romhat !* Look ahead of you !

More idiomatically *roimh* is used:

## (a) to express 'on the arrival of'

*Bhí Cáit romham ag an traein* Cáit was at the train on my arrival.  
 Cáit was at the train to meet me.

(b) with *fáilte* 'welcome (for)', *faitíos* 'afraid (of)'

*Tá fáilte agam romhat.* I have a welcome for you.  
*Tá faitíos agam roimh Cháit.<sup>1</sup>* I am afraid of Cáit.

<sup>1</sup>Although *tá faitíos orm* is 'I am afraid' (see Lesson 17), the preposition *ag* is now generally used in connection with *roimh*.

2. THE PREPOSITION *THRÍ*

## (i) Introduction

*Tá Cáit ag breathnú thrí fhuinneog eile.* Cáit is looking through another window.  
*Tá Máirtín ag breathnú thríd an bhfuinneog seo.* Máirtín is looking through this window.

*Thrí* /hri:/<sup>1</sup> 'through' causes lenition to a directly following noun, e.g. *thrí fhuinneog* 'through a window'. When used with the singular article it takes the form *thríd* and a following noun is eclipsed, e.g. *thríd an bhfuinneog*.

## (ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>thrím</i>	through me	/hri:m'/
<i>thrít</i>	through you	/hri:t'/
<i>thríd</i>	through him/it	/hri:d'/
<i>thríthi</i>	through her/it	/hri:/
<i>thrínn</i>	through us	/hri:N'/
<i>thríbh</i>	through you (pl.)	/hri:b'/
<i>thríothu</i>	through them	/hri:b/

The contrast forms and general usage are the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *thrím, thrínsa, thrín féin, thrínsa mé féin*; see Lesson 16. Note, however, that the contrast form for the third person singular masculine is *thrísan* 'through him'.

(iii) Meaning of *thrí*

The basic meaning is 'before, ahead of, in front of'.

*Feicim thríd an éadach sin.* I see through that cloth.

More idiomatically, *thrí* is used in the expressions *thrí thine* 'on fire', *thríd is thríd* 'all things considered, generally speaking, on the whole', *thrína chéile* 'in a mess'; *thrí gach scéal* 'finally, in the end, the upshot of the matter is that ...'.

## 3. GENITIVE WITH BROAD CONSONANT AND -A

<i>candáil</i>	auctioning	<i>fear na candála</i>	the auctioning man
<i>feadáil</i>	whistling	<i>do chuid feadaíola</i>	your whistling
<i>altóir</i>	altar	<i>os comhair na haltóra</i>	in front of the altar

Nouns ending in *áil*/(*a*)*íl* and non-agent nouns ending in *-óir*/*-eoir* form their genitive by making the final consonant broad and by adding *-a* /*a*/, e.g. *candáil* 'auctioning', *na candála* 'of the auctioning'.

Agent nouns ending in *-óir*/*-eoir* frequently have no special genitive form, e.g. *hata an bhádóir* 'the boatman's hat'. In Official Standard Irish (and more rarely in this dialect) they are treated like *altóir*, e.g. *hata an bhadóra, teach an mhúinteora*, etc.

A limited number of nouns have similar genitive forms:

<i>bliain</i>	year	<i>tús na bliana</i>	the beginning of the year
<i>bainrion</i>	queen	<i>ainm na bainríona</i>	the queen's name
<i>buachaill</i>	boy	<i>airgead an bhuachalla</i>	the boy's money

<sup>1</sup>Note that *thrí* is pronounced with a broad *r* /r/.

<i>deartháir</i>	brother	<i>teach mo dhearthára</i>	my brother's house
<i>móin</i>	turf	<i>baint mhóna</i>	cutting turf
<i>maitheas</i>	good(ness)	<i>morán maitheasa</i>	much good
<i>leathshúil</i>	one eye	<i>ag dúnadh na leathshúla</i>	shutting an eye
<i>sáil</i>	heel	<i>barr na sála</i>	the top of the heel
<i>loch</i>	lake	<i>bruach locha</i>	a bank of a lake
<i>táilliúr</i>	tailor	<i>bean an táilliúra</i>	the tailor's wife
<i>Samhain<sup>1</sup></i>	Hallowtide	<i>lá Samhna</i>	All Saints' Day
<i>Cáisc<sup>1</sup></i>	Easter	<i>aimsir na Cásca</i>	Eastertime
<i>feoil</i>	meat	<i>blas na feola</i>	the taste of meat

There are also the following nouns in which the vowel changes regularly according to the tables in Appendix I:

<i>gleann</i> /ɑ:/	valley	<i>muintir an ghleanna</i> /æ:/	the people of the valley
<i>am</i> /ɑ:/	time	<i>go leor ama</i> /ɑ:/	plenty of time

Similar to *gleann* is *leann* /ɑ:/ 'ale', *teach leanna* /æ:/ 'alehouse'.

#### 4. GENITIVE WITH BROAD CONSONANT, -A AND IRREGULAR VOWEL CHANGE

The genitive of some few nouns is formed by making the final consonant broad, by adding *-a* /ə/ and by changing the spelling from:

##### (i) *oi* to *a*

<i>droim</i> /i:/	back	<i>lár an drama</i> /a:/	the middle of the back
-------------------	------	--------------------------	------------------------

##### (ii) *oi* to *o*

<i>troid</i> /e/	fight	<i>fonn troda</i> /o/	a desire to fight
------------------	-------	-----------------------	-------------------

##### (iii) *ui* to *o*

<i>fuil</i> /i/	blood	<i>ag cur fola</i> /o/	bleeding
-----------------	-------	------------------------	----------

Somewhat similar to *fuil* is *muir* 'sea' which occurs in set phrases, e.g. *ar an muir mhór* 'on the great sea', *cuan mara* 'sea urchin'.

##### (iv) *io* to *ea*

<i>sioc</i> /u/	frost	<i>ag cur sheaca</i> /a:/	frosting
-----------------	-------	---------------------------	----------

##### (v) *ei* to *ea*

<i>greim</i> /i:/	bite	<i>de bharr an ghreama</i> /æ:/	on account of the bite
-------------------	------	---------------------------------	------------------------

#### 5. SPECIAL COMPARATIVE FORM WITH BROAD CONSONANT AND A-

<i>spéisiúil</i>	interesting	<i>níos spéisiúla</i>	more interesting
<i>socair</i>	steady	<i>níos socra</i>	steadier
<i>deacair</i>	difficult	<i>níos deacra</i>	more difficult
<i>cóir</i>	fair	<i>níos córa</i>	fairer

<sup>1</sup>The final *a* is sometimes dropped, e.g. *aimsir na Cásca*, *Domhnach Cásca* 'Easter Sunday', *áonach na Samhn* 'Hallowtide Fair'.



All adjectives ending in *-úil*, and the adjectives *socair*, *deacair* and *cóir* form their comparative by making the final consonant broad and by adding *-a /ə/*.

## 6. COMPARATIVE DEGREES OF ADJECTIVES WITH PAST TENSES OR CONDITIONAL

<i>Bhí(odh)</i>		<i>an seomra seo ní ba dorcha.</i>	This room was/used to be/would be darker.
<i>Bheadh</i>		<i>an seomra ba dorcha anseo.</i>	The darkest room was/used to be/would be here.

When a sentence is in a past tense or in the conditional, *ní ba /N'í: bə/* frequently replaces *níos* in a comparison, and *ba* replaces *is* in a superlative. (*Ba* is the relative past/conditional of the copula; see Lesson 31.) *Níos* is in fact made up of *ní* 'thing' and the present relative of the copula.

### TEXT

#### COMHAIRLE

*Tá Colm sé bliana déag ag obair i mBaile Átha Cliath. D'fhág sé Cois Fhairrge nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois. Buachaill an-mheabhrach a bhí ann. Chaith sé cheithre bliana ar an ollscoil agus ansin nuair a bhain sé a chéim amach fuair sé posta mar mhúinteoir.*

*I dtosach bhí sé ag roinnt árasán lena dheartháir, Pádraig, agus le leaid eile as an mbaile. Bhí an leaid eile ag obair mar phluiméara. Fear barúil a bhí ansin agus bhíodh an-chraic ag an triúr acu le chéile. Ach ansin phós an deartháir agus cheannaigh sé teach. (Pósadh an leaid eile trí mhí roimhe sin.) Bhí Colm fágtha as féin.*

*Chaith sé bliain mar sin. I gcaitheamh na bliana sin thosaigh Colm ag cuimhniú air féin. Cén deifir a bheadh air ag pósadh? Nach raibh a dhóthain ama aige? Mar sin féin, bhí sé ag déanamh iontas an mbeadh sé ní ba socra ann féin dhá gceannódh sé teach. Ach, ar bhealach, dhá mbeadh cúram mar sin ort, nach mbeadh an saol i bhfad ní ba deacra? Dhá mbeadh duine eicínt romhat nuair a thiocfá abhaile ó do chuid oibre, bheadh cúrsaí ní b'fherr. Bhí Colm uaigneach.*

*Chuaigh sé féin agus Pádraig abhaile ar saoire faoi Cháisc anuraidh. Bhí an mhóin le baint thart ar aimsir na Cásca. Lá amháin, bhí an dá dheartháir ag cuidiú leis an athair nuair a bhí sé ag baint na móna. Thar éis tamaill, dúirt Colm go raibh pian i gcnáimh a dhrama ó a bheith ag cromadh anuas agus gur thastaigh scéth uaidh. Thóg Pádraig scéth freisin agus shuigh an bheirt acu ar bhruach locha agus thosaigh siad ag caint.*

*'Bheadh sé chomh maith dhuit teach a cheannacht,' a deir Pádraig, 'níl tú ach ag cur do chuid airgid amú ag íoc cíós mar sin.'*

*'Cén dochar?' a deir Colm, 'tá an saol fada!'*

*Ach ghéill Colm dhá dheartháir. Nuair a d'fhill an bheirt acu ar Bhaile Átha Cliath thosaigh Colm ag cuartú teach. Lá amháin, 'spáineadh teach dhó agus chomh luath is a shíúil sé isteach thríd an doras thig sé go mba 'in é an teach a bhí uaidh. Bhí sé go díreach cosúil le teach a dhearthára. Candáladh é agus d'éirigh le Colm é a cheannacht. Bhí go leor daoine ag tairiscint ar an teach agus dhá bharr sin, choisín sé go leor. Ach thríd is thríd, bhí Colm sásta go maith leis.*

*D'airtigh muid le gairid go bhfuil Colm le pósadh.*

## EXERCISES

A. Complete these sentences with the appropriate prepositional pronoun, e.g. *rompu*.

1. *Nuair a theaganns strainséaraí anseo, bíonn fáilte againn .....*
2. *Tá an t-éadach chomh tanaí sin gur féidir feiceáil .....*
3. *Bhí fonn troda ar an bhfear mór agus bhí faitíos agamsa .....*
4. *Nuair a tháinig Cáit abhaile cé a bheadh .....* *ach a huncail.*
5. *Bhí tú chomh fuar sin go sílfeá go ngabhfadh an ghaoth .....*
6. *Tá fáilte ....., a Mháirtín !*
7. *B'fhéarr dhúinn a bheith ag breathnú ....., go díreach ar fhaitíos go mbeadh duine eicínt ag tíocht.*
8. *Bíonn an fhuinneog chomh salach sin nach bhfeicfeá aon bhlas.....*
9. *Nuair a chuaigh mé isteach sa siopa bhí beirt .....*
10. *Tá fáilte ....., a dhaoine uaisle !*

B. Give the nominative singular of the nouns which are in the genitive, e.g. *móin*.

1. *Tháinig leoraí móna eile inné.*
2. *Bhí sé ina chónaí i lár an ghleanna.*
3. *Ó bhí an fear bocht tinn anois, níl mórán maitheasa ann.*
4. *Ní bheidh mórán ama againn. Tá an-fhaitíos orm go ngabhfaidh an teach uilig thrí thine*
5. *Tá mo shrón ag cur fola.*
6. *Bhí siad anseo oíche Shamhna.*
7. *Bíonn tús na bliana níos socra.*
8. *Tá bean mo dhearthára níos gnaoiúla.*

TRANSLATE:

1. You are welcome !
2. I couldn't see through the window.
3. All things considered, it would be much nicer if there was somebody from home there on your arrival in Dublin.
4. My nose is bleeding.
5. He offered twenty thousand pounds for his brother's house.
6. This book is more interesting.
7. The beginning of the year was cold. It was snowing and frosting.
8. **Our** house was in the middle of the valley.
9. Pádraig's brother is a very intelligent boy. He took his degree after three years at the university.
10. I thought that it would be as well for me to buy a house.
11. I was only wasting my money paying rent.
12. He was much more at ease with himself when he gave in to his brother.
13. They were helping their father who was cutting turf.
14. Colm had a pain in his back from bending down.
15. The two of them sat on the bank of the lake and took a rest.

## LESSON 33

### VOCABULARY

<b>báisín</b>	/bá:s'í:n'/	<i>báisíní</i>	basin
<b>caoireoil</b> <i>fem.</i>	/ki:r'ó:l'/		mutton
<b>coinne</b>	/kí:n'ə'/	<i>coinní</i>	appointment
<b>colainn</b> <i>fem.</i>	/kóləN'/	<i>colainneacha</i>	(living) body
<b>coróin</b> <i>fem.</i>	/kru:n'/	<i>corónacha</i> /kru:nəxi:/	crown
<b>cráin</b> <i>fem.</i>	/kra:n'/	<i>crántacha</i> /kra:ntəxi:/	sow
<b>fiacail</b> <i>fem.</i>	/f'í:əkəl'/	<i>fiacta</i> /f'í:əkLə'/	tooth
<b>fiacloír</b>	/f'í:əkLó:r'/	<i>fiacloírí</i>	dentist
<b>láir</b> <i>fem.</i>	/lɑ:r'/	<i>láracha</i> /lɑ:rəxi:/	mare
<b>locht</b>	/lɔxt'/	<i>lochtanna</i>	fault
<b>muinín</b> <i>fem.</i>	/mín'í:n'/		trust
<b>neaipicín póca</b>	/n'æ:p'ək'í:n' pɔ:kəl/	<i>neaipicíní póca</i>	handkerchief
<b>néal</b>	/N'e:l'/		nap, swoon, fit
<b>ráille</b>	/rɑ:l'ə'/	<i>ráillí</i>	rail, railing, banister
<b>rotha</b>	/rɔ:/	<i>róití</i>	wheel
<b>scil</b> <i>fem.</i>	/s'k'íl'/	<i>scileanna</i>	skill,
<b>sclábhaf</b>	/sklɑ:wí:/	<i>sclábhaithe</i> /sklɑ:wí:/	labourer
<b>sarrach</b>	/s'æ:rəx'/	<i>searraigh</i> /s'æ:rəl/	foal
<b>uachtarán</b>	/u:əxtərə:N'/	<i>uachtaráin</i> /u:əxtərə:n'/	president
<b>beannaigh 2</b>	/b'æ:nə/		bless, greet
<b>beannú</b>	/b'æ:nu:/		blessing, greeting
<b>braiteoireacht</b> <i>fem.</i>	/bræ:t'ó:r'əxt'/		hesitating
<b>crá</b>	/kra:/		tormenting, annoying
<b>cráigh 1</b>	/kra:/		torment, annoy
<b>pioc 1</b>	/p'uk/		pick, pluck, preen
<b>piocadh</b>	/p'ukə/		picking
<b>sá 1</b>	/sɑ:/		stick, stab, shove
<b>sá</b>	/sɑ:/		sticking
<b>aibí</b>	/æ:b'í:/		ripe, smart
<b>bacach</b>	/bɑ:kəx/		lame
<b>baileach</b>	/bɑ:l'əx/		exactly
<b>binn</b>	/b'í:N'/		melodious
<b>ciotach</b>	/k'ítəx/		clumsy, lefthanded
<b>oilte</b>	/eL't'ə/		skilled, trained
<b>stadach</b>	/sta:dəx/		having a stutter
<b>tútach</b>	/tu:təx/		awkward, mean
<b>úr</b>	/u:r'/		fresh
<b>ar a laghad</b>	/er' ə Laid/		at least
<b>ar a mhéad</b>	/er' ə w'e:d/		at most
<b>faoi dhó</b>	/fi: ɔɔ:/		twice
<b>thar barr</b>	/har bɑ:r/		outstanding
<b>thar cionn</b>	/har k'í:N/		excellent

## VOCABULARY NOTES:

1. *éirf as* (lit. to rise out of), 'to cease'
2. *tá muinín agam as* 'I trust him'
3. *tá locht agam air* 'I have a fault to find with it'
4. *muinín a dhéanamh as duine* 'to put trust in someone'
5. *Caith fút!* 'Take a seat!'
6. *is fada nach bhfaca mé thú.* 'It is a long time since I have seen you'
7. *rud eicint a chur ina loighe ar dhuine* 'to persuade a person of something'
8. *ag baint scil as* (lit. taking skill out of), 'examining, analysing, diagnosing'

## GRAMMAR

1. THE PREPOSITION *THAR*

(i)

*Shiúil Cáit thar theach eile.*  
*Shiúil Cáit thar an bhfear sin.*

Cáit walked past another house.  
 Cáit walked past that man.

*Thar* /hɑ:r/, /hæ:r/ 'past' causes lenition to a directly following noun, e.g. *thar theach* 'past a house', except in certain adverbial phrases, e.g. *thar sáile* (lit. 'over brine') 'beyond the sea, overseas'; *thar barr* (lit. 'past top') 'outstanding'; *thar cionn* 'excellent'. When used with the singular article a following noun is eclipsed, e.g. *thar an bhfear* 'past the man'.

(ii) Prepositional pronouns

Ordinary form		Pronunciation
<i>tharam</i>	past me	/hɑ:rəm/
<i>tharat</i>	past you	/hɑ:rəd/
<i>thairis</i>	past him/it	/hæ:r'əs'/
<i>thairti</i>	past her/it	/hɑ:rt'ə/
<i>tharainn</i>	past us	/hɑ:rəN'/
<i>tharaibh</i>	past you (pl.)	/hɑ:ri:/
<i>thartu</i>	past them	/hɑ:rtəb/

The contrast forms and general usage are the same as that of *ag* and most other prepositional pronouns, e.g. *tharam, tharamsa, tharam féin, tharamsa mé féin*; see Lesson 16. Note, however, that the contrast form of *thairis* is *tharsan* /hɑ:rsən/.

*Tharat, thartu* have the alternative forms *thartat* /hɑ:rtəd/ and *tharu* /hɑ:rəb/ resp., though these are not normally written. *Tharaibh* has the alternative pronunciation /hɑ:rəb'/.

In the impersonal use of the third person singular *thairis* is replaced by *thart* 'over, around'.

(iii) Meaning of *thar*

The basic meaning is 'past, beyond, over':

*Tá Cáit ag siúl thar an ngeata.*  
*Tá an madadh ag caitheamh léim*  
*thar an mbosca.*  
*Chaiith Cáit thar bhliain ansin.*

Cáit is walking past the gate.  
 The dog is jumping over the box.  
 Cáit spent over a year there.

More idiomatically *thar* is used:

(a) with *a bheith* to express 'outstandingly, extremely'

*Tá Cáit thar a bheith go maith*      Cáit is extremely good.

(b) with *mar* to express 'compared with how'

*Tá Cáit go maith thar mar a bhí sí inné.*      Cáit is well compared with how she was yesterday.

## 2. GENITIVE WITH BROAD CONSONANT AND -ACH

<i>céir</i>	wax	<i>baladh na céarach</i>	the smell of wax
<i>cathair</i>	city	<i>muintir na cathrach</i>	the people of the city
<i>glúin</i>	knee	<i>caipín na glúnach</i>	the kneecap
<i>súil</i>	eye	<i>os cionn na súlach</i>	above the eye

A limited number of feminine nouns form their genitive by making the final consonant broad and by adding *-ach* /əx/, e.g. *céir* 'wax', *na céarach* 'of the wax'. It will be noticed that most of these nouns are pronounced with one long syllable and a final slender *r*, *l*, *n*. If the noun is spelt with two short syllables, e.g. *cathair* 'city', the second syllable is dropped when *-ach* is added: *na cathrach* 'of the city'.

Further examples are:

<i>láir</i>	mare	<i>searrach lárach</i>	a female foal
<i>cathaoir</i>	chair	<i>tóin na cathaorach</i>	the seat of the chair
<i>traein</i>	train	<i>doras na traenach</i>	the door of the train
<i>tóin</i>	bottom	<i>póca tónach</i>	hip pocket
<i>coróin</i>	crown	<i>ar shon na corónach</i>	for the sake of the crown
<i>cráin</i>	sow	<i>cloigeann na cránach</i>	the sow's head
<i>stail</i>	stallion	<i>cloigeann na stalach</i>	the stallion's head
<i>caora</i>	sheep	<i>craiceann na caorach</i>	sheepskin

The medial *r* also becomes broad in *caoireoil* 'mutton': *ceathrú caorólach* 'a quarter (pound) of mutton'.

## 3. GENITIVE WITH BROAD CONSONANT, -ACH AND IRREGULAR VOWEL CHANGE

These feminine nouns form their genitive by making the final consonant broad and by adding *-ach* /əx/, and by changing the spelling from:

(i) *oi* to *o*

*toil /il*      will      *in aghaidh mo tholach /ol*      against my will

(ii) *ui* to *o*

*cuid /il*      share      *ag iarraidh a chodach /ol*      wanting his share  
(of food)

4. GENITIVE WITH *-N*

A few feminine nouns form their genitive by adding *-n* /*N'*/:

<i>comharsa</i>	neighbour	<i>teach na comharsan</i>	the neighbour's house
<i>lacha</i>	duck	<i>cois na lachan</i>	the duck's foot
<i>ceathrú</i>	thigh	<i>os cionn na ceathrún</i>	above the thigh
<i>An Cheathrú Rua</i>	(place-name)	<i>muintir na Ceathrún Rua</i>	the people of 'Carraroe'

We should further note: *Éire* 'Ireland', *muintir na hÉireann* 'the people of Ireland', *in Éirinn* 'in Ireland'. The form *Éirinn* is used after prepositions and also optionally as nominative.

## 5. FORMATION OF ABSTRACT NOUNS

## (i) Abstract nouns formed from adjectives

(a) with *-(e)acht*

Adjective		Comparative		Noun	
<i>bán</i>	white	<i>níos báine</i>	whiter	<i>báineacht</i>	whiteness
<i>dearg</i>	red	<i>níos deirge</i>	redder	<i>deirgeacht</i>	redness
<i>oilte</i>	skilled	<i>níos oilte</i>	more skilled	<i>oilteacht</i>	skill
<i>barúil</i>	amused	<i>níos barúla</i>	more amused	<i>barúlacht</i>	drollery
<i>deacair</i>	difficult	<i>níos deacra</i>	more difficult	<i>deacracht</i>	difficulty
<i>aibí</i>	ripe	<i>níos aibí</i>	riper	<i>aibíocht</i>	ripeness

To form an abstract noun the ending *-(e)acht* /əxt/ is normally added to the comparative form of an adjective. The ending *-eacht* follows a slender consonant, e.g. *báine*, *báineacht*; the ending *-acht* follows a broad consonant, e.g. *deacra*, *deacracht*, or by spelling convention (see Appendix I.6) the ending *-ocht* follows *í*, e.g. *aibí*, *aibíocht*.

A few adjectives with no special comparative form add *-íocht* /i:əxt/, e.g. *éasca* 'easy, quick', *éascaíocht* 'easiness, quickness'; *cliste* 'clever', *clistiocht* 'cleverness'; *sásta* 'satisfied', *sástaíocht* 'satisfaction'.

(b) with *-(e)as*, *-(e)adas*

Adjective		Noun	
<i>maith</i>	good	<i>maitheas</i>	goodness
<i>buíoch</i>	grateful	<i>buíochas</i>	gratitude
<i>tinn</i> /i:/	sick	<i>tinneas</i> /i/	sickness
<i>beo</i>	alive, quick	<i>beos</i>	aliveness, quickness

Some adjectives of one syllable form an abstract noun by adding *-(e)as*; *-eas* follows a slender consonant, e.g. *maith*, *maitheas*; the ending *-as* follows a broad consonant, e.g. *buíoch*, *buíochas*; by spelling convention *s* follows *o*: *beo*, *beos*.

Somewhat similar are *te* /t'e/ 'hot', *teas* /t'æ:s/ 'heat'; *soibhir* /sew'ər/ 'rich', *soibhreas* /saiw'r'əs/ 'richness'

(c) with *-(e)adas*

Adjective		Noun	
<i>ciúin</i>	quiet	<i>ciúineadas</i>	quietness
<i>binn</i> /i:/	melodious	<i>binneadas</i> /i/	melodiousness

Similar to the above are: *úr* 'fresh', *úireadas* 'freshness' (the final *r* becomes slender); *dorcha* 'dark', *dorchadas* 'darkness'.

## (ii) Abstract nouns formed from agent nouns

Agent noun		Abstract noun	
<i>bádóir</i>	boatman	<i>bádóireacht</i>	boating
<i>feilméara</i>	farmer	<i>feilméarach</i>	farming
<i>sclábhaí</i>	labourer	<i>sclábhaíocht</i>	labouring
<i>siopadóir</i>	shopkeeper	<i>siopadóireacht</i>	shopping
<i>cabaire</i>	natterer	<i>cabaireacht</i>	nattering

To form an abstract noun the ending *-(e)acht* is often added to an agent noun; for the selection of the variants *-eacht*, *-acht*, *-ocht* see (a) above. Agent nouns in *-úr* become slender and add *-eacht*, e.g. *táillíúr*, 'tailor', *táillíúireacht* 'tailoring'.

Abstract nouns of this sort can be used as verbal nouns, e.g. *ag feilméarach* 'farming'.

## 6. ORDINAL NUMBERS

1st	<i>an chéad ceann</i>	/ə x'e:d/
2nd	<i>an dara <sup>1</sup>ceann</i>	/ə da:rə/
3rd	<i>an tríú ceann</i>	/ə t'ri:wu:/
4th	<i>an ceathrú ceann</i>	/ə k'æ:ru:/
5th	<i>an cúigiú ceann</i>	/ə ku:g'u:/
6th	<i>an séú ceann</i>	/ə s'e:u:/
7th	<i>an seachtú ceann</i>	/ə s'æ:xtu:/
8th	<i>an t-ochtú ceann</i>	/ə toxtu:/
9th	<i>an naoú ceann</i>	/ə Ni:u:/
10th	<i>an deichiú ceann</i>	/ə d'eu:/
11th	<i>an t-aonú ceann déag</i>	/ə ti:nu: ... d'e:g/
12th	<i>an dóú ceann déag</i>	/ə do:u: ... d'e:g/
13th	<i>an tríú ceann déag</i> etc.	/ə t'ri:u: ... d'e:g/
19th	<i>an naoú ceann déag</i>	/ə Ni:u: ... d'e:g/
20th	<i>an fichiú ceann</i>	/ə f'i:u:/
21st	<i>an t-aonú ceann fichead</i>	/ə ti:nu: ... f'i:d/
22nd	<i>an dóú ceann fichead</i>	/ə do:u: ... f'i:d/
23rd	<i>an tríú ceann fichead</i> etc.	/ə t'ri:u: ... f'i:d/
30th	<i>an deichiú ceann fichead</i>	/ə d'eu: ... f'i:d/
31st	<i>an t-aonú ceann déag is fiche</i>	/ə ti:nu: ... d'e:g əs fil/
32nd	<i>an dóú ceann déag is fiche</i>	/ə do:u: ... ... /
33rd	<i>an tríú ceann déag is fiche</i> etc.	/ə t'ri:u: ... ... /
39th	<i>an naoú ceann déag is fiche</i>	/ə Ni:u: ... ... /

The ordinal numbers can be seen in the above table. *An chéad* 'the first' lenites a following noun (except those beginning with *t*, *d*), e.g. *an chéad bhord* 'the first table', *an chéad duine* 'the first person'. *An chéad* used with *eile* means 'the next', e.g. *an chéad uair eile* 'the next time', *an chéad bhliain eile* 'next year'. All the ordinal numbers except *an*

<sup>1</sup>A common alternative is *darna* /dɑ:rɲə/.

*chéad* prefix *h* to a following vowel, e.g. *an dara háit* ‘the second place’, *an tríú húlla* ‘the third apple’.

Ordinals above thirty-nine are generally avoided by the use of circumlocution, e.g. *sin (anois) dhá fhichead leabhar* ‘that there (now) is forty books’, *sin (anois) leabhar is dhá fhichead* ‘that there (now) is forty-one books’; or by using the older system reintroduced through the schools:

40th	<i>an daicheadú ceann</i>	/ə da:du:/
41th	<i>an t-aonú ceann is daichead</i>	/ə tí:nu: ... əs da:d/
50th	<i>an caogadú ceann</i>	/ə ki:gədu:/
60th	<i>an seascadú ceann</i>	/ə s'æ:skədu:/
70th	<i>an seachtadú ceann</i>	/ə s'æ:xtədu:/
80th	<i>an t-ochtódú ceann</i>	/ə toxtə:du:/
90th	<i>an nóchadú ceann</i>	/ə nɔ:xədu:/
100th	<i>an céadú ceann</i>	/ə k'e:du:/
1000th	<i>an míliú ceann</i>	/ə m'í:l'u:/
1,000,000th	<i>an milliúnú ceann</i>	/ə m'íl'u:nu:/

After an ordinal numeral, nouns remain unchanged in the genitive, e.g. *clann an dara bean* ‘the second wife’s family’.

## TEXT

### AN FIACLÓIR

*Deireann na fiaclóirí i gcónaí go mba chóir dhuit a ghoil acu ar a laghad faoi dhó sa mbliain. Bím féin i gcónaí ag caint ar a ghoil ag an bhfiaclóir. Bím i gcónaí go díreach ag goil ag cur glaoch air nuair a thosaím ag braiteoireacht. B'fhéidir gurbh fhearr é a chur siar cupla seachtain eile ! Ar an gcaoi seo, éiríonn liom a ghoil aige ar a mhéad 'chuile thríú bliain.*

*Bhí mé ag an bhfiaclóir an lá cheana. Nuair a bhí mé i mo shuí sa seomra ag fanacht le a ghoil isteach aige, tháinig bean isteach sa seomra. Ní raibh fonn cainte ormsa ach níor éirigh an bhean as a bheith ag cabaireacht. ‘Tá mé cráite ag an bhfiacail seo. Níor chodail mé néal le dhá oíche. Shílfeá go raibh 'chuile chnámh i mo choláinn tinn, tá an oiread sin pian inti.’*

*Thar éis tamaill, ghlac mé truaí don bhean bhocht. Thosaigh mé a rá nach raibh an scéal baileach chomh dona sin agus ag inseacht dhi cé chomh maith is a bhí an fiaclóir agus cén mhuinín a bhí agamsa as. Ach bhí 'chuile locht aicese air.*

*‘Níl maith ar bith ann !’ a deir an bhean. ‘Chaith mé féin thar sé bliana thar sáile agus bhí na fiaclóirí go hiontach. Bhí siad thar a bheith go maith. Ach maidir le fiaclóirí na cathrach seo, nó fiaclóirí na hÉireann, ní dhéanfainn aon mhuinín astu.’*

*Faoin am ar cuireadh fios ormsa le a ghoil isteach ag an bhfiaclóir, bhí mé ag creathadh leis an bhfáiltíos. Ach chuaigh fear eile tharam ar a bhealach amach agus dúirt seisean liom mo mhisneach a choinneál. Ní raibh sé chomh dona sin !*

*‘Tá fáilte romhat,’ a deir an fiaclóir, ‘cén chaoi a bhfuil tú – is fada nach bhfaca mé thú.’*

*‘Thar cionn,’ a deirimse. Bhí mé ag iarraidh a chur ina loighe orm féin go raibh.*

*‘Caith fút ansin !’*



*Shuigh mé sa gcathaoir agus chas an fiacloir rotha beag. D'ardaigh sé an chathaoir le mé a dhéanamh níos compóirtí. Ansin leag sé túáille beag cosúil le neaicín póca ar an ráille in aice liom. Lfón sé gloine agus leag<sup>1</sup> í ar an mbáisín beag a bhí in aice na cathaorach. Shá sé rud eicint isteach i mo bhéal agus thosaigh sé ag piocadh as mo chuid fiacla. Chaith sé scaitheamh ag baint scil astu agus ag cuartú poill. Ansin dúirt sé gur cuireadh coróin ar cheann de na fiacla cupla bliain ó shin agus go raibh barr na corónach briste. Chaithfinn a thíocht ar ais lá eile. D'fhéadfaínn coinne a dhéanamh leis an rúnai ar mo bhealach amach.*

*Is duine deas é an fiacloir. Agus ar ndóigh, tá sé an-oilte. Mar sin féin, caithfidh mé a rá go raibh áthas orm nuair a bhain mé an doras amach !*

### EXERCISES

A. Complete these sentences, using the appropriate prepositional pronoun to replace the brackets, e.g. *thairis*.

1. *Chaith an madadh léim (thar an mbosca).*
2. *Shiúil go leor daoine (thar Bhríd) ar maidin.*
3. *Lig muid an bhliain (thar) (muid) gan mórán oibre a dhéanamh.*
4. *Bhí an iomarca ciumhaiseanna (thar) (mé) sa leaba aréir. Bhí mé rósta.*
5. *An ndeachaigh an dochtúir (thar) (thusa) gan beannú dhuit ar chor ar bith ?*
6. *Ní chuirfinn (thar na comharsanna) rud chomh gránna sin a dhéanamh.*
7. *Chuaigh Uachtarán na hÉireann (thar) (seisean) sa gcarr.*
8. *Chonaic mé carr na comharsan ag imeacht (thar) (sibh) ar an mbealach aniar.*

B. Give the nominative singular of the noun which is in the genitive, e.g. *caora*.

- |                                |                                       |
|--------------------------------|---------------------------------------|
| 1. <i>craiceann caorach</i>    | 8. <i>os cionn mo shúlach</i>         |
| 2. <i>póca tónach</i>          | 9. <i>chomh buí le cois lachan</i>    |
| 3. <i>cois na cathaorach</i>   | 10. <i>in aghaidh a tholach</i>       |
| 4. <i>os cionn na glúnach</i>  | 11. <i>muintir na Ceathrún Rua(í)</i> |
| 5. <i>i lár na cathrach</i>    | 12. <i>cuid na comharsan</i>          |
| 6. <i>fuinneog na traenach</i> | 13. <i>sclábhaithe na hÉireann</i>    |
| 7. <i>ceathrú caorólach</i>    | 14. <i>cluais na cránach</i>          |

C. Write out fully, e.g. *an dara húlla*.

- |                     |                     |
|---------------------|---------------------|
| 1. <i>2ú húlla</i>  | 4. <i>5ú háit</i>   |
| 2. <i>30ú fear</i>  | 5. <i>15ú duine</i> |
| 3. <i>21ú ceann</i> | 6. <i>11ú bord</i>  |

TRANSLATE:

1. Just when I was going to ring the dentist I began to hesitate. This (here) is the third time I have done that. 2. The neighbour's son was at the doctor yesterday. They say that he has some peculiar sickness. 3. I was annoyed by people ringing me. At last, against my will, I made an appointment with one of them. 4. I did not feel like talking but there are always people who want to natter. 5. The doctors of this city are extremely good. I would be willing to trust any of them. 6. He was over fifteen years abroad. He was farming in America. There is great wealth in that country. 7. He placed a handkerchief on the rail and a glass of water on the basin. 8. At least I bought a quarter of fresh mutton from the shopkeeper yesterday. 9. Was the President of Ireland at the big match on Sunday ? 10. Did you shut the train door ?

<sup>1</sup>In a sentence where the same subject pronoun occurs after two or more verbs in the past tense, it is sometimes to be understood. This is a feature of narrative style.

## LESSON 34

### VOCABULARY

<b>aithrist</b> <i>fem.</i>	/æ:r'əs't'/		imitation, mimicry
<b>ál</b>	/ɑ:l/	<i>álta</i>	clutch, litter
<b>bois</b> <i>fem.</i>	/bos'/	pl. <i>bosa</i>	palm (of hand)
<b>call</b>	/kɑ:l/		call, necessity
<b>dair</b> <i>fem.</i>	/dæ:r'/		oak
<b>dícheall</b>	/d'i:l/		best effort
<b>gaol</b>	/gi:l/	<i>gaolta</i>	relation
<b>jab</b>	/dʒa:b/	<i>jabanna</i>	job
<b>masla</b>	/ma:sLə/	<i>maslaí</i>	insult
<b>naprún</b>	/Na:pru:ɲ/	<i>naprúin</i> /Na:pru:n'/	apron
<b>radharc</b>	/raɪrk/		sight
<b>ronnach</b>	/rʊnəx/	<i>ronnacha</i>	mackerel
<b>scornach</b>	/sko:rNəx/	<i>scornaí</i>	throat
<b>maslaigh 2</b>	/ma:sLə/	insult	
<b>maslú</b>	/ma:sLu:/	insulting	
<b>smaoinigh 2</b>	/smi:n'ə/	think ( <i>ar</i> : about), recall	
<b>smaoiniú</b>	/smi:n'u:/	thinking	
<b>téamh</b>	/t'e:w/	heating	
<b>téigh 1</b>	/t'e:/	heat, warm	
<b>aerach</b>	/e:rəx/	airy, lighthearted, giddy	
<b>cneasta</b>	/k'r'æ:stə/	honest	
<b>leadránach</b>	/L'ɑ:drɑ:Nəx/	boring, tedious	
<b>slachtmhar</b>	/sLɑ:xtəɾ/	handsome, well-finished	
<b>ainneoin</b> (go/nach)	/iN'u:n'/	(with gen.)	despite, in spite of
<b>ar nós</b>	/er Nu:s/	(with gen. ')	like
<b>i gcomórtas le</b>	/ə gumo:rtəs/		in comparison with
<b>'tuige</b>	/tig'ə/		why?

#### VOCABULARY NOTES:

1. *tá gaol agam le* 'I am related to'
2. *ag cur duine in aithne do dhuine* 'introducing a person to another person'
3. *cogar!* (*lit.* whisper), 'hey, tell me!, say!'
4. *lán na súl a bhaint as* (*lit.* to take the full of the eyes out of), 'to get a good and proper look at'
5. *déanfaidh sé cúis dhom* 'that will be sufficient for me; that will do me'

<sup>1</sup>Exceptionally *ar nós* (a preposition which can take the genitive) is followed directly by *mise, mé féin*, etc., e.g. *Tá Gaeilge aige ar nós thú féin* 'He can speak Irish like yourself.'

## GRAMMAR

## 1. EMPHATIC WORD ORDER

## (i) Fronted sentences

The copula (see Lesson 11) can be used to emphasise or 'front' the part of a sentence to which particular importance is given.

*Tá an fear ag caint le Cáit anois.*

The man is talking to Cáit now.

Fronting:

(a) *Is é an fear atá ag caint le Cáit anois.*

It is **the man** who is talking to Cáit now.

(b) *Is ag caint le Cáit atá an fear anois.*

The man is **talking to Cáit now**.

(lit. It is talking to C. that the man is now.)<sup>1</sup>

(c) *Is le Cáit atá an fear ag caint anois.*

It is **to Cáit** the man is talking now.

(d) *Is anois atá an fear ag caint le Cáit.*

It is **now** that the man is talking to Cáit.

The appropriate pronoun (*é, í, iad*) is used before a definite noun, e.g. *Is é an fear atá ...* 'It is the man who is ...'; *Is í Cáit atá ...* 'It is Cáit who is ...'; *Is iad mo mhuintir atá ...* 'It is my people who are ...'; see Lesson 14.

*Ní bhíonn sé anseo go minic.*

He is not often here.

*Ní minic a bhíonnns sé anseo.*

It is not often that he is here.

When an adverb or adjective with *go* (e.g. *go minic, go maith*) is fronted, no *go* is required following the copula.

## (ii) Responses

(a) *Ab é an fear atá ag caint le Cáit ?*  
Is it **the man** who is talking to Cáit ?

*Is é. /s'ɛ:/*      *Ní hé. /N'í: he:/*  
Yes.                      No.

In responses the appropriate pronoun is repeated with the required form of the copula (see Lesson 14).

(b) *Ar ag caint le Cáit atá an fear ?*  
Is it talking to Cáit that the man is ?  
Is the man **talking to Cáit** ?

*Is ea. /s'æ:/*      *Ní hea. /N'í: hæ:/*  
Yes.                      No.

(c) *Ar le Cáit atá an fear ag caint ?*  
Is it **to Cáit** that the man is talking ?

...                      ...

(d) *Ar anois atá an fear ag caint le Cáit ?*  
Is it **now** that the man is talking to Cáit ?

...                      ...

(e) *Ar cúthál atá an fear ag caint le Cáit ?*  
Is it **shy** that the man is talking to Cáit ?  
Is the man who is talking to Cáit **shy** ?

...                      ...

When a preposition, adverb or adjective is fronted, *ea* is used in responses with the required form of the copula. For a more emphatic response a prepositional pronoun or an adjective can be repeated, e.g. *Ar le Cáit atá ...? Is léi. Ar dearg atá ...? Is dearg.*

In all the above fronted sentences the copula is often simply understood, e.g. *ag caint le Cáit atá ...? Is ea.*

<sup>1</sup>This type of sentence is common in English as spoken in Ireland..

## (iii) Fronted copula sentences

*Ba cheart dhuit a thíocht.*  
*Thusa a ba cheart a thíocht.*

You should come.  
**You** should come.

The topics in copula sentences are not normally fronted in statements except in the phrases *ba cheart*, *ba chóir* 'you should ...'. In this case the contrast form of the personal pronoun, e.g. *thusa*, corresponding to the form of *do*, e.g. *dhuit*, in the basic sentence is fronted.

## 2. EMPHATIC CONSTRUCTIONS

(i) *Is é an chaoi*

*Bhris sé an bord.*

He broke the table.

*Is é an chaoi ar bhris sé an bord.*

Actually, he **broke** the table.

*An nglanann Cáit an bord?*

Does Cáit clean the table?

*Ab é an chaoi a nglanann Cáit an bord?*

Does Cáit actually **clean** the table?

The verb can be emphasised by using *is é an chaoi ... /s'ɛ: xi:/* or *ab é an chaoi ... ? /əb'ɛ: xi:/* in questions. Alternatively *is amhlaidh ... /ɔs auLə/, ar amhlaidh ...? /ɔr auLə/* can be used with a direct relative clause.

(ii) *Is éard*

*Dúirt sé go raibh sé ag imeacht.*

He said he was going off.

*Is éard a dúirt sé go raibh sé ag imeacht.*

What he said is that he was going off.

*Is éard /s'ɛ:rd/*, which is followed by a direct relative (see Lesson 13), is used to emphasise following indirect speech. The forms of the copula which are employed before *é/í/iad* (see Lesson 11) are used, e.g. *Ab éard ... ? Nach éard ?*

## 3. SOME IRREGULAR GENITIVES

<i>bean</i>	/b'æ:n/	woman	<i>cóta na mná</i>	/mra:/	the woman's coat
<i>driofúr</i>	/d'r'aur/	sister	<i>fear mo dhreifire</i>	/ɣ'r'ef'i:r'ɔ/	my sister's husband
<i>lá</i>	/lɑ:/	day	<i>solas an lae</i>	/le:/	the daylight
<i>teach</i>	/t'æ:x/	house	<i>doras an tí</i>	/t'i:/	the door of the house
<i>leaba</i>	/l'æ:bə/	bed	<i>bun na leapa</i>	/l'æ:pə/	the bottom of the bed
<i>mí</i>	/m'i:/	month	<i>deireadh na míosa</i>	/m'i:sə/	the end of the month
<i>trá</i>	/tra:/	shore	<i>bóthar na trá</i>	/tra:w/	the top of the shore
<i>dair</i>	/dæ:r'/	oak	<i>crann daraí</i>	/da:ri:/	an oak tree
<i>talamh</i>	/ta:Lə/	ground	<i>tomhais na talún</i>	/ta:LU:N/	measuring the ground

The genitive of *trá* is pronounced with a final /w/. The genitive of *talamh* may be either *an talaimh* or *na talún..*

## 4. GENITIVE OF CERTAIN VERBAL NOUNS IN SET EXPRESSIONS

In set phrases, certain verbal nouns have a genitive form which is similar to the verbal adjective. The following are some examples:

<i>cuitheamh</i>	smoking	<i>cead caite</i>	permission to smoke
<i>pósadh</i>	marrying	<i>fáinne pósta</i>	a wedding ring
<i>téamh</i>	heating	<i>deis téite</i>	a heating apparatus
<i>suí</i>	sitting	<i>áit suite</i>	a place to sit
<i>loighe</i>	lying	<i>áit loite</i>	a place to lie

## 5. GENITIVE PLURAL IN SET EXPRESSIONS

*Tá na háid anseo.*

The boats are here.

*Tá úinéaraí na mbáid anseo.*

The owners of the boats are here.

Normally there is only one plural form (see Lesson 25). However, in some set phrases (mostly concerning animals or parts of the human body) an older genitive plural is still used:

		nom. pl.	gen. pl.	
<i>éan</i>	bird	<i>éanacha</i>	<i>ceol na n-éan</i>	the song of the birds
<i>cearc</i>	hen	<i>cearca</i>	<i>teach na gcearc</i>	the hen house
<i>bois</i>	palm	<i>bosa</i>	<i>ag bualadh bos</i>	clapping (hands)
<i>ronnach</i>	mackerel	<i>ronnacha</i>	<i>ag iascach ronnach</i>	fishing (for) mackerel

In form, the old genitive plural is generally the same as the nominative singular, e.g. *éan* 'bird', *ceol na n-éan* 'the song of the birds'. However, in the case of a feminine noun like *bois* it is the same as the old nominative (ending in a broad consonant), e.g. *bois* 'palm of hand', *bualadh bos* 'lit. hitting of hands, clapping'; *muic* 'pig', *cuid na muc* 'the food of the pigs, pig food'.

In the case of nouns which add a consonant in the genitive singular, e.g. *lacha* 'duck', gen. *lachan* (see Lesson 33), the old plural genitive is the same as the genitive singular, e.g. *ál lachan* 'a brood of ducks'.

*Radharc na súl* (from *súil* 'eye') 'the sight of the eyes, eyesight' is exceptional..

6. *DHÁ* 'HOWEVER' WITH ABSTRACT NOUN

	<i>dheacracht</i>	difficult	
	<i>dheirgeacht</i>	red	
<i>Dhá</i>	<i>bharúlacht</i>	amusing	<i>é, beidh Cáit sásta.</i>
However	<i>aistí</i>	strange	it is, Cáit will be pleased.
	<i>shlachtmhaire</i>	handsome	
	<i>chruacha</i>	hard	
	<i>fheabhas</i>	good, excellent	

*Dhá* /ɣa:ɫ/, /a:ɫ/, which is not stressed, causes lenition and is followed by a form which is the same as the abstract noun (see Lesson 33), e.g. *dheacracht* 'difficulty', *dhá dheacracht* 'however difficult'. Adjectives ending in *-(e)ach*, e.g. *aisteach* 'strange', or in *-mhar* e.g. *slachtmhar* 'handsome', or adjectives pronounced with a final vowel, e.g. *crua* 'hard', take a form the same as the comparative, e.g. *níos aistí* 'stranger', *dhá aistí* 'however strange', *níos shlachtmhaire* 'handsomer', *dhá shlachtmhaire* 'however handsome', *níos cruacha* 'harder', *dhá chruacha* 'however hard'.

A sentence of the type 'the bigger, the better' is expressed by *dhá mhéad é is ea is fearr*. This use of *is ea* reflects a usage (which is now most infrequent) where it followed an adverbial phrase which was fronted, e.g. *ar an mbóthar is ea a chonaic mé í* 'on the road I saw her'.

7. *A... IS* 'HOW...'

*Is iontach a fheabhas is atá sé.*

It is amazing how good he is.

*A* /ə/, which is not stressed and causes lenition, takes the same form of an adjective as follows *dhá* 'however' (see above). This construction precedes *is* and a direct relative clause (see Lesson 13).

## TEXT

## AN TARBH

*Is cuimhne liom go maith an samhradh a chaith muid ag obair i Sasana. Mic leinn a bhí ionainn an uair sin agus is muid a bhí óg agus aerach! Dháiríre, ní raibh call ar bith dhúinn an samhradh a chaitheamh ag sclábhaíocht. Bhí scoláireachtaí againn agus ní raibh an t-airgead ag tastáil chomh géar sin uainn. Ach bhí gaol eicint ag fear mo dhreifíre le fear a raibh teach ósta mór aige i Sasana agus chuaigh muid anonn ag iarraidh jab air.*

*Fear mór láidir ar nós tarbh a bhí ann. 'An Tarbh' a thugadh muid i gcónaí air. Chuir muid muid féin in aithne dhó. Dúirt mé leis go raibh gaol agam leis. Ní roshásta a bhí sé. Is é an chaoi a sílfeá gur ag iarraidh é a mhaslú a bhí muid! Ach thug sé posta dhúinn ag níochán soithí sa gcisteanaich.*

*B'uafásach an sclábhaíocht é. Bhíodh muid ag obair deich n-uaire an chloig sa ló<sup>1</sup> aige. Bhíodh an t-aer chomh dona sin go mbíodh mo scornach tinn i gcaitheamh an lae. B'éigean dhúinn naprúin mhóra fhada a chaitheamh agus sheasadh muid ag an mbáisín ó mhaidín go hoíche ag níochán agus ag triomú soithí. A leithéide d'obair leadránach!*

*Is cuimhne liom go raibh mé ag obair an-chrua. Bhí mé ag iarraidh mo dhícheall a dhéanamh agus mo chuid airgid a shaothrú go cneasta. Ach dhá chruacha a bhínn ag obair, is ea is cantalaí a bhíodh an Tarbh. Dhá mhéad oibre a dhéanfá, ní fhéadfá an Tarbh a shásamh. B'fhearr leis a bheith ag clamhsán.*

*'Cogar!' a deir comrádaí liom lá amháin. "Tuige a bhfuil tusa ag briseadh do chroí ag obair mar sin? Tóig go bog é! Is é an chaoi nach bhfeiceann an Tarbh ar chor ar bith thú. Tá radharc na súl go dona aige.'*

*Sin é a shíl muid nó go raibh muid ina seasamh ag an mbáisín lá amháin ag déanamh aithrist air agus chonaic sé muid. A leithéide de bhuille is a bhuaíl sé ar mo chomrádaí! Hóibair dhó é a mharú. Ach nuair a smaoinim anois air, is dóigh go raibh an t-ádh orainn nar briseadh muid.*

*Is cuimhne liom an chéad pháil a fuair mé. Bhreathnaigh sí chomh mór an uair sin dhúinn i gcomórtas leis an airgead a bhíodh ag mac léinn. Bhí seomra codlata againn i dteacháin beag ar chúla an tí mhóir ('teach na gcearc' a thug mo chomrádaí air). Dhúisigh ceol na n-éan go moch ar maidín mé. D'éirigh mé agus leag mé mo chuid airgid amach ag bun na leapa go díreach le lán mo shúl a bhaint as!*

*Gheall an Tarbh dhá scór punt eile an duine dhúinn dhá bhfanfadh muid go deireadh na míosa. Shíl muid go ndéanfadh an t-airgead a bhí saothraithe againn cúis dhúinn agus d'imigh muid abhaile.*

*Ainneoin go raibh an obair crua ní chreidfeadh ar muintir a fheabhas is a bhí muid ag breathnú nuair a bhain muid an baile amach.*

## EXERCISES

A. Rewrite the following, bringing the words in **bold face** to the front of the sentence, e.g. *Is ag goil abhaile atá mé.*

1. Tá mé **ag goil abhaile**.
2. Tá **Cáit** anseo.
3. Beidh **Bríd** anseo **amáireach**.
4. Tá **an carr** ar chúla an tí.

<sup>1</sup>In certain set phrases *ló* may replace *lá* following a preposition.

5. *Beidh Tomás ag tíocht ag deireadh na míosa.*
6. *Bhí an fáinne pósta ar an mbord.*
7. *Tá crann daraí ansin.*
8. *Tá Peige ag cóiriú na leapa anois.*
9. *Bíonn sé ag caint leis an dochtúr go minic.*
10. *Tá teach mo dhreifire i nGaillimh.*
11. *Bhí mé óg aerach an uair sin.*
12. *Ba cheart dhuitse caint leis.*

B. Prefix *sílim* to the fronted forms of the above sentences, e.g. *Sílim gur ag goil abhaile atá mé.*

C. Rewrite the following, using *is éard* or *is é an chaoi* appropriately to emphasise the words in bold face, e.g. *Shíl mé go raibh sé ann ach sé an chaoi a raibh sé imithe.*

1. *Shíl mé go raibh sé ann ach bhí sé imithe.*
2. *Ní raibh mé tuirseach. Bhí mé thar cionn.*
3. *Deir sé go bhfuil Máire tinn.*
4. *Bhí mé cinnte go raibh an bord glan. Ní raibh sé glan ar chor ar bith.*
5. *Is amadán é féin.*
6. *Dúirt sé nach raibh sé sásta.*

D. Give positive responses to the following fronted sentences, e.g. *Is ea.*

1. *Ar ag caint le Bríd atá sé ?*
2. *Ab é Pádraig atá ann ?*
3. *Ab iad na comharsanna a dúirt é ?*
4. *Ar ag tomhais na talún a bhí sé ?*
5. *Ar amáireach a bheas Tomás anseo ?*
6. *Ar i gcaitheamh an lae a bhíonnas tú ag obair ?*

E. In the following fronted sentences the copula is understood. Give negative responses, e.g. *Ní hea.*

1. *Máirtín an t-ainm atá air ?*
2. *Inné a tháinig sé.*
3. *Brid Bheag a thuganns muide uirthi.*
4. *Ag deireadh na míosa a bheas an leabhar réidh ?*
5. *Ceol na n-éan a dhúisigh thú ?*
6. *Máirtín a rinne é.*
7. *Na daoine céanna a dúirt é.*
8. *Ag cóiriú na leapa atá Bríd ?*
9. *Cáit a deireannas é sin i gcónaí.*
10. *'Fear' an Ghaeilge atá ar 'woman' ?*
11. *Crann daraí atá ann ?*
12. *Trí phunt atá orthu sin.*

TRANSLATE:

1. The woman's coat is on the ground.
2. I thought she would be there but actually, she wasn't there at all.
3. What he said was that he was not satisfied.
4. It is Máire who said that.
5. Is Pádraig fishing for mackerel ?
6. I was doing my best.
7. Was Tomás imitating Séamas ?
8. You are insulting him.
9. It was cold today compared to yesterday.
10. Why was the work boring ?
11. I thought I was related to him but, actually, I was not related to him at all.
12. There was no call for us to work.
13. My throat was sore all day.
14. Hey, tell me, was the wedding ring on the table ?

## LESSON 35

### VOCABULARY

<b>abairt</b> <i>fem.</i>	/a:bərtʰ/	<i>abairtí</i>	sentence
<b>brabach</b>	/bra:bəx/		profit
<b>brí</b> <i>fem.</i>	/bʰrʰi:/		importance, energy
<b>caisleán</b>	/kusʰlʰɑ:n/	<i>caisleáin</i> /kusʰlʰɑ:nʰ/	castle
<b>fráma</b>	/fra:ma/	<i>frámaí</i>	frame
<b>milleán</b>	/mʰilʰɑ:n/		blame
<b>príosún</b>	/pʰrʰi:su:n/	<i>príosúin</i> /pʰrʰi:su:nʰ/	prison
<b>rothar</b> <sup>1</sup>	/rohər/	<i>rothair</i>	bicycle
<b>scabhtéara</b>	/skautʰe:rə/	<i>scabhtéaraí</i>	scoundrel
<b>stair</b> <i>fem.</i>	/stæ:rʰ/		history
<b>túreolas</b>	/tʰi:ʰro:ləs/		geography
<b>toirneach</b> <i>fem.</i>	/taurnʰəx/		thunder
<b>Carna</b>	/ka:rənə/	<i>(place-name)</i>	
<b>Corcaigh</b>	/korkə/	Cork	
<b>marcaíocht</b> <i>fem.</i>	/ma:rki:əxt/	riding; lift	
<b>parcáil</b> 1	/pa:rka:lʰ/	park	
<b>parcáil</b> <i>fem.</i>	/pa:rka:lʰ/	parking	
<b>pléasc</b> 1	/pʰlʰe:sk/	burst, explode	
<b>pléascadh</b>	/pʰlʰe:skə/	bursting	
<b>cruógach</b>	/kru:əgəx/	busy	
<b>folláin</b>	/fo:lɑ:nʰ/	healthy	
<b>siúráilte</b>	/sʰu:rɑ:lʰtʰə/	sure	
<b>céardós</b>	/kʰerdo:s/	what sort of ?	
<b>de réir a chéile</b>	/gə rʰe:rʰə xʰe:lʰə/	gradually, bit by bit	
<b>feasta</b>	/fʰæ:stə/	from now on, in future	
<b>marach</b>	/ma:rəx/	but for, except for	

### VOCABULARY NOTES:

1. *cupla bliain nó a trí* ‘two or three years’
2. *cur as do dhuine* ‘upsetting a person’
3. *ligean air féin* ‘pretending (that)’
4. *tabhairt faoi* ‘attacking, coming to grips with’
5. *Cén bhrí ach ...* ‘I wouldn’t mind but ..., what would it matter except that ...’

<sup>1</sup>According to the rules of this dialect *rothar* would be pronounced /ro:rt/. However, as this word is a modern coinage, /rohər/ is probably more often used. See Appendix I.3.



## GRAMMAR

1. INFINITIVE CONSTRUCTION WITH A *BHEITH*(i) Optional replacement of *go/nach* clauses

## (a) After prepositional idioms with the copula

*Ba mhaith liom an carr a bheith ag Cáit.* I would like Cáit to have the car.  
*Ní miste gan airgead a bheith ag Máirtín.* It doesn't matter that Máirtín has no money.

After prepositional phrases with the copula, e.g. *is maith liom*, *is cuma liom*, etc. (see Lessons 20 and 23) *go/nach* clauses are frequently replaced by using the subject followed by *a* /ə/, which causes lenition, and the verbal noun, e.g. *Ba mhaith liom an carr a bheith ag Cáit* 'I would like Cáit to have the car', instead of *Ba mhaith liom go mbeadh an carr ag Cáit*. A negation is expressed by using *gan* /gəN/ before the subject, e.g. *Ba mhaith liom gan an carr a bheith ag Cáit* 'I would like Cáit not to have the car'.

## (b) After certain conjunctions

<i>marach</i>	
only that	<i>Cáit a bheith anseo</i>
<i>thar éis</i>	Cáit is here
notwithstanding the fact that	

After a certain few conjunctions the infinitive construction with *a bheith* can optionally replace *go/nach* clauses, e.g. *marach Cáit a bheith anseo* for *marach go raibh Cáit anseo*; *thar éis Cáit a bheith anseo* for *thar éis go bhfuil Cáit anseo*.

In the case of the prepositions *ach* 'as soon as, provided that'; *ag* 'as a result of the fact that, because', this construction is always used: *ach/ag Cáit a bheith anseo* 'as soon as/because Cáit is here'.

## (ii) In double conditions

<i>Dhá mbeadh Máirtín anseo agus carr a bheith aige, bheadh Cáit sásta.</i>	If Máirtín was here and if he had a car, Cáit would be content.
<i>Dhá mbeadh fear ag Cáit agus gan airgead a bheith aige, ní bheadh sí sásta.</i>	If Cáit had a man and if he hadn't any money, she would not be pleased.

In the case of a second condition, instead of simply using another *dhá/mara* clause, e.g. *dhá mbeadh Máirtín anseo agus dhá mbeadh carr aige ...* 'if Máirtín was here and if he had a car ...', the infinitive construction may be used: *dhá mbeadh Máirtín anseo agus carr a bheith aige ...*

2. IDIOMATIC USES OF *AGUS*

## (i) Two principal clauses

<i>Bhí Bríd ann agus í tinn.</i>	Bríd was there and she was sick.
<i>Tá Cáit ansin agus leabhar mór aici.</i>	Cáit is there and she has a big book.
<i>D'imigh Máirtín amach agus gan aon chóta air.</i>	Máirtín went out and he had no coat on.

When two principal clauses are connected by *agus*, the verb *tá* may be omitted in the second: (a) if the same subject is in both clauses, e.g. *Bhí Bríd ann agus í tinn.* (b) if the preposition is in a prepositional idiom, e.g. *Tá leabhar agam,* refers to the subject of the first principal clause, e.g. *Tá Cáit ansin agus leabhar mór aici.*

This construction may be used to imply a certain element of surprise: *Bhí Bríd ann agus í tinn.* 'Brid was there even though she was sick.'

(ii) *Agus/is* meaning 'when, since'

<i>Bhí an bosca ansin is mé ag tíocht abhaile.</i>	The box was there when I was coming home.
<i>Bhí an lá gearr is thú ag imeacht thart mar sin.</i>	The day was short since you were going round like that.

A circumstantial phrase ('when ...', 'while ...', 'since ...', 'as ...') can be introduced by *agus/is* and the verb *tá* is then omitted.

(iii) Use of *agus/is* in responses

<i>An bhfuil sé míle as seo go Carna ?</i>	– <i>Tá agus deich míle.!</i>
Is it six miles from here to Carna ?	– Indeed it is probably ten.
<i>Tá mé ag imeacht anois.</i>	– <i>Tá agus mise.</i>
I am going off now.	– Yes, and so am I.
<i>Is maith liom an áit seo.</i>	– <i>Is maith agus liomsa.</i>
I like this place.	– Yes, and so do I.

In responses of this sort, which while in unison with the statement or question, add to an amount (e.g. *tá agus deich míle !*) or add to the subject (e.g. *tá agus mise*), *agus/is* is used and the verb *tá* need not be repeated. Note the use of the contrast form of pronouns or prepositional pronouns, e.g. *tá agus mise; is maith agus liomsa.*

If the statement or question is in the negative *ná* /nɑ:/ can be used similarly, e.g. *Níor cheannaigh Cáit trí chóta ?* – *Níor cheannaigh ná dhá chóta !* 'Cáit didn't buy three coats ?' – 'No, she didn't and she didn't even buy two coats !'; *Níl me sásta.* – *Níl ná mise.* 'I am not satisfied.' – 'No, indeed, and neither am I.'

### 3. EMPHATIC RESPONSES

Statement	Response
<i>Rinne mé go maith.</i> I did well.	<i>Rinne tú.</i> Indeed you <b>did</b> .
<i>Bhídís sásta leis.</i> They used to be pleased with it.	<i>Bhídís muis !</i> They <b>were</b> , indeed.

Where a response is emphasised the subject pronouns may be repeated, e.g. *Rinne tú* 'indeed you did' and both receive equal stress. When a combined form is pronounced with a long final syllable it can be stressed equally with the first syllable, e.g. *bheidís* /'w'e'd'i:s/, *íocfar* /'i:kɑ:r/. The second syllable of the optional third person plural past form (see Lessons 7 and 26) can also be stressed, e.g. *bhíodar* /'w'i:dɔr/, as opposed to nonstressed /'w'i:dɔr/.

## 4. A 'ALL OF THAT WHICH'

*Sin a bhfuil anseo.*

*Chaith sé a raibh d'airgead aige.*

That is all of that which is here.

He spent all the money he had.

A /ə/ which causes eclipsis (and is followed by the dependent form of an irregular verb) is used to express 'all of that which', e.g. *Sin a bhfuil anseo*. 'That is all of that which is here.' The preposition *de* is used before a following noun, e.g. *Chaith sé a raibh d'airgead aige* (lit. He spent all of that which he had of money), 'He spent all the money he had'.

When the preposition *de* is used in a partitive sense (see Lesson 24) it combines with the relative *a(r)* to give *dhá(r)* /ɣɑ:(r)/, e.g. *Ní raibh duine dhá raibh ann sásta*. 'No one of all those who were there was pleased'; *Ní chreidim focal dhár úirt sé* 'I don't believe a word of all that he said'.

## 5. MONTHS OF THE YEAR

1. <i>Eanáir</i>	/æ:Na:r'/	8. <i>Lúnasa</i>	/Lu:Nəsə/
2. <i>Feabhra</i>	/f'aurə/	9. <i>Meán Fómhair</i>	/m'ɑ:n fu:wər'/
3. <i>Márta</i>	/mɑ:rtə/	10. <i>Deireadh Fómhair</i>	/d'er'ə fu:wər'/
4. <i>Aibreán</i>	/aib'ɾ'ɑ:n/	11. <i>Samhain</i>	/saun'/
5. <i>Bealtaine</i>	/b'ɑ:ltən'ə/	<i>Mí na Samhna</i>	/m'í: Nə sauNə/
6. <i>Meitheamh</i>	/m'ehəw/	12. <i>Nollaig</i>	/NOLək'/
7. <i>Iúil</i>	/u:l'/	<i>Mí na Nollag</i>	/m'í: Nə NOLək/

The above are now accepted as the standardised names of the months. Some of them are traditional in the dialect, e.g. *An Márta* 'March', *An tAibreán* 'April', *An Bhealtaine* 'May', and these take the article, e.g. *san Aibreán* 'in April'. Others have been introduced through the school system<sup>1</sup>, e.g. *Meitheamh* 'June', *Iúil* 'July'. *Mí* 'month' is often prefixed, e.g. *Mí Eanáir* 'the month of January', *Mí Meán Fómhair* 'September'.

## TEXTS

## AN CARR

*Cheannaigh mé seancharr cupla bliain ó shin. Ní raibh sí agam ach lá amháin nuair a d'éirigh liom bualadh faoi charr a bhí parcáilte taobh amuigh de theach na comharsan. A leithéide de phlump! Rith na comharsanna uilig amach agus iad ag ceapadh go mb'fhéidir gur bhuail plump mór toirní teach eicint.*

*Sheas an carr cupla bliain nó a trí. Ansin thosaigh sí ag titim óna chéile. Bhí mé ag caitheamh a raibh d'airgead agam uirthi agus b'éigean dhom í a dhíol.*

*Thug mé ag fear a bhí ag plé le seancharranna briste í. Bhí sé an-chruógach agus shíl mé go raibh mé ag cur as dhó. Chaith sé súil ar an gcarr.*

*'An bhfuil tú siúráilte go bhfuil tú ag iarraidh í a dhíol?' a deir sé.*

*'Tá,' a deirimse.*

*'Dhá mbeadh rotha nua uirthi agus gan an doras sin a bheith briste, thabharfainn cupla punt dhuith uirthi. Ní fiú tada mar sin í.'*

<sup>1</sup>This explains the exceptional pronunciation of *Meitheamh*.

*D'fhan mé ciúin ar feadh nóiméad nó dhó. Bhí mé ag ligean orm féin nar airigh mé ar chor ar bith é.*

*'Tabharfaidh mé scór dhuit ach í a fháil ar an bpointe.'*

*Dúirt mé leis nach bhféadfainn scaradh léi ar níos lú ná dhá scór. Níor chreid sé focal dhár 'úirt mé.*

*'Scoiltfidh mé leat é,' a deir sé féin.*

*'Tá go maith.'*

*D'airigh mé cupla seachtain ina dhiaidh gur dhíol an scabhtéara an carr ar leathchéad punt an lá ina dhiaidh. Bhí brabach mór aige.*

## AN ROTHAR

*Lá amháin, tháinig an deartháir is óige atá agam<sup>1</sup> abhaile agus rothar nua aige. Gan mórán achair, bhí mé féin ag baint traoidíl aisti freisin. D'aontaigh an bheirt againn go raibh an rothar an-fholláin le hais an chairr. Shocraigh muid dhá mbeadh rothar agamsa agus an t-am a bheith agam, go bhféadfadh muid imeacht ag breathnú ar an tír. Bhí anspéis ag mo dheartháir sa tíreolas agus i stair na tíre.*

*Cheannaigh mé rothar go díreach cosúil lena cheann seisean agus thosaigh muid amach.*

*Hóbaire dhó mé a mharú ! Dhá mbeadh sé de chiall againn tabhairt faoi de réir a chéile. Ach ní raibh. Níl a fhios agam céardós fuadar a bhí fúinn. Bhí seisean ag iarraidh seanphríosún nó caisleán eicint i lár na tíre a fheiceáil. Réab muid linn nó gur shíl mé go bpléascfadh mo chroí. Shíl mé dhá mbeadh i bhfad eile le déanamh agam go gcaithfínn an rothar thar an gclat agus go n-iarrfainn marcaíocht abhaile ar dhuine eicint. Thosaigh mé ag cur a mhilleáin ar mo dheartháir. Cén bhrí ach ní raibh seisean tuirseach ar chor ar bith. Thógfeadh muid scíth ach a mbainfeadh muid an caisleán amach.*

*Ba chuma liom carr eile a cheannacht (ach, ar ndóigh, an t-airgead a bheith agam). B'fhéidir nach mbaicfaidh mé feasta le deis iompair ar bith. Deirtear go bhfuil an siúl barrfholláin !*

## EXERCISES

A. Rewrite the following sentences using the infinitive construction, e.g. *Ba mhaith liom an leabhar sin a bheith ag Cáit.*

- Ba mhaith liom go mbeadh an leabhar sin ag Cáit.*
- Ní miste nach bhfuil airgead agam.*
1. Tá an dochtúir i ngrá le banaltra atá ina cónaí san ospidéal. 2. Mac léinn atá ionam (Is mac léinn mé). Tá mé i mo chónaí san árasán seo le sé bliana. 3. Chuir mé na buidéal i bhfalach in aonturas. 4. Bhí cuid de na daoine ina suí sna cúinní ag imirt cártaí. Bhí tilleadh acu ina seasamh i lár an tseomra ag déanamh gaisce faoin gcluife. 5. Dhóigh duine eicéint poll sa gcúirtín. Mar bharr ar an gclampar, bhí comharsa ina dhúiseacht agus chuir sé fios ar na gardaí 6. Bhí mé i mo shuí ag an sé maidin inné. Bhí mé chomh tuirseach sin nach raibh mé in ann mo thúáille ná an ghallaoireach a fháil. 7. Nuair a imeos na saighdiúirí agus na gardaí, baileoidh muid linn abhaile. 8. Milleadh an gasúr.

## Lesson 27

A. 1. glanta 2. péinteáilte 3. athraithe 4. nite 5. osclaithe 6. dúinte 7. curtha 8. ceannaithe 9. ligthe 10. dóite 11. scuabtha 12. déanta

B. 1. casúr, gasúr, dochtúir, saighdiúr 2. orlár, clár, carr 3. pórtar, Peadar, cabhantar, bóthar, treabhsar 4. féar, páipéar, suipéar 5. doras, solas, turas 6. bás, Tomás 7. béal, séipéal, scéal, éan 8. tamall, capall, tuarastal, pobal 9. ceol, stól 10. arán, amadán, oileán,

sruthán 11. airgead, droichead 12. clog, corp 13. cat, cnoc 14. aonach, bealach, Sasanach 15. cogadh, samhradh, geimhreadh, deireadh 16. iasc, cliabh 17. bord, neart, sagart, saol

1. D'amhdaigh Tomás go raibh bun an doiris lofa agus go raibh an balla scoilte. Ní raibh a fhios aige é nó go raibh an teach ceannaithe. 2. Choinnigh sé a mhisneach agus bhí an teach nite agus glanta agus péinteáilte gan mórán achair. 3. De réir mar a bhí na comhlódaracha ag fágáil an cheantair agus na seandaoine ag fáil bháis, bhí an ceantar ag goil chun donacht. 4. Deir siad gurb é an misneach a chomhaireann. Má choinníonn tú do mhisneach, ní bheidh obair ar bith dodhéanta. 5. Bhí carr an tsagairt treasna an bhóthair uaim ag geata an tséipéil. 6. Ná corraigh ! Fan san áit a bhfuil tú ! Ní bheidh mé ag fanacht i bhfad.

### Lesson 28

A. Chuala ... 2. ... íosfaidh ... 3. Tiocfaidh ... teagann ... 4. ... déarfá ... 5. Nar 'úirt ... rá. 6. Rug ... 7. ... rugadh ... 8. Teara ... 9. Ní 'éarfainn ... 10. ... go dtiocfaidh... 11. ... breith... 12. ... breith...

B. 1. crann 2. sac 3. ceann 4. leanbh 5. fear 6. mac

C. 1. cóitín 2. teachaín 3. maidín 4. deochaín 5. leabhairín 6. saighdiúirín 7. bróigín 8. doirisín

1. Bhí mé ag brionglóidí arís aréir i dtaobh an bháis (faoin mbás). Bhí mé ag cur allais leis an bhfaiíos. 2. Fainic ! Tá rópa scaoilte. Níl greim ar bith aige ar an mbairrille. Fainic an dtitfeadh sé. 3. Bhí mé ag fuagairt ar thumálaí an leoraf. 4. Cé gur thit an bairille anuas go tobann i mullach an chairr, níor gortafodh duine ar bith. 5. Rugadh agus tóigeadh bean Thomáis Mhóir sa bparáiste seo. Cuireadh í san uaigh chéanna. Bhí sochraide mhór ann. 6. Tá an-dúil ag Seán i gcarranna. Is tumálaí an-chontúirteach é. An bhfuil doras an chairr glasáilte ?

### Lesson 29

A (a) 1. Ní dhearna ... 2. Ní théann ... 3. Ní dheachaigh ... 4. Ní bhfaighidh ... 5. Ní ghabhfaidh ... 6. Ní bhfuair ... 7. Ní fhaca mé ... 8. Ní fhaigheann ...

(b) 1. An ndearna ...? 2. An dtéann ...? 3. An ndeachaidh ...? 4. An bhfaighfidh ...? 5. An ngabhfaidh ...? 6. An bhfuair...? 7. An bhfaca ...? 8. An bhfaigheann ...?

B. 1. caint 2. ceist 3. gruaig 4. áit 5. tír 6. scoil 7. seachtain 8. cluais 9. spéir 10. bróig 11. páirc 12. oíche 13. sráid 14. muintir 15. roilig 16. ceird 17. cúis 18. aois 19. láimh 20. cois 21. im 22. aimsir 23. moill 24. suim 25. Francís 26. fuinneog 27. leabharlann

C. 1. ... na coille. 2. ... na muice ... 3. ... an tsléibhe. 4. ... na sráide 5. ... céille 6. ... na gréine ... 7. ... na háite. 8. ... na haille ...

D. 1. níos goirme 2. níos bodhaire 3. níos reimhre 4. níos coithrime 5. níos milse 6. níos soibhre 7. níos troime 8. níos teáinne 9. níos ísle

1. Ní dheachaidh mé síos an staighre leis na leitreacha a fháil. Bhí a fhios agam nach bhfaighinn ach billí nó cuntas ón mbeainc. 2. Thug mé cuireadh do thriúr nó ceathrar aréir. 3. Tá jug an bhainne agus babhal an tsiúcra ar an mbord. Cá (cén áit a) bhfuil an taepait agus na cupáin agus na sásair ? 4. Cuirfidh mé síos na fataí. Má tá fonn cócaireacht ort, gearr suas an gabáiste agus an t-oinniún. Measc ar an bpeain iad. 5. Taithníonn uibheacha róstatithe agus bagún liom. (Is maith liom ...) 6. Sínn agam an t-im, más é do thoil é ! 7. Ní fhaca mé ariamh i mo shaol bóithre níos caime ná níos cuinge ná na ceanna a chonaic mé i lár na tíre. 8. Níl ann ach braon bainne ar thóin an bhuidéil. Gabhfaidh mé ag an siopa agus

ceannóidh mé buidéal eile. 9. Tá an síucra agus an tae gann. 10. Nífm mo chuid léinteacha féin agus crochaim sa ngeard iad. Triomaíonn siad an-sciobtha.

### Lesson 30

A. báisteach 2. scian 3. cloch 4. curach 5. fearg 6. uaigh 7. tuath 8. cisteanach 9. glac 10. baintreach 11. cearc 12. gealach

B. 1 ... os a chionn. 2. ... ina bun ? 3. ... ina dtaobh ... 4. ... dhá bharr. 5. ... lena ais. 6. ... os a chionn. 7. ... ina measc. 8. ... ina dhiaidh.

C. 1. ... os mo chionn. 2. ... inar n-aghaidh. 3. ... i do dhiaidhsa. 4. ... os mo chomhair ... 5. ... ar a son.

D. 1. níos soilche, níos gloine 2. níos fliche, níos trioma 3. níos moiche, níos deireanaí 4. níos sine, níos óige 5. níos girre, níos foide 6. níos gile, níos dorcha 7. níos leithne, níos caoile 8. níos ceirte, níos contráilte 9. níos loige, níos láidire 10. níos moille, níos scioptha 11. níos goinne, níos fairsinge 12. níos goirbhe, níos mine 13. níos mó, níos lú 14. níos airde, níos ísle 15. níos ciallmhaire, níos seafóidí 16. níos milse, níos seirbhe

1. D'éirigh mé inné níos moiche ná go hiondúil. Shíl mé (Bhí mé ag ceapadh) dhá bhfanfainn go mbeadh na siopaí plódaíthe. 2. Go minic, bíonn cadás níos gile ná olann ach éiríonn cadás níos soilche níos scioptha. Go hiondúil, bíonn olann níos seasmháí. 3. Thraoiáil mé orm an chulaith. Bhí an seaicéad rochúng thart ar na guaillí. Bhí an treabhsar níos girre ná an ceann a bhí orm. Níor tháinig sé anuas ach go dtí mo rúitíní. 4. Bheadh sé níos ceirte do chuid airgid a choinneáil le haghaidh na coise tinne. 5. Ní fhaca mé ariamh bord cisteanáí níos aistí! Tá sé níos gloine ná ar gceann muide (an ceann seo 'ainne) ach tá sé scoilte ag an ngrian. 6. Tugann muid Máirtín ar an bhfear sin. 7. Cé atá i mbun na háite ?

### Lesson 31

A. 1. Ba chuma. 2. Ba mhaith. 3. Ba deacair. 4. B'éigean. 5. B'fhiú. 6. B'fhearr. 7. Ba chóir. 8. Ba é.

B. (a) 1. Níorbh éigean ... 2. Níorbh fearr ... 3. Níorbh fhiú ... 4. Ní ba deacair (Níor dheacair) ... 5. Ní ba chóir (Níor chóir) ... 6. Níorbh fhurasta ...

(b) Deir sé ... 1. gurbh éigean ... 2. gurbh fearr ... 3. gurbh fhiú ... 4. go mba deacair (gur deacair) ... 5. go mba chóir (gur chóir) ... 6. gurbh fhurasta ...

C. Ba mhaith liom ... 2. Ba chuma ... 3. Níorbh fhiú ... 4. ... a ba cheart ... 5. ... nach mba ghá (nar ghá) ... 6. B'fhearr ... 7. B'fhurasta ... 8. Arbh fearr ... 9. B'fhiú ... 10. Arbh fearr ... 11. Dhá mba 'in ..., ní bheinn ... 12. ... nach mba mhaith (nar mhaith)

1. Chaith mé an tseachtain ag craitheadh láimh le ministéaraí agus ag caint le easpaig. 2. Is iriseoir maith é (iriseoir maith atá ann). Scríobh sé cupla alt breá i dtaobh an chluife mhóir (faoin gcluife mór) an tseachtain seo caite. 3. Bhí sé ag inseacht do mhuintir na háite gurbh fearr leis cónaí i gCois Fhairrge. 4. Ní raibh a chuid spéacláirí air agus chraith sé láimh lena dhriofúir in áit an easpaig. 5. Goideadh a chuid ceirmíní uilig, gan trácht ar a chuid leabhartha. 6. An mba chuma leat (Ar chuma leat) dhá gcaithfínn toitín ? 7. Tá mé cinnte gurbh fhiú dhuit muintir Árann a chloisteáil ag caint. 8. An mba deacair (An mbeadh sé deacair) iad a thiscint ? 9. An mba 'in é an dochtúr thall ansin ? Ba cheart dhom caint leis. 10. Fuair mé cuireadh le a ghoil ar cuairt ag teach a hathar. Ní raibh mé ag iarraidh í a eiteachtáil. 11. Ní fhéadfá cur síos ar an teach. 12. Bhí mé ceaptha a ghoil ar ais an tseachtain seo caite, ach bhí mé tinn.

## Lesson 32

A. 1. ... rompu. 2. ... thríd. 3. ... roimhe. 4. ... roimpi... 5. ... thrít. 6. ... romhat... 7. ... romhainn... 8. ... thrítthe. 9. ... romham. 10. ... romhaibh ...

B. 1. móin 2. gleann 3. maitheas 4. am 5. fuil 6. Samhain 7. bliain 8. deartháir

1. Tá fáilte romhat. 2. Ní raibh mé in ann feiceáil thríd an bhfuinneog. 3. Thríd is thríd, bheadh sé i bhfad níos deise dhá mbeadh duine eicínt as an mbaile romhat i mBaile Átha Cliath. 4. Tá mo shrón ag cur fola. 5. Thairg sé fiche míle punt ar theach a dhearthára. 6. Tá an leabhar seo i bhfad níos spéisiúla. 7. Bhí tús na bliana fuar. Bhí sé ag cur sneachta agus ag cur sheaca. 8. Bhí an teach seo 'ainne i lár an ghleanna. 9. Is buachaill an-mheabhrach é deartháir Phádraig. (Buachaill an-mheabhrach atá i ndeartháir Phádraig.) Bhain sé a chéim amach thar éis trí bliana ar an ollscoil. 10. Shíl mé (Bhí mé ag ceapadh) go mbeadh sé chomh maith dhom teach a cheannacht. 11. Ní raibh mé ach ag cur mo chuid airgid amú ag foc cíos. 12. Bhí sé i bhfad níos socra ann féin nuair a ghéill sé dhá dheartháir. 13. Bhí siad ag cuidiú leis an athair a bhí ag baint mhóna. 14. Bhí pian ina dhroim ag Colm ó bheith ag cromadh anuas. 15. Shuigh an bheirt acu ar bhruach na locha agus thóig siad scíth.

## Lesson 33

A. 1. ... thairis 2. ... thairti ... 3. ... tharainn ... 4. ... tharam ... 5. ... tharatsa ... 6. ... thartu 7. ... tharsan 8. ... tharaibh

B. 1. caora 2. tóin 3. cathaoir 4. glúin 5. cathair 6. traen 7. caoireoil 8. súil 9. lacha 10. toil 11. An Cheathrú Rua 12. comharsa 13. Éirinn (Éire) 14. cráin

C. 1. an dara húlla 2. an deichiú fear fichead 3. an t-aonú ceann fichead 4. an cúigiú háit 5. an cúigiú duine déag 6. an t-aonú bord déag

1. Go díreach nuair a bhí mé ag goil ag cur glaoch ar an bhfiacloir, thosaigh mé ag braiteoireacht. Seo é an trú huair a rinne mé é sin. 2. Bhí mac na comharsan ag an dochtúr inné. Deir siad go bhfuil tinneas aisteach eicínt air. 3. Bhí mé cráite ag daoine ag cur glaoch orm. Faoi dheireadh, in aghaidh mo tholach, rinne mé coinne le duine acu. 4. Ní raibh fonn cainte ar bith ormsa ach bíonn daoine ann i gcónaí a bhíonn ag iarraidh a bheith ag cabaireacht. 5. Tá dochtúirí na cathrach seo thar a bheith go maith. Bheinn sásta muinín a dhéanamh as duine ar bith acu. 6. Bhí sé thar chúig bhliana déag thar sáile. Bhí sé ag feilmearacht i Meireacá. Tá soibhreas mór sa tír sin. 7. Leag sé neapicín póca ar an ráille agus gloine uisce ar an mbáisín. 8. Ar a laghad, cheannaigh mé ceathrú caorólach úr ón siopadóir inné. 9. An raibh Uachtarán na hÉireann ag an gcluife mór Dé Domhnaigh? 10. Ar dhúin tú doras na traenach?

## Lesson 34

A. 1. Is ag goil abhaile atá mé. 2. Is í Cáit atá anseo. 3. Is amáireach a bheas Bríd anseo. 4. Is í an carr atá ar chúla an tí. 5. Is ag deireadh na míosa a bheas Tomás ag tíocht. 6. Is ar an mbord a bhí an fainne pósta. 7. Is crann daraf atá ansin. 8. Is ag cóiriú na leapa atá Peige anois. 9. Is minic a bhíonn sé ag caint leis an dochtúr. 10. Is i nGaillimh atá teach mo dhreífíre. 11. Is mé a bhí óg aerach an uair sin. 12. Thusa a ba cheart caint leis.

B. Sílím ... 1. gur ag goil abhaile atá mé. 2. gurb í Cáit ... 3. gur amáireach ... 4. gurb í an carr ... 5. gur ag deireadh na míosa ... 6. gur ar an mbord ... 7. gur crann daraf ... 8. gur ag cóiriú na leapa ... 9. gur minic ... 10. gur i nGaillimh ... 11. gur mé ... 12. gur thusa ...

C. 1. ... is é an chaoi a raibh sé imithe. 2. ... is é an chaoi a raibh mé thar cionn. 3. Is éard a deir sé go bhfuil Máire tinn. 4. ... Is é an chaoi nach raibh sé glan ar chor ar bith. 5. Is éard é féin amadán ! 6. Is éard a dúirt sé nach raibh sé sásta.

D. I. Is ea. 2. Is é. 3. Is iad. 4. Is ea. 5. Is ea. 6. Is ea.

E. 1. Ní hea. 2. Ní hea. 3. Ní hea. 4. Ní hea. 5. Ní hé. 6. Ní hé. 7. Ní hiad. 8. Ní hea. 9. Ní hí. 10. Ní hea. 11. Ní hea. 12. Ní hea.

1. Tá cóta na mná ar an talamh. 2. Shíl mé (bhí mé ag ceapadh) go mbeadh sí ann ach is é an chaoi nach raibh sí ann ar chor ar bith. 3. Is éard a dúirt sé nach raibh sé sásta. 4. Is í Máire a dúirt é sin. 5. (Ar) ag iascach ronnach atá Pádraig ? 6. Bhí mé ag déanamh mo dhíchill. 7. An raibh Tomás ag déanamh aithrist ar Shéamas ? 8. Dhá mhaslú atá tú ! 9. (Is) fuar a bhí sé inniu i gcomórtas leis an lá inné. 10. 'Tuige (Cén fáth) a raibh an obair leadránach ? 11. Shíl mé (bhí mé ag ceapadh) go raibh gaol agam leis ach is é an chaoi nach raibh gaol ar bith agam leis. 12. Ní raibh call ar bith dhúinn obair a dhéanamh. 13. Bhí mo scornach tinn i gcaitheamh an lae. 14. Cogar ! (Ar) ar an mbord a bhí an fáinne pósta ?

### Lesson 35

A. 1. Ba mhaith liom an leabhar sin a bheith ag Cáit. 2. Ní miste gan airgead a bheith agam. 3. Dhá mbeadh an t-am agam agus an t-airgead a bheith agam, dhéanfainn é. 4. Marach mo bhean a bheith míshásta, cheannóinn é. 5. Dhá n-imeofá abhaile agus do scíth a ligean, bheifeá níos fearr anocht. 6. Is cuma liom gan Máirtín a bheith anseo.

B. 1. Bhí Bríd anseo ar ball agus í ag caoineadh. 2. Tháinig mo dheartháir abhaile agus bean leis. 3. D'imigh Pádraig amach agus gan cóta ar bith air. 4. Ní fiú dhuit cóta nua a cheannacht agus cóta nua sa mbaile agat. 5. Cé a thiocthadh isteach ach Peadar agus hata air. 6. Bhris siad an fhuinneog agus iad ag iarraidh caoi a chur ar an bhfráma.

1. Cé a thiocthadh abhaile inné ach mo dhriofúr agus fear léi. 2. Cé acu is folláine (atá níos folláine), carr nó rothar ? 3. Pharcáil muid an carr taobh amuigh de theach na comharsan. 4. Bhí an-spéis ag an driofúir is óige atá agam sa tíreolas agus sa stair. Bhí sí ag iarraidh seanchaisleán a fheiceáil i lár na tíre. 5. Shíl mé go bpléascfadh mo chroí. 6. Fuair muid marcaíocht abhaile. 7. Breathnaigh an brabach a dhéanann an scabhtéara ! 8. Dhá mbeadh an t-am againn agus cead a bheith againn, chaithfeadh muid dhá mhí sa bhFrainc. 9. Bheadh muid ansin anuraidh marach go raibh Máirtín tinn (marach M. a bheith tinn). 10. Gabhfaidh mé ann an bhliain seo chugainn (an chéad bhliain eile) ach a bhfaighidh mé an t-airgead.

### Lesson 36

A. 1. Diabhal pingin ar bith a thabharfas mé dhó. 2. Diabhal a mbacfaidh mé leis. 3. Diabhal a fhios agam. 4. Diabhal leabhar ar bith (atá) san áit. 5. Diabhal duine ar bith a bhí sásta. 6. Diabhal ar chuala mé a leithéide ariamh. 7. Diabhal blas ar bith a rinne sé ó mhaidin.

B. 1. Diabhal focal ar bith a thig mé. 2. Diabhal a fhios agam. 3. Diabhal neart anois air. 4. Diabhal dochar ar bith a dhéanfas sé dhuit. 5. Diabhal aird ar bith (a bhí) aige air. 6. Diabhal scéal ar bith agam.

C. 1. Nach rabhais ? 2. Táim. 3. Ghlanas. 4. Coinneod. 5. ... an bhfuilis ? 6. Nar léis ? 7. Tháinigfeas. 8. ... nach ndéanfais ? 9. Bhíos. 10. Ní bhrisfead. 11. D'oscláíos. 12. ... nar imrís ? 13. Chea(l) nach rabhais ?

1. Tá Pádraig ina bhainisteoir ar cheann de na comarchumainn áitiúil atá ag obair le feabhas a chur ar shaol na Gaeltacht (le saol na Gaeltacht a fheabhsú). 2. Tá na coláistí ceaptha Gaeilge a mhúnadh do na gasúir as an nGalltacht. 3. Is scríbhneoir cumasach é Séamas (Scríbhneoir cumasach atá in Séamas). Scríobh sé úrscéal breá agus leabhar gearrscéalta. 4. Bhí cruinniú ag Pádraig le státseirbhíseach mór-le-rá (tábhachtach) an tseachtain seo caite. Phléigh siad na coláistí. 5. Nuair a cuireadh an státa seo ar bun bhí deis ní b'fhéarr (níos fearr) ag daoine leabhartha Gaeilge a fhoilsiú. 6. Ar léigh tú an leabhar sin? Léas (léigh), cinnte. 7. A: Beidh muid anseo amáireach ag an sé. B: Déanfaidh sin! 8. Rinne tú go maith. 9. Bhoil, diabhal neart (a bhí) 'am air! 10. A: Ar bhlais tú an ffon? B: Bhlais(eas). 11. A: Ar fhreagair tú é? B: Níor fhreagair (Níor fhreagraíos).



## IRISH – ENGLISH VOCABULARY

The number in each entry refers to the lesson where the word (and its pronunciation) was given in the vocabulary section.

WORD	GRAMMATICAL NOTES	MEANING	LESSON
a	vocative particle		4
a	adj.	his, her, their	5, 10
a	relative particle		13
a	particle (with indep. numbers)		24
a	conj.	all that (which)	35
ab	question form of copula		11
abair	vb., hab. <i>deir-</i> , fut. <i>déar-</i> , past <i>dúirt</i> , v.n. <i>rá</i> , v.adj. <i>ráite</i>	say	28
abairt	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-í</i>	sentence	35
abhaile	adv.	home(ward)	13
abhainn	n. fem., gen. <i>abhann</i> , pl. <i>aibhneacha</i>	river	5
ábhar	n., gen., pl. <i>ábhair</i>	subject, material	12
ach	conj.	but, only, provided that	2, 35
ach a oiread		either	2
ach amháin		except	19
achar	n., gen. <i>achair</i>	distance, period of time	
gan mórán achair		before long	27
acra	n., pl. <i>-í</i>	acre	25
ádh	n.	luck	24
adhmaid	n., gen. <i>adhmaid</i>	wood	16
aduaidh	adj., adv.	north	19
aer	n., gen. <i>aer</i>	air, sky, firmament	16
aerach	adj.	airy, lighthearted, giddy	34
ag	prep. (with v.n.)	at, to	6, 15, 16
agallamh	n., gen. <i>agallaimh</i>	on account of	35
ag cur a. ar		interview	31
aghaidh		interviewing	31
in aghaidh	prep. (+ gen.)	against	25
ar aghaidh	prep. (+ gen.)	in front of	29
le haghaidh	prep. (+ gen.)	for (the purpose of)	25
agus	conj.	and, and ... is	2, 35
aibí	adj.	ripe, smart	33
aibíocht	n. fem	ripeness, smartness	35
Aibreán	n., gen. <i>-áin</i>	April	35
aice			
in aice (le)	prep. (+ gen.)	beside, near	5, 29
aidhm	n. fem.	aim	App. I
aiféal	n.	regret	17
Aifreann	n., gen. <i>-inn</i> , pl. <i>-acha</i>	Mass	10
aill	n. fem., gen. <i>-e</i>	cliff, big rock	19
áille	comp. of <i>álainn</i>	more/most beautiful	19
aimhreas	n.	doubt, suspicion	17
aimsir	n. fem., gen. <i>-e</i>	weather, time	7
ainm	n., gen. <i>-neacha</i>	name	19
ainneoin	prep. (+ gen.)	despite	34
a. go/nach	conj.	despite the fact that	20
aird	n. fem.	heed, notice	20

<b>airde</b>	n. fem.	height, tallness	App. I
<b>in airde</b>	adv.	high up	
<b>aire</b>	n. fem.	care	App. I
<b>aireachtáil</b>	v.n. fem. (see <i>airigh</i> )		
<b>airgead</b>	n., gen. <i>airgid</i>	money	3
<b>airigh</b>	vb. 2, v.n. <i>aireachtáil</i>	hear, feel	14
<b>áirithe</b>	adj.	certain, particular	15
<b>go háirithe</b>	adv.	particularly, especially	8
<b>ais</b>			
<b>le hais</b>	prep. (+ gen.)	besides, compared with	30
<b>ar ais</b>	adv.	back	10
<b>aisteach</b>	adj., comp. <i>aistí</i>	peculiar, strange, queer	10
<b>aisteoir</b>	n., gen. <i>-ra</i> , pl. <i>-í</i>	actor	17
<b>áit</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eacha</i>	place	4
<b>in áit</b>	prep. (+ gen.)	in place of, instead of	
<b>aithne</b>	n. fem.	knowing (of person)	18
<b>cur in a. do</b>		introduce	34
<b>aithneachtáil</b>	v.n. fem. (see <i>aithnigh</i> )		
<b>aithnigh</b>	vb. 2, past <i>d' aithin</i>	recognise	22
<b>aithrist</b>	n. fem.	imitation, mimicry	34
<b>áitiúil</b>	adj., comp. <i>-úla</i>	local	36
<b>ál</b>	n., gen. <i>áil</i> , pl. <i>álta</i>	clutch, litter	34
<b>álainn</b>	adj., comp. <i>áille</i>	beautiful	4, 19
<b>Albain</b>	n. fem.	Scotland	18
<b>allas</b>	n., gen. <i>-ais</i>	sweat	27
<b>cur allais</b>		sweating	
<b>alt</b>	n., gen. <i>ailt</i> , pl. <i>-anna</i>	article	31
<b>altóir</b>	n. fem., gen. <i>-óra</i> , pl. <i>-acha</i>	altar	32
<b>am</b>	n., gen. <i>ama</i> , pl. <i>-anna</i>	time	3
<b>amanna</b>	adv.	sometimes	
<b>in am</b>	adv.	in time	26
<b>amach</b>	adv.	out(wards)	19
<b>a. anseo</b>		in the future, in a while	
<b>a. is a.</b>		extremely	
<b>amadán</b>	n., gen. pl. <i>-áin</i>	fool	21
<b>amáireach</b>	adv.	tomorrow	6
<b>an lá a.</b>		tomorrow	12
<b>amháin</b>	adj.	only	5, 11
<b>amharc</b>	n.	sight	17
<b>amharclann</b>	n. fem., gen. <i>-ainne</i> , pl. <i>-a</i>	theatre	17
<b>amhdachtáil</b>	v.n. fem. (see <i>amhdaigh</i> )		
<b>amhdaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>amhdachtáil</i>	admit	27
<b>amhrán</b>	n., gen., pl. <i>-áin</i>	song	13
<b>amhránaí</b>	n., pl. <i>-ithe</i>	singer	36
<b>amhránaíocht</b>	n. fem.	singing	36
<b>amplúch</b>	adj., comp. <i>amplaí</i>	greedy	30
<b>amú</b>	adv.	astray, wasted	21
<b>amuigh</b>	adv.	without, out	19
<b>an</b>	question particle		2
<b>an</b>	article		4, 5
<b>an-</b>	adj.	very, excellent	13
<b>anachain</b>	n. fem., gen. <i>anachan</i>	misfortune	31
<b>anall</b>	adv.	from over there, from beyond	19
<b>anam</b>	n., gen. <i>anaim</i> , pl. <i>-nacha</i>	soul	3
<b>aneas</b>	adv., adj.	south	19
<b>aniar</b>	adv., adj.	from behind, from the west	19
<b>a. sa leaba</b>		up in the bed	26
<b>aníos</b>	adv.	up from below	18, 19

<b>ann</b>	adv.	there	2, 26
<b>ann</b>			
<b>in ann</b>	adv.	able (can)	14, 26
<b>annamh</b>	adj.	rare	15
<b>anocht</b>	adv.	tonight	12
<b>anoir</b>	adv., adj.	from the east	19
<b>anois</b>	adv.	now	2
<b>anonn</b>	adv.	over, across	19
<b>anró</b>	n.	hardship	App. I
<b>anseo</b>	adv.	here	2
<b>ansin</b>	adv.	there	2
<b>ansiúd</b>	adv.	'there' (implying distance)	2
<b>anuas</b>	adv., adj.	down from above	19
<b>le seachtain etc. a.</b>		for the last week, <i>etc.</i>	20
<b>anuraidh</b>	adv.	last year	6
<b>aoibhinn</b>	adj.	pleasant	4
<b>aois</b>	n. fcm., gen. -e, pl. -anna	age, century	8
<b>aon</b>	num.	one, any	13
<b>aonach</b>	n., gen. -aigh, pl. <i>aontaí</i>	fair	27
<b>aontaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>aontú</i>	agree	20
<b>Aontas Eorpach</b>	n.	European Union	30
<b>aontú</b>	v.n. (see <i>aontaigh</i> )		
<b>aonú</b>	num.		
<b>a ... déag</b>		eleventh	33
<b>a ... fichead</b>		twentieth	33
<b>ar</b>	prep.	on	4
<b>ar bith etc.</b>	(see <i>bith</i> etc.)		
<b>ar</b>	adj.	our	10
<b>ar</b>	question form of copula		11
<b>ar</b>	question particle (past tense)		26
<b>ar</b>	indirect relative particle (past tense)		26
<b>ara</b>	interjection (expressing offhandedness, dismissal)		36
<b>árachas</b>	n., gen. -ais	insurance	31
<b>arán</b>	n., gen. <i>aráin</i>	bread	11
<b>Árainn</b>	n. fcm., gen. <i>Árann</i>	Aran	31
<b>Árannach</b>	n., gen. -aigh, pl. -aí	Aran islander	36
<b>árasán</b>	n., gen., pl. -áin	flat, apartment	18
<b>arbh</b>	question form of copula (past/cond.)		31
<b>ard</b>	adj., comp. <i>airde</i>	high, tall	5, 30
<b>ardaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>ardú</i>	raise, rise, grow higher	27
<b>ardú</b>	v.n. (see <i>ardaigh</i> )		
<b>aréir</b>	adv.	last night	10
<b>an oíche a.</b>		last night	
<b>ariamh</b>	adv.	ever, never	6
<b>aríst</b>	adv.	again	4
<b>arm</b>	n., gen., pl. <i>airm</i>	army, weapon	26
<b>ar ndóigh</b>	(see <i>dóigh</i> )		
<b>arú amáireach</b>	adv.	the day after tomorrow	8
<b>arú anuraidh</b>	adv.	the year before last	8
<b>arú inné</b>	adv.	the day before yesterday	8
<b>as</b>	prep.	out of, from	18
<b>asal</b>	n., gen., pl. <i>asail</i>	donkey	7
<b>atá</b>	(see <i>tá</i> )		
<b>athair</b>	n., gen. <i>athar</i> , pl. -acha	father	3
<b>áthas</b>	n., gen. -ais	joy	17
<b>athraigh</b>	vb. 2, v.n. <i>athrú</i>	change	18
<b>athrú</b>	v.n. (see <i>athraigh</i> )		

<b>ba</b>	past/cond. of copula		31
<b>bá</b>	v.n. (see <i>báigh</i> )		28
<b>babhal</b>	n., gen. <i>babhail</i> , pl. <i>-anna</i>	bowl	29
<b>bac</b>	vb. 1, v.n. <i>bacadh</i>	bother, prevent	22
<b>bacach</b>	adj., comp. <i>bacaf</i>	lame	33
<b>bacadh</b>	v.n., (see <i>bac</i> )		
<b>acaíl</b>	n. fem., gen. <i>acaíola</i>	lameness	33
<b>bád</b>	n., gen., pl. <i>báid</i>	boat	3
<b>bádóir</b>	n., gen. <i>-óra</i> , pl. <i>-óirí</i>	boatman	32
<b>bádóireacht</b>	n. fem.	boating	33
<b>bagún</b>	n.	bacon	29
<b>báigh</b>	vb. 1, v.n. <i>bá</i>	drown	28
<b>bail</b>	n. fem.	blessing	30
<b>b. ó Dhia ar baile</b>		a blessing from God on home, village	13
<b>as an mb.</b>	n., pl. <i>baile</i>	from home	32
<b>Baile Átha Cliath</b>		Dublin	6
<b>baile mór</b>	n., pl. <i>baileacha móra</i>	town	10
<b>baileach</b>	adv. (in negatives/interrogatives)	exactly, quite	33
<b>bailigh</b>	vb. 2, v.n. <i>bailiú</i>	collect	26
<b>bailiú</b>	v.n. (see <i>bailigh</i> )		
<b>bailiú leis</b>		clearing off	
<b>bain</b>	vb. 1, v.n. <i>baint</i>	take (with effort), extract, reap	16
<b>báineacht</b>	n. fem.	whiteness	33
<b>bainis</b>	n. fem., gen. <i>bainse</i> , pl. <i>bainseacha</i>	wedding (feast)	16
<b>bainisteoir</b>	n., gen. <i>-eora</i> , pl. <i>-í</i>	manager	36
<b>bainne</b>	n.	milk	7
<b>bainrion</b>	n. fem., gen. <i>-a</i> , pl. <i>-acha</i>	queen	32
<b>baint</b>	v.n. fem. (see <i>bain</i> )		
<b>b. as</b>		teasing	20
<b>b. de</b>		taking off/from	24
<b>b. amach</b>		reaching, achieving	32
<b>tá b. agam le</b>		I am connected with	30
<b>baintreach</b>	n. fem., gen. <i>baintrí</i> , pl. <i>-aí</i>	widow	28
<b>Bairbre</b>		( <i>woman's name</i> )	3
<b>bairille</b>	n., pl. <i>-í</i>	barrel	28
<b>báisín</b>	n., pl. <i>-í</i>	basin	33
<b>báisteach</b>	n. fem., gen. <i>báistí</i>	rain(ing)	4
<b>baladh</b>	n., gen. <i>-aidh</i>	smell	18
<b>ball</b>			
<b>ar b.</b>	adv.	in a while, a while ago	10
<b>ball</b>	n., gen., pl. <i>boill</i>	member, piece (of furniture or clothing), instrument, place	28
<b>balla</b>	n., pl. <i>-í</i>	wall	3
<b>bán</b>	adj., comp. <i>báine</i>	white	17
<b>banaltra</b>	n. fem., pl. <i>-í</i>	nurse	10
<b>banbh</b>	n., gen., pl. <i>bainbh</i>	piglet, young pig	App. I
<b>barr</b>	n., gen. <i>bairr</i>	top	26
<b>de bh.</b>	prep (+ gen.)	on account of	27
<b>thar b.</b>	adv.	outstandingly good	33
<b>barr-</b>	adj.	outstanding	13
<b>barúil</b>	adj., comp. <i>-úla</i>	drole, amusing, comical	32
<b>barúil</b>	n. fem., pl. <i>barúlacha</i>	notion, opinion	13
<b>barúlacht</b>	n. fem.	drollery	33
<b>bás</b>	n., gen. <i>báis</i> , pl. <i>-anna</i>	death	17
<b>fáil bháis</b>		dying	
<b>chun báis</b>		to death	27
<b>básta</b>	n., pl. <i>-í</i>	waist	30

<b>beag</b>	adj., comp. <i>lú, beige</i>	small, little	4
<b>b. bídeach</b>		tiny little	27
<b>beagán</b>	n.	a little	27
<b>beagnach</b>	adv.	almost	9
<b>beainc</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	bank (money)	29
<b>béal</b>	n., pl. <i>béil</i>	mouth, brim, opening	10
<b>bealach</b>	n., gen. <i>-aigh</i> , pl. <i>bealaí</i>	way	13
<b>chun bealaigh</b>		away	27
<b>Bealtaine</b>	n. fem.	May	21
<b>bean</b>	n. fem., gen., pl. <i>mná</i>	woman, wife	4
<b>b. an tí</b>		the lady of the house, hostess	11
<b>b. rialta</b>		nun	22
<b>beannaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>beannú</i>	bless, salute, greet	33
<b>beannú</b>	v.n. (see <i>beannaigh</i> )		
<b>Béarla</b>	n.	English (language)	5
<b>bearr</b>	vb. 1, v.n. <i>bearradh</i>	shave, cut (hair)	21
<b>Beartla</b>		(man's name)	36
<b>b' éigean</b>	(see <i>éigean</i> )		14
<b>béilí</b>	n., pl. <i>-ocha</i>	meal	17
<b>beilt</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	belt	30
<b>beir</b>	vb. 1, hab. <i>beir-</i> , fut. <i>béar-</i> , past <i>rug</i> v.n. <i>breith</i> , v.adj. <i>beirthe</i>	give birth to, lay (eggs)	22
<b>b. ar</b>		seize, catch, hold	
<b>beirt</b>	n. fem., gen. <i>beirte</i>	two people	14
<b>beithíoch</b>	n., gen., pl. <i>beithígh</i>	cow, beast	7
<b>beo</b>	adj., comp. <i>-cha, -chte</i>	alive, lively, quick	19
<b>beos</b>	n.	aliveness, quickness	33
<b>b' fhéidir</b>	adv.	perhaps, maybe	4
<b>bheith</b>	v.n. (see <i>bí</i> )		
<b>bhí</b>	(past tense of <i>bí</i> )		
<b>bhoil</b>	(pause word)	well	4
<b>bí</b>	vb. 1, pres. <i>tá</i> , hab. <i>bí-</i> , fut. <i>beidh</i> past <i>bhí</i> , v.n. <i>bheith</i>	be	7, 8
<b>bia</b>	n.	food	5
<b>bille</b>	n., pl. <i>-í</i>	bill	29
<b>billeoig</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-óga</i>	leaf	17
<b>binn</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>beanna</i>	gablewall	27
<b>binn</b>	adj., comp. <i>-e</i>	sweetsounding, melodious	33
<b>binneadas</b>	n., gen. <i>-ais</i>	melodiousness	33
<b>binse</b>	n., pl. <i>-í</i>	bench	22
<b>bior</b>	n., pl. <i>-anna</i>	point, pointed stick	App. 1
<b>bith</b>			
<b>ar b.</b>	adv.	at all	2
<b>blais</b>	vb. 1, v.n. <i>blaiseadh</i>	taste	36
<b>blaiseadh</b>	v.n. (see <i>blais</i> )		
<b>blaosc</b>	n. fem., gen. <i>blaoisce</i> , pl. <i>-anna</i>	eggshell, skull	29
<b>blas</b>	n.	taste, good accent; anything	10
<b>blasta</b>	adj.	tasty, sharp (knife)	19
<b>bláth</b>	n., pl. <i>-anna</i>	bloom, blossom	21
<b>bliain</b>	n. fem., gen. <i>bliana</i> , pl. <i>blianta</i>	year	5, 11
<b>i mbliana</b>		this year	9
<b>bó</b>	n. fem., pl. <i>ba</i> (generally <i>beithigh</i> )	cow	7
<b>bocht</b>	adj.	poor	7
<b>bodhar</b>	adj., comp. <i>bodhaire</i>	deaf, hollow (sound)	26
<b>bog</b>	adj., comp. <i>boige</i>	soft, tender, mild and damp	15
<b>bog</b>	vb. 1, v.n. <i>bogadh</i>	soften, move about	29
<b>bogadh</b>	v.n. (see <i>bog</i> )		
<b>ar b.</b>		steeping	

<b>bois</b>	ii. fem., gen. <i>boise</i> , pl. <i>bosa</i> , gen.pl. <i>bos</i>	palm of hand	34
<b>bualadh bos</b>		clapping	
<b>bolg</b>	n., gen. <i>boilg</i>	belly	22
<b>déanamh b.-le-gréin</b>		sunbathing	
<b>bonn</b>	n., gen., pl. <i>boinn</i>	coin	29
	gen. <i>boinn</i> , pl. <i>-acha</i>	sole	29
<b>bord</b>	n., gen., pl. <i>boird</i>	table	2
<b>bosca</b>	n., pl. <i>-f</i>	box	14
<b>bóthar</b>	n., gen. <i>bóthair</i> , pl. <i>bóithrí</i>	road	3
<b>brabach</b>	n.	profit	35
<b>bradach</b>	adj., comp. <i>-af</i>	thieving, sly, dishonest	7
<b>bráillín</b>	n. fem., pl. <i>-f</i>	sheet (bed)	24
<b>braiteoireacht</b>	n. fem.	hesitating	33
<b>braith</b>	vb. 1, v.n. <i>brath</i>	depend	22
<b>braon</b>	n., pl. <i>-acha</i>	drop	21
<b>brath</b>	v.n. (see <i>braith</i> )		
<b>breá</b>	adj., comp. <i>-cha, -chte</i>	fine	4
<b>breac</b>	n., gen., pl. <i>bric</i>	fish	28
<b>bréag</b>	n. fem., gen. <i>bréige</i> , pl. <i>-a</i>	lie, falsehood	1
<b>bréan</b>	adj.	rotten smelling	24
<b>Breathnach</b>	n., gen., pl. <i>Breathnaigh</i>	( <i>surname</i> )	36
<b>breathnaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>breathnú</i>	look	16
<b>breathnú</b>	v.n., pl. <i>-f</i> (see <i>breathnaigh</i> )		
<b>b. uaidh</b>		looking (idly) into distance	22
<b>breith</b>	v.n. fem. (see <i>beir</i> )	birth	22, 28
<b>breithiúnas</b>	n.	judgment, opinion	App. I
<b>brí</b>	n. fem.	force, vigour	35
<b>cén bhrí ach ...</b>		what would it matter except ...	
<b>Brid</b>		( <i>woman's name</i> )	2
<b>bricfásta</b>	n., pl. <i>-f</i>	breakfast	9
<b>bris</b>	vb. 1, v.n. <i>briseadh</i>	break, sack	12
<b>briseadh</b>	v.n., pl. <i>bristolcha</i> (see <i>bris</i> )		
<b>briste</b>	v.adj.	broken	19
<b>brionglóidí</b>	v.n.	dream(ing)	28
<b>bróig</b>	n. fem., gen., pl. <i>-óga</i>	shoe	6
<b>broinn</b>	n. fem.	breast, womb	22
<b>brón</b>	n., gen. <i>bróin</i>	sorrow	17
<b>brú</b>	v.n. (see <i>brúigh</i> )		
<b>bruach</b>	n., pl. <i>-anna</i>	bank (river)	31
<b>brúigh</b>	vb. 1, v.n. <i>brú</i>	press, bruise, crush, mash	29
<b>bruith</b>	vb. 1, v.n. <i>bruith</i>	boil, cook	12
<b>bua</b>	n.	victory	20
<b>buachail</b>	n., gen. <i>buachalla</i> , pl. <i>-í</i>	boy	12
<b>buail</b>	vb. 1, v.n. <i>bualadh</i>	hit, strike, beat, come/go briskly	15
<b>bualadh</b>	v.n. (see <i>buail</i> )		
<b>buatais</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-f</i>	boot	31
<b>buí</b>	adj., comp. <i>bulocha</i>	yellow, bronzed (from sun)	17
<b>buicéad</b>	n., gen., pl. <i>-éid</i>	bucket	9
<b>buidéal</b>	n., gen., pl. <i>-éil</i>	bottle	10
<b>buile</b>	n. fem.	fit of anger	
<b>buille</b>	n., pl. <i>buillí</i>	blow, stroke	24
<b>buíoch</b>	adj., comp. <i>buíche</i>	grateful	29
<b>buíochas</b>	n., gen. <i>-ais</i>	gratitude, thanks	18
<b>b. le Dia</b>		thanks be to God	29
<b>buíon</b>	n. fem.	band (of people)	App. I
<b>búistéara</b>	n., pl. <i>-f</i>	butcher	23
<b>bun</b>	n.	bottom, basis	12
<b>ar bun</b>		afoot, going on	

<b>cur ar bun</b>		setting up, founding	14
<b>i mbun</b>		in charge of, running	30
<b>bunábhar</b>	n., gen., pl. <i>bunábhair</i>	basic subject, raw material	12
<b>bunscoil</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	primary school	12
<b>bus</b>	n., pl. <i>-anna</i>	bus	6
<b>cá</b>	adv. (+ dep. form)	where ?	3
<b>cabaire</b>	n., pl. <i>-f</i>	talkative person, natterer	4
<b>cabaireacht</b>	n. fem.	prattling, nattering	33
<b>cabhantar</b>	n., gen., pl. <i>-air</i>	counter	6
<b>cáca</b>	n., pl. <i>-f</i>	cake, (homemade) bread	10
<b>cadás</b>	n., gen. <i>-ais</i>	cotton	30
<b>cáideo</b>	adv. (= <i>cáfhaid ó</i> )	how long since ?	30
<b>caife</b>	n.	coffee	11
<b>cáil</b>	n. fem.	fame, renown, reputation	30
<b>caile</b>	n. fem., gen. <i>-e</i>	chalk	App. I
<b>cailín</b>	n., pl. <i>-f</i>	girl	3
<b>cáiliúil</b>	adj., comp. <i>-úla</i>	famous, renowned	36
<b>caill</b>	vb. 1, v.n. <i>cailleadh</i>	lose, miss	21
<b>cailleadh</b>	v.n. (see <i>caill</i> )		
<b>caint</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-anna</i>	talk(ing), expression	15
<b>caint ar</b>		mentioning, talking of	25
<b>cainteoir</b>	n., gen. <i>-óra</i> , pl. <i>-í</i>	talker, speaker	25
<b>caipín</b>	n., pl. <i>-f</i>	cap	12
<b>caiptín</b>	n., pl. <i>-f</i>	captain	27
<b>Cáisc</b>	n. fem., gen. <i>Cásca</i>	Easter	21
<b>caisleán</b>	n., gen., pl. <i>-áin</i>	castle	35
<b>Cáit</b>		( <i>woman's name</i> )	2
<b>caite</b>	(see <i>caith</i> )		
<b>caith</b>	vb. 1, v.n. <i>caitheamh</i> , v.adj. <i>caite</i>	use (up), spend, wear, throw, shoot	16
		have to	21
		last	8
<b>... seo caite</b>			
<b>caitheamh</b>	v.n. (see <i>caith</i> )		
<b>c. faoi</b>		taking a seat	33
<b>i gc.</b>		during	29
<b>Caitliceach</b>	adj., comp. <i>-f</i>	Catholic	12
	n., gen. <i>-igh</i> , pl. <i>-í</i>		
<b>call</b>	n.	call, need, necessity	34
<b>cam</b>	adj., comp. <i>caime</i>	crooked	28
<b>candáil</b>	vb. 1, v.n. <i>candáil</i>	auction	4
	n.	auction	
<b>cantalach</b>	adj., comp. <i>-aí</i>	cantankerous, bad-humoured	8
<b>caoga</b>	num.	fifty	25
<b>caogadú</b>	num.	fiftieth	33
<b>caoi</b>	n. fem, pl. <i>-nna</i>	way, means	14
<b>ar aon ch.</b>		at any rate	4
<b>cur c. ar</b>		fixing, mending	16
<b>sa gc. go/nach</b>		in order that, so that	20
<b>cén ch.</b>		what way, how	23
<b>is é an ch.</b>		actually	34
<b>caoin</b>	vb. 1, v. n. <i>caoineadh</i>	cry, lament	26
<b>caoineadh</b>	v.n. (see <i>caoin</i> )		
<b>caoireoil</b>	n. fem., gen. <i>caorólach</i>	mutton	33
<b>caol</b>	adj., comp. <i>caoile</i>	slender	30
<b>caora</b>	n. fem. gen. <i>-ach</i> , pl. <i>caoirigh</i>	sheep	7
<b>capall</b>	n., gen. <i>capúll</i> , pl. <i>caiple</i>	horse	7

carabhata	n., pl. - <i>f</i>	scarf	30
caraid	n. fem., gen. <i>carad</i> , pl. <i>cairde</i>	friend	9
carr	n., gen. <i>cairr</i> , pl. - <i>anna</i>	car, cart	6
carraig	n. fem., gen. - <i>e</i> , pl. - <i>reacha</i>	rock	10
cárta	n., pl. - <i>f</i>	card	10
cás	n., pl. - <i>anna</i>	case, sympathy	13
cuir i gc.		take for instance, for example	
cas	vb. 1 v.n. <i>casadh</i>	turn, sing, play	16
cas	vb. 1, v.n. <i>castáil</i>	meet	19
casadh	v.n. (see <i>cas</i> )	turning	
casta	v.adj. (see <i>cas</i> )	complicated	12
castáil	v.n. (see <i>cas</i> )	meeting	
casúr	n., gen, pl. - <i>úir</i>	hammer	23
cat	n., gen., pl. <i>cait</i>	cat	7
cathair	n. fem., pl. <i>cathracha</i>	city	13
cathaoir	n. fem., gen. <i>cathaorach</i> , pl. - <i>eacha</i>	chair	5
cathaoirleach	n., gen., pl. - <i>igh</i>	chairman	25
cé	pron.	who ? what ? where ?	9
cé mhéad/cén mhéid		how much ? what size ?	
níl a fhios cén		there is no knowing how	16
cé go/nach	conj.	although, even though	7
ceacht	n., pl. - <i>anna</i>	lesson	24
ceachtar	pron.	either, any	24
cead	n.	permission, leave	16
céad	n., pl. - <i>tha</i>	hundred, hundredweight	19
céadú	num.	hundredth	33
ceamara	n., pl. <i>f</i>	camera	31
ceangal	v.n. (see <i>ceangail</i> )		
ceangail	vb. 2, v.n. <i>ceangal</i>	tie, bind	24
ceann	n., gen. <i>cinn</i> , pl. <i>cinn/ceanna</i>	head, roof, end, one	4
faoi ch.		at the end of, after	16
go c.		for (a space of time)	31
tinneas cinn		headache	17
céanna	adj.	same	5, 19
ceannacht	v.n. (see <i>ceannaigh</i> )		
ceannaigh	vb. 2, v.n. <i>ceannacht</i>	buy	15
ceantar	n., gen. - <i>air</i> , pl. <i>ceantracha</i>	area, district	27
ceap	vb. 1, v.n. <i>ceapadh</i>	think	23
ceaptha	v.adj.	supposed to	31
ceapadh	v.n. (see <i>ceap</i> )		
ceaptha	v.adj. (see <i>ceap</i> )		
cearc	n. fem., gen. <i>circe</i> , pl. - <i>a</i>	hen	4
céard	pron.	what ?	10
c. é féin		what is it ?	
céardós		what sort of ?	35
ceart	adj., comp. <i>ceirte</i>	right, correct	8
ceart	n.	right, correctness	16
c. a bhaint		to manage, find satisfactory	36
ceas	n.	heavy feeling after meal	1
ceathair	num.	four	24
ceathrar	n.	four people	15
ceathrú	n. fem., gen. - <i>n</i> , pl. - <i>naí</i>	quarter, thigh, quatrain	11
Ceathrú Rua (An Ch.)		( <i>place-name</i> )	11
ceathrú	num.	fourth	33
céibh	n. fem., gen. - <i>e</i> , pl. - <i>eanna</i>	pier, quay	19
ceil	vb. 1, v.n. <i>ceil</i>	conceal	App. I
céile			
a ch.		one another	



le(n)a ch.		together	
ó(n)a ch.		asunder	
as a ch.		in a row, consecutively	18
mar a ch.		alike, same	11
céilí	n., pl. <i>-locha</i>	(traditional) dance	25
ceilt	v.n. (see <i>ceil</i> )		
céim	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	step, degree, style	32
ceimic	n. fem., gen. <i>-e</i>	chemistry	18
céir	n. fem., gen. <i>céarach</i>	wax	23
ceird	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	trade, skill	12
ceirnín	n., pl. <i>-í</i>	gramophone record	23
ceist	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	question	
i gc.		in question, under consideration	12
ceo	n.	fog; anything, nothing	10
ceol	n., gen. <i>ceoil</i> , pl. <i>-ta</i>	music	13
'chaon	adj. (= <i>gach aon</i> )	each of, every	30
chéad	num.	first	
an ch. ... eile		the next	33
cheal	prep. (+gen.)	for lack of	36
cheana	adv.	previously	
an lá ch.		the other day	16
ch. féin		already	11
cheithre	num.	four	11
choíchin	adv.	never	36
chomh	conj.	as	19
ch. ... le		as ... as	
ch. ... is		as ... as	
ch. maith		as well	7
chúig	num.	five	11
chugainn			
seo ch.		next, coming	8
'chuire	adj. (+ len.) (= <i>gach uile</i> )	every	7
chun	prep. (+gen.)	to	27
chúns	conj.	while	15
ciall	n. fem., gen. <i>céille</i>	sense	16
ciallmhar	adj.	sensible	30
Ciarraí		Kerry	3
cibé ar bith cé		whoever, whatever	36
cigire	n., pl. <i>-í</i>	inspector	12
cill	n. fem., gen. <i>-e</i>	churchyard	29
cine	n., pl. <i>-íocha</i>	race	
cineál	n., pl. <i>-acha</i>	kind, sort	7
	adv.	sort of, somewhat	
cinn	vb. 1, v.n. <i>cint</i> , <i>cinneadh</i>	decide	1
cinneadh	v.n. (see <i>cinn</i> )		
cint	v.n. (see <i>cinn</i> )		
cinnte	adj., adv.	sure, certain	4
cion	n.	affection	18
cion			
goil i gc. ar		impressing, affecting, influencing	36
ciónn			
os c.	prep. (+ gen.)	above, over	25
thar c.	adv.	excellent	33
cíor	n. fem. pl. <i>-anna</i> , gen. <i>círe</i>	comb, ridge	1
cíos	n., pl. <i>-anna</i>	rent	25
tóigeáil ar c.		hiring	
ciotach	adj., comp. <i>ciotaf</i>	gauche, awkward	33
ciotail	n. fem., gen. <i>ciotaíola</i>	gaucheness, awkwardness	33

<b>cioth</b>	n fem., gen. <i>ceatha</i> , pl. <i>-anna</i>	shower	App. I
<b>ciseán</b>	n., pl. <i>ciseáin</i>	basket	11
<b>cisteanach</b>	n. fem., gen. <i>cisteanaf</i> , pl. <i>-af</i>	kitchen	5
<b>citeal</b>	n., pl. <i>-acha</i>	kettle	21
<b>ciúin</b>	adj., comp. <i>-e</i>	quiet	5
<b>ciúineadas</b>	n., gen. <i>-ais</i>	quietness, silence	33
<b>ciúinigh</b>	vb. 2, v.n. <i>ciúiniú</i>	quieten	App. II
<b>ciúiniú</b>	v.n. (see <i>ciúinigh</i> )		
<b>ciumhais</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	blanket (single width)	24
<b>cláí</b>	n., pl. <i>-ocha</i>	stonewall (around field), fence	16
<b>clais</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>claganna</i>	furrow, drain	App. II
<b>cláirseach</b>	n. fem., gen. <i>cláirsí</i> , pl. <i>-a</i>	harp	4
<b>clamhsán</b>	n., gen. <i>-áin</i>	grumbling, complaining	23
<b>clampar</b>	n., gen. <i>-air</i>	commotion, quarrel	21
<b>mar bharr ar an gc.</b>		to make matters worse	26
<b>clann</b>	n. fem., gen. <i>cloinne</i> , pl. <i>-anna</i>	family, offspring, children	30
<b>clár</b>	n., gen. <i>cláir</i> , pl. <i>-acha</i>	board, lid, programme	12
<b>clár dubh</b>		blackboard	12
<b>cleacht</b>	vb. 1, v.n. <i>cleachtadh</i>	be accustomed to, practise	23
<b>cleachtadh</b>	v.n. (see <i>cleacht</i> )		
<b>cleas</b>	n., gen. <i>cleis</i> , pl. <i>-anna</i>	trick, plan	App. I
<b>clí</b>	adj.	left	22
<b>cliabh</b>	n., gen., pl. <i>cléibh</i>	pannier basket	27
<b>cliste</b>	adj.	clever	27
<b>clistíocht</b>	n. fem.	cleverness	33
<b>cliú</b>	n.	fame, renown	17
<b>cloch</b>	n. fem., gen. <i>cloiche</i> , pl. <i>-a</i>	stone, stoneweight	5
<b>clog</b>	n., gen. <i>cloig</i> , pl. <i>-anna</i>	clock, bell	
<b>a chl.</b>		o' clock	24
<b>cloich</b>	(= <i>cloch</i> )		
<b>cloigeann</b>	n., gen. <i>cloiginn</i> , pl. <i>cloigne</i>	head	17
<b>clois</b>	vb. 1, hab./fut. <i>clois</i> , past <i>chuala</i> , v.n. <i>cloisteáil</i> , v.adj. <i>cloiste</i> v.n. fem. (see <i>clois</i> )	hear	14, 28
<b>cloisteáil</b>			
<b>clóscríobhaí</b>	n., pl. <i>clóscríobhaithe</i>	typist	15
<b>cluais</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>cluasa</i>	ear	29
<b>cluasánach</b>	n., voc., pl. <i>cluasánaí</i>	fathead	28
<b>clúdach</b>	n., gen. <i>-aigh</i>	cover	29
<b>cluife</b>	n., pl. <i>-í</i>	game, match	12
<b>cnáimh</b>	n. fem., pl. <i>-í</i>	bone	32
<b>cnaipe</b>	n., pl. <i>-í</i>	button	30
<b>cneasta</b>	adj.	honest	34
<b>cnoc</b>	n., gen., pl. <i>cnoic</i>	hill	7
<b>cócaireacht</b>	n. fem.	cooking	29
<b>codail</b>	vb. 2, v.n. <i>codladh</i>	sleep	18
<b>codladh</b>	v.n. (see <i>codail</i> )		
<b>i mo (etc.) ch.</b>		asleep	26
<b>a chodladh</b>		to sleep, asleep	24
<b>cogadh</b>	n., gen. <i>-aidh</i> , pl. <i>cogalocha</i>	war	20
<b>cogar</b>	n.	whisper	22
<b>cogar !</b>		hey, tell me ! say !	34
<b>cogarnaíl</b>	n. fem., gen. <i>cogarnaíola</i>	whispering	22
<b>coicís</b>	n. fem., gen. <i>-e</i>	fortnight	8
<b>coill</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-te</i>	wood, forest	29
<b>coinne</b>	n. fem., pl. <i>f</i>	appointment	33
<b>coinneal</b>	n. fem., gen., pl. <i>coinnle</i>	candle	29
<b>coinneál</b>	v.n. (see <i>coinnigh</i> )		
<b>coinnigh</b>	vb. 2, v.n. <i>coinneál</i>	keep, hold	12

<b>cóir</b>	adj., comp. <i>córa</i>	fair, generous	32
<b>coirce</b>	n.	oats	14
<b>cóirigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cóiriú</i>	arrange, make (a bed)	15
<b>cóiriú</b>	v.n. (see <i>cóirigh</i> )		
<b>coirnéal</b>	n., gen., pl. <i>-éil</i>	corner	26
<b>cois</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>cosa</i> , (gen.pl. <i>cos</i> )	leg, foot, shaft (knife, broom etc.)	8
<b>Cois Fhairrge</b>		( <i>place-name</i> )	31
<b>coisin</b>	vb. 2, v.n. <i>coisint</i>	cost; defend	25
<b>coisint</b>	v.n. (see <i>coisin</i> )		
<b>coiste</b>	n., pl. <i>-f</i>	committee	25
<b>coitianta</b>	adj.	common	12
<b>colainn</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eacha</i>	body	33
<b>coláiste</b>	n., pl. <i>-f</i>	college	4
<b>col ceathar</b>	n., pl. <i>col ceathracha</i>	first cousin	28
<b>Colm</b>	gen. <i>Coilm</i>	( <i>man's name</i> )	32
<b>comhair</b>			
<b>os c.</b>	prep. (+ gen.)	in front of, opposite	25
<b>comhair</b>	vb. 1, v.n. <i>comhaireamh</i>	count	27
<b>comhaireamh</b>	v.n. (see <i>comhair</i> )		
<b>comhairle</b>	n. fem., pl. <i>-cha</i>	advice	32
<b>cur c. ar</b>		advising	
<b>comhairleachan</b>	v.n. (see <i>comhairligh</i> )		
<b>comhairligh</b>	vb. 2, v.n. <i>comhairleachan</i>	advise	App. II
<b>comhar</b>	n., gen. <i>comhair</i>	co-operation	36
<b>comharchumann</b>	n. gen., pl. <i>-ainn</i>	co-operative society	36
<b>comharsa</b>	n. fem., gen. <i>-n</i> , pl. <i>-nna</i>	neighbour	13
<b>comhdháil</b>	n. fem., gen. <i>-ála</i> , pl. <i>-eanna</i>	conference	31
<b>comhlacht</b>	n., pl. <i>-aí</i>	(business) company	15
<b>comhlódar</b>	n., gen., pl. <i>-air</i>	company, household, family	27
<b>Cómhargadh</b>	n., gen. <i>-aidh</i>	Common Market	30
<b>comhrá</b>	n., pl. <i>comhráití</i>	conversing, conversation	16
<b>comhrialtas</b>	n., gen. <i>-ais</i>	coalition government	20
<b>comórtas</b>	n., gen. <i>-ais</i> , pl. <i>comórtaisí</i>	competition, comparison	34
<b>i gc. le (mar)</b>		in comparison with	
<b>compóirt</b>	n.	comfort, ease	22
<b>ar mo ch.</b>		at my ease	
<b>compóirteach</b>	adj., comp. <i>-f</i>	comfortable	5
<b>comrádaí</b>	n., pl. <i>comrádaithe</i>	comrade, pal	16
<b>cónaí</b>	v.n. (see <i>cónaigh</i> )		
<b>i gc.</b>		always	7
<b>i mo (etc.) ch.</b>		residing, standing idle	26
<b>cónaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cónaí</i>	reside	26
<b>Conamara</b>		( <i>place-name</i> )	1
<b>congarach</b>	adj., comp. <i>-aí</i>	near, adjacent	27
<b>conra</b>	n. fem., pl. <i>-íocha</i>	coffin	28
<b>contae</b>	n., pl. <i>-cha</i>	county	28
<b>Contae Mhaigh Eo</b>		Co. Mayo	28
<b>contráilte</b>	adj.	wrong	20
<b>contúirt</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eacha</i>	danger	25
<b>contúirteach</b>	adj., comp. <i>-f</i>	dangerous	25
<b>cor</b>	n., pl. <i>-anna</i>	stir, movement, twist, situation	18
<b>ar ch. ar bith</b>		at all	3
<b>córas</b>	n., gen. pl. <i>-ais</i>	system	12
<b>corc</b>	n., gen. pl. <i>coirc</i>	cork, plug	29
<b>Corcaigh</b>		Cork	35
<b>Corcaíoch</b>	n., pl. <i>Corcaíocha</i>	person from Cork	36
<b>coróin</b>	n. fem. gen. <i>corónach</i> , pl. <i>corónacha</i>	crown	33
<b>corp</b>	n., gen., pl. <i>coirp</i>	corpse	27

<b>corr</b>	adj.	occasional, odd	22
<b>corraí</b>	v.n. (see <i>corraigh</i> )		
<b>corraigh</b>	vb. 2, v.n. <i>corraí</i>	stir, move	27
<b>cósta</b>	n., pl. <i>-í</i>	coast	19
<b>costas</b>	n., gen. <i>-ais</i> , pl. <i>costaisí</i>	cost	25
<b>costasach</b>	adj., comp. <i>-al</i>	costly, expensive	25
<b>cosúil</b>	adj., comp. <i>-úla</i>	alike, like	6
<b>cosúlacht</b>	n. fem., pl. <i>-al</i>	appearance, resemblance	17
<b>cóta</b>	n., pl. <i>-í</i>	coat	2
<b>c. mór</b>	pl. <i>-í móra</i>	great coat	30
<b>cothrom</b>	adj., comp. <i>coithrime</i>	level, equal	29
<b>crá</b>	v.n. (see <i>cráigh</i> )		
<b>craic</b>	n. fem.	fun, 'gas', a laugh and a chat	13
<b>craiceann</b>	n., gen. <i>craicinn</i> , pl. <i>craicne</i>	skin	30
<b>c. caorach</b>		sheepskin	
<b>cráigh</b>	vb. 1, v.n. <i>crá</i>	torment, annoy	33
<b>cráin</b>	n. fem., gen. <i>cránach</i> , pl. <i>-tacha</i>	sow	33
<b>craith</b>	vb. 1, v.n. <i>craitheadh</i>	shake, upset	31
<b>craitheadh</b>	v.n. (see <i>craith</i> )		
<b>cr. láimh le</b>		shaking hands with	31
<b>crann</b>	n., gen. <i>croinn</i> , pl. <i>croinnte</i>	tree	6
<b>cré</b>	n. fem.	clay	29
<b>c. na cille</b>		the clay of the churchyard	
<b>creath</b>	vb. 1, v.n. <i>creathadh</i>	shake, tremble	31
<b>creathadh</b>	v.n. (see <i>creath</i> )		
<b>créatúr</b>	n., gen., pl. <i>-úir</i> , voc. pl. <i>-acha</i>	poor thing, poor fellow	7
<b>creid</b>	vb. 1, v.n. <i>creisdiúint</i>	believe	14
<b>creideamh</b>	n., gen. <i>-imh</i> , pl. <i>creidíocha</i>	faith, religion	31
<b>creisdiúint</b>	v.n. (see <i>creid</i> )		
<b>críoch</b>	n. fem.	finish, end	23
<b>i gcrích</b>		to completion	
<b>críochnaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>críochnú</i>	finish	23
<b>críochnú</b>	v.n. (see <i>críochnaigh</i> )		
<b>cró</b>	n., pl. <i>cróití</i>	(small) outhouse	27
<b>croch</b>	vb. 1, v.n. <i>crochadh</i>	lift, hang, go up	28
<b>crochadh</b>	v.n. (see <i>croch</i> )		
<b>croí</b>	n., pl. <i>-í</i>	heart	8
<b>crom</b>	vb. 1, v.n. <i>cromadh</i>	stoop, bend (a limb)	32
<b>cromadh</b>	v.n. (see <i>crom</i> )		
<b>crua</b>	adj., comp. <i>-cha</i> , <i>-chte</i>	hard, harsh	15
<b>cruach</b>	n. fem., gen. <i>cruaiche</i> , pl. <i>-a</i>	stack of turf	App. I
<b>cruógach</b>	adj., comp. <i>-al</i>	busy	35
<b>cruinneál</b>	v.n. fem. pl. <i>-acha</i> (see <i>cruinnigh</i> )	gathering; collection	25
<b>cruinnigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cruinneál</i>	gather, collect	25
<b>cruinniú</b>	n., pl. <i>cruinníocha</i>	meeting	25
<b>cuach</b>	n. fem., gen. <i>cuaiche</i> , pl. <i>cuacha</i>	cuckoo	30
<b>cuairt</b>	n. fem.	visit	17
<b>ar c.</b>		visiting	
<b>cuan</b>	n., pl. <i>-ta</i>	bay	32
<b>cuan mara</b>	n., pl. <i>-ta mara</i>	sea urchin	32
<b>cuartú</b>	v.n. (see <i>cuartaigh</i> )		
<b>cuartaigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cuartú</i>	search	32
<b>cuid</b>	n. fem., (gen. <i>codach</i> )	part, share, portion (of food)	10
<b>cuidigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cuidiú</i>	help	20
<b>cuidiú</b>	v.n. (see <i>cuidigh</i> )		
<b>cúig</b>	num. (after <i>a</i> )	five	24
<b>cúigear</b>	n.	five people	14, 15
<b>cúigiú</b>	num.	fifth	33

<b>cuimhne</b>	n. fem., pl. <i>-f</i>	memory	20
<b>is c. le</b>			
<b>cuimhnigh</b>	vb. 2, v.n. <i>cuimhniú</i>	recollect, think	20
<b>cuimhniú</b>	v.n. (see <i>cuimhnigh</i> )		
<b>c. air féin</b>		considering one's position	32
<b>cúinne</b>	n., pl. <i>-f</i>	(internal) corner, nook	26
<b>cuir</b>	vb. 1, v.n. <i>cur</i>	put, sow, bury	12
<b>cuireadh</b>	n., gen. <i>-idh</i> , pl. <i>cuirlocha</i>	invitation	29
<b>cúirt</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	court	27
<b>cúirtín</b>	n., pl. <i>-f</i>	curtain	26
<b>cúis</b>	n. fem., gen. <i>-e</i> , pl. <i>-eanna</i>	cause, case	29
<b>déanann sé c.</b>		it is sufficient	34
<b>cuislimeára</b>	n., pl. <i>-f</i>	customer	25
<b>cúl</b>	n.	back	11
<b>ar chúla</b>		behind	
<b>culaith</b>	n. fem., pl. <i>cultacha</i>	suit (of clothes)	6
<b>cum</b>	vb. 1, v.n. <i>cumadh</i>	compose, makeup	36
<b>cuma</b>	n. fem.	appearance, look	17
<b>as c.</b>		out of shape	18
<b>cuma</b>			
<b>is c. le</b>		it seems all the same to	20
<b>cumadh</b>	v.n. (see <i>cum</i> )		
<b>cumann</b>	n., gen., pl. <i>-ainn</i>	society, club	25
<b>cumasach</b>	adj., comp. <i>-af</i>	superb, extremely capable	36
<b>cumha</b>	n.	loneliness, homesickness	31
<b>cúnamh</b>	n.	help, aid	28
<b>le c. Dé</b>		with God's help	
<b>cúng</b>	adj., comp. <i>cuinge</i>	narrow	28
<b>cuntas</b>	n., gen. <i>-ais</i> , pl. <i>cuntaist</i>	account	29
<b>cupán</b>	n., gen., pl. <i>-áin</i>	cup	2
<b>cupla</b>	n.	a few, two or three	5
<b>c. ceann nó trí</b>		two or three	35
<b>cur</b>	v.n. (see <i>cuir</i> )		
<b>c. síos citeal</b>		putting on a kettle	21
<b>c. as do</b>		upsetting	35
<b>c. síos</b>		description	31
<b>cúr</b>	n.	foam, froth, skum	1
<b>curach</b>	n. fem., gen. <i>-af</i> , pl. <i>-a</i>	curragh, coracle	19
<b>cúram</b>	n., gen. <i>-raim</i>	responsibility, care, task	27
<b>cúramach</b>	adj., comp. <i>-af</i>	careful	15
<b>cúrsa</b>	n., pl. <i>-af</i>	course, <i>pl.</i> matters, affairs	15
<b>cúthal</b>	adj., comp. <i>cuthaile</i>	shy	28
<b>dabht</b>	n.	doubt	36
<b>daichead</b>	num.	forty	25
<b>daicheadú</b>	num.	fortieth	33
<b>dair</b>	n. fem., gen. <i>daraf</i>	oak tree	34
